



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

15 Iúil 2022

Clár

### II Gníomhartha neamhreachta

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1214 ón gCoimisiún an 9 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha fuinnimh áirithe agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a mhéid a bhaineann le nochtadh poiblí maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin <sup>(1)</sup>..... 1
- ★ Rialachán (AE) 2022/1215 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2022 lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh haileabónna Graonlannacha in uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2 i gcás soithí faoi bhratach Ballstáit den Aontas Eorpach ..... 46
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1216 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2022 lena maolaítear i leith na bliana 2022 ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, (AE) Uimh. 180/2014, (AE) Uimh. 181/2014, (AE) 2017/892, (AE) 2016/1150, (AE) 2018/274, (AE) Uimh. 615/2014 agus (AE) 2015/1368 a mhéid a bhaineann le seiceálacha áirithe riaracháin agus seiceálacha áirithe ar an láthair is infheidhme laistigh den chomhbheartas talmhaíochta agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/725 ..... 49
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1217 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 a mhéid a bhaineann le hasbhaintí ó chuótaí iascaireachta arna leithdháileadh ar an Spáinn le haghaidh 2021, 2022 agus 2023 ..... 62
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1218 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalar atá ag Ballstáit áirithe nó criosanna díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus le formheas na gclár díothaithe le haghaidh galair liostaithe áirithe <sup>(1)</sup> ..... 65
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1219 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 a mhéid a bhaineann le deimhnithe caighdeánacha le haghaidh coinsíneachtaí de tháirgí ilchodacha áirithe a theacht isteach san Aontas agus iad a chur ar idirthuras tríd <sup>(1)</sup>..... 75

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1220 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2022 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an bhformáid nach mór do bhraisi de ghnólachtaí tríú tír agus d'údaráis inniúla an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 41(3) agus (4) den Treoir sin a thuairisciú <sup>(1)</sup> ..... 98

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1221 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Mharacó ..... 114

## CINNTÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2022/1222 ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i dTionól Aontas Speisialta Liospóin ..... 142

- ★ Cinneadh (AE) 2022/1223 ón gComhairle an 12 Iúil 2022 a bhaineann le leithdháileadh cistí saortha ó thionscail faoin 10<sup>ú</sup> agus faoin 11<sup>ú</sup> Ciste Eorpach Forbraíochta chun críche gníomhaíochtaí maoinithe lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéim na slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ..... 147

- ★ Cinneadh (CBES) 2022/1224 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 13 Iúil 2022 maidir le ceapachán Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh d'oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosca chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Atalanta), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/1179 (ATALANTA/5/2022) ..... 150

## Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/913 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe teacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 158, 13.6.2022) ..... 152

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/1214 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Márta 2022

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha fuinnimh áirithe agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a mhéid a bhaineann le nochtadh poiblí maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 8(4), Airteagal 10(3) agus Airteagal 11(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leis na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>, cumhdaítear roinnt earnálacha agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil an acmhainneacht acu chun rannchuidiú le maolú an athraithe aeráide de chuid an Aontais agus cuspóirí oiriúnaithe an athraithe aeráide. Roghnaíodh na hearnálacha eacnamaíocha agus na gníomhaíochta eacnamaíocha sin de thoradh a scair de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa foriomlána, agus an acmhainneacht chruthaithe atá acu chun táirgeadh gás ceaptha teasa a sheachaint, na hastaíochtaí sin a laghdú, nó na hastaíochtaí sin a bhaint. Ina theannta sin, tá acmhainneacht chruthaithe sna hearnálacha agus na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin chun seachaint, laghdú agus baint den sórt sin a chumasú le haghaidh na n-earnálacha agus na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha, nó chun stóráil fhadéarmach astaíochtaí den sórt sin a áirithiú le haghaidh na n-earnálacha agus na ngníomhaíochtaí eile.
- (2) Is í úsáid iomlán an fhuinnimh is cúis le thart ar 75 % de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas. Tá ról ríthábhachtach ag earnáil an fhuinnimh, dá bhrí sin, maidir le leanúint de bheith ag laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa. Leis na critéir scagtha theicniúla a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139, dá bhrí sin, cumhdaítear raon leathan earnálacha agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le slabhra an tsoláthair fuinnimh, ó ghiniúint leictreachais nó teasa ó fhoinsí éagsúla, trí líonraí tarchurtha agus dáilte go stóráil, chomh maith le teaschaidéil agus monarú bithgháis agus bithbhreoslaí. Mar sin féin, níl critéir scagtha theicniúla i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha an gháis iontaise agus an fhuinnimh núicléach, d'ainneoin a n-acmhainneacht rannchuidiú le dícharbónú gheilleagar an Aontais.
- (3) Mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 (“Tacsanomaíocht AE, Tuairiscíú Inbhuanaitheachta Corparáideach, Tosaíochtaí Inbhuanaitheachta agus Dualgais Mhuinéacha: Maoiniú a stiúradh i dtreo Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip”) agus sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 (“Straitéis maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú”), cuireadh bunú critéar scagtha teicniúil maidir le gineadh

<sup>(1)</sup> IO L 198, 22.6.2020, lch. 13.

<sup>(2)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (IO L 442, 9.12.2021, lch. 1).

fuinnimh ó ghás iontaise siar i bhfianaise an ghá atá ann maidir le measúnú teicniúil breise, go háirithe maidir le ról idirthréimhseach an gháis iontaise i ndíchárbónú an gheilleagair <sup>(3)</sup>. Cuireadh bunú critéar scagtha teicniúil maidir le gníomhaíochtaí ginte fuinnimh núicléach ar athló go dtí go mbeidh measúnú saineolais mionsonraithe, a seoladh in 2020, maidir le cibé acu an féidir an saolré núicléach, go háirithe dramhaíl núicléach, a mheas mar chomhoiriúnach leis an gceanglas, a leagtar síos in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, nach féidir le gníomhaíocht dochar suntasach a dhéanamh do chuspóirí comhshaoil eile. I bhfianaise na measúnuithe sin, ní mór a aithint gur féidir leis na gníomhaíochtaí ginte gáis nádúrtha agus fuinnimh núicléach rannchuidiú le dícharbónú gheilleagar an Aontais.

- (4) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2020/852 lena gcuimhdáitear gníomhaíochtaí eacnamaíocha idirthréimhseacha, ní mór critéir scagtha theicniúla a leagan síos maidir le gineadh leictreachais, comhghiniúint ardéifeachtúil cumhachta agus teasa/fuaraithe, agus táirgeadh teasa/fuaraithe i gcórais téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtacha ó ghás iontaise, i gcás ina mbeidh astaíochtaí gás ceaptha teasa ó ghás iontaise faoi bhun tairseach iomchuí. Ina theannta sin, bhí gá le critéir scagtha theicniúla a leagan síos maidir le húsáid gáis iontaise i nginiúint leictreachais, comhghiniúint ardéifeachtúil cumhachta agus teasa/fuaraithe, agus táirgeadh teasa/fuaraithe i gcórais téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtacha, i gcás nach gcomhlíonann an ghiniúint leictreachais, comhghiniúint cumhachta agus teasa/fuaraithe, agus táirgeadh teasa/fuaraithe i gcórais téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtacha leis an tairseach iomchuí sin go fóill, ós rud é, chomh maith le húsáid fuinnimh atá aeráidneodrach agus tuilleadh infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí agus in earnálacha eacnamaíocha atá ísealcharbóin cheana, go bhfuil laghduithe substaintiúla in astaíochtaí gás ceaptha teasa ag teastáil ón aistriú i ngníomhaíochtaí agus earnálacha eacnamaíocha eile nach bhfuil roghanna malartacha ísealcharbóin ar bith atá indéanta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de. Na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin go léir atá ar fáil, ba cheart iad a cháiliú mar ghníomhaíochtaí idirthréimhseacha faoi Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2020/852, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh roghanna malartacha ísealcharbóin atá indéanta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de ar fáil ó thaobh tráchtála de ar scála leordhóthanach chun an t-éileamh fuinnimh a chumhdach ar mhodh leanúnach iontaofa. Maidir le giniúint leictreachais, go háirithe, tá sé iomchuí foráil a dhéanamh maidir le cur chuige malartach maidir leis na hastaíochta gás ceaptha teasa a theorannú. Faoin gcur chuige malartach sin, ar cur chuige é ar cheart go dtabharfadh sé torthaí comhchosúla thar thréimhse 20 bliain, féadfaidh saoráidí na torthaí sin a bhaint amach tríd an líon uaireanta oibríochta a theorannú nó tríd an aistriú i dtreo gáis in-athnuaite nó ísealcharbóin a thabhairt chun tosaigh chuig dáta níos luaithe. Ba cheart do na critéir scagtha theicniúla céimniú amach luathaithe a éascú ó fhoinsí fuinnimh atá dian ó thaobh na n-astaíochtaí de, lena n-áirítear breoslaí iontaise sholadacha. Thairis sin, chun na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 10(2), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2020/852 a chomhlíonadh, ba cheart a áirithiú leis na critéir scagtha theicniúla maidir le húsáid gáis iontaise go bhfuil fianaise láidir ar fáil chun a léiriú nach bhféadfaí an acmhainneacht fuinnimh chéanna a ghiniúint le foinsí in-athnuaite, agus go mbeadh pleananna éifeachtacha curtha ar bun le haghaidh gach saoráide, i gcomhréir leis an bhfeidhmíocht is fearr san earnáil, chun an t-aistriú iomlán chuig gáis in-athnuaite nó ísealcharbóin a dhéanamh faoi dháta sonrath. Ar deireadh, ba cheart do na critéir scagtha theicniúla foráil a dhéanamh maidir le haithint laistigh de theorainn ama i leith rannchuidiú na ngníomhaíochtaí sin maidir le dícharbónú.
- (5) Beidh ról ríthábhachtach á imirt ag athnuaiteáin chun spriocanna aeráide agus comhshaoil an Aontais a bhaint amach. I bhfianaise an mhéid sin, ní mór infheistíochtaí maidir le hathnuaiteáin a mhéadú chun freastal ar riachtanais mhargadh an fhuinnimh de chuid an Aontais maidir le níos mó fuinnimh atá in-athnuaite agus glan.
- (6) Is gníomhaíochtaí ísealcharbóin gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh núicléach, ní bhunaíonn siad fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite mar a shainítear in Airteagal 2, an dara fomhír, pointe (1) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup>, agus dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2020/852 agus ní thagann siad faoi chatagóirí eile gníomhaíochtaí eacnamaíocha a liostaítear i bpointe (b) go (i) den fhoráil sin. Ba cheart na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin a bhaineann le fuinneamh núicléach a cháiliú faoi Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2020/852, in éagmais roghanna malartacha ísealcharbóin atá indéanta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de ar scála leordhóthanach chun an t-éileamh fuinnimh a chumhdach ar modh leanúnach iontaofa. Thairis sin, sa Tuarascáil Chríochnaitheach ó Shainghrúpa Teicniúil an Aontais um Maoiniú Inbhuanaithe ó mhí an Mhárta 2020 <sup>(5)</sup>, luadh “go bhfuil giniúint fuinnimh núicléach nach mór neodrach ó thabhairt na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcéim na giniúna fuinnimh” agus “go raibh fianaise maidir le rannchuidiú substaintiúil féideartha an fhuinnimh núicléach le cuspóirí maolaithe an athraithe aeráide cuimsitheach agus soiléir”. Ina theannta sin, i roinnt pleananna de chuid na mBallstát, áirítear fuinneamh núicléach mar aon le

<sup>(3)</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Tacsanomaíocht AE, Tuairiscíú Inbhuanaitheachta Corparáideach, Tosaíochta Inbhuanaitheachta agus Dualgais Mhuiníneacha: Maoiniú a stiúradh i dtreo an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip (COM/2021/188 final) agus Teachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú, (COM/2021/390 final).

<sup>(4)</sup> Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

<sup>(5)</sup> Tá tuarascáil TEG ar fáil ag: [https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/business\\_economy\\_euro/banking\\_and\\_finance/documents/200309-sustainable-finance-teg-final-report-taxonomy\\_en.pdf](https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/business_economy_euro/banking_and_finance/documents/200309-sustainable-finance-teg-final-report-taxonomy_en.pdf)

fuinneamh in-athnuaite sna foinsí fuinnimh atá le húsáid chun spriocanna aeráide a bhaint amach, lena n-áirítear cuspóir dícharbónaithe 2050 a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(6)</sup>. Ar deireadh, trí bhonnalach sholáthar fuinnimh seasmhach a chur ar fáil, éascaíonn fuinneamh núicléach foinsí in-athnuaite eadrannacha a úsáid agus ní chuireann sé isteach ar a bhforbairt, mar a cheanglaítear le hAirteagal 10(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2020/852. Ba cheart gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh núicléach a mheas mar ghníomhaíochtaí lena gcomhlíontar Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2020/852 dá bhrí sin.

- (7) Ba é conclúid an athbhreithnithe eolaíoch arna dhéanamh ag saineolaithe <sup>(7)</sup> gur cheart go n-áiritheofaí le critéir scagtha theicniúla maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach nach ndéanfaí aon dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil eile de dheasca na rioscaí féideartha a d'fhéadfadh teacht as stóráil fhadtéarmach agus diúscairt deiridh dramhaíola núicléiche. Ba cheart go léireofaí na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht núicléach, cosaint ar radaíocht agus bainistíocht dramhaíola radaighníomhaí sna critéir scagtha theicniúla sin, dá bhrí sin, lena dtógtar ar cheanglais a leagtar síos sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (“Conradh Euratom”) agus i reachtaíocht a ghlactar faoin gConradh sin, agus go háirithe i dTreoir 2009/71/Euratom ón gComhairle <sup>(8)</sup>. Tá cuspóir sábháilteachta núicléach ardleibhéil sa Treoir sin lena gcumhdaítear gach staid de shaolré gach gléasra núicléach, lena n-áirítear lonnú, dearadh, tógáil, coimisiúnú, oibriú agus díchoimisiúnú na ngléasraí sin. Go sonrach, sa Treoir sin éilítear feabhsuithe móra sábháilteachta maidir le dearadh imoibreoirí nua, lena n-áirítear imoibreoirí dá ngairtear Glúin III+, ar cheart eolas agus teicneolaíocht úrscothach a úsáid ina leith, agus na ceanglais idirnáisiúnta sábháilteachta is déanaí á gcur san áireamh. Déantar foráil sna ceanglais sin maidir le cur chun feidhme éifeachtach an chuspóra sábháilteachta núicléach, lena n-áirítear prionsabal na domhainchosanta agus cultúr sábháilteachta éifeachtach a chur chun feidhme. Leis na ceanglais sin áirithítear go mbeidh tionchar guaiseacha fiordhona de dhéanamh an duine agus nádúrtha, lena n-áirítear creathanna talún agus tuilte, íoslaghdaíthe agus go ndéantar timpistí, oibríochtaí neamhghnácha agus teipeanna nó cailiteanas córas rialaithe a chosc, *inter alia* le déanmhais chosanta nó córais soláthair fuaraithe agus leictreachais chúlta.
- (8) Tá breosla timpiste-fhulangach maidir le gléasraí cumhachta núicléiche a thugann cosaint bhreise i gcoinne timpistí ar timpistí iad a eascraíonn as damáistí struchtúrtha ar bhreosla nó ar chomhpháirteanna imoibrithe tagtha chun a bheith ar fáil ar an margadh. Chun na forbairtí teicneolaíocha nua sin a chur san áireamh, ba cheart úsáid an chineáil bhreosla sin a leagan amach mar cheanglas sna critéir scagtha theicniúla, agus a cheadú laistigh den Aontas á chur san áireamh.
- (9) Ar fud an domhain, tá iarrachtaí taighde agus forbartha á ndéanamh chun teicneolaíochtaí imoibreora núicléacha nua a fhorbairt lena n-úsáidtear, i measc nithe eile, timthriallta breosla iata nó coincheapa féimhóraithe breosla agus lena laghdaítear táirgeadh dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil (“imoibreoirí Glúin IV”). Cé nach bhfuil na himoibritheoirí Glúin IV sin inmharthana ó thaobh tráchtála de go fóill, ba cheart critéir scagtha theicniúla a leagan síos le haghaidh imoibritheoirí den sórt i bhfianaise na hacmhainneachta féideartha atá acu maidir leis an gcuspoir dícharbónaithe agus íoslaghdu dramhaíola radaighníomhaí.
- (10) Cuid d'fhoinsí fuinnimh roinnt de na Ballstáit amach anseo ia ea fuinneamh núicléach, mar chuid dá n-iarrachtaí dícharbónaithe. Mar thoradh ar na cásanna a ndearna an Coimisiún measúnú orthu, tá córas fuinnimh dícharbónaithe bunaithe ar athnuaiteáin den chuid is mó agus bunaithe ar fhuinneamh núicléach le toilleadh suiteáilte seasmhach i gcomparáid leis na leibhéil atá ann faoi láthair. De réir mar atá na gléasraí núicléacha atá ann faoi láthair á saothrú, tá uasghráduithe sábháilteachta ag teastáil uathu chun an saolré oibríochtúil a leathnú chomh maith le gléasraí núicléacha nuathógtha chun gléasraí atá imithe i léig a ionadú. Is próiseas leanúnach é seo agus ba cheart go n-áiritheodh sé infhaighteacht na hacmhainneachta atá ag teastáil le haghaidh dícharbónú an chórais fuinnimh faoi 2050 agus tar éis an dáta sin de réir mar is gá. Dá réir sin, beidh gá le hinfheistíochtaí suntasacha san fhuinneamh núicléach ar feadh na tréimhse go dtí 2050 agus ina dhiaidh sin. Ní mór a áirithiú go n-úsáideann gléasraí cumhachta núicléiche nua na réitigh is forbartha a eascraíonn as dul chun cinn teicneolaíoch. Maidir leis na critéir scagtha theicniúla le haghaidh gléasraí cumhachta núicléiche nua den sórt sin, ba cheart go ndéanfadh siad foráil dá bhrí sin maidir le hathbhreithnithe rialta ar gach tionscadal infheistíochta, agus foráil maidir le paraiméadair theicniúla a chomhfhreagraíonn don teicneolaíocht is fearr atá ar fáil i bhfianaise na dtorthaí maidir le hiarrachtaí taighde agus forbartha leanúnacha agus maidir le feabhsuithe leanúnacha teicneolaíochtaí. Ba cheart dátaí sonracha a shainiú chun tabhairt isteach teicneolaíochtaí nua a áirithiú, ar teicneolaíochtaí iad a bheadh comhoiriúnach le dícharbónú inbhuanaithe a luaithe a bheidís ar fáil.

<sup>(6)</sup> Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (“An Dlí Aeráide Eorpach”) (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

<sup>(7)</sup> Tuarascáil an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde: Tá an measúnú teicniúil maidir le fuinneamh núicléach i leith na gcritéir “gan aon dochar suntasach a dhéanamh” de Rialachán (AE) 2020/852 (“Rialachán maidir le Tacsanomaíocht”) ar fáil ag: [https://ec.europa.eu/info/file/210329-jrc-report-nuclear-energy-assessment\\_en](https://ec.europa.eu/info/file/210329-jrc-report-nuclear-energy-assessment_en)

<sup>(8)</sup> Treoir 2009/71/Euratom ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le sábháilteacht núicléach na suiteálacha núicléacha (IO L 172, 2.7.2009, lch. 18).

- (11) Le hlarscríbhinn II a ghabhann le Conradh Euratom agus Rialachán (Euratom) Uimh. 2587/1999 ón gComhairle <sup>(9)</sup> bunaítear tairisí agus ceanglais eile maidir le fógra a thabhairt don Choimisiún i dtaobh infheistíochtaí san fhuinneamh núicléach. Chun go n-áiríteofar go léireofar an meas is mó do phrionsabail agus ceanglais reachtaíocht Euratom, d'fhonn spriocanna na tacsanomaíochta a bhaint amach, lena n-áirítear cuspóir sábháilteachta núicléach ar bith, ba cheart infheistíochtaí den sórt a bheith faoi réir tuairim ón gCoimisiún, gan beann ar cibé acu an éilítear fógra ar bith le hlarscríbhinn II a ghabhann le Conradh Euratom agus Rialachán (Euratom) Uimh. 2587/1999. Ar an gcúis chéanna, ba cheart aghaidh a thabhairt go sásúil ar gach saincheist a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagal 10(2) agus Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 agus ar na critéir scagtha theicniúla arna n-aithint ag an gCoimisiún ina thuairim.
- (12) I bhfianaise na n-agaí fada tionscanta le haghaidh infheistíochtaí i dtoilleadh giniúna núicléiche nua, féadfar tacú le dícharbónú an chórais fuinnimh go gearrthéarmach agus go meántéarmach trí chreat ama gléasraí núicléacha áirithe atá ann faoi láthair a shíniú. Ba cheart go n-éileofaí modhnuithe agus uasghráduithe sábháilteachta leis na critéir scagtha theicniúla maidir le sínte den sórt, áfach, chun a áirithiú go gcomhlíonann na gléasraí núicléacha sin na caighdeáin sábháilteachta is fearr is féidir a bhaint amach agus le gach ceanglas oibiachtúil sábháilteachta a leagtar síos i reachtaíocht arna glacadh faoi Chonradh Euratom.
- (13) I bhfianaise forbairtí teicneolaíochta agus eolaíochta ionchasacha, maidir le hinfeistíochtaí i dtógáil agus oibriú sábháilte gléasraí núicléacha nua lena n-úsáidtear na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil agus arna gceadú faoi dháta iomchuí ag údarás inniúla na mBallstát i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ba cheart go mbeadh na hinfeistíochtaí sin faoi réir critéir scagtha theicniúla agus teorainneacha ama lena spreagfaí forbairt agus úsáid thodhchaíochta imoibrítheoirí Glúin IV le timthriallta breosla iata nó coincheapa féinphóraithe breosla a luaithe a bheadh siad ar fáil. Ba cheart na teorainneacha ama sin a athbhreithniú go hiomchuí i bhfianaise dul chun cinn maidir le forbairt na dteicneolaíochtaí sin.
- (14) Ba cheart go n-áiríteofaí nach ndéanfadh gníomhaíochtaí eacnamaíochta dochar suntasach do cheann ar bith de na cuspóirí comhshaoil eile leis na critéir scagtha theicniúla a bhaineann le cuspóirí maolaithe an athraithe aeráide nó cuspóirí oiriúnaithe don athrú aeráide. Go sonrach maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíochta a bhaineann le fuinneamh núicléach, ní mór a áirithiú nach ndéanfaidh diúscairt dramhaíola fhadtéarmach dochar suntasach agus fadtéarmach don chomhshaoil, dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (d)(iii), de Rialachán (AE) 2020/852. Dá bhrí sin, is iomchuí ceanglais shonracha a leagan amach sna critéir scagtha theicniúla maidir le ciste bainistíochta dramhaíola radaighníomhaí agus ciste díchoimisiúnaithe núicléach, ar cistí iad is féidir a chomhcheangal, i gcomhréir leis an bprionsabal gur cheart go mbeadh táirgeoirí dramhaíola freagrach as an gcostas an dramhaíl a bhainistiú, agus chun saoráidí oibríochtúla maidir le diúscairt deiridh a éileamh le haghaidh na dramhaíola radaighníomhaí go léir, rud lenar cheart cosc a chur ar dhramhaíl radaighníomhach a onnmhairiú le haghaidh diúscairt i dtríú tíortha. I roinnt de na Ballstáit, tá dramhaíl radaighníomhach ar leibhéal íseal agus idirmheánach á diúscairt faoi láthair i saoráidí diúscairt atá gar don dromchla cheana, agus tá taithí agus fios á mbailiú maidir le bainistiú dramhaíola le linn na mblianta fada de bheith ag oibriú na saoráidí diúscairt sin atá gar don dromchla. Maidir le dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil agus breosla spíonta, is réiteach úrscothach é an diúscairt domhain gheolaíoch a bhfuil glacadh forleathan leis i bpobal na saineolaithe ar fud an domhain mar an rogha is sábháilte agus is inbhuanaithe mar phointe deiridh chun dramhaíl ardleibhéil agus breosla spíonta a mheastar gur dramhaíl é a bhainistiú. Ba cheart do na Ballstáit, le linn dóibh an fhreagracht a choinneáil maidir lena mbeartaíocht i leith a mbreosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach ar leibhéal íseal agus idirmheánach nó ardleibhéil a bhainistiú, pleanáil agus cur chun feidhme roghanna diúscairt ina mbeartaíocht náisiúnta a áireamh, go háirithe faoin gclár náisiúnta maidir le breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú, lena gcumhdaítear gach cineál breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach agus gach céim de bhreosla spíonta agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí ón nginiúint go dtí an diúscairt. Sonraítear ábhar na gclár náisiúnta i dTreoir 2011/70/Euratom ón gComhairle <sup>(10)</sup> agus áirítear ann eochairtháscairí feidhmíochta chun faireachán trédhearcach a dhéanamh ar dhul chun cinn. Ní mór do na Ballstáit tuairiscí rialta a dhéanamh leis an gCoimisiún maidir le dul chun cinn chur chun feidhme na gclár náisiúnta. Léirítear i dtuairiscí ó na Ballstáit in 2021 go ndearnadh dul chun cinn mór maidir le cur i gcrích na chéad saoráidí diúscairt geolaíochta doimhne i gcríoch an Aontais. Tá réitigh réalaocha á chur ar fáil do na Ballstáit chun saoráidí den sórt a fhorbairt agus a oibriú faoi 2050. Dá bhrí sin, áirítear le cuimsiú an cheanglais chomhfhreagraigh sna critéir scagtha theicniúla nach ndéantar dochar suntasach don chomhshaoil.

<sup>(9)</sup> Rialachán (Euratom) Uimh. 2587/1999 ón gComhairle an 2 Nollaig 1999 lena sainítear na tionscadail infheistíochta atá le bheith curtha in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 41 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO L 315, 9.12.1999, lch. 1).

<sup>(10)</sup> Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí (IO L 199, 2.8.2011, lch. 48).

- (15) Is gá do ghnóthais neamhairgeadais agus airgeadais ardleibhéal trédhearcachta a chur ar fáil d'infheisteoirí maidir lena n-*infheistíochtaí* i ngníomhaíochtaí giniúna gás iontaise agus giniúna fuinnimh núicléach ar cheart critéir scagtha theicniúla a leagan síos ina leith. Chun foráil a dhéanamh maidir leis an trédhearcacht sin, ba cheart ceanglais shonracha maidir le nochtadh a leagan síos do ghnóthais neamhairgeadais agus airgeadais. Chun inchomparáideacht maidir leis an fhaisnéis a nochtar le hinfeisteoirí a áirithiú, ba cheart an fhaisnéis sin a chur i láthair i bhfoirm teimpléid lena léirítear go soiléir an sciar de ghníomhaíochtaí gás iontaise agus fuinnimh núicléach san ainmneoir agus, i gcás inarb iomchú, uimhreoireochairtháscairí feidhmíochta na ngnóthas sin. D'fhonn ardleibhéal trédhearcachta a thabhairt d'infheisteoirí i dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5 agus 6 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir le neamhchosaintí ar ghás iontaise agus ar ghníomhaíochtaí fuinnimh núicléach, a bhfuil critéir scagtha theicniúla leagtha síos ina leith, leasóidh an Coimisiún nó breithneoidh sé leasú a dhéanamh ar an gcreat maidir le nochtadh a bhaineann leis na táirgí airgeadais sin de réir mar is iomchúf chun trédhearcacht iomlán a thabhairt ar feadh shaolré iomlán na dtáirgí airgeadais sin. Chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis sin sonraithe go soiléir ag infheisteoirí deiridh, breithneoidh an Coimisiún leasú a dhéanamh ar na ceanglais maidir leis an gcomhairle airgeadais agus árachais a thugann dáileoirí.
- (16) Chun muinín infheisteoirí a mhéadú, ba cheart do thríú páirtí neamhspleách comhlíontacht leis na critéir scagtha theicniúla a bhaineann le gníomhaíochtaí gás iontaise a fhíorú. Chun fíorú neamhchlaonta dícheallach comhlíontachta a áirithiú, ba cheart go mbeadh na hacmhainní agus an saineolas ag an tríú páirtí neamhspleách chun an fíorú sin a dhéanamh, ba cheart go mbeadh sé neamhspleách chun aon coinbhleacht leasa leis an úinéir nó an cisteoir a sheachaint, agus níor cheart go mbeadh sé páirteach i bhforbairt nó oibriú gníomhaíochtaí gás iontaise den sórt sin. I dteannta an tsásra fhíoraithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh gnóthais airgeadais agus neamhairgeadais faoi réir ceanglais fhíoraithe shonracha dá bhforáiltear i reachtaíocht eile de chuid an Aontais maidir le maoiniú inbhuanaithe lena gcumhdaítear comhlíontacht leis na critéir scagtha theicniúla. I gcomhréir le hAirteagal 26(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2020/852, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha a cheanglaítear maidir le sásraí fíoraithe comhlíontachta a shocrú leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán sin.
- (17) Tá forbairt thapa theicneolaíoch mar shaintréith de chuid na n-earnálacha gás iontaise agus fuinnimh núicléach. Dá bhrí sin, ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir scagtha theicniúla lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí giniúna fuinnimh sna hearnálacha sin go rialta, mar a cheanglaítear le hAirteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2020/852. Thairis sin, bunaithe ar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2020/852, ba cheart don athbhreithniú sin oiriúnacht na dtréimhsí ama a leagtar síos sna critéir scagtha theicniúla a chuimsiú.
- (18) Ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup> a leasú dá réir sin. Leis na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178, ní éilítear aon *infheistíochtaí*, ach tá sé beartaithe go gcuideoidh siad le margaí airgeadais agus infheisteoirí, faoi réir coinníollacha dochta, gníomhaíochtaí gás agus núicléacha ábhartha a aithint, ar gníomhaíochtaí iad atá ag teastáil maidir le haistriú chórais fuinnimh na mBallstát i dtreo na haeráidneodrachta i gcomhréir le spriocanna agus gealltanais aeráide an Aontais.
- (19) Tá dlúthnasc idir na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe seo. Chun comhleanúnachas a áirithiú idir na forálacha sin, ar cheart dóibh teacht i bhfeidhm an tráth céanna, is gá na forálacha sin a chur san áireamh i Rialachán aonair, d'fhonn léargas cuimsitheach a éascú ar an gcreat dlíthiúil do pháirtithe leasmhara agus chun cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2020/852 a éascú.
- (20) Ní mór am leordhóthanach a thabhairt do ghnóthais neamhairgeadais agus airgeadais chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an gcomhlíonann a ngníomhaíochtaí eacnamaíochta a bhaineann le gás iontaise agus fuinneamh núicléach na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach sa Rialachán seo, agus chun tuairisciú a dhéanamh ar bhonn an mheasúnaithe sin i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178. Ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí an 1 Eanáir 2023 dá bhrí sin,

<sup>(1)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí ábhar agus cur i láthair na faisnéise atá le nochtadh ag gnóthais faoi réir Airteagail 19a agus Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE a bhaineann le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shonrú, agus lena sonraítear an mhodheolaíocht chun an oibleagáid nochta sin a chomhlíonadh (IO L 443, 10.12.2021, lch. 9).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 mar a leanas:

(1) cuirtear Airteagal 2a isteach mar a leanas:

*“Airteagal 2a*

**Athbhreithniú**

Le linn don Choimisiún an t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2020/852 a dhéanamh, déanfaidh sé athbhreithniú agus measúnú ar an gá atá ann na dátaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Roinn 4.27, Roinn 4.28, Roinn 4.29, pointe 1(b), Roinn 4.30, pointe 1(b) agus Roinn 4.31, pointe 1(b) a leasú.

Aon athbhreithniú ar an dáta dá dtagraítear i bpointe (2) de Roinn 4.27 agus Roinn 4.28 a ghabhann le hIarscríbhinn I, déanfaidh sé an dul chun cinn teicniúil maidir le tráchtálú breosla timpiste-fhulangach san Aontas agus ar fud an domhain a chur san áireamh.”

(2) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

(3) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 mar a leanas:

(1) in Airteagal 8, cuirtear míreanna 6, 7 agus 8 mar a leanas isteach:

“6. Déanfaidh gnóthais neamhairgeadais agus airgeadais méid agus cion na nithe seo a leanas a nochtadh:

(a) na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.26, Roinn 4.27 agus Roinn 4.28 d'Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 in ainmneoir agus uimhreoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta;

(b) na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don tacsanomaíocht ach nach bhfuil ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.26, Roinn 4.27 agus Roinn 4.28 d'Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 in ainmneoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta;

(c) na gníomhaíochtaí eacnamaíocha nach bhfuil incháilithe a bhaineann le fuinneamh núicléach in ainmneoir agus uimhreoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta.

7. Déanfaidh gnóthais neamhairgeadais agus airgeadais méid agus cion na nithe seo a leanas a nochtadh:

(a) na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.29, Roinn 4.30 agus Roinn 4.31 d'Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 in ainmneoir agus uimhreoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta;

(b) na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don tacsanomaíocht ach nach bhfuil ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.29, Roinn 4.30 agus Roinn 4.31 d'Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 in ainmneoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta;

(c) na gníomhaíochtaí eacnamaíocha nach bhfuil incháilithe a bhaineann le gás iontaise in ainmneoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta.

8. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 6 agus 7 i láthair i bhformáid tábla trí leas a bhaint as na teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán seo.”

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo leis mar Iarscríbhinn XII.



*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Márta 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmlichthe (AE) 2021/2139, cuirtear na Ranna 4.26, 4.27, 4.28, 4.29 4.30 agus 4.31 seo a leanas isteach:

**‘4.26. Céimeanna réamhthráchtála ardteicneolaíochtaí chun fuinneamh a tháirgeadh ó phróisis núicléacha le dramhaíl íosta ón timthriall breosla**

*Tuairisc ar an ngníomhaíocht*

Taighde, forbairt, taisealbhadh agus úsáid saoráidí ginte leictreachais nuálacha, arna gceadúnú ag údarais inniúla na mBallstát i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, a tháirgeann fuinneamh ó phróisis núicléacha le dramhaíl íosta ón timthriall breosla.

Aicmítear an ghníomhaíocht faoi chód NACE M72 agus M72.1 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochta arna mbunú le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Is gníomhaíocht dá dtagraítear in Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2020/852 í gníomhaíocht eacnamaíoch sa chatagóir seo i gcás ina gcomhlíonann sí na critéir scagtha theicniúla go léir a leagtar amach sa Roinn seo.

*Critéir scagtha theicniúla*

---

Critéir ghinearálta a bhaineann le rannchuidiú substaintiúil le maolú an athraithe aeráide agus Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

---

1. Tá an tionscadal a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch ('an tionscadal') lonnaithe i mBallstát a chomhlíonann gach ceann de na nithe seo a leanas:
  - (a) rinne an Ballstát Treoir 2009/71/Euratom ón gComhairle <sup>\*1</sup> agus Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle <sup>\*2</sup> a thrasú go hiomlán;
  - (b) comhlíonann an Ballstát an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ('Conradh Euratom') agus an reachtaíocht arna glacadh ar a bhonn, go háirithe Treoir 2009/71/Euratom, Treoir 2011/70 Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle <sup>\*3</sup>, chomh maith le dlí comhshaoil an Aontais mar is infheidhme arna ghlacadh faoi Airteagal 192 CFAE, go háirithe Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>\*4</sup> agus Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>\*5</sup>;
  - (c) Ó dháta formheasta an tionscadail amach, tá ciste um bainistiú dramhaíola núicléiche agus ciste um dhíchoimisiúnú núicléach i bhfeidhm ag an mBallstát, cistí is féidir a chomhcheangal;
  - (d) tá léirithe ag an mBallstát go mbeidh na hacmhainní ar fáil dó faoi dheireadh shaolré úsáide measta an ghléasra cumhachta núicléiche a comhfhreagraíonn do chostas measta bainistíochta dramhaíola radaighníomhaí agus díchoimisiúnaithe i gcomhréir le Moladh 2006/851/Euratom ón gCoimisiún <sup>\*6</sup>;
  - (e) tá saoráidí diúscartha deiridh oibríochtúla ag an mBallstát maidir leis an dramhaíl radaighníomhach atá ar leibhéal an-íseal, íseal agus idirmheánach, a bhfuil fógra tugtha don Choimisiún ina leith faoi Airteagal 41 de Chonradh Euratom nó Airteagal 1(4) de Rialachán 2587/1999 ón gComhairle, agus a áirítear sa chlár náisiúnta arna nuashonrú faoi Threoir 2011/70/Euratom;
  - (f) tá plean cláraithe ag an mBallstát ina leagtar amach céimeanna mionsonraithe chun go mbeidh, faoi 2050, saoráid diúscartha á hoibriú aige maidir le dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil lena ndéantar cur síos ar gach ceann de na nithe seo a leanas:
    - (i) coincheapa nó pleananna agus réitigh theicniúla le haghaidh bainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí ó ghiniúint go diúscairt;
    - (ii) coincheapa nó pleananna do thréimhse iardhúnta shaolré saoráide diúscartha, lena n-áirítear an thréimhse ina gcoinnítear na rialuithe iomchuí agus na modhanna atá le húsáid chun eolas faoin tsaoráid sin a chaomhnú san fhadtéarma;

- (iii) na freagrachtaí maidir le cur chun feidhme an phlean agus na heochairtháscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar a dhul chun cinn;
- (iv) measúnuithe costais agus scéimeanna maoiniúcháin.

Chun críocha phointe (f), féadfaidh na Ballstáit pleananna arna dtarraingt suas mar chuid den chlár náisiúnta a iarrtar le hAirteagal 11 agus 12 de Threoir 2011/70/Euratom a úsáid.

2. Tá an tionscadal ina chuid de chlár taighde arna mhaoiniú ag an Aontas nó tugadh fógra don Choimisiún maidir leis an tionscadal i gcomhréir le hAirteagal 41 de Chonradh Euratom nó Airteagal 1(4) de Rialachán 2587/1999 ón gComhairle, i gcás ina mbeidh ceachtar de na forálacha sin infheidhme, gur thug an Coimisiún a thuairim ina leith i gcomhréir le hAirteagal 43 de Chonradh Euratom, agus gur tugadh aghaidh go sásúil ar gach saincheist a ardaíodh sa tuairim, le hábharthacht maidir le cur chun feidhme Airteagal 10(2) agus Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus na critéir scagtha theicniúla a leagtar síos sa Roinn seo.
3. Thug an Ballstát lena mbaineann gealltanais chun tuairisc a thabhairt don Choimisiún gach 5 bliana i leith gach tionscadail maidir le gach ceann de na nithe seo a leanas:
  - (a) leordhóthanacht na n-acmhainní carntha dá dtagraítear i bpointe 1(c);
  - (b) dul chun cinn iarbhrí maidir le cur chun feidhme an phlean dá dtagraítear i bpointe 1(f).

Ar bhonn na dtuarascálacha, athbhreithneoidh an Coimisiún leordhóthanacht acmhainní carntha an chiste um bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus an chiste um dhíchoimisiúnú núicléach dá dtagraítear i bpointe 1(c) agus an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an phlean chlártha dá dtagraítear i bpointe 1(f) agus féadfaidh sé aghaidh a thabhairt ar thuairim an Bhallstáit lena mbaineann.

4. Comhlíonann an ghníomhaíocht reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear an reachtaíocht dá dtagraítear i bpointe 1(a) agus (b), lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le meastóireacht, go háirithe trí thástálacha struis, ar athléimneacht na ngléasraí cumhachta núicléiche suite i gcrích an Aontais i gcoinne guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear creathanna talún. Dá réir sin, déantar an ghníomhaíocht i gcrích Ballstáit i gcás ina ndéanann oibreoir gléasra núicléach an méid a leanas:
  - (a) taispeántas maidir le sábháilteacht núicléach a chur isteach, a bhfuil raon feidhme agus leibhéal sonraí ann de réir thromchúis agus nádúr féideartha na guaise ábhartha maidir leis an ngléasra núicléach agus a shuíomh (Airteagal 6, pointe (b), de Threoir 2009/71/Euratom);
  - (b) go bhfuil bearta domhainchosanta déanta aige chun a áirithiú, *inter alia*, go bhfuil tionchar guaiseacha ainscianta seachtracha nádúrtha agus de dhéanamh an duine íoslaghdaithe (Airteagal 8b(1), pointe (a) de Threoir 2009/71/Euratom);
  - (c) go ndearna sé measúnú iomchuí atá suíomh-shonrach agus gléasra-shonrach nuair a dhéanann an t-oibreoir lena mbaineann iarratas ar cheadúnas chun gléasra cumhachta núicléiche a thógáil agus a oibriú (Airteagal 8c(a) de Threoir 2009/71/Euratom).
5. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceanglais Threoir 2009/71/Euratom, arna dtacú ag an gcomhairle idirnáisiúnta is déanaí ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach ('IAEA') agus an Comhlachas Eorpach Rialaitheoirí um Shábháilteacht Núicléach ('WENRA'), lena rannchuidítear le hathléimneacht acmhainneacht gléasraí cumhachta núicléiche nua agus gléasraí cumhachta núicléiche atá ann faoi láthair a mhéadú chun dul i ngleic le guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear tuilte agus coinníollacha aimsire ainscianta.
6. Go ndéantar dramhaíl radaighníomhach, dá dtagraítear i bpointe 1(e) agus (f), a dhiúscairt sa Bhallstát inar gineadh é, mura bhfuil comhaontú idir an Ballstát lena mbaineann agus an Ballstát cinn scríbe, mar a bhunaítear i dTreoir 2011/70/Euratom. Sa chás sin, tá clár um bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus diúscairt agus saoráid diúscairta oiriúnach á n-oibriú ag an mBallstát cinn scríbe i gcomhréir le ceanglais Threoir 2011/70/Euratom.

Critéir bhreise a bhaineann le rannchuidiú substaintiúil le maolú an athraithe aeráide

Is é is aidhm don ghníomhaíocht leictreachas a ghineadh trí fhuinneamh núicléach a úsáid. Tá astaíochtaí saolré gás ceaptha teasa (GCT) ó leictreachas a tháirgeadh as fuinneamh núicléach níos ísle ná an tairseach arb é atá ann 100 g CO<sub>2</sub>e/kWh. Déantar astaíochtaí saolré GCT a ríomh ach Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún a úsáid nó, ina áit sin, ISO 14067:2018 nó ISO 14064-1:2018.

Tríú páirtí neamhspleách a dhéanann an laghdú ar astaíochtaí saolré GCT cainníochtaithe a fhíorú.

Critéir bhreise a bhaineann le Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

|  |   |
|--|---|
| (2) Oiriúnú don athrú aeráide  | <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.</p> <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 6(b), 8b(1), pointe (a) agus Airteagal 8c(a) de Threoir 2009/71/Euratom.</p> <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht ceanglais Threoir 2009/71/Euratom arna gcur chun feidhme i gcomhréir le comhairle idirnáisiúnta IAEA agus WENRA a bhaineann le guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear tuilte agus coinníollacha aimsire ainscianta.</p>   |
| (3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint | <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.</p> <p>Sainithnítear rioscaí díghráidithe comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an uisce a chosaint agus strus uisce a sheachaint agus tugtar aghaidh ar na rioscaí sin, i gcomhréir le plean bainistíochta úsáide agus cosanta uisce, a fhorbraítear i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann.</p> <p>Chun aimhrialtachtaí teirmeacha a bhaineann le sceitheadh teas dramhaíola a theorannú, oibreoirí gléasraí cumhachta núicléiche intíre ag úsáid fuaraithe fhliuch aonuaire trí uisce a ghlacadh ó abhainn nó rialú locha:</p> <p>(a) teocht uasta an dobharlaigh glactha fionnuisce tar éis an mheasctha, agus</p> <p>(b) an difríocht teochta uasta idir an t-uisce fuarúcháin sceite agus an dobharlach glactha fionnuisce.</p> <p>Déantar an rialú teochta a chur chun feidhme i gcomhréir leis na coinníollacha ceadúnais aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme, nó luachanna tairsí i gcomhréir le dlí an Aontais.</p> <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht caighdeáin Aicmí na Fondúireachta Tionscail (IFC).</p> <p>Déantar gníomhaíochtaí núicléacha a fheidhmiú i gcomhréir leis na ceanglais maidir le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine de chuid Threoir 2000/60/CE agus Treoir 2013/51/Euratom lena leagtar síos ceanglais i leith sláinte an phobail i gcoitinne a chosaint maidir le substaintí radaighníomhacha in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine.</p> |
| (4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach   | <p>Tá plean maidir le bainistiú dramhaíola neamh-radaighníomhaí agus dramhaíola radaighníomhaí i bhfeidhm agus áirithíonn sé athúsáid nó athchúrsáil uasta na dramhaíola sin ag deireadh na saolré i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, lena n-áirítear trí chomhaontuithe conarthacha le comhpháirtithe bainistíochta dramhaíola, an léiriú i réamh-mheastacháin airgeadais nó doiciméadacht tionscadail oifigiúil.</p> <p>Le linn oibríthe agus díchoimisiúnaithe, íoslaghdaítear méid na dramhaíola radaighníomhaí agus uasmhéadaítear méid na n-ábhar saorscaoilte i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom, agus i gcomhréir leis na ceanglais maidir le cosaint ar radaíocht a leagtar síos i dTreoir 2013/59/Euratom.</p>  |

|   |  |
|---|--|
|   | <p>Tá scéim maoiniúcháin i bhfeidhm chun cistiú leordhóthanach a áirithiú maidir le gach gníomhaíocht díchoimisiúnaithe agus maidir le breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú, i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom agus Moladh 2006/851/Euratom.</p> <p>Comhlánaítear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol roimh fhoirgníú an ghléasra cumhachta núicléiche, i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE. Déantar na bearta maolaithe agus cúiteacha atá riachtanach a chur i bhfeidhm.</p> <p>Déantar na gnéithe ábhartha sa Roinn seo a chumhdach le tuarascálacha na mBallstát leis an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Threoir 2011/70/Euratom.</p>   |
| (5) Cosc agus rialú ar thruailliú                               | <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Tá astaíochtaí neamh-radaighníomhacha laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochta bainteach leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh mórghléasraí dócháin. Ní tharlaíonn aon éifeacht trasmheáin shuntasach.</p> <p>Maidir le gléasraí cumhachta núicléiche níos mó ná ionchur teirmeach 1 MW ach atá níos ísle ná na tairseacha do chonclúidí BAT nach mór do ghléasraí dócháin móra a chomhlíonadh, tá astaíochtaí níos lú ná luachanna na dteorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid 2, a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193.</p> <p>Na sceite radaighníomhacha isteach san aer, sna dobharlaigh agus sa talamh (ithir), comhlíonann siad na coinníollacha ceadúnais aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme, nó luachanna tairisí náisiúnta i gcomhréir le Treoir 2013/51/Euratom <sup>*7</sup> agus Treoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Déantar breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú go freagrach i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Tá acmhainneacht leordhóthanach de stóráil eatramhach ar fáil don tionscadal, agus tá pleananna diúscartha náisiúnta i bhfeidhm chun fad tréimhse na stórála eatramhaí a íoslaghdú, i gcomhréir le foráil Threoir 2011/70/Euratom lena ndéantar stóráil dramhaíola radaighníomhaí a bhreithniú, lena n-áirítear stóráil fhadtearmach, mar réiteach eatramhach, ach nach mbreithnítear é mar rogha mhalartach thar an diúscairt.</p> |
| (6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú | <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Comhlánaítear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol roimh thógáil an ghléasra cumhachta núicléiche, i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE. Déantar na bearta maolaithe agus cúiteacha atá riachtanach a chur i bhfeidhm.</p> <p>Maidir le suíomhanna/oibríochtaí atá lonnaithe i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de ar dócha go mbeadh tionchar mór acu ar limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó suíomhanna/oibríochtaí atá gar dóibh (lena n-áirítear líonra limistéir faoi chosaint Natura 2000, láithreáin Oidhreachta Domhanda Unesco agus Príomhlimistéir Bhithéagsúlachta, chomh maith le limistéir eile faoi chosaint), rinneadh measúnú iomchuí, i gcás inarb infheidhme, agus bunaithe ar a chonclúidí cuirtear na bearta maolaithe riachtanacha i bhfeidhm.</p> <p>Ní dhéanfaidh na suíomhanna/oibríochtaí díobháil do stádas caomhantais aon cheann de na gnáthóga nó na speicis atá sna limistéir faoi chosaint.</p>  |

#### 4.27. Foirgniú agus oibriú sábháilte gléasraí cumhachta núicléiche nua, le haghaidh leictreachas nó teas a tháirgeadh, lena n-áirítear maidir le táirgeadh hidrigine, trí na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil a úsáid

Chun críocha na Roinne seo, ciallaíonn na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil teicneolaíochtaí lena gcomhlíontar ceanglais Threoir 2009/71/Euratom go hiomlán agus lena n-urramófar go hiomlán na paraiméadair theicniúla is déanaí de chuid chaighdeáin IAEA agus cuspóirí Sábháilteachta WENRA agus Leibhéal Tagartha.

##### *Tuairisc ar an ngníomhaíocht*

Foirgniú agus oibriú sábháilte gléasraí núicléacha nua a n-eiseoidh údaráis inniúla na mBallstát ceadúnas foirgníochta lena n-aghaidh faoi 2045, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, chun leictreachas a tháirgeadh nó teas a phróiseáil, lena n-áirítear chun críoch téamh ceantair nó próisis thionsclaíochta amhail táirgeadh hidrigine (gléasraí núicléacha nua nó NNInna), chomh maith lena n-uasghráduithe sábháilteachta.

Aicmítear an ghníomhaíocht faoi chóid NACE D35.11 agus F42.22 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíoch a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Is gníomhaíocht dá dtagraítear in Airteagal 10(2) DE Rialachán (AE) 2020/852 í gníomhaíocht eacnamaíoch sa chatagóir seo i gcás ina gcomhlíonann sí na critéir scagtha theicniúla go léir a leagtar amach sa Roinn seo.

##### *Critéir scagtha theicniúla*

---

Critéir ghinearálta a bhaineann le rannchuidiú substaintiúil le maolú an athraithe aeráide agus Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

---

1. Tá an tionscadal a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch ('an tionscadal') lonnaithe i mBallstát a chomhlíonann gach ceann de na nithe seo a leanas:
  - (a) rinne an Ballstát Treoir 2009/71/Euratom ón gComhairle agus Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle a thrasú go hiomlán;
  - (b) comhlíonann an Ballstát Conradh Euratom agus reachtaíocht arna glacadh ar a bonn, go háirithe, Treoir 2009/71/Euratom, Treoir 2011/70/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom, chomh maith le dlí comhshaoil an Aontais is infheidhme arna ghlacadh faoi Airteagal 192 CFAE, go háirithe Treoir 2011/92/AE agus Treoir 2000/60/CE;
  - (c) Ó dháta formheasta an tionscadail amach, tá ciste um bainistiú dramhaíola núicléiche agus ciste um dhíchoimisiúnú núicléach i bhfeidhm ag an mBallstát, cistí is féidir a chomhcheangal;
  - (d) tá sé léirithe ag an mBallstát go mbeidh na hacmhainní ar fáil dó faoi dheireadh shaolré úsáide measta an ghléasra cumhachta núicléiche a chomhfhreagraíonn do chostas measta bainistíochta dramhaíola radaighníomhaí agus díchoimisiúnaithe i gcomhréir le Moladh 2006/851/Euratom;
  - (e) tá saoráidí diúscartha deiridh oibríochtúla ag an mBallstát maidir leis an dramaíl radaighníomhach atá ar leibhéal an-íseal, íseal agus idirmheánach, a bhfuil fógra tugtha don Choimisiún ina leith faoi Airteagal 41 de Chonradh Euratom nó faoi Airteagal 1(4) de Rialachán 2587/1999 ón gComhairle, agus a áirítear sa chlár náisiúnta arna nuashonrú faoi Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle;
  - (f) tá plean cláraithe ag an mBallstát ina leagtar amach céimeanna mionsonraithe chun go mbeidh, faoi 2050, saoráid diúscartha á hoibriú aige maidir le dramaíl radaighníomhach ardleibhéal lena ndéantar cur síos ar gach ceann de na nithe seo a leanas:
    - (i) coincheapa nó pleananna agus réitigh theicniúla le haghaidh bainistiú breosla spíonta agus dramaíola radaighníomhaí ó ghiniúint go diúscairt;
    - (ii) coincheapa nó pleananna do thréimhse iardhúnta shaolré saoráide diúscartha, lena n-áirítear an tréimhse ina gcoinnítear na rialuithe iomchuí agus na modhanna atá le húsáid chun eolas faoin tsaoráid sin a chaomhnú san fhadtéarma;
    - (iii) na freagrachtaí maidir le cur chun feidhme an phlean agus na heochairtháscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar a dhul chun cinn;
    - (iv) measúnuithe costais agus scéimeanna maoiniúcháin.

Chun críocha phointe (f), féadfaidh na Ballstáit na pleananna arna dtarraingt suas mar chuid den chlár náisiúnta a iarrtar le hAirteagal 11 agus 12 de Threoir 2011/70/Euratom a úsáid.

2. Déanann an tionscadal an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil a chur chun feidhme go hiomlán chomh maith le breosla tionóisc-fulangach faoi 2025. Déantar an teicneolaíocht a dheimhniú agus a fhorfhéach ag an rialtóir sábháilteachta náisiúnta.
3. Tugadh fógra don Choimisiún maidir leis an tionscadal i gcomhréir le hAirteagal 41 de Chonradh Euratom nó Airteagal 1(4) de Rialachán 2587/1999 ón gComhairle, i gcás ina mbeidh ceachtar de na forálacha sin infheidhme, gur thug an Coimisiún a bharúil ina leith i gcomhréir le hAirteagal 43 de Chonradh Euratom, agus gur tugadh aghaidh go sásúil ar gach saincheist a ardaíodh sa bharúil, le hábharthacht maidir le cur chun feidhme Airteagal 10(2) agus Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus na critéir scagtha theicniúla a leagtar síos sa Roinn seo.
4. Thug an Ballstát lena mbaineann gealltanais chun tuairisc a thabhairt don Choimisiún gach 5 bliana i leith gach tionscadail maidir le gach ceann de na nithe seo a leanas:

(a) leordhóthanacht na n-acmhainní carntha dá dtagraítear i bpointe 1(c);

(b) dul chun cinn iarbhrí maidir le cur chun feidhme an phlean dá dtagraítear i bpointe 1(f).

Ar bhonn na dtuarascálacha, athbhreithneoidh an Coimisiún leordhóthanacht acmhainní carntha an chiste um bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus an chiste um dhíchoimisiúnú núicléach dá dtagraítear i bpointe 1(c) agus an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an phlean chlártha dá dtagraítear i bpointe 1(f) agus féadfaidh sé aghaidh a thabhairt ar thuairim an Bhallstáit lena mbaineann.

5. Athbhreithneoidh an Coimisiún, faoi 2025, agus gach 10 mbliana ar a laghad, na paraiméadair theicniúla a chomhfhreagraíonn don teicneolaíocht is fearr atá ar fáil bunaithe ar mheasúnú an Ghrúpa Eorpach Rialaitheoirí um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG).
6. Comhlíonann an ghníomhaíocht reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear an reachtaíocht dá dtagraítear i bpointe 1(a) agus (b), lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le meastóireacht, go háirithe trí thástálacha struis, ar athléimneacht na ngléasraí cumhachta núicléiche suite i gcrích an Aontais i gcoinne guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear creathanna talún. Dá réir sin, déantar an ghníomhaíocht i gcrích Ballstáit i gcás ina ndéanann oibreoir gléasra núicléach:
  - (a) taispeántas maidir le sábháilteacht núicléach a chur isteach, a bhfuil raon feidhme agus leibhéal sonraí ann de réir thromchúis agus nádúr féideartha na guaise ábhartha maidir leis an ngléasra núicléach agus a shuíomh (Airteagal 6, pointe (b), de Threoir 2009/71/Euratom);
  - (b) go bhfuil bearta domhainchosanta déanta aige chun a áirithiú *inter alia*, go bhfuil tionchar guaiseacha ainscianta seachtacha nádúrtha agus de dhéanamh an duine íoslaghdaíthe (Airteagal 8b(1), pointe (a) de Threoir 2009/71/Euratom);
  - (c) go ndearna sé measúnú iomchuí atá suíomh-shonrach agus gléasra-shonrach nuair a dhéanann an t-oibreoir lena mbaineann iarratas ar cheadúnas chun gléasra cumhachta núicléiche a thógáil agus a oibriú (Airteagal 8c(a) de Threoir 2009/71/Euratom).
7. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceanglais Threoir 2009/71/Euratom, arna dtacú ag an gcomhairle idirnáisiúnta is déanaí ó IAEA agus WENRA, lena rannchuidítear le hathléimneacht acmhainneacht gléasraí cumhachta núicléiche nua agus gléasraí cumhachta núicléiche atá ann faoi láthair a mhéadú chun dul i ngleic le guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear tuilte agus coinníollacha aimsire ainscianta.
8. Go ndéantar dramhaíl radaighníomhach, dá dtagraítear i bpointe 1(e) agus (f), a dhiúscairt sa Bhallstát inar táirgeadh é, mura bhfuil comhaontú idir an Ballstát lena mbaineann agus an Ballstát cinn scríbe, mar a bhunaítear i dThreoir 2011/70/Euratom. Sa chás sin, tá clár um bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus diúscairt agus saoráid diúscairta oiriúnach á n-oibriú ag an mBallstát cinn scríbe i gcomhréir le ceanglais Threoir 2011/70/Euratom.

Critéir bhreise a bhaineann le rannchuidiú substaintiúil le maolú an athraithe aeráide

Gineann an ghníomhaíocht leictreachas trí fhuinneamh núicléach a úsáid. Tá astaíochtaí saolré gás ceaptha teasa (GCT) ó leictreachas a ghiniúint as fuinneamh núicléach níos ísle ná an tairseach arb é atá ann 100 g CO<sub>2</sub>e/kWh. Déantar astaíochtaí saolré GCT a ríomh ach Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún a úsáid nó, ina áit sin, ISO 14067:2018 nó ISO 14064-1:2018. Tríú páirtí neamhspleách a dhéanann an laghdú ar astaíochtaí saolré GCT cainníochtaithe a fhíorú.

Critéir bhreise a bhaineann le Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

|  |   |
|--|---|
| (2) Oiriúnú don athrú aeráide  | <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.</p> <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 6(b), Airteagal 8b(1), pointe (a) agus Airteagal 8c(a) de Threoir 2009/71/Euratom.</p> <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht ceanglais Threoir 2009/71/Euratom arna gcur chun feidhme i gcomhréir le comhairle idirnáisiúnta IAEA agus WENRA maidir le guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear tuilte agus coinníollacha aimsire ainscianta.</p>  |
| (3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint | <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.</p> <p>Sainithnítear rioscaí díghráidithe comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an uisce a chosaint agus strus uisce a sheachaint agus tugtar aghaidh ar na rioscaí sin, i gcomhréir le plean bainistíochta úsáide agus cosanta uisce, a fhorbraítear i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann.</p> <p>Chun aimhrialtachtaí teirmeacha a bhaineann le sceitheadh teas dramhaíola a theorannú, oibreoirí gléasraí cumhachta núicléiche intíre ag úsáid fuaraithe fhliuch aonuaire trí uisce a ghlacadh ó abhainn nó rialú locha:</p> <p>(a) teocht uasta an dobharlaigh glactha fionnuisce tar éis an mheasctha, agus</p> <p>(b) an difríocht teochta uasta idir an t-uisce fuarúcháin sceite agus an dobharlach glactha fionnuisce.</p> <p>Déantar an rialú teochta a chur chun feidhme i gcomhréir leis na coinníollacha ceadúnaithe aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme, nó luachanna tairisí i gcomhréir le dlí an Aontais.</p> <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht le caighdeáin Aicmí na Fondúireachta Tionscail (IFC).</p> <p>Déantar gníomhaíochtaí núicléacha a fheidhmiú i gcomhréir leis na ceanglais maidir le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine de chuid Threoir 2000/60/CE agus Treoir 2013/51/Euratom lena leagtar síos ceanglais i leith sláinte an phobail i gcoitinne a chosaint maidir le substaintí radaighníomhacha in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine.</p> |
| (4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach   | <p>Tá plean maidir le bainistiú dramhaíola neamh-radaighníomhaí agus dramhaíola radaighníomhaí i bhfeidhm agus áirithíonn sé athúsáid nó athchúrsáil uasta na dramhaíola sin ag deireadh na saolré i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, lena n-áirítear trí chomhaontuithe conarthacha le comhpháirtithe bainistíochta dramhaíola, an léiriú i réamh-mheastacháin airgeadais nó doiciméadacht tionscadail oifigiúil.</p> <p>Le linn oibríthe agus díchoimisiúnaithe, íoslaghdaítear méid na dramhaíola radaighníomhaí agus uasmhéadaítear méid na n-ábhar saorscaoilte i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom, agus i gcomhréir leis na ceanglais maidir le cosaint ar radaíocht a leagtar síos i dTreoir 2013/59/Euratom.</p>  |



|   |  |
|---|--|
|   | <p>Tá scéim maoiniúcháin i bhfeidhm chun cistiú leordhóthanach a áirithiú maidir le gach gníomhaíocht díchoimisiúnaithe agus maidir le breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú, i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom agus Moladh 2006/851/Euratom.</p> <p>Comhlánaítear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol roimh thógáil an ghléasra cumhachta núicléiche, i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE. Déantar na bearta maolaithe agus cúiteacha atá riachtanach a chur i bhfeidhm.</p> <p>Déantar na gnéithe ábhartha sa Roinn seo a chumhdach le tuarascálacha na mBallstát leis an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Threoir 2011/70/Euratom.</p>   |
| (5) Cosc agus rialú ar thruailliú                               | <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Tá astaíochtaí neamh-radaighníomhacha laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochta bainteach leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh mórghléasraí dócháin. Ní tharlaíonn aon éifeacht trasmheáin shuntasach.</p> <p>Maidir le gléasraí cumhachta núicléiche níos mó ná ionchur teirmeach 1 MW ach atá níos ísle ná na tairseacha do chonclúidí BAT nach mór do ghléasraí dócháin móra a chomhlíonadh, tá astaíochtaí níos lú ná luachanna na dteorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid 2, a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193.</p> <p>Comhlíonann sceite radaighníomhacha leis an aer, dobharlaigh agus an talamh (ithir) leis na coinníollacha ceadúnais aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme, nó luachanna tairse náisiúnta i gcomhréir le Treoir 2013/51/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Déantar breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú go freagrach i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Tá acmhainneacht leordhóthanach de stóráil eatramhach ar fáil don tionscadal, agus tá pleananna diúscartha náisiúnta i bhfeidhm chun fad tréimhse na stórála eatramhaí a íoslaghdú, i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom lena mbreithnítear ar stóráil dramhaíola radaighníomhaí, lena n-áirítear stóráil fhadtearmach, mar réiteach eatramhach, ach nach mbreithnítear air mar rogha mhalartach thar an diúscairt.</p> |
| (6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú | <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Comhlánaítear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol roimh thógáil an ghléasra cumhachta núicléiche, i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE. Déantar na bearta maolaithe agus cúiteacha atá riachtanach a chur i bhfeidhm.</p> <p>Maidir le suíomhanna/oibríochtaí atá lonnaithe i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de ar dócha go mbeadh tionchar mór acu ar limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó suíomhanna/oibríochtaí atá gar dóibh (lena n-áirítear líonra limistéir faoi chosaint Natura 2000, láithreáin Oidhreacht Domhanda Unesco agus Príomhlimistéir Bhithéagsúlachta, chomh maith le limistéir eile faoi chosaint), rinneadh measúnú iomchuí, i gcás inarb infheidhme, agus bunaithe ar a chonclúidí cuirtear na bearta maolaithe riachtanacha i bhfeidhm.</p> <p>Ní dhéanfaidh na suíomhanna/oibríochtaí díobháil do stádas caomhantais aon cheann de na gnáthóga nó na speicis atá sna limistéir faoi chosaint.</p>   |

#### 4.28. Giniúint leictreachais ó fhuinneamh núicléach i ngléasraí atá ann faoi láthair

##### *Tuairisc ar an ngníomhaíocht*

Modhnú gléasraí núicléacha atá ann faoi láthair, arna údarú ag údarais inniúla na mBallstát faoi 2040 i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, chun am seirbhíse oibriú sábháilte gléasraí núicléacha lena ngintear leictreachas nó teas ó fhuinneamh núicléach a shíneadh ('gléasraí cumhachta núicléiche').

Aicmítear an ghníomhaíocht faoi chóid NACE D35.11 agus F42.22 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Is gníomhaíocht dá dtagraítear in Airteagal 10(2) DE Rialachán (AE) 2020/852 í gníomhaíocht eacnamaíoch sa chatagóir seo i gcás ina gcomhlíonann sí na critéir scagtha theicniúla go léir a leagtar amach sa Roinn seo.

##### *Critéir scagtha theicniúla*

---

Critéir ghinearálta a bhaineann le rannchuidiú substaintiúil le maolú an athraithe aeráide agus Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

---

1. Tá an tionscadal a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch ('an tionscadal') lonnaithe i mBallstát a chomhlíonann gach ceann de na nithe seo a leanas:
  - (a) rinne an Ballstát Treoir 2009/71/Euratom ón gComhairle agus Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle a thrasú go hiomlán;
  - (b) comhlíonann an Ballstát le Conradh Euratom agus le reachtaíocht arna glacadh ar a bonn, go háirithe, Treoir 2009/71/Euratom, Treoir 2011/70/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom, agus le dlí comhshaoil an Aontais is infheidhme arna ghlacadh faoi Airteagal 192 CFAE, go háirithe Treoir 2011/92/AE agus Treoir 2000/60/CE;
  - (c) Ó dháta formheasta an tionscail amach, tá ciste um bainistiú dramhaíola núicléiche agus ciste um dhíchoimisiúnú núicléach i bhfeidhm ag an mBallstát, cistí is féidir a chomhcheangal;
  - (d) tá sé léirithe ag an mBallstát go mbeidh na hacmhainní ar fáil dó faoi dheireadh shaolré úsáide measta an ghléasra cumhachta núicléiche a chomhfhreagraíonn do chostas measta bainistíochta dramhaíola radaighníomhaí agus díchoimisiúnaithe i gcomhréir le Moladh 2006/851/Euratom;
  - (e) tá saoráidí diúscartha deiridh oibríochtúla ag an mBallstát maidir leis an dramhaíl radaighníomhach atá ar leibhéal an-íseal, íseal agus idirmheánach, a bhfuil fógra tugtha don Choimisiún ina leith faoi Airteagal 41 de Chonradh Euratom nó faoi Airteagal 1(4) de Rialachán 2587/1999 ón gComhairle, agus a áirítear sa chlár náisiúnta arna nuashonrú faoi Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle;
  - (f) le haghaidh pleananna a údarófar i ndiaidh 2025, tá plean cláraithe ag an mBallstát ina leagtar amach céimeanna mionsonraithe chun go mbeidh, faoi 2050, saoráid diúscartha á hoibriú aige maidir le dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil lena ndéantar cur síos ar gach ceann de na nithe seo a leanas:
    - (i) coincheapa nó pleananna agus réitigh theicniúla le haghaidh bainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí ó ghiniúint go diúscairt;
    - (ii) coincheapa nó pleananna do thréimhse iardhúnta shaolré saoráide diúscartha, lena n-áirítear an thréimhse ina gcoinnítear na rialuithe iomchuí agus na modhanna atá le húsáid chun eolas faoin tsaoráid sin a chaomhnú san fhadtéarma;
    - (iii) na freagrachtaí maidir le cur chun feidhme an phlean agus na heochairtháscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar a dhul chun cinn;
    - (iv) measúnuithe costais agus scéimeanna maoiniúcháin.

Chun críocha phointe (f), féadfaidh na Ballstáit na pleananna arna dtarraingt suas mar chuid den chlár náisiúnta a iarrtar le hAirteagail 11 agus 12 de Threoir 2011/70/Euratom a úsáid.

2. Leis an tionscadal uasghráidithe cuirtear feabhsú sábháilteachta infheidhmithe ar bith chun feidhme agus ó 2025 ar aghaidh bainfidh sé leas as breosla tionóisc-fulangach. Déantar an teicneolaíocht a dheimhniú agus a fhorghnó ag an rialtóir sábháilteachta náisiúnta.
3. Tugadh fógra don Choimisiún maidir leis an tionscadal i gcomhréir le hAirteagal 41 de Chonradh Euratom nó Airteagal 1(4) de Rialachán 2587/1999 ón gComhairle, i gcás ina mbeidh ceachtar de na forálacha sin infheidhme, gur thug an Coimisiún a bharúil ina leith i gcomhréir le hAirteagal 43 de Chonradh Euratom, agus gur tugadh aghaidh go sásúil ar gach saincheist a ardaíodh sa bharúil, le hábharthacht maidir le cur chun feidhme Airteagal 10(2) agus Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus na critéir scagtha theicniúla a leagtar síos sa Roinn seo.
4. Thug an Ballstát lena mbaineann gealltanais chun tuairisc a thabhairt don Choimisiún gach 5 bliana i leith gach tionscadail maidir le gach ceann de na nithe seo a leanas:
  - (a) leordhóthanacht na n-acmhainní carntha dá dtagraítear i bpointe 1(c);
  - (b) dul chun cinn iarbhrí maidir le cur chun feidhme an phlean dá dtagraítear i bpointe 1(f).

Ar bhonn na dtuarascálacha, athbhreithneoidh an Coimisiún leordhóthanacht acmhainní carntha an chiste um bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus an chiste um dhíchoimisiúnú núicléach dá dtagraítear i bpointe 1(c) agus an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an phlean chlárthaíthe dá dtagraítear i bpointe 1(f) agus féadfaidh sé aghaidh a thabhairt ar bharúil an Bhallstáit lena mbaineann.
5. Comhlíonann an ghníomhaíocht reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear an reachtaíocht dá dtagraítear i bpointe 1(a) agus (b), lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le meastóireacht, go háirithe trí thástálacha struis, ar athléimneacht na ngléasraí cumhachta núicléiche de chuid an Aontais i gcoinne guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear creathanna talún. Dá réir sin, déantar an ghníomhaíocht i gcrích Ballstáit i gcás ina ndéanann oibreoir gléasra núicléach:
  - (a) taispeántas maidir le sábháilteacht núicléach a chur isteach, a bhfuil raon feidhme agus leibhéal sonraí ann de réir thromchúis agus nádúr féideartha na guaise ábhartha maidir leis an ngléasra núicléach agus a shuíomh (Airteagal 6, pointe (b), de Threoir 2009/71/Euratom);
  - (b) go bhfuil bearta domhainchosanta déanta aige chun a áirithiú *inter alia*, go bhfuil tionchar guaiseacha ainscianta seachtacha nádúrtha agus de dhéanamh an duine íoslghadaithe (Airteagal 8b(1), pointe (a) de Threoir 2009/71/Euratom);
  - (c) go ndearna sé measúnú iomchuí atá suíomh-shonrach agus gléasra-shonrach nuair a dhéanann an t-oibreoir lena mbaineann iarratas ar cheadúnas chun gléasra cumhachta núicléiche a thógáil agus a oibriú (Airteagal 8c(a) de Threoir 2009/71/Euratom).
6. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceanglais Threoir 2009/71/Euratom, arna dtacú ag an gcomhairle idirnáisiúnta is déanaí ó IAEA agus WENRA, lena rannchuidítear le hathléimneacht acmhainneacht gléasraí cumhachta núicléiche nua agus gléasraí cumhachta núicléiche atá ann faoi láthair a mhéadú chun dul i ngleic le guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear tuilte agus coinníollacha aimsire ainscianta.
7. Go ndéantar dramhaíl radaighníomhach, dá dtagraítear i bpointe 1(e) agus (f), a dhiúscairt sa Bhallstát inar táirgeadh é, mura bhfuil comhaontú idir an Ballstát lena mbaineann agus an Ballstát cinn scríbe, mar a bhunaítear i dTreoir 2011/70/Euratom. Sa chás sin, tá clár um bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus diúscairt agus saoráid diúscairt oiriúnach á n-oibriú ag an mBallstát cinn scríbe i gcomhréir le ceanglais Threoir 2011/70/Euratom.

---

Critéir bhreise a bhaineann le rannchuidiú substaintiúil le maolú an athraithe aeráide

---

Gineann an ghníomhaíocht leictreachas trí fhuinneamh núicléach a úsáid. Tá astaíochtaí saolré gás ceaptha teasa (GCT) ó leictreachas a ghintear as fuinneamh núicléach níos ísle ná an tairseach arb é atá ann 100 g CO<sub>2</sub>e/kWh. Déantar astaíochtaí saolré GCT a ríomh ach Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún a úsáid nó, ina áit sin, ISO 14067:2018 nó ISO 14064-1:2018. Tríú páirtí neamhspleách a dhéanann an laghdú ar astaíochtaí saolré GCT cainníochtaithe a fhíorú.

---

## Critéir bhreise a bhaineann le Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

|  |  |
|--|--|
| (2) Oiriúnú don athrú aeráide  | <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.</p> <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 6(b), Airteagal 8b(1), pointe (a) agus Airteagal 8c(a) de Threoir 2009/71/Euratom.</p> <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht ceanglais Threoir 2009/71/Euratom arna gcur chun feidhme i gcomhréir le comhairle idirnáisiúnta IAEA agus WENRA a bhaineann le guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear tuilte agus coinníollacha aimsire ainscianta.</p>  |
| (3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint | <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.</p> <p>Sainithnítear rioscaí díghráidithe comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an uisce a chosaint agus strus uisce a sheachaint agus tugtar aghaidh ar na rioscaí sin, i gcomhréir le plan bainistíochta úsáide agus cosanta uisce, a fhorbraítear i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann.</p> <p>Chun aimhrialtachtaí teirmeacha a bhaineann le sceitheadh teas dramhaíola a theorannú, oibreoirí gléasraí cumhachta núicléiche intíre ag úsáid fuaraithe fhliuch aonuaire trí uisce a ghlacadh ó abhainn nó rialú locha:</p> <p>(a) teocht uasta an dobharlaigh glactha fionnuisce tar éis an mheasctha, agus</p> <p>(b) an difríocht teochta uasta idir an t-uisce fuarúcháin sceite agus an dobharlach glactha fionnuisce.</p> <p>Déantar an rialú teochta a chur chun feidhme i gcomhréir leis na coinníollacha ceadúnais aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme, nó luachanna tairsí i gcomhréir le dlí an Aontais.</p> <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht caighdeáin Aicmí na Fondúireachta Tionscail (IFC).</p> <p>Déantar gníomhaíochtaí núicléacha a fheidhmiú i gcomhréir leis na ceanglais maidir le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine de chuid Threoir 2000/60/CE agus Treoir 2013/51/Euratom lena leagtar síos ceanglais i leith sláinte an phobail i gcoitinne a chosaint maidir le substaintí radaighníomhacha in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine.</p> |
| (4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach   | <p>Tá plan maidir le bainistiú dramhaíola neamh-radaighníomhaí agus dramhaíola radaighníomhaí i bhfeidhm agus áirithíonn sé athúsáid nó athchúrsáil uasta na dramhaíola sin ag deireadh na saolré i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, lena n-áirítear trí chomhaontuithe conarthacha le comhpháirtithe bainistíochta dramhaíola, an léiriú i réamh-mheastacháin airgeadais nó doiciméadacht tionscadail oifigiúil.</p> <p>Le linn oibríthe agus díchoimisiúnaithe, íoslaghdaítear méid na dramhaíola radaighníomhaí agus uasmhéadaítear méid na n-ábhar saorscaoilte i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom, agus i gcomhréir leis na ceanglais maidir le cosaint ar radaíocht a leagtar síos i dTreoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Tá scéim maoiniúcháin i bhfeidhm chun cistiú leordhóthanach a áirithiú maidir le gach gníomhaíocht díchoimisiúnaithe agus maidir le breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú, i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom agus Moladh 2006/851/Euratom.</p>   |

|   |   |
|---|---|
|   | <p>Comhlánaítear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol roimh thógáil an ghléasra cumhachta núicléiche, i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE. Déantar na bearta maolaithe agus cúiteacha atá riachtanach a chur i bhfeidhm.</p> <p>Déantar na gnéithe ábhartha sa Roinn seo a chumhdach le tuarascálacha na mBallstát leis an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Threoir 2011/70/Euratom.</p>   |
| (5) Cosc agus rialú ar thruailliú                               | <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Tá astaíochtaí neamh-radaighníomhacha laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochta bainteach leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh mórghléasraí dócháin. Ní tharlaíonn aon éifeacht trasmheáin shuntasach.</p> <p>Maidir le gléasraí dócháin níos mó ná ionchur teirmeach 1 MW ach atá níos ísle ná na tairseacha do chonclúidí BAT nach mór do ghléasraí dócháin móra a chomhlíonadh, tá astaíochtaí níos lú ná na teorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid 2, a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193.</p> <p>Comhlíonann sceite radaighníomhacha leis an aer, dobharlaigh agus an talamh (ithir) leis na coinníollacha ceadúnais aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme, nó luachanna tairisí náisiúnta i gcomhréir le Treoir 2013/51/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Déantar breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú go freagrach i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Tá acmhainneacht leordhóthanach de stóráil eatramhach ar fáil don tionscadal, agus tá pleananna diúscairt náisiúnta i bhfeidhm chun fad tréimhse na stórála eatramhaí a íoslagháil, i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom lena mbreithnítear ar stóráil dramhaíola radaighníomhaí, lena n-áirítear stóráil fhadtéarmach, mar réiteach eatramhach, ach nach mbreithnítear air mar rogha mhalartach thar an diúscairt.</p> |
| (6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú | <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Comhlánaítear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol roimh thógáil an ghléasra cumhachta núicléiche, i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE. Déantar na bearta maolaithe agus cúiteacha atá riachtanach a chur i bhfeidhm.</p> <p>Maidir le suíomhanna/oibríochtaí atá lonnaithe i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de ar dócha go mbeadh tionchar mór acu ar limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó suíomhanna/oibríochtaí atá gar dóibh (lena n-áirítear líonra limistéir faoi chosaint Natura 2000, láithreáin Oidhreacht Domhanda Unesco agus Príomhlimistéir Bhithéagsúlachta, chomh maith le limistéir eile faoi chosaint), rinneadh measúnú iomchuí, i gcás inarb infheidhme, agus bunaithe ar a chonclúidí cuirtear na bearta maolaithe riachtanacha i bhfeidhm.</p> <p>Ní dhéanfaidh na suíomhanna/oibríochtaí díobháil do stádas caomhantais aon cheann de na gnáthóga nó na speicis atá sna limistéir faoi chosaint.</p>  |

#### 4.29. Giniúint leictreachais ó bhreoslaí gásacha iontaise

##### Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Saoráidí giniúna leictreachais a fhoirgníú nó a oibriú ina ngintear leictreachas trí bhreoslaí gásacha iontaise a úsáid. Ní áirítear giniúint leictreachais ó úsáid eisiach breoslaí gásacha neamh-iontaise agus leachtacha dá dtagraítear i Roinn 4.7 den Iarscríbhinn seo agus breoslaí bithgháis agus bithleachta dá dtagraítear i Roinn 4.8 den Iarscríbhinn seo.

Féadfar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe D35.11 agus F42.22 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Is gníomhaíocht idirthréimhseach dá dtagraítear in Airteagal 10 (2) de Rialachán (AE) 2020/852 í gníomhaíocht eacnamaíoch sa chatagóir seo i gcás ina gcomhlíonann sí na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach sa Roinn seo.

##### Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide

#### 1. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceachtar de na critéir seo a leanas:

- (a) Tá astaíochtaí saolré GCT ó leictreachas a ghiniúint as breoslaí gásacha iontaise níos ísle ná 100 g CO<sub>2</sub>e/kWh. Déantar astaíochtaí saolré GCT a ríomh bunaithe ar shonraí a bhaineann go sonrach le tionscadal, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, ach Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún a úsáid nó, ina áit sin, ISO 14067:2018 nó ISO 14064-1:2018. Tríú páirtí neamhspleách a dhéanann an laghdú ar astaíochtaí saolré GCT cainníochtaithe a fhíorú. I gcás ina gcuimsíonn saoráidí aon chineál laghdaithe, lena n-áirítear gabháil carbóin nó breoslaí in-athnuaite nó ísealcharbóin a úsáid, go gcomhlíonann an ghníomhaíocht laghdaithe sin na critéir a leagtar amach sa Roinn ábhartha den Iarscríbhinn seo, i gcás inarb infheidhme. I gcás ina ndéantar CO<sub>2</sub> a ghabháil lena stóráil faoi thalamh, ar CO<sub>2</sub> é a d'astófaí ón bpróiseas giniúna leictreachais murach sin, iompraítear agus stóráiltear an CO<sub>2</sub> faoi thalamh, i gcomhréir leis na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach i Roinn 5.1.1 agus i Roinn 5.1.2 den Iarscríbhinn seo.
- (b) comhlíonfaidh saoráidí a ndeonófar ceadúnas foirgníochta ina leith faoin 31 Nollaig 2030 gach ceann de na nithe seo a leanas:
  - (i) tá astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha na gníomhaíochtaí níos ísle ná 270g CO<sub>2</sub>e/kWh den aschur fuinnimh, nó ní mó astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha bliantúla na gníomhaíochta ná meánmhéid 550kgCO<sub>2</sub>e/kWh d'acmhainneacht na saoráide ar feadh tréimhse 20 bliain;
  - (ii) ní féidir an chumhacht atá le hionadú a ghineadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, bunaithe ar mheastóireacht inchomparáide leis an rogha mhalartach is costéifeachtaí agus is indéanta go teicniúil le haghaidh na hacmhainneachta céanna a aithnítear; foilsítear toradh na meastóireachta inchomparáide sin agus tá sé faoi réir comhairliúcháin le páirtithe leasmhara;
  - (iii) déanann an ghníomhaíocht gníomhaíochta ginte leictreachais ardastaíochta atá ann faoi láthair a úsáideann breoslaí soladacha nó breoslaí iontaise leachtacha a ionadú;
  - (iv) an acmhainneacht táirgeachta a suiteáladh le fíorghairid, ní bheidh sí níos mó ná 15 % os cionn acmhainneacht na saoráide a ionadaíodh;
  - (v) déantar an tsaoráid a cheapadh agus a fhoirgníú chun breoslaí gásacha in-athnuaite agus/nó ísealcharbóin a úsáid agus déantar an t-aistriú chuig úsáid iomlán breoslaí gásacha in-athnuaite agus/nó ísealcharbóin faoin 31 Nollaig 2035, le gealltanais agus plean infhíoraithe arna gceadú ag comhlacht bainistíochta an ghnóthais;
  - (vi) laghdú astaíochtaí 55 % GCT ar a laghad a bheidh mar thoradh ar an ionadú thar shaolré na hacmhainneachta táirgeachta a suiteáladh le fíorghairid;
  - (vii) i gcás ina ndéantar an ghníomhaíocht i gcrích Ballstáit ina n-úsáidtear gual chun fuinneamh a ghineadh, gur thug an Ballstát sin gealltanais chun úsáid giniúna fuinnimh ó ghual a chéimniú amach agus gur thug sé tuairisc maidir leis sin ina phlean fuinnimh agus aeráide náisiúnta comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>\*\*</sup> nó in ionstraim eile.'

Déanfaidh thríú páirtí comhlíontacht leis na critéir dá dtagraítear i bpointe 1(b) a fhíorú. Tá na hacmhainní agus an saineolas is gá ag an bhfíoraitheoir tríú páirtí neamhspleách chun an fíorú sin a dhéanamh. Níl aon choinbhleacht leasa ag an bhfíoraitheoir tríú páirtí neamhspleách leis an úinéir ná leis an maoinitheoir, agus níl baint aige le forbairt ná le hoiibríocht na gníomhaíochta. Déanann an fíoraitheoir tríú páirtí neamhspleách fíorú na comhlíontachta leis na critéir scagtha theicniúla go dícheallach. Gach bliain, go sonrach, foilsíonn an tríú páirtí neamhspleách tuarascáil agus tarchuireann sé é chuig an gCoimisiún, ar tuarascáil é:

- (a) lena ndeimhnítear leibhéal na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha dá dtagraítear i bpointe 1(b)(i);

- (b) i gcás inarb infheidhme, lena ndéantar measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta ar chonair inchreidte chun an meánluach tairsí thar 20 bliain dá dtagraítear i bpointe 1(b)(i) a chomhlíonadh;
- (c) lena ndéantar measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht ar chonair inchreidte chun pointe 1(b)(v) a chomhlíonadh.

Le linn don fhíoraitheoir tríú páirtí neamhspleách an mheastóireacht dá dtagraítear i bpointe 1(b) a dhéanamh, cuireann sé san áireamh go háirithe na hastaíochtaí GCT díreacha bliantúla beartaithe le haghaidh gach bliana de chuid na conaire, astaíochtaí GCT díreacha bliantúla réadaithe, uaireanta seirbhíse beartaithe agus réadaithe, agus úsáid bheartaithe agus réadaithe gáis in-athnuaite nó ísealcharbóin.

Ar bhonn na dtuarascálacha arna dtarchur chuig an gCoimisiún, féadfaidh sé barúil a chur chuig na hoibrítheoirí ábhartha. Cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha sin san áireamh le linn dó an t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2020/852 a dhéanamh.

2. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceachtar de na critéir seo a leanas:
- (a) suiteáiltear trealamh tomhais chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí fisiceacha, amhail iad siúd a thagann as sceitheadh meatáin, tráth na foirgníochta, nó tugtar isteach clár chun sceitheadh a bhrath agus a dheisiú;
- (b) tuairiscítear tomhas fisiceach astaíochtaí agus cuirtear deireadh le sceitheadh i rith an oibríthe.
3. I gcás ina gcumascann an ghníomhaíocht breoslaí gásacha iontaise le bithghás gásacha nó le bithleachtaí, comhlíonann an bithmhais talmhaíochta arna húsáid le haghaidh bithleachtaí a tháirgeadh na critéir a leagtar amach in Airteagal 29, míreanna 2 go mír 5, de Threoir (AE) 2018/2001 agus comhlíonann bithmhais foraoise na critéir a leagtar amach in Airteagal 29, míreanna 6 agus 7, den Treoir sin.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

|  |   |
|--|---|
| (2) Oiriúnú don athrú aeráide  | Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.   |
| (3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint | Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.   |
| (4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach   | N/B   |
| (5) Cosc agus rialú ar thruailliú  | <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Tá astaíochtaí laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochta bainteach leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí ábhartha is déanaí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), lena n-áirítear na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh mórghléasraí dócháin.</p> <p>Ní tharlaíonn aon éifeacht tras-mheáin shuntasach.</p> <p>Maidir le gléasraí dócháin a bhfuil ionchur teirmeach níos mó ná 1 MW acu ach atá faoi bhun na dtairseacha le haghaidh na gconclúidí BAT nach mór do mhórghléasraí dócháin a chur i bhfeidhm, tá astaíochtaí faoi bhun na dteorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid 2, a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193.</p> |
| (6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú                  | Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.   |

#### 4.30. Comhghiniúint teasa/fuaraithe agus cumhachta ardfeidhmíochta ó bhreoslaí gásacha iontaise

##### *Tuairisc ar an ngníomhaíocht*

Saoráidí giniúna cumhachta agus téimh/fuaraithe a fhoirgníú, a athchothromú, agus a oibriú lena n-úsáidtear breoslaí gásacha iontaise. Ní áirítear comhghiniúint téimh/fuaraithe agus cumhachta ardfeidhmíochta ó úsáid eisiach breoslaí gásacha neamh-iontaise agus leachtacha dá dtagraítear i Roinn 4.19 den Iarscríbhinn seo, agus breoslaí bithgháis agus bithleachta dá dtagraítear i Roinn 4.20 den Iarscríbhinn seo.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le cód NACE D35.11 agus D35.30 i gcomhréir le haicmiú staitistiúil gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Is gníomhaíocht idirthréimhseach dá dtagraítear in Airteagal 10 (2) de Rialachán (AE) 2020/852 í gníomhaíocht eacnamaíoch sa chatagóir seo i gcás ina gcomhlíonann sí na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach sa Roinn seo.

##### *Critéir scagtha theicniúla*

---

#### Rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide

---

##### 1. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceachtar de na critéir seo a leanas:

- (a) Tá astaíochtaí saolré GCT ó théamh/fuarú agus cumhacht a chomhghiniúint as breoslaí gásacha níos ísle ná 100 g CO<sub>2</sub>e in aghaidh 1 kWh d'aschur fuinnimh ón gcomhghiniúint.

Déantar astaíochtaí saolré GCT a ríomh bunaithe ar shonraí a bhaineann go sonrach le tionscadal, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, ach Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún a úsáid nó, ina áit sin, ISO 14067:2018 nó ISO 14064-1:2018.

Tríú páirtí neamhspleách a dhéanann an laghdú ar astaíochtaí saolré GCT cainníochtaithe a fhíorú.

I gcás ina gcuimsíonn saoráidí aon chineál laghdaithe, lena n-áirítear gabháil carbóin nó breoslaí dícharbónaithe a úsáid, go gcomhlíonann an ghníomhaíocht laghdaithe sin na Ranna ábhartha den Iarscríbhinn seo, i gcás inarb infheidhme. I gcás ina ngabhtar an CO<sub>2</sub> a astaítear ón nginiúint leictreachais, go mbainfidh an CO<sub>2</sub> amach an teorainn astaíochta a leagtar amach i bpointe 1 den Roinn seo agus, go bhféadfar an CO<sub>2</sub> a iompar agus a stóráil faoi thalamh ar bhealach lena mbaintear amach na critéir scagtha theicniúla maidir le CO<sub>2</sub> a iompar agus a stóráil a leagtar amach i Ranna 5.11 agus 5.12 faoi seach den Iarscríbhinn seo.

- (b) comhlíonfaidh saoráidí a ndeonófar ceadúnas foirgníochta ina leith faoin 31 Nollaig 2030 gach ceann de na nithe seo a leanas:

- (i) baineann an ghníomhaíocht coigiltis fuinnimh phríomhúla de 10 % ar a laghad amach i gcomparáid leis na tagairtí do tháirgeadh scartha teasa agus leictreachais; déantar na coigiltis fuinnimh phríomhúla a ríomh ar bhonn na foirmle arna chur ar fáil i dTreoir 2012/27/AE;
- (ii) Tá astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta níos ísle ná 270 gCO<sub>2</sub>e/kWh den aschur fuinnimh;
- (iii) ní féidir an chumhacht agus/nó an teas/fuarú atá le hionadú a ghineadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, bunaithe ar mheastóireacht inchomparáide leis an rogha mhalartach is costéifeachtaí agus is indéanta go teicniúil le haghaidh na hacmhainneachta céanna a aithnítear; foilsítear toradh na meastóireachta inchomparáide sin agus tá sé faoi réir comhairliúcháin le páirtithe leasmhara;
- (iv) déanann an ghníomhaíocht gníomhaíocht ardastaíochta giniúna cumhachta agus téimh/fuaraithe in éineacht, gníomhaíocht giniúna téimh/fuaraithe scartha, nó gníomhaíocht giniúna cumhachta scartha, atá ann faoi láthair lena n-úsáidtear breoslaí soladacha nó leachtacha iontaise, a ionadú;
- (v) an acmhainneacht táirgeachta a suiteáladh fíorghairid, ní bheidh sí os cionn acmhainneacht na saoráide a ionadaíodh;
- (vi) déantar an tsaoráid a dhearadh agus a fhoirgníú chun breoslaí gásacha in-athnuaite agus/nó ísealcharbóin a úsáid agus déantar an t-aistriú chuig úsáid iomlán breoslaí gásacha in-athnuaite agus/nó ísealcharbóin faoin 31 Nollaig 2035, le gealltanais agus pleán infhíoraithe arna gceadú ag comhlacht bainistíochta an ghnóthais;
- (vii) laghdú astaíochtaí 55 % GCT ar a laghad a bheidh mar thoradh ar an ionadú in aghaidh kWh aschur fuinnimh;
- (viii) ní mhéadaíonn athchóiriú na saoráide acmhainneacht táirgeachta na saoráide;
-



- (ix) i gcás ina ndéantar an ghníomhaíocht i gcrích Ballstáit ina n-úsáidtear gual chun fuinneamh a ghineadh, gur thug an Ballstát sin gealltanais chun úsáid giniúna fuinnimh ó ghual a chéimniú amach agus gur thug sé tuairisc maidir leis sin ina phlean fuinnimh agus aeráide náisiúnta comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1999 nó in ionstraim eile.

Déanfaidh tríú páirtí comhlíontacht leis na critéir dá dtagraítear i bpointe 1(b) a fhíorú. Tá na acmhainní agus an saineolas riachtanach ag an bhfíoraitheoir tríú páirtí neamhspleách chun an fíorú sin a dhéanamh. Níl aon choinbhleacht leasa ag an bhfíoraitheoir tríú páirtí neamhspleách leis an úinéir ná leis an maoinitheoir, agus níl baint aige le forbairt ná le hoibríocht na gníomhaíochta. Déanann an fíoraitheoir, ar tríú páirtí neamhspleách é, fíorú na comhlíontachta leis na critéir scagtha theicniúla go dícheallach. Gach bliain, go sonrach, foilsíonn an tríú páirtí neamhspleách tuarascáil agus tarchuireann sé é chuig an gCoimisiún, ar tuarascáil é:

- (a) lena ndeimhnítear leibhéal na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha dá dtagraítear i bpointe 1(b)(ii);  
 (b) lena ndéantar measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht ar chonair inchreidte chun pointe 1(b)(vi) a chomhlíonadh.

Ar bhonn na dtuarascálacha arna dtarchur chuig an gCoimisiún, féadfaidh sé tuairim a chur chuig na hoibrítheoirí lena mbaineann. Cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha sin san áireamh le linn dó an t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2020/852 a dhéanamh.

2. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceachtar de na critéir seo a leanas:

- (a) suiteáiltear trealamh tomhais chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí fisiceacha, lena n-áirítear sceitheadh meatáin, tráth na foirgníochta, nó tugtar isteach clár chun sceitheadh a bhrath agus a dheisiú;  
 (b) tuairiscítear tomhas fisiceach astaíochtaí agus cuirtear deireadh le sceitheadh ar bith i rith an oibríthe.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

|  |  |
|--|--|
| (2) Oiriúnú don athrú aeráide  | Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.  |
| (3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint | Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.  |
| (4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach   | N/B  |
| (5) Cosc agus rialú ar thruailliú  | Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.<br>Tá astaíochtaí laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochta bainteach leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí ábhartha is déanaí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), lena n-áirítear na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh mórghléasraí dócháin.<br>Ní tharlaíonn aon éifeacht trasmheáin shuntasach.<br>Maidir le gléasraí dócháin a bhfuil ionchur teirmeach níos mó ná 1 MW acu ach atá faoi bhun na dtairseacha le haghaidh na gconclúidí BAT nach mór do mhórghléasraí dócháin a chur i bhfeidhm, tá astaíochtaí faoi bhun na dtairseacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid 2, a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193. |
| (6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú                  | Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.  |

#### 4.31. Téamh/fuarú a tháirgeadh as breoslaí gásacha iontaise i gcóras téamh agus fuarú ceantair éifeachtach

*Tuairisc ar an ngníomhaíocht*

Saoráidí giniúna teasa a tháirgeann téamh/fuarú trí bhreoslaí gásacha iontaise atá bainteach le téamh agus fuarú ceantair éifeachtach de réir bhrí Airteagal 2, pointe (41) de Threoir 2012/27/AE a fhoirgníú, a athriochtú agus a oibriú. Ní áirítear táirgeadh téimh/fuaraithe i dtéamh ceantair éifeachtach ó úsáid eisiach breoslaí in-athnuaite neamh-iontaise agus breoslaí leachtacha dá dtagraítear i Roinn 4.23 den Iarscríbhinn seo, agus breoslaí bithgháis agus bithleachta dá dtagraítear i Roinn 4.24 den Iarscríbhinn seo.

Aicmítear an ghníomhaíocht aicmithe chód NACE D35.30 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíoch a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Is gníomhaíocht idirthréimhseach dá dtagraítear in Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2020/852 í gníomhaíocht eacnamaíoch sa chatagóir seo i gcás ina gcomhlíonann sí na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach sa Roinn seo.

*Critéir scagtha theicniúla*

---

**Rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide**

---

## 1. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceachtar de na critéir seo a leanas:

- (a) Tá astaíochtaí saolré GCT ó ghiniúint téimh/fuaraithe as breoslaí gásacha níos ísle ná 100 g CO<sub>2</sub>e/kWh. Déantar astaíochtaí saolré GCT a ríomh ach Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún a úsáid nó, ina áit sin, ISO 14067:2018 nó ISO 14064-1:2018.

Tríú páirtí neamhspleách a dhéanann an laghdú ar astaíochtaí saolré GCT cainníochtaithe a fhíorú.

I gcás ina gcuimsíonn saoráidí aon chineál laghdaithe, lena n-áirítear gabháil carbóin nó breoslaí dícharbónaithe a úsáid, go gcomhlíonann an ghníomhaíocht laghdaithe sin na Ranna ábhartha den larscríbhinn seo, i gcás inarb infheidhme. I gcás ina ngabhtar an CO<sub>2</sub> a astaítear ón nginiúint leictreachais, go mbainfidh an CO<sub>2</sub> amach an teorainn astaíochta a leagtar amach i bpointe 1 den Roinn seo agus go bhféadfar an CO<sub>2</sub> a iompar agus a stóráil faoi thalamh ar bhealach lena mbaintear amach na critéir scagtha theicniúla maidir le CO<sub>2</sub> a iompar agus a stóráil a leagtar amach i Ranna 5.11 agus 5.12 faoi seach den larscríbhinn seo.

- (b) comhlíonfaidh saoráidí a ndeonófar ceadúnas foirgníochta ina leith faoin 31 Nollaig 2030 gach ceann de na nithe seo a leanas:

- (i) úsáidtear an fuinneamh teirmeach a ghintear leis an ngníomhaíocht i gcóras téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtach mar a shainítear i dTreoir 2012/27/AE;
- (ii) tá astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta níos ísle ná 270 g CO<sub>2</sub>e/kWh den aschur fuinnimh;
- (iii) ní féidir an téamh/fuarú atá le hionadú a ghineadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, bunaithe ar mheastóireacht inchomparáide leis an rogha mhalartach is costéifeachtaí agus is indéanta go teicniúil le haghaidh na hacmhainneachta céanna a aithnítear; foilsítear toradh na meastóireachta inchomparáide sin agus tá sé faoi réir comhairliúcháin le páirtithe leasmhara;
- (iv) déanann an ghníomhaíocht gníomhaíocht téimh/fuaraithe ardastaíochta atá ann faoi láthair a úsáideann breoslaí soladacha nó breoslaí iontaise leachtacha a ionadú;
- (v) an acmhainneacht táirgeachta a suiteáladh fíorghairid, ní bheidh sí os cionn acmhainneacht na saoráide a ionadaíodh;
- (vi) déantar an tsaoráid a dheardh agus a fhoirgníú chun breoslaí gásacha in-athnuaite agus/nó ísealcharbóin a úsáid agus déantar an t-aistriú chuig úsáid iomlán breoslaí gásacha in-athnuaite agus/nó ísealcharbóin faoin 31 Nollaig 2035, le gealltanais agus plean infhíoraithe arna gceadú ag comhlacht bainistíochta an ghnóthais;
- (vii) is é a bheidh mar thoradh ar an ionadú laghdú astaíochtaí ar a laghad 55 % GCT de réir kWh aschur fuinnimh;
- (viii) ní mhéadaíonn athríochtú na saoráide acmhainneacht táirgeachta na saoráide;
- (ix) i gcás ina ndéantar an ghníomhaíocht i gcrích Ballstáit ina n-úsáidtear gual chun fuinneamh a ghineadh, gur thug an Ballstát sin gealltanais chun úsáid giniúna fuinnimh ó ghual a chéimniú amach agus gur thug sé tuairisc maidir leis sin ina phlean fuinnimh agus aeráide náisiúnta comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1999 nó in ionstraim eile.

Déanfaidh tríú páirtí comhlíontacht leis na critéir dá dtagraítear i bpointe 1(b) a fhíorú. Tá na acmhainní agus an saineolas riachtanach ag an bhfíoraitheoir tríú páirtí neamhspleách chun an fíorú sin a dhéanamh. Ní bheidh aon choinbhleacht leasa ag an bhfíoraitheoir neamhspleách tríú páirtí leis an úinéir ná leis an maoinitheoir, agus ní bheidh baint aige le forbairt ná le hoibríocht na gníomhaíochta. Déanann an fíoraitheoir tríú páirtí neamhspleách fíorú na comhlíontachta leis na critéir scagtha theicniúla go dícheallach. Gach bliain, go sonrach, foilsíonn an tríú páirtí neamhspleách tuarascáil agus tarchuireann sé é chuig an gCoimisiún, ar tuarascáil é:

- (a) lena ndeimhnítear leibhéal na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha dá dtagraítear i bpointe 1(b)(ii);
- (b) lena ndéantar measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht ar chonair inchreidte chun pointe 1(b)(vi) a chomhlíonadh.

Ar bhonn na dtuarascálacha arna dtarchur chuig an gCoimisiún, féadfaidh sé barúil a chur chuig na hoibrítheoirí lena mbaineann. Cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha sin san áireamh le linn dó an t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2020/852 a dhéanamh.

---

2. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceachtar de na critéir seo a leanas:
- suiteáiltear trealamh tomhais chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí fisiceacha, amhail sceitheadh meatáin, tráth na foirgníochta, nó tugtar isteach clár chun sceitheadh a bhrath agus a dheisiú;
  - tuairiscítear tomhas fisiceach astaíochtaí agus cuirtear deireadh le sceitheadh ar bith i rith an oibrithe.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

|  |  |
|--|--|
| (2) Oiriúnú don athrú aeráide  | Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.  |
| (3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint | Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.  |
| (4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach   | N/B  |
| (5) Cosc agus rialú ar thruailliú  | Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín C a ghabhann leis an larscríbhinn seo.<br>Tá astaíochtaí laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochta bainteach leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí ábhartha is déanaí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), lena n-áirítear na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh mórghléasraí dócháin.<br>Ní tharlaíonn aon éifeacht trasmheáin shuntasach.<br>Maidir le gléasraí dócháin a bhfuil ionchur teirmeach níos mó ná 1 MW acu ach atá faoi bhun na dtairseacha le haghaidh na gconclúidí BAT nach mór do mhórghléasraí dócháin a chur i bhfeidhm, tá astaíochtaí faoi bhun na dtairseacha astaíochta a leagtar amach in larscríbhinn II, cuid 2, a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193. |
| (6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú                  | Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín D a ghabhann leis an larscríbhinn seo.  |

(\*1) Treoir 2009/71/Euratom ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir lesábháilteacht núicléach na suiteálacha núicléacha (IO L 172, 2.7.2009, lch. 18).

(\*2) Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte ar bhreosla spionta agus ar dhramhaíl radaighníomhach (IO L 199, 2.8.2011, lch. 48).

(\*3) Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 lena leagtar síos caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta don chosaint i gcoinne na contúirte a eascraíonn as nochtadh don radaíocht ianúcháin, agus lena n-aisghairtear Treoracha 89/618/Euratom, 90/641/Euratom, 96/29/Euratom, 97/43/Euratom agus 2003/122/Euratom (IO L 13, 17.1.2014, lch. 1).

(\*4) Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).

(\*5) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

(\*6) Moladh 2006/851/Euratom ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2006 maidir le bainistiú na n-acmhainní airgeadais chun suiteálacha núicléacha, breosla spionta agus dramhaíl radaighníomhach a dhíchoimisiúnú (IO L 330, 28.11.2006, lch. 31).

(\*7) Treoir 2013/51/Euratom ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos ceanglais maidir le sláinte an phobail i gcoitinne a chosaint i ndáil le substaintí radaighníomhacha in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (IO L 296, 7.11.2013, lch. 12).

(\*8) Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

## IARSCRÍBHINN II

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmhligthe (AE) 2021/2139, cuirtear isteach na Ranna 4.26, 4.27, 4.28, 4.29, 4.30, agus 4.31 seo a leanas:

**4.26. Céimeanna réamhthráchtála ardteicneolaíochtaí chun fuinneamh a tháirgeadh ó phróisis núicléacha agus an méid dramhaíola is lú is féidir ann ón timthriall breosla**

*Tuairisc ar an ngníomhaíocht*

Taighde, forbairt, taisealbhadh agus cur chun úsáide saoráidí ginte leictreachais nuálacha, arna gceadúnú ag údaráis inniúla na mBallstát i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, a tháirgeann fuinneamh ó phróisis núicléacha agus an méid dramhaíola is lú is féidir ann ón timthriall breosla.

Aicmítear an ghníomhaíocht faoi na cóid NACE M72 agus M72.1 i gcomhréir leis an aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

*Critéir scagtha theicniúla*

---

Rannchuidiú substaintiúil le hoiriúnú don athrú aeráide

---

1. Leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch, cuireadh réitigh fhisiceacha agus neamhfhisiceacha ('réitigh oiriúnúcháin') chun feidhme lena laghdaítear go substaintiúil na rioscaí fisiceacha aeráide is tábhachtaí atá ábhartha don ghníomhaíocht sin.
2. Sainnithníodh na rioscaí fisiceacha aeráide atá ábhartha don ghníomhaíocht as na rioscaí sin a liostaítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo trí mheasúnú láidir riosca agus leochaileachta aeráide a dhéanamh a bhfuil na céimeanna seo a leanas ann:
  - (a) scagadh ar an ngníomhaíocht chun a shainnithint cé na rioscaí fisiceacha aeráide ón liosta in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú na gníomhaíochta eacnamaíche le linn a saolré ionchasaí;
  - (b) i gcás ina measúnaítear go bhfuil an ghníomhaíocht faoi riosca ó cheann amháin nó níos mó de na rioscaí fisiceacha aeráide a liostaítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, measúnú riosca agus leochaileachta aeráide chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na rioscaí fisiceacha aeráide ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch;
  - (c) measúnú ar réitigh oiriúnúcháin lena féidir an riosca fisiceach aeráide sainnithneanta a laghdú.Tá an measúnú riosca agus leochaileachta aeráide i gcomhréir le scála na gníomhaíochta agus lena saolré ionchasach, ionas gur fíor an méid seo a leanas:
  - (a) maidir le gníomhaíochtaí lena mbaineann saolré ionchasach níos lú ná 10 mbliana, déantar an measúnú, ar a laghad trí úsáid a bhaint as réamh-mheastacháin aeráide ar an scála is lú is iomchuí;
  - (b) maidir leis na gníomhaíochtaí uile eile, déantar an measúnú agus úsáid á baint as réamh-mheastacháin aeráide úrscothacha ar an taifeach is airde atá ar fáil thar an raon reatha cásanna a bheidh ann amach anseo <sup>(1)</sup> atá comhsheasmhach le saolré ionchasach na gníomhaíochta, lena n-áirítear, ar a laghad, cásanna réamh-mheastacháin aeráide 10 mbliana go 30 bliain le haghaidh infheistíochtaí móra.
3. Tá na réamh-mheastacháin aeráide agus an measúnú tionchair bunaithe ar dhea-chleachtas agus ar an treoir atá ar fáil agus cuirtear san áireamh iontu sin an eolaíocht úrscothach maidir le hanailís leochaileachta agus riosca agus modheolaíochtaí gaolmhara i gcomhréir leis na tuarascálacha is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide <sup>(2)</sup>, foilseacháin eolaíochta phiarmheasúnaithe agus samhlacha foinse oscailte <sup>(3)</sup> nó samhlacha íocaíochta.
4. Maidir leis na réitigh oiriúnúcháin a cuireadh chun feidhme:
  - (a) ní dhéanann siad dochar do na hiarrachtaí oiriúnúcháin ná don leibhéal athléimneachta in aghaidh rioscaí fisiceacha aeráide a bhaineann le daoine eile, an dúlra, an oidhreacht chultúrtha, sócmhainní agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile;

---

<sup>(1)</sup> Áirítear le cásanna a bheidh ann amach anseo conairí tíuchana ionadaíochta RCP2.6, RCP4.5, RCP6.0 agus RCP8.5 den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.

<sup>(2)</sup> Tuarascálacha Measúnachta ar an Athrú Aeráide: *Impacts, Adaptation and Vulnerability* a fhoilsíonn an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) go tréimhsiúil, comhlacht na Náisiún Aontaithe atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar an eolaíocht a bhaineann leis an athrú aeráide, <https://www.ipcc.ch/reports/>.

<sup>(3)</sup> Mar shampla, seirbhísí Copernicus arna mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach.

- (b) tugtar tús áite leo do réitigh dhúlra bhunaithe <sup>(4)</sup> nó bíonn siad ag brath ar an mbonneagar gorm nó glas <sup>(5)</sup> a mhéid is féidir;
- (c) tá siad comhsheasmhach le pleananna agus straitéisí oiriúnúcháin áitiúla, earnálacha, réigiúnacha nó náisiúnta;
- (d) déantar faireachán orthu agus déantar iad a thomhas in aghaidh táscairí réamhshainithe agus déantar breithniú ar ghníomhaíocht feabhais i gcás nach gcomhlíontar na táscairí sin;
- (e) i gcás inar réiteach fisiceach é an réiteach a chuirtear chun feidhme agus inar gníomhaíocht é ar sonraíodh critéir scagtha theicniúla ina leith san Iarscríbhinn seo, comhlíontar, leis an réiteach, na critéir scagtha theicniúla don ghníomhaíocht sin gan dochar suntasach a dhéanamh.
5. Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na forálacha a leagtar síos i gConradh Euratom agus an reachtaíocht arna glacadh ar a bhonn, go háirithe, Treoir 2013/59/Euratom, Treoir 2009/71/Euratom agus Treoir 2011/70/Euratom, chomh maith le dlí comhshaoil an Aontais is infheidhme arna ghlacadh faoi Airteagal 192 CFAE, go háirithe Treoir 2011/92/AE agus Treoir 2000/60/CE.
6. Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2009/71/Euratom, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le meastóireacht, trí thástálacha struis, ar athléimneacht ghléasraí cumhachta núicléiche an Aontais i gcoinne guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear creathanna talún. Dá réir sin, déantar an ghníomhaíocht i gcríoch Ballstáit i gcás ina ndearna oibreoir gléasra núicléach:
- (a) taispeántas maidir le sábháilteacht núicléach a chur isteach, a bhfuil a raon feidhme agus an leibhéal sonraí atá ann de réir mhéid fhéideartha agus chineál na guaise atá ábhartha maidir leis an ngléasra núicléach agus a shuíomh (Airteagal 6, pointe (b), de Threoir 2009/71/Euratom);
- (b) bearta domhainchosanta chun a áirithiú, *inter alia*, go n-íoslaghdaítear tionchar guaiseacha ainscianta seachtracha, idir ghuaiseacha nádúrtha agus ghuaiseacha neamhbheartaithe de dhéanamh an duine (Airteagal 8b(1), pointe (a), de Threoir 2009/71/Euratom);
- (c) measúnú iomchuí atá suíomhshonrach agus gléasrashonrach nuair a dhéanann an t-oibreoir lena mbaineann iarratas ar cheadúnas chun gléasra cumhachta núicléiche a thógáil nó a oibriú (Airteagal 8c(a) de Threoir 2009/71/Euratom).

Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, ceanglais Threoir 2009/71/Euratom, arna dtacú ag an gcomhairle idirnáisiúnta is déanaí tríd an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) agus tríd an gComhlachas Eorpach Rialaitheoirí um Shábháilteacht Núicléach (WENRA), lena rannchuidítear le hathléimneacht agus le hacmhainneacht gléasraí cumhachta núicléiche nua agus gléasraí cumhachta núicléiche atá ann cheana a mhéadú chun dul i ngleic le guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear tuilte agus adhaimsir.

#### Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

|  |  |
|--|--|
| (1) Maolú ar an athrú aeráide  | Tá astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta níos ísle ná 270 g CO <sub>2</sub> e/kWh.   |
| (3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint | Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach in Aguisín B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.<br>Sainnithnítear rioscaí díghrádaithe comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an uisce a chosaint agus strus maidir le huisce a sheachaint agus tugtar aghaidh ar na rioscaí sin, i gcomhréir le plean bainistíochta úsáide agus cosanta uisce, a fhorbraítear i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann.<br>Chun aimhrialtachtaí teirmeacha a bhaineann le sceitheadh dramhtheasa a theorannú, rialóidh oibreoirí gléasraí cumhachta núicléiche intíre a úsáideann fuarú fluich aonuaire trí uisce a thógáil ó abhainn nó ó loch:<br>(a) teocht uasta an dobharlaigh glactha fionnuisce tar éis an mheasctha, agus<br>(b) an difríocht teochta uasta idir an t-uisce fuarúcháin sceite agus an dobharlach glactha fionnuisce. |

<sup>(4)</sup> Sainmhíneáir réitigh dhúlra bhunaithe mar 'réitigh a fhaigheann inspioráid agus tacaíocht ón dúlra, atá costéifeachtach, a sholáthraíonn, go comhuaineach, tairbhí comhshaoil, tairbhí sóisialta agus tairbhí eacnamaíocha, agus a chuidíonn le hathléimneacht a chothú. Tugann na réitigh sin níos mó gnéithe agus próisis de chuid an dúlra, níos mó gnéithe agus próisis nádúrtha, agus gnéithe agus próisis níos éagsúla isteach i gcathracha, i dtírdhreacha agus i muirdhreacha, trí idirghabhálacha sistéamacha a oiriúnaítear go háitiúil agus atá tíosach ar acmhainní. Dá bhrí sin, is chun tairbhe na bithéagsúlachta na réitigh dhúlra bhunaithe agus is tacaíocht iad ó thaobh raon seirbhísí éiceachórais a sheachadadh (leagan an [dáta glactha]: [https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/environment/nature-based-solutions\\_en/](https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/environment/nature-based-solutions_en/)).

<sup>(5)</sup> Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Bonneagar Glas (BG) — Caipiteal Nádúrtha na hEorpa a Neartú, COM/2013/249 final.

|  |   |
|--|---|
|  | <p>Déantar an rialú teochta a chur chun feidhme i gcomhréir leis na coinníollacha ceadúnais aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme, nó luachanna tairsí i gcomhréir le creat rialála an Aontais. Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, caighdeáin Aicmí na Fondúireachta Tionscail (IFC).</p> <p>Oibrítear gníomhaíochtaí núicléacha i gcomhréir leis na ceanglais maidir le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine de Threoir 2000/60/CE agus de Threoir 2013/51/Euratom lena leagtar síos ceanglais i ndáil le sláinte an phobail i gcoitinne a chosaint maidir le substaintí radaighníomhacha in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine.</p>  |
| (4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach | <p>Tá plean maidir le bainistíocht dramhaíola neamh-radaighníomhaí agus dramhaíola radaighníomhaí i bhfeidhm agus áirithíonn sé athúsáid nó athchúrsáil uasta na dramhaíola sin ag deireadh na saolré i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, lena n-áirítear trí chomhaontuithe conarthacha le compháirtithe bainistithe dramhaíola, an léiriú i réamh-mheastacháin airgeadais nó an doiciméadacht tionscadail oifigiúil.</p> <p>Le linn oibríthe agus díchoimisiúnaithe, íoslághdaítear méid na dramhaíola radaighníomhaí agus uasmhéadaítear méid na n-ábhar saorscaoilte i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom, agus i gcomhréir leis na ceanglais maidir le cosaint ar radaíocht a leagtar síos i dTreoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Tá scéim maoiniúcháin i bhfeidhm chun cistiú leordhóthanach a áirithiú maidir le gach gníomhaíocht díchoimisiúnaithe agus maidir le breosla spíonta agus dramaíl radaighníomhach a bhainistiú, i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom agus Moladh 2006/851/Euratom.</p> <p>Cuirtear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol i gcrích sula dtógtar gléasra cumhachta núicléiche, i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE. Cuirtear chun feidhme na bearta maolaithe agus cúiteacha is gá.</p> <p>Cumhdaítear na gnéithe ábhartha sa Roinn seo le tuarascálacha na mBallstát chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Threoir 2011/70/Euratom.</p>   |
| (5) Cosc agus rialú ar thruailliú      | <p>Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach in Aguisín C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Tá astaíochtaí neamh-radaighníomhacha laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh mórghléasraí dócháin. Níl aon éifeacht trasmheáin mhór ann.</p> <p>Maidir le gléasraí cumhachta núicléiche ar mó a n-ionchur teirmeach ná 1 MW ach atá faoi bhun na dtairseacha chun go mbeadh feidhm ag conclúidí BAT maidir le mórghléasraí dócháin, tá na hastaíochtaí faoi bhun na dtairseacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid 2, a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193.</p> <p>Le sceitheadh radaighníomhach san aer, i ndobharlaigh agus sa talamh (ithir), comhlíontar na coinníollacha ceadúnais aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme, agus/nó luachanna tairsí náisiúnta i gcomhréir le Treoir 2013/51/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Déantar breosla spíonta agus dramaíl radaighníomhach a bhainistiú go sábháilte agus go freagrach i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Tá toilleadh leordhóthanach stórála eatramhaí ar fáil don tionscadal, agus tá pleananna diúscartha náisiúnta i bhfeidhm chun fad na stórála eatramhaí a íoslághdú, i gcomhréir leis an bhforáil i dTreoir 2011/70/Euratom lena bhféachtar ar stóráil dramhaíola radaighníomhaí, lena n-áirítear stóráil fhadtéarmach, mar réiteach eatramhach, seachas mar rogha mhalartach ar an diúscart.</p> |

|   |   |
|---|---|
| (6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú | <p>Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach in Aguisín D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Cuirtear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol i gcrích sula dtógtar gléasra cumhachta núicléiche, i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE. Cuirtear chun feidhme na bearta maolaithe agus cúiteacha is gá.</p> <p>Maidir le suíomhanna/oibríochtaí atá suite i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó gar do limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de, ar dócha go mbeadh tionchar mór acu ar limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de (lena n-áirítear líonra Natura 2000 de limistéir faoi chosaint, láithreáin Oidhreachta Domhanda Unesco agus Príomhlimistéir Bhithéagsúlachta, chomh maith le limistéir eile faoi chosaint), rinneadh measúnú iomchuí, i gcás inarb infheidhme, agus cuirtear na bearta maolaithe is gá i bhfeidhm, ar bhonn chonclúidí an mheasúnaithe sin.</p> <p>Ní dhéanfaidh na suíomhanna/oibríochtaí dochar do stádas caomhantais aon cheann de na gnáthóga ná de na speicis atá sna limistéir faoi chosaint.</p> |
|---|---|

#### 4.27. Tógáil agus oibriú sábháilte gléasraí cumhachta núicléiche nua, chun leictreachas agus/nó teas a ghiniúint, lena n-áirítear chun hidrigin a tháirgeadh, trí na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil a úsáid

##### Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Tógáil agus oibriú sábháilte gléasraí núicléacha nua, ar eisigh údarais inniúla na mBallstát ceadúnas tógála ina leith faoi 2045, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, chun leictreachas a tháirgeadh nó teas a phróiseáil, lena n-áirítear chun críoch téamh ceantair nó próisis thionsclaíocha mar shampla táirgeadh hidrigine (gléasraí núicléacha nua), chomh maith lena n-uasghráduithe sábháilteachta.

Aicmítear an ghníomhaíocht faoi na cóid NACE D35.11 agus F42.22 i gcomhréir leis an aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

##### Critéir scagtha theicniúla

##### Rannchuidiú substaintiúil le hoiriúnú don athrú aeráide

1. Leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch, cuireadh réitigh fhisiceacha agus neamhfhisiceacha ('réitigh oiriúnúcháin') chun feidhme lena laghdaítear go substaintiúil na rioscaí fisiceacha aeráide is tábhachtaí atá ábhartha don ghníomhaíocht sin.
2. Sainnithníodh na rioscaí fisiceacha aeráide atá ábhartha don ghníomhaíocht as na rioscaí sin a liostaítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo trí mheasúnú láidir riosca agus leochaileachta aeráide a dhéanamh a bhfuil na céimeanna seo a leanas ann:
  - (a) scagadh ar an ngníomhaíocht chun a shainaithint cé na rioscaí fisiceacha aeráide ón liosta in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú na gníomhaíochta eacnamaíche le linn a saolré ionchasaí;
  - (b) i gcás ina measúnaítear go bhfuil an ghníomhaíocht faoi riosca ó cheann amháin nó níos mó de na rioscaí fisiceacha aeráide a liostaítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, measúnú riosca agus leochaileachta aeráide chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na rioscaí fisiceacha aeráide ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch;
  - (c) measúnú ar réitigh oiriúnúcháin lenar féidir an riosca fisiceach aeráide sainaitheanta a laghdú.

Tá an measúnú riosca agus leochaileachta aeráide i gcomhréir le scála na gníomhaíochta agus lena saolré ionchasach, ionas gur fíor an méid seo a leanas:

- (a) maidir le gníomhaíochtaí lena mbaineann saolré ionchasach níos lú ná 10 mbliana, déantar an measúnú, ar a laghad trí úsáid a bhaint as réamh-mheastacháin aeráide ar an scála is lú is iomchuí;
- (b) maidir leis na gníomhaíochtaí uile eile, déantar an measúnú agus úsáid á baint as réamh-mheastacháin aeráide úrscothacha ar an taifeach is airde atá ar fáil thar an raon reatha cásanna a bheidh ann amach anseo<sup>(9)</sup> atá comhsheasmhach le saolré ionchasach na gníomhaíochta, lena n-áirítear, ar a laghad, cásanna réamh-mheastacháin aeráide 10 mbliana go 30 bliain le haghaidh infheistíochtaí móra.

<sup>(9)</sup> Áirítear le cásanna a bheidh ann amach anseo conairí tíuchana ionadaíocha RCP2.6, RCP4.5, RCP6.0 agus RCP8.5 den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.

3. Tá na réamh-mheastacháin aeráide agus an measúnú tionchair bunaithe ar dhea-chleachtas agus ar an treoir atá ar fáil agus cuirtear san áireamh iontu sin an eolaíocht úrscothach maidir le hanailís leochaileachta agus riosca agus modheolaíochtaí gaolmhara i gcomhréir leis na tuarascálacha is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide <sup>(7)</sup>, foilseacháin eolaíochta phiarmheasúnaithe agus samhlacha foinse oscailte <sup>(8)</sup> nó samhlacha íocaíochta.
4. Maidir leis na réitigh oiriúnúcháin a cuireadh chun feidhme:
- (a) ní dhéanann siad dochar do na hiarrachtaí oiriúnúcháin ná don leibhéal athléimneachta in aghaidh rioscaí fisiceacha aeráide a bhaineann le daoine eile, an dúlra, an oidhreacht chultúrtha, sócmhainní agus gníomhaíochtaí eacnamaíochta eile;
  - (b) tugtar tús áite leo do réitigh dhúlra bhunaithe <sup>(9)</sup> nó bíonn siad ag brath ar an mbonneagar gorm nó glas <sup>(10)</sup> a mhéid is féidir;
  - (c) tá siad comhsheasmhach le pleananna agus straitéisí oiriúnúcháin áitiúla, earnálacha, réigiúnacha nó náisiúnta;
  - (d) déantar faireachán orthu agus déantar iad a thomhas in aghaidh táscairí réamhshainithe agus déantar breithniú ar ghníomhaíocht feabhais i gcás nach gcomhlíontar na táscairí sin;
  - (e) i gcás inar réiteach fisiceach é an réiteach a chuirtear chun feidhme agus inar gníomhaíocht é ar sonraíodh critéir scagtha theicniúla ina leith san Iarscríbhinn seo, comhlíontar, leis an réiteach, na critéir scagtha theicniúla don ghníomhaíocht sin gan dochar suntasach a dhéanamh.
5. Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na forálacha a leagtar síos i gConradh Euratom agus an reachtaíocht arna glacadh ar a bhonn, go háirithe, Treoir 2013/59/Euratom, Treoir 2009/71/Euratom agus Treoir 2011/70/Euratom, chomh maith le dlí comhshaoil an Aontais is infheidhme arna ghlacadh faoi Airteagal 192 CFAE, go háirithe Treoir 2011/92/AE agus Treoir 2000/60/CE.
6. Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2009/71/Euratom, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le meastóireacht, trí thástálacha struis, ar athléimneacht ghléasraí cumhachta núicléiche an Aontais i gcoinne guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear creathanna talún. Dá réir sin, déantar an ghníomhaíocht i gcríoch Ballstáit i gcás ina ndearna oibreoir gléasra núicléach:
- (a) taispeántas maidir le sábháilteacht núicléach a chur isteach, a bhfuil a raon feidhme agus an leibhéal sonraí atá ann de réir mhéid fhéideartha agus chineál na guaise atá ábhartha maidir leis an ngléasra núicléach agus a shuíomh (Airteagal 6, pointe (b), de Threoir 2009/71/Euratom);
  - (b) bearta domhainchosanta chun a áirithiú, *inter alia*, go n-íoslaghdaítear tionchar guaiseacha ainscianta seachtracha, idir ghuaiseacha nádúrtha agus ghuaiseacha neamhbheartaithe de dhéanamh an duine (Airteagal 8b(1), pointe (a), de Threoir 2009/71/Euratom);
  - (c) measúnú iomchuí atá suíomhshonrach agus gléasrashonrach nuair a dhéanann an t-oibreoir lena mbaineann iarratas ar cheadúnas chun gléasra cumhachta núicléiche a thógáil nó a oibriú (Airteagal 8c(a) de Threoir 2009/71/Euratom).

Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, ceanglais Threoir 2009/71/Euratom, arna dtacú ag an gcomhairle idirnáisiúnta is déanaí tríd an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) agus tríd an gComhlachas Eorpach Rialaitheoirí um Shábháilteacht Núicléach (WENRA), lena rannchuidítear le hathléimneacht agus le hacmhainneacht gléasraí cumhachta núicléiche nua agus gléasraí cumhachta núicléiche atá ann cheana a mhéadú chun dul i ngleic le guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear tuilte agus adhaimsir.

#### Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

|  |  |
|--|--|
| (1) Maolú ar an athrú aeráide  | Tá astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta níos ísle ná 270 g CO <sub>2</sub> e/kWh.                           |
| (3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint | Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach in Aguisín B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. |

<sup>(7)</sup> Tuarascálacha Measúnachta ar an Athrú Aeráide: *Impacts, Adaptation and Vulnerability* a fhoilsíonn an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) go tréimhsiúil, comhlacht na Náisiún Aontaithe atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar an eolaíocht a bhaineann leis an athrú aeráide, <https://www.ipcc.ch/reports/>.

<sup>(8)</sup> Mar shampla, seirbhísí Copernicus arna mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach.

<sup>(9)</sup> Sainmhínear réitigh dhúlra bhunaithe mar 'réitigh a fhaigheann inspioráid agus tacaíocht ón dúlra, atá costéifeachtach, a sholáthraíonn, go comhuaineach, tairbhí comhshaoil, tairbhí sóisialta agus tairbhí eacnamaíochta, agus a chuidíonn le hathléimneacht a chothú. Tugann na réitigh sin níos mó gnéithe agus próisis de chuid an dúlra, níos mó gnéithe agus próisis nádúrtha, agus gnéithe agus próisis níos éagsúla isteach i gcathracha, i dtírdhreacha agus i muirdhreacha, trí idirghabhálacha sistéamacha a oiriúnaítear go háitiúil agus atá tíosach ar acmhainní. Dá bhrí sin, is chun tairbhe na bithéagsúlachta na réitigh dhúlra bhunaithe agus is tacaíocht iad ó thaobh raon seirbhísí éiceachórais a sheachadadh (leagan an [dáta glactha]: [https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/environment/nature-based-solutions\\_en/](https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/environment/nature-based-solutions_en/)).

<sup>(10)</sup> Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiúin: Bonneagar Glas (BG) — Caipiteal Nádúrtha na hEorpa a Neartú, COM/2013/249 final.



|  |  |
|--|--|
|  | <p>Sainithnítear rioscaí díghrádaithe comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an uisce a chosaint agus strus maidir le huisce a sheachaint agus tugtar aghaidh ar na rioscaí sin, i gcomhréir le plan bainistíochta úsáide agus cosanta uisce, a fhorbraítear i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann.</p> <p>Chun aimhrialtachtaí teirmeacha a bhaineann le sceitheadh dramhtheasa a theorannú, rialóidh oibreoirí gléasraí cumhachta núicléiche intíre a úsáideann fuarú fliuch aonuaire trí uisce a thógáil ó abhainn nó ó loch:</p> <p>(a) teocht uasta an dobharlaigh glactha fionnuisce tar éis an mheasctha, agus</p> <p>(b) an difríocht teochta uasta idir an t-uisce fuarúcháin sceite agus an dobharlach glactha fionnuisce.</p> <p>Déantar an rialú teochta a chur chun feidhme i gcomhréir leis na coinníollacha ceadúnais aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme, agus/nó luachanna tairsí i gcomhréir le creat rialála an Aontais.</p> <p>Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, caighdeáin Aicmí na Fondúireachta Tionscail (IFC).</p> <p>Oibrítear gníomhaíochtaí núicléacha i gcomhréir leis na ceanglais maidir le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine de Threoir 2000/60/CE agus de Threoir 2013/51/Euratom lena leagtar síos ceanglais i ndáil le sláinte an phobail i gcoitinne a chosaint maidir le substaintí radaighníomhacha in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine.</p> |
| (4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach | <p>Tá plan maidir le bainistíocht dramhaíola neamh-radaighníomhaí agus dramhaíola radaighníomhaí i bhfeidhm agus áirithíonn sé athúsáid nó athchúrsáil uasta na dramhaíola sin ag deireadh na saolré i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, lena n-áirítear trí chomhaontuithe conarthacha le comhpháirtithe bainistithe dramhaíola, an léiriú i réamh-mheastacháin airgeadais nó an doiciméadacht tionscadail oifigiúil.</p> <p>Le linn oibríthe agus díchoimisiúnaithe, íoslaghdaítear méid na dramhaíola radaighníomhaí agus úsáidítear méid na n-ábhar saorscaoilte i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom, agus i gcomhréir leis na ceanglais maidir le cosaint ar radaíocht a leagtar síos i dTreoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Tá scéim maoiniúcháin i bhfeidhm chun cistiú leordhóthanach a áirithiú maidir le gach gníomhaíocht díchoimisiúnaithe agus maidir le breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú, i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom agus Moladh 2006/851/Euratom.</p> <p>Cuirtear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil i gcrích sula dtógtar gléasra cumhachta núicléiche, i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE. Cuirtear chun feidhme na bearta maolaithe agus cúiteacha is gá.</p> <p>Cumhdaítear na gnéithe ábhartha sa Roinn seo le tuarascálacha na mBallstát chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Threoir 2011/70/Euratom.</p>  |
| (5) Cosc agus rialú ar thruailliú      | <p>Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach in Aguisín C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Tá astaíochtaí neamh-radaighníomhacha laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh mórghléasraí dócháin. Níl aon éifeacht trasmhéin mhór ann.</p>  |

|   |   |
|---|---|
|   | <p>Maidir le gléasraí cumhachta núicléiche ar mó a n-ionchur teirmeach ná 1 MW ach atá faoi bhun na dtairseacha chun go mbeadh feidhm ag conclúidí BAT maidir le mórghléasraí dócháin, tá na hastaíochtaí faoi bhun na dtéorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid 2, a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193.</p> <p>Le sceitheadh radaighníomhach san aer, i ndobharlaigh agus sa talamh (ithir), comhlíontar na coinníollacha ceadúnais aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme, agus/nó luachanna taisrí náisiúnta i gcomhréir le Treoir 2013/51/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Déantar breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú go sábháilte agus go freagrach i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Tá toilleadh leordhóthanach stórála eatramhaí ar fáil don tionscadal, agus tá pleananna diúscartha náisiúnta i bhfeidhm chun fad na stórála eatramhaí a íoslaghdú, i gcomhréir leis an bhforáil i dTreoir 2011/70/Euratom lena bhféachtar ar stóráil dramhaíola radaighníomhaí, lena n-áirítear stóráil fhadtéarmach, mar réiteach eatramhach, seachas mar rogha mhalartach ar an diúscairt.</p> |
| (6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú | <p>Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach in Aguisín D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Cuirtear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol i gcrích sula dtógtar gléasra cumhachta núicléiche, i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE. Cuirtear chun feidhme na bearta maolaithe agus cúiteacha is gá.</p> <p>Maidir le suíomhanna/oibríochtaí atá suite i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó gar do limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de, ar dócha go mbeadh tionchar mór acu ar limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de (lena n-áirítear líonra Natura 2000 de limistéir faoi chosaint, láithreáin Oidhreacht Domhanda Unesco agus Príomhlimistéir Bithéagsúlachta, chomh maith le limistéir eile faoi chosaint), rinneadh measúnú iomchuí, i gcás inarb infheidhme, agus cuirtear na bearta maolaithe is gá i bhfeidhm, ar bhonn chonclúidí an mheasúnaithe sin.</p> <p>Ní dhéanfaidh na suíomhanna/oibríochtaí dochar do stádas caomhantais aon cheann de na gnáthóga ná de na speicis atá sna limistéir faoi chosaint.</p>   |

#### 4.28. Giniúint leictreachais ó fhuinneamh núicléach i ngléasraí atá ann cheana

##### Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Modhnú gléasraí núicléacha atá ann cheana chun síneadh, arna údarás ag údarás inniúla na mBallstát faoi 2040 i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, a chur le ham seirbhíse oibriú sábháilte gléasraí núicléacha lena ngintear leictreachas nó teas ó fhuinneamh núicléach ('gléasraí cumhachta núicléiche').

Aicmítear an ghníomhaíocht faoi na cóid NACE D35.11 agus F42.2 i gcomhréir leis an aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

##### Critéir scagtha theicniúla

##### Rannchuidiú substaintiúil le hoiriúnú don athrú aeráide

1. Leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch, cuireadh réitigh fhisiceacha agus neamhfhisiceacha ('réitigh oiriúnúcháin') chun feidhme lena laghdaítear go substaintiúil na rioscaí fhisiceacha aeráide is tábhachtaí atá ábhartha don ghníomhaíocht sin.
2. Sainaithníodh na rioscaí fhisiceacha aeráide atá ábhartha don ghníomhaíocht as na rioscaí sin a liostaítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo trí mheasúnú láidir riosca agus leochaileachta aeráide a dhéanamh a bhfuil na céimeanna seo a leanas ann:
  - (a) scagadh ar an ngníomhaíocht chun a shainaithint cé na rioscaí fhisiceacha aeráide ón liosta in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú na gníomhaíochta eacnamaíche le linn a saolré ionchasaí;
  - (b) i gcás ina measúnaítear go bhfuil an ghníomhaíocht faoi riosca ó cheann amháin nó níos mó de na rioscaí fhisiceacha aeráide a liostaítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, measúnú riosca agus leochaileachta aeráide chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na rioscaí fhisiceacha aeráide ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch;

(c) measúnú ar réitigh oiriúnúcháin lenar féidir an riosca fisiceach aeráide sainitheanta a laghdú.

Tá an measúnú riosca agus leochaileachta aeráide i gcomhréir le scála na gníomhaíochta agus lena saolré ionchasach, ionas gur fíor an méid seo a leanas:

- (a) maidir le gníomhaíochtaí lena mbaineann saolré ionchasach níos lú ná 10 mbliana, déantar an measúnú, ar a laghad trí úsáid a bhaint as réamh-mheastacháin aeráide ar an scála is lú is iomchuí;
  - (b) maidir leis na gníomhaíochtaí uile eile, déantar an measúnú agus úsáid á baint as réamh-mheastacháin aeráide úrscothacha ar an taifeach is airde atá ar fáil thar an raon reatha cásanna a bheidh ann amach anseo <sup>(11)</sup> atá comhsheasmhach le saolré ionchasach na gníomhaíochta, lena n-áirítear, ar a laghad, cásanna réamh-mheastacháin aeráide 10 mbliana go 30 bliain le haghaidh infheistíochtaí móra.
3. Tá na réamh-mheastacháin aeráide agus an measúnú tionchair bunaithe ar dhea-chleachtas agus ar an treoir atá ar fáil agus cuirtear san áireamh iontu sin an eolaíocht úrscothach maidir le hanailís leochaileachta agus riosca agus modheolaíochtaí gaolmhara i gcomhréir leis na tuarascálacha is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide <sup>(12)</sup>, foilseacháin eolaíochta phiarmheasúnaithe agus samhlacha foinse oscailte <sup>(13)</sup> nó samhlacha íocaíochta.
  4. Maidir leis na réitigh oiriúnúcháin a cuireadh chun feidhme:
    - (a) ní dhéanann siad dochar do na hiarrachtaí oiriúnúcháin ná don leibhéal athléimneachta in aghaidh rioscaí fisiceacha aeráide a bhaineann le daoine eile, an dúlra, an oidhreacht chultúrtha, sócmhainní agus gníomhaíochtaí eacnamaíochta eile;
    - (b) tugtar tús áite leo do réitigh dhúlraibhunnaithe <sup>(14)</sup> nó bíonn siad ag brath ar an mbonneagar gorm nó glas <sup>(15)</sup> a mhéid is féidir;
    - (c) tá siad comhsheasmhach le pleananna agus straitéisí oiriúnúcháin áitiúla, earnálacha, réigiúnacha nó náisiúnta;
    - (d) déantar faireachán orthu agus déantar iad a thomhas in aghaidh táscairí réamhshainithe agus déantar breithniú ar ghníomhaíocht feabhais i gcás nach gcomhlíontar na táscairí sin;
    - (e) i gcás inar réiteach fisiceach é an réiteach a chuirtear chun feidhme agus inar gníomhaíocht é ar sonraíodh critéir scagtha theicniúla ina leith san Iarscríbhinn seo, comhlíontar, leis an réiteach, na critéir scagtha theicniúla don ghníomhaíocht sin gan dochar suntasach a dhéanamh.
  5. Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na forálacha a leagtar síos i gConradh Euratom agus an reachtaíocht arna glacadh ar a bhonn, go háirithe, Treoir 2013/59/Euratom, Treoir 2009/71/Euratom agus Treoir 2011/70/Euratom, chomh maith le dlí comhshaoil an Aontais is infheidhme arna ghlacadh faoi Airteagal 192 CFAE, go háirithe Treoir 2011/92/AE agus Treoir 2000/60/CE.
  6. Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2009/71/Euratom, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le meastóireacht, trí thástálacha struis, ar athléimneacht ghléasraí cumhachta núicléiche an Aontais i gcoinne guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear creathanna talún. Dá réir sin, déantar an ghníomhaíocht i gcríoch Ballstáit i gcás ina ndearna oibreoir gléasra núicléach:
    - (a) taispeántas maidir le sábháilteacht núicléach a chur isteach, a bhfuil a raon feidhme agus an leibhéal sonraí atá ann de réir mhéid fhéideartha agus chineál na guaise atá ábhartha maidir leis an ngléasra núicléach agus a shuíomh (Airteagal 6, pointe (b), de Threoir 2009/71/Euratom);

<sup>(11)</sup> Áirítear le cásanna a bheidh ann amach anseo conairí tiúchana ionadaíochta RCP2.6, RCP4.5, RCP6.0 agus RCP8.5 den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.

<sup>(12)</sup> Tuarascálacha Measúnachta ar an Athrú Aeráide: *Impacts, Adaptation and Vulnerability* a fhoilsíonn an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) go tréimhsiúil, comhlacht na Náisiún Aontaithe atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar an eolaíocht a bhaineann leis an athrú aeráide, <https://www.ipcc.ch/reports/>.

<sup>(13)</sup> Mar shampla, seirbhísí Copernicus arna mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach.

<sup>(14)</sup> Sainmhínear réitigh dhúlraibhunnaithe mar 'réitigh a fhaigheann inspioráid agus tacaíocht ón dúlra, atá costéifeachtach, a sholáthraíonn, go comhuaineach, tairbhí comhshaoil, tairbhí sóisialta agus tairbhí eacnamaíochta, agus a chuidíonn le hathléimneacht a chothú. Tugann na réitigh sin níos mó gnéithe agus próisis de chuid an dúlra, níos mó gnéithe agus próisis nádúrtha, agus gnéithe agus próisis níos éagsúla isteach i gcathracha, i dtírdhreacha agus i muirdhreacha, trí idirghabhálacha sistéamacha a oiriúnaítear go háitiúil agus atá tíosach ar acmhainní. Dá bhrí sin, is chun tairbhe na bithéagsúlachta na réitigh dhúlraibhunnaithe agus is tacaíocht iad ó thaobh raon seirbhísí éiceachórais a sheachadadh (leagan an [dáta glactha]: [https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/environment/nature-based-solutions\\_en/](https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/environment/nature-based-solutions_en/)).

<sup>(15)</sup> Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Bonneagar Glas (BG) — Caipiteal Nádúrtha na hEorpa a Nearthú, COM/2013/249 final.

- (b) bearta domhainchosanta chun a áirithiú, *inter alia*, go n-íoslaghdaítear tionchar guaiseacha ainscianta seachtracha, idir ghuaiseacha nádúrtha agus ghuaiseacha neamhbheartaithe de dhéanamh an duine (Airteagal 8b(1), pointe (a), de Threoir 2009/71/Euratom);
- (c) measúnú iomchuí atá suíomhshonrach agus gléasrashonrach nuair a dhéanann an t-oibreoir lena mbaineann iarratas ar cheadúnas chun gléasra cumhachta núicléiche a thógáil nó a oibriú (Airteagal 8c(a) de Threoir 2009/71/Euratom).

Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, ceanglais Threoir 2009/71/Euratom, arna dtacú ag an gcomhairle idirnáisiúnta is déanaí tríd an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) agus tríd an gComhlachas Eorpach Rialaitheoirí um Shábháilteacht Núicléach (WENRA), lena rannchuidítear le hathléimneacht agus le hacmhainneacht gléasraí cumhachta núicléiche nua agus gléasraí cumhachta núicléiche atá ann cheana a mhéadú chun dul i ngleic le guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear tuilte agus adhaimsir.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

|  |  |
|--|--|
| (1) Maolú ar an athrú aeráide  | Tá astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta níos ísle ná 270 g CO <sub>2</sub> e/kWh.   |
| (3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint | <p>Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach in Aguisín B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Sainaitnítear rioscaí díghrádaithe comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an uisce a chosaint agus strus maidir le huisce a sheachaint agus tugtar aghaidh ar na rioscaí sin, i gcomhréir le plan bainistíochta úsáide agus cosanta uisce, a fhorbraítear i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann.</p> <p>Chun aimhrialtachtaí teirmeacha a bhaineann le sceitheadh dramhtheasa a theorannú, rialóidh oibreoirí gléasraí cumhachta núicléiche intíre a úsáideann fuarú fliuch aonuaire trí uisce a thógáil ó abhainn nó ó loch:</p> <p>(a) teocht uasta an dobharlaigh glactha fionnuisce tar éis an mheastha, agus</p> <p>(b) an difríocht teochta uasta idir an t-uisce fuarúcháin sceite agus an dobharlach glactha fionnuisce.</p> <p>Déantar an rialú teochta a chur chun feidhme i gcomhréir leis na coinníollacha ceadúnais aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme, nó luachanna tairsí i gcomhréir le dlí an Aontais.</p> <p>Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, caighdeáin Aicmí na Fondúireachta Tionscail (IFC).</p> <p>Oibrítear gníomhaíochtaí núicléacha i gcomhréir leis na ceanglais maidir le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine de Threoir 2000/60/CE agus de Threoir 2013/51/Euratom lena leagtar síos ceanglais i ndáil le sláinte an phobail i gcoitinne a chosaint maidir le substaintí radaighníomhacha in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine.</p> |
| (4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach   | <p>Tá plan maidir le bainistíocht dramhaíola neamh-radaighníomhaí agus dramhaíola radaighníomhaí i bhfeidhm agus áirithiú sé athúsáid nó athchúrsáil uasta na dramhaíola sin ag deireadh na saolré i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, lena n-áirítear trí chomhaontuithe conarthacha le comhpháirtithe bainistithe dramhaíola, an léiriú i réamh-mheastacháin airgeadais nó an doiciméadacht tionscadail oifigiúil.</p> <p>Le linn oibríthe agus díchoimisiúnaithe, íoslaghdaítear méid na dramhaíola radaighníomhaí agus uasmhéadaítear méid na n-ábhar saorscaoilte i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom, agus i gcomhréir leis na ceanglais maidir le cosaint ar radaíocht a leagtar síos i dTreoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Tá scéim maoiniúcháin i bhfeidhm chun cistiú leordhóthanach a áirithiú maidir le gach gníomhaíocht díchoimisiúnaithe agus maidir le breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú, i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom agus Moladh 2006/851/Euratom.</p>   |

|   |   |
|---|---|
|   | <p>Cuirtear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol i gcrích sula dtógtar gléasra cumhachta núicléiche, i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE. Cuirtear chun feidhme na bearta maolaithe agus cúiteacha is gá.</p> <p>Cumhdaítear na gnéithe ábhartha sa Roinn seo le tuarascálacha na mBallstát chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Threoir 2011/70/Euratom.</p>   |
| (5) Cosc agus rialú ar thruailliú                               | <p>Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach in Aguisín C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Tá astaíochtaí neamh-radaighníomhacha laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh mórghléasraí dócháin. Níl aon éifeacht trasmheáin mhór ann.</p> <p>Maidir le gléasraí cumhachta núicléiche ar mó a n-ionchur teirmeach ná 1 MW ach atá faoi bhun na dtairseacha chun go mbeadh feidhm ag conclúidí BAT maidir le mórghléasraí dócháin, tá na hastaíochtaí faoi bhun na dteorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid 2, a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193.</p> <p>Le sceitheadh radaighníomhach san aer, i ndobharlaigh agus sa talamh (ithir), comhlíontar na coinníollacha ceadúnais aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme, agus/nó luachanna tairsí náisiúnta i gcomhréir le Treoir 2013/51/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Déantar breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú go sábháilte agus go freagrach i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Tá toilleadh leordhóthanach stórála eatramhaí ar fáil don tionscadal, agus tá pleannanna diúscairtha náisiúnta i bhfeidhm chun fad na stórála eatramhaí a íoslghdú, i gcomhréir leis an bhforáil i dTreoir 2011/70/Euratom lena bhféachtar ar stóráil dramhaíola radaighníomhaí, lena n-áirítear stóráil fhadtéarmach, mar réiteach eatramhach, seachas mar rogha mhalartach ar an diúscairt.</p> |
| (6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú | <p>Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach in Aguisín D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Cuirtear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol i gcrích sula dtógtar gléasra cumhachta núicléiche, i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE. Cuirtear chun feidhme na bearta maolaithe agus cúiteacha is gá.</p> <p>Maidir le suíomhanna/oibríochtaí atá suite i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó gar do limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de, ar dócha go mbeadh tionchar mór acu ar limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de (lena n-áirítear líonra Natura 2000 de limistéir faoi chosaint, láithreáin Oidhreacht Domhanda Unesco agus Príomhlimistéir Bithéagsúlachta, chomh maith le limistéir eile faoi chosaint), rinneadh measúnú iomchuí, i gcás inarb infheidhme, agus cuirtear na bearta maolaithe is gá i bhfeidhm, ar bhonn chonclúidí an mheasúnaithe sin.</p> <p>Ní dhéanfaidh na suíomhanna/oibríochtaí dochar do stádas caomhantais aon cheann de na gnáthóga ná de na speicis atá sna limistéir faoi chosaint.</p>   |

#### 4.29. Giniúint leictreachais ó bhreoslaí gásacha iontaise

##### Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Tógáil nó oibriú saoráidí giniúna leictreachais lena dtáirgtear leictreachas trí úsáid a bhaint as breoslaí gásacha iontaise lena gcomhlíontar na critéir i bpointe 1(a) de Roinn 4.29 d'Iarscríbhinn I. Ní áirítear leis an ngníomhaíocht sin giniúint leictreachais ó úsáid eisiach breoslaí gásacha agus leachtacha inathnuaite neamhiontaise dá dtagraítear i Roinn 4.7 d'Iarscríbhinn I agus breoslaí bithgháis agus bithleachta dá dtagraítear i Roinn 4.8 d'Iarscríbhinn I.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe D35.11 agus F42.22 i gcomhréir leis an aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

## Critéir scagtha theicniúla

## Rannchuidiú substaintiúil le hoiriúnú don athrú aeráide

1. Leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch, cuireadh réitigh fhisiceacha agus neamhfhisiceacha ('réitigh oiriúnúcháin') chun feidhme lena laghdaítear go substaintiúil na rioscaí fhisiceacha aeráide is tábhachtaí atá ábhartha don ghníomhaíocht sin.
2. Sainnithníodh na rioscaí fhisiceacha aeráide atá ábhartha don ghníomhaíocht as na rioscaí sin a liostaítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo trí mheasúnú láidir riosca agus leochaileachta aeráide a dhéanamh a bhfuil na céimeanna seo a leanas ann:
  - (a) scagadh ar an ngníomhaíocht chun a shainnithint cé na rioscaí fhisiceacha aeráide ón liosta in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú na gníomhaíochta eacnamaíche le linn a saolré ionchasaí;
  - (b) i gcás ina measúnaítear go bhfuil an ghníomhaíocht faoi riosca ó cheann amháin nó níos mó de na rioscaí fhisiceacha aeráide a liostaítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, measúnú riosca agus leochaileachta aeráide chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na rioscaí fhisiceacha aeráide ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch;
  - (c) measúnú ar réitigh oiriúnúcháin lena féidir an riosca fhisiceach aeráide sainnithneanta a laghdú.
 Tá an measúnú riosca agus leochaileachta aeráide i gcomhréir le scála na gníomhaíochta agus lena saolré ionchasach, ionas gur fíor an méid seo a leanas:
  - (a) maidir le gníomhaíochtaí lena mbaineann saolré ionchasach níos lú ná 10 mbliana, déantar an measúnú, ar a laghad trí úsáid a bhaint as réamh-mheastacháin aeráide ar an scála is lú is iomchuí;
  - (b) maidir leis na gníomhaíochtaí uile eile, déantar an measúnú agus úsáid á baint as réamh-mheastacháin aeráide úrscothacha ar an taifeach is airde atá ar fáil thar an raon reatha cásanna a bheidh ann amach anseo <sup>(16)</sup> atá comhsheasmhach le saolré ionchasach na gníomhaíochta, lena n-áirítear, ar a laghad, cásanna réamh-mheastacháin aeráide 10 mbliana go 30 bliain le haghaidh infheistíochtaí móra.
3. Tá na réamh-mheastacháin aeráide agus an measúnú tionchair bunaithe ar dhea-chleachtas agus ar an treoir atá ar fáil agus cuirtear san áireamh iontu sin an eolaíocht úrscothach maidir le hanailís leochaileachta agus riosca agus modheolaíochtaí gaolmhara i gcomhréir leis na tuarascálacha is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide <sup>(17)</sup>, foilseacháin eolaíochta phiarmheasúnaithe agus samhlacha foinse oscailte <sup>(18)</sup> nó samhlacha íocaíochta.
4. Maidir leis na réitigh oiriúnúcháin a cuireadh chun feidhme:
  - (a) ní dhéanann siad dochar do na hiarrachtaí oiriúnúcháin ná don leibhéal athléimneachta in aghaidh rioscaí fhisiceacha aeráide a bhaineann le daoine eile, an dúlra, an oidhreacht chultúrtha, sócmhainní agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile;
  - (b) tugtar tús áite leo do réitigh dhúlra bhunaithe <sup>(19)</sup> nó bíonn siad ag brath ar an mbonneagar gorm nó glas <sup>(20)</sup> a mhéid is féidir;
  - (c) tá siad comhsheasmhach le pleannanna agus straitéisí oiriúnúcháin áitiúla, earnálacha, réigiúnacha nó náisiúnta;
  - (d) déantar faireachán orthu agus déantar iad a thomhas in aghaidh táscairí réamhshainithe agus déantar breithniú ar ghníomhaíocht feabhais i gcás nach gcomhlíontar na táscairí sin;
  - (e) i gcás inar réiteach fhisiceach é an réiteach a chuirtear chun feidhme agus inar gníomhaíocht é ar sonraíodh critéir scagtha theicniúla ina leith san Iarscríbhinn seo, comhlíontar, leis an réiteach, na critéir scagtha theicniúla don ghníomhaíocht sin gan dochar suntasach a dhéanamh.

<sup>(16)</sup> Áirítear le cásanna a bheidh ann amach anseo conairí tíuchana ionadaíochta RCP2.6, RCP4.5, RCP6.0 agus RCP8.5 den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.

<sup>(17)</sup> Tuarascálacha Measúnachta ar an Athrú Aeráide: *Impacts, Adaptation and Vulnerability* a fhoilsíonn an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) go tréimhsiúil, comhlacht na Náisiún Aontaithe atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar an eolaíocht a bhaineann leis an athrú aeráide, <https://www.ipcc.ch/reports/>.

<sup>(18)</sup> Mar shampla, seirbhísí Copernicus arna mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach.

<sup>(19)</sup> Sainmhínítear réitigh dhúlra bhunaithe mar 'réitigh a fhaigheann inspioráid agus tacaíocht ón dúlra, atá costéifeachtach, a sholáthraíonn, go comhuaineach, tairbhí comhshaoil, tairbhí sóisialta agus tairbhí eacnamaíocha, agus a chuidíonn le hathléimneacht a chothú. Tugann na réitigh sin níos mó gnéithe agus próisis de chuid an dúlra, níos mó gnéithe agus próisis nádúrtha, agus gnéithe agus próisis níos éagsúla isteach i gcathracha, i dtírdhreacha agus i muirdhreacha, trí idirghabhálacha sistéamacha a oiriúnaítear go háitiúil agus atá tíosach ar acmhainní. Dá bhrí sin, is chun tairbhe na bithéagsúlachta na réitigh dhúlra bhunaithe agus is tacaíocht iad ó thaobh raon seirbhísí éiceachórais a sheachadadh (leagan an [dáta glactha]: [https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/environment/nature-based-solutions\\_en/](https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/environment/nature-based-solutions_en/)).

<sup>(20)</sup> Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Bonneagar Glas (BG) — Caipiteal Nádúrtha na hEorpa a Neartú, COM/2013/249 final.

| Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')   |  |
|--|--|
| (1) Maolú ar an athrú aeráide  | Tá astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta níos ísle ná 270 g CO <sub>2</sub> e/kWh.   |
| (3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint | Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach in Aguisín B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.   |
| (4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach   | Neamhbhainteach  |
| (5) Cosc agus rialú ar thruailliú  | Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach in Aguisín C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.<br>Tá astaíochtaí laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leis na raonta teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí ábhartha is déanaí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), lena n-áirítear na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh mórghléasraí dócháin.<br>Níl aon éifeacht trasmheáin mhór ann.<br>Maidir le gléasraí dócháin ar mó a n-ionchur teirmeach ná 1 MW ach atá faoi bhun na dtairseacha chun go mbeadh feidhm ag conclúidí BAT maidir le mórghléasraí dócháin, tá na hastaíochtaí faoi bhun na dteorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid 2, a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193. |
| (6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú                  | Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach in Aguisín D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.   |

#### 4.30. Comhghiniúint ardéifeachtach téimh/fuaraithe agus cumhachta ó bhreoslaí gásacha iontaise

##### Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Tógáil, athchóiriú agus oibriú saoráidí comhghiniúna téimh/fuaraithe agus cumhachta trí úsáid a bhaint as breoslaí gásacha iontaise lena gcomhlíontar na critéir i bpointe 1(a) de Roinn 4.30 d'Iarscríbhinn I. Ní áirítear leis an ngníomhaíocht sin comhghiniúint ardéifeachtach téimh/fuaraithe agus cumhacht ó úsáid eisiach breoslaí gásacha agus leachtacha inathnuaite neamhiontaise dá dtagraítear i Roinn 4.19 d'Iarscríbhinn I agus breoslaí bithgháis agus bithleachta dá dtagraítear i Roinn 4.20 d'Iarscríbhinn I.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach leis na cóid NACE D35.11 agus D35.30 i gcomhréir leis an aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

##### Critéir scagtha theicniúla

##### Rannchuidiú substaintiúil le hoiriúnú don athrú aeráide

- Leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch, cuireadh réitigh fhisiceacha agus neamhfhisiceacha ('réitigh oiriúnúcháin') chun feidhme lena laghdaítear go substaintiúil na rioscaí fisiceacha aeráide is tábhachtaí atá ábhartha don ghníomhaíocht sin.
- Saináithníodh na rioscaí fisiceacha aeráide atá ábhartha don ghníomhaíocht as na rioscaí sin a liostaítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo trí mheasúnú láidir riosca agus leochaileachta aeráide a dhéanamh a bhfuil na céimeanna seo a leanas ann:
  - scagadh ar an ngníomhaíocht chun a shaináithint cé na rioscaí fisiceacha aeráide ón liosta in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmíú na gníomhaíochta eacnamaíche le linn a saolré ionchasaí;
  - i gcás ina measúnaítear go bhfuil an ghníomhaíocht faoi riosca ó cheann amháin nó níos mó de na rioscaí fisiceacha aeráide a liostaítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, measúnú riosca agus leochaileachta aeráide chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na rioscaí fisiceacha aeráide ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch;
  - measúnú ar réitigh oiriúnúcháin lena féidir an riosca fisiceach aeráide saináithneanta a laghdú.  
Tá an measúnú riosca agus leochaileachta aeráide i gcomhréir le scála na gníomhaíochta agus lena saolré ionchasach, ionas gur fíor an méid seo a leanas:
    - maidir le gníomhaíochtaí lena mbaineann saolré ionchasach níos lú ná 10 mbliana, déantar an measúnú, ar a laghad trí úsáid a bhaint as réamh-mheastacháin aeráide ar an scála is lú is iomchuí;

- (b) maidir leis na gníomhaíochtaí uile eile, déantar an measúnú agus úsáid á baint as réamh-mheastacháin aeráide úrscothacha ar an taifeach is airde atá ar fáil thar an raon reatha cásanna a bheidh ann amach anseo <sup>(21)</sup> atá comhsheasmhach le saolré ionchasach na gníomhaíochta, lena n-áirítear, ar a laghad, cásanna réamh-mheastacháin aeráide 10 mbliana go 30 bliain le haghaidh infheistíochtaí móra.
3. Tá na réamh-mheastacháin aeráide agus an measúnú tionchair bunaithe ar dhea-chleachtas agus ar an treoir atá ar fáil agus cuirtear san áireamh iontu sin an eolaíocht úrscothach maidir le hanailís leochaileachta agus riosca agus modheolaíochtaí gaolmhara i gcomhréir leis na tuarascálacha is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide <sup>(22)</sup>, foilseacháin eolaíochta phiarmheasúnaithe agus samhla foinse oscailte <sup>(23)</sup> nó samhla íocaíochta.
4. Maidir leis na réitigh oiriúnúcháin a cuireadh chun feidhme:
- (a) ní dhéanann siad dochar do na hiarrachtaí oiriúnúcháin ná don leibhéal athléimneachta in aghaidh rioscaí fisiceacha aeráide a bhaineann le daoine eile, an dúlra, an oidhreacht chultúrtha, sócmhainní agus gníomhaíochtaí eacnamaíochta eile;
- (b) tugtar tús áite leo do réitigh dhúlraibhunaithe <sup>(24)</sup> nó bíonn siad ag brath ar an mbonneagar gorm nó glas <sup>(25)</sup> a mhéid is féidir;
- (c) tá siad comhsheasmhach le pleananna agus straitéisí oiriúnúcháin áitiúla, earnálacha, réigiúnacha nó náisiúnta;
- (d) déantar faireachán orthu agus déantar iad a thomhas in aghaidh táscairí réamhshainithe agus déantar breithniú ar ghníomhaíocht feabhais i gcás nach gcomhlíontar na táscairí sin;
- (e) i gcás inar réiteach fisiceach é an réiteach a chuirtear chun feidhme agus inar gníomhaíocht é ar sonraíodh critéir scagtha theicniúla ina leith san Iarscríbhinn seo, comhlíontar, leis an réiteach, na critéir scagtha theicniúla don ghníomhaíocht sin gan dochar suntasach a dhéanamh.

#### Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

|  |  |
|--|--|
| (1) Maolú ar an athrú aeráide  | Tá astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta níos ísle ná 270 g CO <sub>2</sub> e/kWh.   |
| (3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint | Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach in Aguisín B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.   |
| (4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach   | Neamhbhainteach  |
| (5) Cosc agus rialú ar thruailliú  | Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach in Aguisín C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.<br>Tá astaíochtaí laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leis na raonta teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí ábhartha is déanaí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), lena n-áirítear na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh mórghléasraí dócháin.<br>Níl aon éifeacht trasmheáin mhór ann.<br>Maidir le gléasraí dócháin ar mó a n-ionchur teirmeach ná 1 MW ach atá faoi bhun na dtairseacha chun go mbeadh feidhm ag conclúidí BAT maidir le mórghléasraí dócháin, tá na hastaíochtaí faoi bhun na dteorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid 2, a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193. |
| (6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú                  | Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach in Aguisín D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.   |

<sup>(21)</sup> Áirítear le cásanna a bheidh ann amach anseo conairí tiúchana ionadaíochta RCP2.6, RCP4.5, RCP6.0 agus RCP8.5 den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.

<sup>(22)</sup> Tuarascálacha Measúnachta ar an Athrú Aeráide: *Impacts, Adaptation and Vulnerability* a fhoilsíonn an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) go tréimhsiúil, comhlacht na Náisiún Aontaithe atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar an eolaíocht a bhaineann leis an athrú aeráide, <https://www.ipcc.ch/reports/>.

<sup>(23)</sup> Mar shampla, seirbhísí Copernicus arna mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach.

<sup>(24)</sup> Sainmhínear réitigh dhúlraibhunaithe mar 'réitigh a fhaigheann inspioráid agus tacaíocht ón dúlra, atá costéifeachtach, a sholáthraíonn, go comhuaineach, tairbhí comhshaoil, tairbhí sóisialta agus tairbhí eacnamaíochta, agus a chuidíonn le hathléimneacht a chothú. Tugann na réitigh sin níos mó gnéithe agus próisis de chuid an dúlra, níos mó gnéithe agus próisis nádúrtha, agus gnéithe agus próisis níos éagsúla isteach i gcathracha, i dtírdhreacha agus i muirdhreacha, trí idirghabhálacha sistéamacha a oiriúnaítear go háitiúil agus atá tíosach ar acmhainní. Dá bhrí sin, is chun tairbhe na bithéagsúlachta na réitigh dhúlraibhunaithe agus is tacaíocht iad ó thaobh raon seirbhísí éiceachórais a sheachadadh (leagan an [dáta glactha]: [https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/environment/nature-based-solutions\\_en/](https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/environment/nature-based-solutions_en/)).

<sup>(25)</sup> Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Bonneagar Glas (BG) — Caipiteal Nádúrtha na hEorpa a Neartú, COM/2013/249 final.



#### 4.31. Táirgeadh téimh/fuaraithe ó bhreoslaí gásacha iontaise i gcóras téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtúil

##### Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Tógáil, athchóiriú agus oibriú saoráidí giniúna téimh lena dtáirgtear téamh/fuarú trí úsáid a bhaint as breoslaí gásacha iontaise atá nasctha le téamh agus fuarú ceantair éifeachtúil de réir bhrí Airteagal 2(41) de Threoir 2012/27/AE lena gcomhlíontar na critéir i bpointe 1(a) de Roinn 4.31 d'Iarscríbhinn I. Ní áirítear leis an ngníomhaíocht sin táirgeadh téimh/fuaraithe ó théamh ceantair éifeachtúil ó úsáid eisiach breoslaí gásacha agus leachtacha inathnuaite neamhiontaise dá dtagraítear i Roinn 4.23 d'Iarscríbhinn I agus breoslaí bithgháis agus bithleachta dá dtagraítear i Roinn 4.24 d'Iarscríbhinn I.

Aicmítear an ghníomhaíocht faoin gcód NACE D35.30 i gcomhréir leis an aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

##### Critéir scagtha theicniúla

##### Rannchuidiú substaintiúil le hoiriúnú don athrú aeráide

1. Leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch, cuireadh réitigh fhisiceacha agus neamhfhisiceacha ('réitigh oiriúnúcháin') chun feidhme lena laghdaítear go substaintiúil na rioscaí fhisiceacha aeráide is tábhachtaí atá ábhartha don ghníomhaíocht sin.
2. Sainnithníodh na rioscaí fhisiceacha aeráide atá ábhartha don ghníomhaíocht as na rioscaí sin a liostaítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo trí mheasúnú láidir riosca agus leochaileachta aeráide a dhéanamh a bhfuil na céimeanna seo a leanas ann:
  - (a) scagadh ar an ngníomhaíocht chun a shainnithint cé na rioscaí fhisiceacha aeráide ón liosta in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú na gníomhaíochta eacnamaíche le linn a saolré ionchasaí;
  - (b) i gcás ina measúnaítear go bhfuil an ghníomhaíocht faoi riosca ó cheann amháin nó níos mó de na rioscaí fhisiceacha aeráide a liostaítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, measúnú riosca agus leochaileachta aeráide chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na rioscaí fhisiceacha aeráide ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch;
  - (c) measúnú ar réitigh oiriúnúcháin lenar féidir an riosca fhisiceach aeráide sainaitheanta a laghdú. Tá an measúnú riosca agus leochaileachta aeráide i gcomhréir le scála na gníomhaíochta agus lena saolré ionchasach, ionas gur fíor an méid seo a leanas:
    - (a) maidir le gníomhaíochtaí lena mbaineann saolré ionchasach níos lú ná 10 mbliana, déantar an measúnú, ar a laghad trí úsáid a bhaint as réamh-mheastacháin aeráide ar an scála is lú is iomchuí;
    - (b) maidir leis na gníomhaíochtaí uile eile, déantar an measúnú agus úsáid á baint as réamh-mheastacháin aeráide úrscothacha ar an taifeach is airde atá ar fáil thar an raon reatha cásanna a bheidh ann amach anseo <sup>(26)</sup> atá comhsheasmhach le saolré ionchasach na gníomhaíochta, lena n-áirítear, ar a laghad, cásanna réamh-mheastacháin aeráide 10 mbliana go 30 bliain le haghaidh infheistíochtaí móra.
3. Tá na réamh-mheastacháin aeráide agus an measúnú tionchair bunaithe ar dhea-chleachtas agus ar an treoir atá ar fáil agus cuirtear san áireamh iontu sin an eolaíocht úrscothach maidir le hanailís leochaileachta agus riosca agus modheolaíochtaí gaolmhara i gcomhréir leis na tuarascálacha is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide <sup>(27)</sup>, foilseacháin eolaíochta phiarmheasúnaithe agus samhla foinse oscailte <sup>(28)</sup> nó samhla íocaíochta.
4. Maidir leis na réitigh oiriúnúcháin a cuireadh chun feidhme:
  - (a) ní dhéanann siad dochar do na hiarrachtaí oiriúnúcháin ná don leibhéal athléimneachta in aghaidh rioscaí fhisiceacha aeráide a bhaineann le daoine eile, an dúlra, an oidhreacht chultúrtha, sócmhainní agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile;
  - (b) tugtar tús áite leo do réitigh dhúlra bhunaithe <sup>(29)</sup> nó bíonn siad ag brath ar an mbonneagar gorm nó glas <sup>(30)</sup> a mhéid is féidir;
  - (c) tá siad comhsheasmhach le pleananna agus straitéisí oiriúnúcháin áitiúla, earnálacha, réigiúnacha nó náisiúnta;
  - (d) déantar faireachán orthu agus déantar iad a thomhas in aghaidh táscairí réamhshainithe agus déantar breithniú ar gníomhaíocht feabhais i gcás nach gcomhlíontar na táscairí sin;
  - (e) i gcás inar réiteach fhisiceach é an réiteach a chuirtear chun feidhme agus inar gníomhaíocht é ar sonraíodh critéir scagtha theicniúla ina leith san Iarscríbhinn seo, comhlíontar, leis an réiteach, na critéir scagtha theicniúla don ghníomhaíocht sin gan dochar suntasach a dhéanamh.

<sup>(26)</sup> Áirítear le cásanna a bheidh ann amach anseo conairí tíuchana ionadaíochta RCP2.6, RCP4.5, RCP6.0 agus RCP8.5 den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.

<sup>(27)</sup> Tuarascálacha Measúnachta ar an Athrú Aeráide: *Impacts, Adaptation and Vulnerability* a fhoilsíonn an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) go tréimhsiúil, comhlacht na Náisiún Aontaithe atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar an eolaíocht a bhaineann leis an athrú aeráide, <https://www.ipcc.ch/reports/>.

<sup>(28)</sup> Mar shampla, seirbhísí Copernicus arna mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach.

<sup>(29)</sup> Sainmhínítear réitigh dhúlra bhunaithe mar 'réitigh a fhaigheann inspioráid agus tacaíocht ón dúlra, atá costéifeachtach, a sholáthraíonn, go comhuaineach, tairbhí comhshaoil, tairbhí sóisialta agus tairbhí eacnamaíocha, agus a chuidíonn le hathléimneacht a chothú. Tugann na réitigh sin níos mó gnéithe agus próisis de chuid an dúlra, níos mó gnéithe agus próisis nádúrtha, agus gnéithe agus próisis níos éagsúla isteach i gcathracha, i dtúrdhreacha agus i muirdhreacha, trí idirghabhálacha sistéamacha a oiriúnaítear go háitiúil agus atá tíosach ar acmhainní. Dá bhrí sin, is chun tairbhe na bithéagsúlachta na réitigh dhúlra bhunaithe agus is tacaíocht iad ó thaobh raon seirbhísí éiceachórais a sheachadadh (leagan an [dáta glactha]: [https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/environment/nature-based-solutions\\_en/](https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/environment/nature-based-solutions_en/)).

<sup>(30)</sup> Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Bonneagar Glas (BG) — Caipiteal Nádúrtha na hEorpa a Neartú, COM/2013/249 final.

## Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

|  |  |
|--|--|
| (1) Maolú ar an athrú aeráide  | Tá astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta níos ísle ná 270 g CO <sub>2</sub> e/kWh.   |
| (3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint | Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach in Aguisín B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.   |
| (4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach   | Neamhbhainteach  |
| (5) Cosc agus rialú ar thruailliú  | Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach in Aguisín C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.<br>Tá astaíochtaí laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leis na raonta teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí ábhartha is déanaí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), lena n-áirítear na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh mórghléasraí dócháin.<br>Níl aon éifeacht trasmheáin mhór ann.<br>Maidir le gléasraí dócháin ar mó a n-ionchur teirmeach ná 1 MW ach atá faoi bhun na dtairseacha chun go mbeadh feidhm ag conclúidí BAT maidir le mórghléasraí dócháin, tá na hastaíochtaí faoi bhun na dteorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid 2, a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193. |
| (6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú                  | Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach in Aguisín D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.'  |

## IARSCRÍBHINN III

## IARSCRÍBHINN XII

**Teimpléid chaighdeánacha maidir le nochtadh dá dtagraítear in Airteagal 8(6) agus (7)**

Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8(6) agus (7) a thíolacadh mar a leanas, le haghaidh gach eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme (KPI).

Teimpléad 1 Gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh núicléach agus fuinneamh gáis iontaise

| Ró  | Gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh núicléach  |        |
|---|--|--------|
| 1.  | Tá taighde, forbairt, taisealbhadh agus úsáid saoráidí giniúna leictreachais nuálacha lena dtáirgtear fuinneamh ó phróisis núicléacha le dramhaíl íosta ón timthriall breosla á ndéanamh nó á gcistiú ag an ngnóthas, nó tá neamhchosaintí aige ina leith.   | TÁ/NÍL |
| 2.  | Tá foirgniú agus oibriú sábháilte suiteálacha núicléacha nua á ndéanamh, á gcistiú nó tá neamhchosaintí aige ina leith, chun leictreachas a tháirgeadh nó teas a phróiseáil, lena n-áirítear chun críocha próiseas téimh ceantair nó tionsclaíoch amhail táirgeadh hidrigine, chomh maith lena n-uasghráduithe sábháilteachta, trí na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil a úsáid. | TÁ/NÍL |
| 3.  | Tá oibriú sábháilte suiteálacha núicléacha atá ann faoi láthair lena dtáirgtear leictreachas nó lena bpróiseáiltear teas, lena n-áirítear chun críocha téimh ceantair nó próiseas tionsclaíoch amhail táirgeadh hidrigine ó fhuinneamh núicléach, chomh maith lena n-uasghráduithe sábháilteachta á ndéanamh nó á gcistiú ag an ngnóthas, nó tá neamhchosaintí aige ina leith.       | TÁ/NÍL |
| <b>Gníomhaíochtaí a bhaineann le gás iontaise</b> |  |        |
| 4.  | Tá foirgniú nó oibriú saoráidí ginte leictreachais lena dtáirgtear leictreachas trí bhreoslaí gásacha iontaise a úsáid á ndéanamh nó a gcistiú ag an ngnóthas, nó tá neamhchosaintí aige ina leith.  | TÁ/NÍL |
| 5.  | Tá foirgniú, athchóiriú, agus oibriú saoráidí téimh/fuaraithe araon agus ginte cumhachta trí bhreoslaí gásacha breoslaí á ndéanamh nó a gcistiú ag an ngnóthas, nó tá neamhchosaintí aige ina leith.   | TÁ/NÍL |
| 6.  | Tá foirgniú, athchóiriú agus oibriú saoráidí ginte téimh lena dtáirgtear téamh/fuarú trí bhreoslaí gásacha iontaise a úsáid á ndéanamh nó a gcistiú ag an ngnóthas, nó tá neamhchosaintí aige ina leith.   | TÁ/NÍL |

Teimpléad 2 Gníomhaíochtaí eacnamaíochta atá ailínithe le tacsanomaíocht (ainmneoir)

| Ró | Gníomhaíochtaí eacnamaíochta   | Méid agus cion (an fhaisnéis atá le léiriú i méideanna airgeadaíochta agus mar chéatadán) |   |                                  |   |                                 |   |
|----|--|---|---|----------------------------------|---|---------------------------------|---|
|    |  | CCM + CCA   |   | Maolú an athraithe aeráide (CCM) |   | Oiriúnú don athrú aeráide (CCA) |   |
|    |  | Méid  | % | Méid                             | % | Méid                            | % |
| 1. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.26 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |   |   |                                  |   |                                 |   |

|    |  |  |  |  |
|----|--|--|--|--|
| 2. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.27 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |  |  |  |
| 3. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.28 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |  |  |  |
| 4. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.29 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |  |  |  |
| 5. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.30 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |  |  |  |
| 6. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.31 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |  |  |  |
| 7. | <b>Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá ailínithe le tacsanomaíocht nach dtagraítear dó i rónna 1 go 6 thuas in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme</b>   |  |  |  |
| 8. | <b>Eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme iomlán</b>   |  |  |  |

## Teimpléad 3 Gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe le tacsanomaíocht (uimhreoír)

| Ró | Gníomhaíochtaí eacnamaíocha  | Méid agus cion (an fhaisnéis atá le tíolacadh i méideanna airgeadaíochta agus mar chéatadáin) |   |                            |   |                           |   |
|----|--|---|---|----------------------------|---|---------------------------|---|
|    |  | (CCM+CCA)   |   | Maolú an athraithe aeráide |   | Oiriúnú don athrú aeráide |   |
|    |  | Méid  | % | Méid                       | % | Méid                      | % |
| 1. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.26 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in uimhreoír an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |   |   |                            |   |                           |   |

|    |  |  |              |  |
|----|--|--|--------------|--|
| 2. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.27 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in uimhreoír an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |  |              |  |
| 3. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.28 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in uimhreoír an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |  |              |  |
| 4. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.29 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in uimhreoír an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |  |              |  |
| 5. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.30 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in uimhreoír an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |  |              |  |
| 6. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.31 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in uimhreoír an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |  |              |  |
| 7. | <b>Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá ailínithe le tacsanomaíocht nach dtagraítear dó i rónna 1 go 6 thuas in uimhreoír an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme</b>   |  |              |  |
| 8. | <b>Méid agus cion iomlán na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe le tacsanomaíocht in uimhreoír an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme</b>  |  | <b>100 %</b> |  |

Teimpléad 4 Gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe i leith tacsanomaíochta ach nach bhfuil ailínigh le tacsanomaíocht

| Ró | Gníomhaíochtaí eacnamaíocha  | Cion (an fhaisnéis atá le tíolacadh i méideanna airgeadaíochta agus mar chéatadáin) |   |                            |   |                           |   |
|----|--|---|---|----------------------------|---|---------------------------|---|
|    |  | (CCM+CCA)   |   | Maolú an athraithe aeráide |   | Oiriúnú don athrú aeráide |   |
|    |  | Méid  | % | Méid                       | % | Méid                      | % |
| 1. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá incháilithe i leith tacsanomaíochta ach nach bhfuil ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.26 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |   |   |                            |   |                           |   |
| 2. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá incháilithe i leith tacsanomaíochta ach nach bhfuil ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.27 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |   |   |                            |   |                           |   |

|    |  |  |  |  |
|----|--|--|--|--|
| 3. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá incháilithe i leith tacsanomaíochta ach nach bhfuil ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.28 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |  |  |  |
| 4. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá incháilithe i leith tacsanomaíochta ach nach bhfuil ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.29 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |  |  |  |
| 5. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá incháilithe i leith tacsanomaíochta ach nach bhfuil ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.30 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |  |  |  |
| 6. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche atá incháilithe i leith tacsanomaíochta ach nach bhfuil ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.31 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |  |  |  |
| 7. | <b>Méid agus cion gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile atá incháilithe i leith tacsanomaíochta ach nach bhfuil ailínithe le tacsanomaíocht nach dtagraítear dó i rónna 1 go 6 thuas in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme</b>   |  |  |  |
| 8. | <b>Méid agus cion iomlán gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe i leith tacsanomaíochta ach nach bhfuil ailínithe le tacsanomaíocht in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme</b>  |  |  |  |

## Teimpléad 5 Gníomhaíochtaí eacnamaíocha nach bhfuil incháilithe i leith tacsanomaíochta

| Ró | Gníomhaíochtaí eacnamaíocha  | Méid | Céatadán |
|----|--|------|----------|
| 1. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche dá dtagraítear i ró 1 de Theimpléad 1 nach bhfuil incháilithe i leith tacsanomaíochta i gcomhréir le Roinn 4.26 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |      |          |
| 2. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche dá dtagraítear i ró 2 de Theimpléad 1 nach bhfuil incháilithe i leith tacsanomaíochta i gcomhréir le Roinn 4.27 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |      |          |
| 3. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche dá dtagraítear i ró 3 de Theimpléad 1 nach bhfuil incháilithe i leith tacsanomaíochta i gcomhréir le Roinn 4.28 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |      |          |
| 4. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche dá dtagraítear i ró 4 de Theimpléad 1 nach bhfuil incháilithe i leith tacsanomaíochta i gcomhréir le Roinn 4.29 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |      |          |
| 5. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche dá dtagraítear i ró 5 de Theimpléad 1 nach bhfuil incháilithe i leith tacsanomaíochta i gcomhréir le Roinn 4.30 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |      |          |
| 6. | Méid agus cion na gníomhaíochta eacnamaíche dá dtagraítear i ró 6 de Theimpléad 1 nach bhfuil incháilithe i leith tacsanomaíochta i gcomhréir le Roinn 4.31 de Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme |      |          |
| 7. | <b>Méid agus cion na gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile nach bhfuil incháilithe i leith tacsanomaíochta nach dtagraítear dó i rónna 1 go 6 thuas in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme</b>  |      |          |
| 8. | <b>Méid iomlán agus cion iomlán na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach bhfuil incháilithe i leith tacsanomaíochta in ainmneoir an eochairtháscaire feidhmíochta infheidhme'</b>  |      |          |

**RIALACHÁN (AE) 2022/1215 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 7 Iúil 2022**

**lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh haileabónna Graonlannacha in uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2 i gcás soithí faoi bhratach Ballstáit den Aontas Eorpach**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle <sup>(2)</sup> cuótaí le haghaidh 2022.
- (2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta a cionroinneadh le haghaidh 2022 ídithe i gcás gabhálacha an stoic haileabónna Graonlannacha in uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2 ag soithí faoi bhratach Ballstáit den Aontas Eorpach nó soithí atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach.
- (3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ídiú cuótaí**

Maidir leis an gcuóta iascaireachta a cionroinneadh le haghaidh 2022 ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i gcomhair an stoic haileabónna Graonlannacha in uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2, dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Toirmisc**

Cuirfear toirmeasc, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar iascaireacht an stoic sin dá dtagraítear in Airteagal 1 ag a bhfuil bratach Ballstáit den Aontas Eorpach ar foluain acu nó atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach. Go sonrach, beidh toirmeasc ar éisc ón stoc sin a ghabhann na soithí sin a choinneáil ar bord, a athlonnú, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír tar éis an dáta sin.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 21, 31.1.2022, lch. 1).



Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin,*  
*Ar son an Uachtaráin,*  
Virginijus SINKEVIČIUS  
*Comhalta den Choimisiún*

---

## IARSCRÍBHINN

|              |  |
|--------------|--|
| Uimh.        | 03/TQ109   |
| Ballstát     | An tAontas Eorpach (Na Ballstáit uile)                           |
| Stoc         | GHL/1N2AB.   |
| Speiceas     | An haileabó Graonlannach ( <i>Reinhardtius hippoglossoides</i> ) |
| Limistéar    | Uiscí na hIorua, limistéir 1 agus 2                              |
| Dáta deiridh | 20 Meitheamh 2022  |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1216 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 8 Iúil 2022**

**lena maolaítear i leith na bliana 2022 ar Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, (AE) Uimh. 180/2014, (AE) Uimh. 181/2014, (AE) 2017/892, (AE) 2016/1150, (AE) 2018/274, (AE) Uimh. 615/2014 agus (AE) 2015/1368 a mhéid a bhaineann le seiceálacha áirithe riaracháin agus seiceálacha áirithe ar an láthair is infheidhme laistigh den chomhbheartas talmhaíochta agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/725**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 62(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 8 agus Airteagal 18(1), an dara fómhír, de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán Aeigéach is lú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1405/2006 ón gComhairle <sup>(3)</sup>, agus go háirithe Airteagal 7, Airteagal 11(3) agus Airteagal 14(1), an dara fómhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus na bearta a chuir na Ballstáit i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt uirthi, thángthas ar dheacrachtaí riaracháin sna Ballstáit ar fad maidir le pleanáil agus forghníomhú an líon seiceálacha tráthúla ar an láthair is gá. Bheadh an baol ann go gcuirfeadh na deacrachtaí sin moill ar fheidhmiú na seiceálacha agus ar íocaíocht na cabhrach a leanann astu. An tráth céanna, tá feirmeoirí neamhchosanta ar an suaitheadh eacnamaíoch a tharla i ngeall ar an bpaindéim agus bíonn deacrachtaí airgeadais agus fadhbanna maidir le sreabhadh airgid acu.
- (2) I bhfianaise chineál na gcúinsí sin nach bhfacthas a leithéid riamh, ghlac an Coimisiún Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/532 <sup>(4)</sup> agus (AE) 2021/725 <sup>(5)</sup> ón gCoimisiún chun na deacrachtaí sin a laghdú trí mhaolú ar Rialacháin Cur Chun Feidhme éagsúla is infheidhme i réimse an chomhbheartais talmhaíochta a mhéid a bhaineann le seiceálacha áirithe riaracháin agus seiceálacha áirithe ar an láthair i dtéarmaí uainiú agus líon na seiceálacha sin. I bhfianaise shíneadh na ndeacrachtaí toisc gur lean paindéim COVID-19 in 2022, is iomchuí foráil a dhéanamh freisin maidir le bearta comhchosúla sa bhliain 2022.

<sup>(1)</sup> IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.

<sup>(2)</sup> IO L 78, 20.3.2013, lch. 23.

<sup>(3)</sup> IO L 78, 20.3.2013, lch. 41.

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/532 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2020 lena maolaítear i leith na bliana 2020 ar Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, (AE) Uimh. 180/2014, (AE) Uimh. 181/2014, (AE) 2017/892, (AE) 2016/1150, (AE) 2018/274, (AE) 2017/39, (AE) 2015/1368 agus (AE) 2016/1240 a mhéid a bhaineann le seiceálacha áirithe riaracháin agus seiceálacha ar an láthair is infheidhme laistigh den chomhbheartas talmhaíochta (IO L 119, 17.4.2020, lch. 3).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/725 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2021 lena maolaítear i leith na bliana 2021 ar Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, (AE) Uimh. 180/2014, (AE) Uimh. 181/2014, (AE) 2017/892, (AE) 2016/1150, (AE) 2018/274, (AE) Uimh. 615/2014 agus (AE) 2015/1368 a mhéid a bhaineann le seiceálacha áirithe riaracháin agus seiceálacha ar an láthair is infheidhme laistigh den chomhbheartas talmhaíochta (IO L 155, 5.5.2021, lch. 8).

- (3) I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 ón gCoimisiún <sup>(6)</sup> leagtar síos rialacha maidir, *inter alia*, le huainiú na seiceálacha ar an láthair agus rátaí rialaithe seiceálacha áirithe ar an láthair laistigh den chóras comhtháite, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le scéimeanna cabhrach d'ainmhithe. Ina theannta sin, tá rialacha maidir le seiceálacha ar an láthair sa Rialachán sin a bhaineann leis na critéir incháilitheachta, na gealltanais agus na hoibleagáidí eile i leith iarratais ar chabhair do bheostoc agus éilimh ar íocaíocht faoi bhearta tacaíochta a bhaineann le hainmhithe, rátaí rialaithe le haghaidh bearta forbartha tuaithe nach mbaineann le limistéir ná le hainmhithe, agus íosrátaí rialaithe a bhaineann le tras-chomhlíonadh.
- (4) Le hAirteagal 24(4), Airteagal 48(5), Airteagal 49(1), Airteagal 52(1), Airteagal 60(2) agus Airteagal 71(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, leagtar síos rialacha áirithe atá an t-údarás inniúil le comhlíonadh chun seiceálacha riaracháin nó seiceálacha ar an láthair a dhéanamh. I bhfianaise na n-imthosca a tharla i ngeall ar phaindéim COVID-19, is iomchuí feidhmiú na seiceálacha sin a spreagadh le cianbhraiteacht agus le húsáid teicneolaíochtaí nua amháil córais aerárthaí gan foireann, grianghraif gheochlibeáilte, glacadóirí córais dhomhanda um loingseoireacht satailíte (GNSS) mar aon le Breis-Seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS) agus Galileo, sonraí arna gceapadh ag satailítí Sentinel de chuid chlár Copernicus agus fianaise dhoiciméadach ábhartha eile atá le húsáid chun seiceáil a dhéanamh ar chomhlíonadh critéir incháilitheachta, gealltanais nó oibleagáidí eile le haghaidh na scéime cabhrach nó an bhirt tacaíochta lena mbaineann, mar aon le comhlíonadh na gceanglas agus na gcaighdeán ábhartha le haghaidh tras-chomhlíonta.
- (5) In Airteagal 26(4) agus Airteagal 42(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, tá rialacha maidir le seiceálacha ar an láthair chun a fhíorú go gcomhlíontar na critéir incháilitheachta uile, na gealltanais agus na ceanglais eile agus go gcumhdaítear na hainmhithe ar fad ar cuireadh isteach iarratais ar chabhair nó éilimh ar íocaíocht ina leith faoi na scéimeanna cabhrach d'ainmhithe nó faoi na bearta tacaíochta a bhaineann le hainmhithe atá le seiceáil. I bhfianaise na staide atá ann faoi láthair, i gcás nach bhfuil na Ballstáit in ann na seiceálacha sin ar an láthair a dhéanamh mar a cheanglaítear leis na forálacha sin agus nach bhfuil an fhianaise mhalartach ar fáil, is iomchuí foráil a dhéanamh go bhféadfaidh na Ballstáit a chinneadh na seiceálacha sin a dhéanamh i leith na bliana éilimh 2022 nó na bliana féilire 2022 tráth ar bith den bhliain, a mhéid a cheadófar leo na coinníollacha incháilitheachta a sheiceáil go fóill.
- (6) Maidir le roinnt oibleagáidí de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 i ndáil le tras-chomhlíonadh agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(7)</sup> i ndáil le scéimeanna cabhrach agus bearta tacaíochta a bhaineann le hainmhithe, braithfeann siad ar thréimhsí ama sonracha difreáilte dá gcomhlíonadh agus mar iarmhairt air sin ceanglaítear leo na seiceálacha ar an láthair a dhéanamh laistigh de na creataí sin. Na bearta a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, déanann siad difear d'indéantacht na seiceálacha ar an láthair is gá a dhéanamh go cruinn agus laistigh den teorainn ama a chomhfhreagraíonn do na hoibleagáidí sin. Ní fhéadfar roinnt cineálacha seiceálacha a dhéanamh le húsáid nuatheicneolaíochta, a thagann in ionad na gcuairteanna ar an bhfeirm. Dá bhrí sin, is gá, i dtaca le seiceálacha áirithe a bheidh le déanamh in 2022, maolú ar Airteagail 30 go 33, Airteagal 40a, Airteagail 50 agus 52 agus Airteagal 68(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 agus íosráta na seiceálacha ar an láthair a laghdú i gcomparáid leis na gnáthrátaí rialaithe maidir le scéimeanna agus bearta tacaíochta a bhaineann le limistéir agus le hainmhithe, bearta forbartha tuaithe seachas iad sin faoin gcóras comhtháite riaracháin, agus rialaithe agus oibleagáidí tras-chomhlíonta, faoi seach.
- (7) Chun éifeacht choisctheach na seiceálacha a choinneáil ar bun, ní mór an oibleagáid dá bhforáiltear faoi Airteagal 35, Airteagal 50(5) agus Airteagal 68(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 chun na rátaí rialaithe a mhéadú i ngeall ar neamh-chomhlíonadh mór a braitheadh le linn na seiceálacha a rinneadh an bhliain roimhe sin a choinneáil ar bun le haghaidh na bliana éilimh 2022. Ba cheart gá a bheith le méadú ar leibhéal na seiceálacha ar an

<sup>(6)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe, bearta forbartha tuaithe agus tras-chomhlíonadh (IO L 227, 31.7.2014, lch. 69).

<sup>(7)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608).

láthair le haghaidh na bliana 2022 mar gheall ar chásanna móra neamh-chomhlíonta a aimsíodh le linn na seiceálacha ar an láthair in 2021. Dá bhrí sin, na Ballstáit atá faoi oibleagáid, trí chur i bhfeidhm Airteagal 35 nó Airteagal 50(5) nó Airteagal 68(4) den Rialachán sin, an ráta rialaithe sa bhliain éilimh 2022 a mhéadú agus a chinneann na rátaí laghdaithe rialaithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm, ba cheart dóibh na méaduithe sin a chur i bhfeidhm sa bhreis ar na rátaí laghdaithe rialaithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

- (8) Foráiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014 <sup>(8)</sup> agus (AE) Uimh. 181/2014 <sup>(9)</sup> ón gCoimisiún maidir le rátaí rialaithe chun seiceálacha a dhéanamh ar bhearta sonracha le haghaidh na talmhaíochta sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus sna hoileáin Aeigéacha is lú. De thoradh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 a dhéanann difear freisin do na réigiúin is forimeallaí den Aontas agus do na hoileáin Aeigéacha is lú, is iomchuí maolú ar na Rialachán sin trí shíneadh a chur leis an bhféidearthacht teicneolaíochtaí nua a úsáid mar fhoinsí malartacha fianaise i ndáil le seiceálacha agus rátaí rialaithe na seiceálacha ar an láthair a oiriúnú le haghaidh na bliana 2022. Mar sin féin, chun éifeacht choiscitheach seiceálacha faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014 agus (AE) Uimh. 181/2014 a choinneáil ar bun, ba cheart an oibleagáid an ráta rialaithe a mhéadú i gcomhréir le hAirteagal 59(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a choinneáil ar bun. Dá bhrí sin, na Ballstáit atá faoi oibleagáid, trí chur i bhfeidhm Airteagal 59(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, an ráta rialaithe sa bhliain éilimh 2022 a mhéadú agus a chinneann na rátaí laghdaithe rialaithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm, ba cheart dóibh na méaduithe sin a chur i bhfeidhm sa bhreis ar na rátaí laghdaithe rialaithe sin.
- (9) Foráiltear in Airteagal 24 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 ón gCoimisiún <sup>(10)</sup> go seiceálfadh na Ballstáit, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin seiceálacha ar an láthair, critéir aitheantais na n-eagraíochtaí táirgeoirí nó na gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí. De thoradh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, níor cheart feidhm a bheith ag seiceálacha ar an láthair maidir le critéir aitheantais sa bhliain 2022.
- (10) Le hAirteagal 27(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, socraítear an sampla le haghaidh seiceálacha bliantúla ar an láthair ag 30 % ar a laghad den chabhair iomlán a ndearnadh iarratas uirthi. De thoradh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na Ballstáit in ann na ceanglais sin a chomhlíonadh agus ba cheart cead a thabhairt dóibh dá bhrí sin céatadán níos ísle de na seiceálacha sin a dhéanamh sa bhliain 2022.
- (11) Foráiltear le hAirteagal 27(7) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 go mbeidh gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme ar ghabháiltais aonair bhaill na n-eagraíochtaí táirgeoirí a chumhdaítear leis an sampla dá dtagraítear in Airteagal 27(2) den Rialachán sin faoi réir cuairt amháin ar a laghad chun a fhíorú go gcuirtear i gcrích iad. De thoradh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na Ballstáit in ann na ceanglais sin a chomhlíonadh agus níor cheart, dá bhrí sin, iad a bheith faoi réir ceanglais maidir le minicíocht cuairteanna ar ghabháiltais aonair de chuid eagraíochtaí táirgeoirí sa bhliain 2022.
- (12) Foráiltear le hAirteagal 29(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 go gcumhdóidh seiceálacha an chéad leibhéal ar oibríochtaí tarraingthe siar 100 % de líon na dtáirgí a tharraingeofar siar ón margadh, cé is moite de tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a leithdháileadh saor in aisce, dá bhféadfadh na Ballstáit de bhun Airteagal 29(3) den Rialachán sin céatadán níos lú, ach nach lú ná 10 % de na cainníochtaí lena mbaineann le linn bliain mhargaíochta aon eagraíochta táirgeoirí ar leith, a sheiceáil. De thoradh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na Ballstáit in ann an ceanglas sin a chomhlíonadh agus ba cheart cead a thabhairt dóibh sa bhliain 2022 céatadán níos lú a sheiceáil, ach céatadán nach lú ná 10 % de na cainníochtaí lena mbaineann le linn bliain mhargaíochta aon eagraíochta táirgeoirí ar leith freisin le haghaidh gach táirge eile a tharraingítear siar, gan beann ar an gceann scríbe a bhí beartaithe dóibh.

<sup>(8)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 63, 4.3.2014, lch. 13).

<sup>(9)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 181/2014 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna hoileáin Aeigéacha is lú (IO L 63, 4.3.2014, lch. 53).

<sup>(10)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte (IO L 138, 25.5.2017, lch. 57).

- (13) Foráiltear in Airteagal 30(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 go mbeidh sampla ar áireamh i ngach seiceáil a léireoidh 5 % ar a laghad de na cainníochtaí a tharraing an eagraíocht táirgeoirí siar le linn na bliana margaíochta. De thoradh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na Ballstáit in ann an ceanglas sin a chomhlíonadh agus ba cheart cead a thabhairt dóibh sa bhliain 2022 samplaí a úsáid ina léireofar 3 % ar a laghad de na cainníochtaí a tharraing an eagraíocht táirgeoirí siar le linn na bliana margaíochta 2020.
- (14) De thoradh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, leanfaidh sé de bheith deacair ar bhonn ábhartha ar na Ballstáit seiceálacha ar an láthair a dhéanamh in 2022 le haghaidh iarratais bhliantúla ar chabhair, seiceálacha ar an gcéad agus ar an dara leibhéal ar oibríochtaí tarraingthe siar agus seiceálacha glasbhuinte agus neamhbhuinte mar a leagtar amach in Airteagal 27(2) agus (7), Airteagal 29(2), Airteagal 30(3) agus Airteagal 31(1) agus (2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 faoi seach. Dá bhrí sin, ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit seiceálacha atá coibhéiseach le seiceálacha ar an láthair a shainiú, amhail grianghraif gheochlibeáilte, grianghraif a bhfuil dáta orthu, tuarascálacha faireachais ladrainn a bhfuil dáta orthu, seiceálacha riaracháin nó físchomhdhálacha leis na tairbhíthe.
- (15) De thoradh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, leanfaidh sé de bheith deacair ar bhonn ábhartha ar na Ballstáit seiceálacha ar an láthair córasacha agus sampla-bhunaithe a dhéanamh in 2022 maidir le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi Airteagail 45 go 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le maolú ar Airteagal 32(1) agus Airteagal 42(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>, mar a tugadh isteach cheana le haghaidh na mblianta airgeadais 2020 agus 2021, i leith na bliana airgeadais 2022 freisin chun deis a thabhairt do na Ballstáit rialuithe atá coibhéiseach le seiceálacha córasacha ar an láthair a shainiú, amhail grianghraif a bhfuil dáta orthu, tuarascálacha faireachais ladrainn a bhfuil dáta orthu, seiceálacha riaracháin nó físchomhdhálacha leis na tairbhíthe, agus a ráthú go ndéanfar rialacha na reachtaíochta a bhaineann leis na cláir thacaíochta in earnáil an fhíona a urramú sula ndéanfar íocaíochtaí.
- (16) Beidh sé deacair ar bhonn ábhartha freisin ar na Ballstáit seiceálacha córasacha ar an láthair a dhéanamh i leith na bliana airgeadais 2022, laistigh den sprioc-am a leagtar síos in Airteagal 43(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, le haghaidh oibríochtaí glasbhuinte a fuair tacaíocht faoi Airteagal 47 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Ba cheart dá bhrí sin maolú a thabhairt isteach chun cur i gcrích na seiceálacha a chur ar athlú go dtí an 15 Meán Fómhair 2022.
- (17) Le hAirteagal 27(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/274 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> socraítear an líon samplaí d'fhíonchaora úra a thógtar ó fhíonghoirt le linn na tréimhse nuair a bhuaifead an gabháltas talún i gceist chun banc sonraí anailíseach de na sonraí iseatópacha dá dtagraítear in Airteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup> a bhunú. I gcásanna ina leanann na bearta a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 de chosc ar na Ballstáit seiceálacha den sórt sin a dhéanamh, ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit maolú ar an íoslíon samplaí.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2016 lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na cláir náisiúnta thacaíochta in earnáil an fhíona (IO L 190, 15.7.2016, lch. 23).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/274 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2017 lena leagtar síos rialacha le haghaidh chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le scéim na n-údaruithe le haghaidh planduithe fíniúnacha, deimhniú, an clár isteach agus amach, dearbhuithe agus fógraí éigeantacha, agus le haghaidh chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na seiceálacha ábhartha agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/561 ón gCoimisiún (IO L 58, 28.2.2018, lch. 60).

<sup>(4)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le scéim na n-údaruithe le haghaidh planduithe fíniúnacha, clár na bhfíonghort, doiciméid tionlacain agus deimhniú, an clár isteach agus amach, dearbhuithe éigeantacha, fógraí agus foilsíú faisnéise ar tugadh fógra fúithi, agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na seiceálacha agus na pionóis ábhartha, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 555/2008, (CE) Uimh. 606/2009 agus (CE) Uimh. 607/2009 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 436/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/560 ón gCoimisiún (IO L 58, 28.2.2018, lch. 1).

- (18) Foráiltear in Airteagal 31(2), pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/274 go ndéanfaidh na Ballstáit seiceálacha bliantúla ar an láthair ar 5 % ar a laghad de na saothróirí fíniúna go léir a shaináithnítear i gclár na bhfionghort. Ós rud é go bhfágann na bearta a cuireadh i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 go bhfuil sé fós deacair go hábhartha seiceálacha den sórt sin a dhéanamh i roinnt Ballstát ina dtáirgtear fíon, ba cheart an céatadán sin a laghdú le haghaidh na bliana 2022. Ar an gcúis chéanna, ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit na seiceálacha córasacha ar an láthair dá dtagraítear in Airteagal 31(2), pointe (c), den Rialachán sin a chur ar fionraí go sealadach sa bhliain 2022, seiceálacha atá le déanamh i limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha nach gcuimsítear in aon chomhad saothróra fíniúna.
- (19) I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014 ón gCoimisiún <sup>(15)</sup> maidir le cláir oibre chun tacú le hearnálacha na hola olóige agus na n-ológ boird, tá rialacha maidir leis na seiceálacha ar an láthair chun a fhíorú go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le maoiniú ón Aontas a dheonú. D'fhéadfadh deacrachtaí eascairt as na bearta a cuireadh i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 ó thaobh na seiceálacha sin a dhéanamh mar a éilítear le hAirteagal 6 den Rialachán sin. Is iomchuí dá bhrí sin solúbthacht a sholáthar do na Ballstáit trí sheiceálacha malartacha a cheadú in ionad na seiceálacha ar an láthair sa bhliain féilire 2022.
- (20) I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1368 ón gCoimisiún <sup>(16)</sup> maidir le cabhair in earnáil na beachaireachta, tá rialacha maidir leis an bhfaireachán agus na seiceálacha i ndáil le cur chun feidhme ceart na gclár náisiúnta beachaireachta, leis an gcaiteachas iarbhir arna thabhu agus le líon ceart na gcoirceog a thuairiscíonn na beachairí. De réir Airteagal 8(3) den Rialachán sin, tá na Ballstáit le háiritiú go mbeidh 5 % ar a laghad de na hiarratasóirí ar chabhair faoi réir seiceálacha ar an láthair faoi chuimsiú a gclár beachadóireachta. D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag baint leis an líon seiceálacha ar an láthair is gá a dhéanamh chun an tairseach sin a chomhlíonadh de thoradh na mbearta a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19. Is iomchuí dá bhrí sin solúbthacht a sholáthar do na Ballstáit trí mhaolú ar an gceanglas sin a cheadú. Níor cheart méadú ar an riosca maidir le hiocaíochtaí míchuí a bheith ann mar thoradh ar mhaolú den sórt sin, áfach. Dá bhrí sin, ba cheart a oiread agus is féidir rialuithe malartacha a chur in ionad aon íslíú a dhéantar ar líon na seiceálacha ar an láthair.
- (21) I ngeall ar na roghanna solúbthachta a tairgeadh do na Ballstáit le 2 bhliain anuas maidir leis an méadú ar na rátaí rialaithe, tá sé tábhachtach an riail bhunaidh a athbhunú, riail a bhfuil éifeacht nach beag dhíspreagthach aici, agus soiléiriú a dhéanamh ar an mbliain ar cheart a chur san áireamh chun an méadú ar an ráta rialaithe a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 35, Airteagal 50(5) agus Airteagal 68(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 agus Airteagal 59(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013. I bhfianaise na n-athruithe a d'fhéadfadh a bheith curtha chun feidhme ag na Ballstáit ina nósanna imeachta rialaithe tar éis neamh-chomhlíonadh a bhrath, ní mheastar gurb iomchuí sásraí ceartaitheacha a bhaineann le neamh-chomhlíonadh a tháinig chun cinn le linn na rialuithe a bhaineann leis an mbliain éilimh 2019 a chur i bhfeidhm agus ba cheart an bhliain is déanaí a chur san áireamh. Dá bhrí sin, is gá Airteagail 3, 5 agus 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/725 a leasú.
- (22) Na maoluithe ar Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, (AE) Uimh. 180/2014, (AE) Uimh. 181/2014, (AE) 2017/892, (AE) 2016/1150, (AE) 2018/274, (AE) Uimh. 615/2014 agus (AE) 2015/1368 dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart dóibh é a chur ar a gcumas do na Ballstáit moill sna bearta rialaithe agus i bpróiseáil na n-iarratas ar chabhair a sheachaint, agus moill ar íocaíochtaí le tairbhíthe le haghaidh na bliana 2022 a sheachaint dá réir sin. Tá sé rithábhachtach, áfach, nach gcuireann na maoluithe sin bac ar bhainistíocht fhónta airgeadais agus ar an gceanglas maidir le leibhéal leordhóthanach dearbhaithe. Dá réir sin, tá na Ballstáit a bhainfidh úsáid as na maoluithe sin freagrach as na bearta uile is gá a ghlacadh lena áirithiú go seachnaítear ró-íocaíochtaí agus go ndéantar aisghabháil méideanna neamhdhlite a thionscnamh. Thairis sin, ba cheart úsáid na maoluithe sin a bheith cumhdaithe ag an dearbhú bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 7(3), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 le haghaidh na mblianta airgeadais 2022 agus 2023.

<sup>(15)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm i leith cláir oibre chun tacú le hearnálacha na hola olóige agus na n-ológ boird (IO L 168, 7.6.2014, lch. 95).

<sup>(16)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1368 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2015 lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cabhair in earnáil na beachadóireachta (IO L 211, 8.8.2015, lch. 9).

- (23) Chun cur chun feidhme rianúil na mbeart dá bhforáiltear sa Rialachán seo a áirithiú, ar bearta iad is gá le go n-eagróidh na Ballstáit feachtais rialaithe, agus na bearta a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 á n-urramú, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus feidhm chúlghabhálach a bheith aige chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit na modhnuithe atá beartaithe a chur chun feidhme ó thús na bhfeachtas rialaithe ar leith: ba cheart feidhm a bheith ag na bearta i gCaibidil I agus II agus i gCaibidil III, Ranna 3 agus 4, ón 1 Eanáir 2022, ag comhfhreagairt don bhliain éilimh sa chóras comhtháite riaracháin agus rialúcháin nó don bhliain féilire le haghaidh bearta tacaíochta forbartha tuaithe nach mbaineann le limistéir agus nach mbaineann le hainmhithe agus le haghaidh bearta in earnáil an fhíona; ba cheart feidhm a bheith ag na bearta i gCaibidil III, Ranna 1 agus 2, ón 16 Deireadh Fómhair 2021, ag comhfhreagairt don bhliain airgeadais, agus ba cheart feidhm a bheith ag na bearta i gCaibidil III, Roinn 5, ón 1 Lúnasa 2021, ag comhfhreagairt don bhliain bheachadóireachta.
- (24) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um na Cistí Talmhaíochta, ón gCoiste um Íocaíochtaí Díreacha, ón gCoiste um Fhorbairt Tuaithe agus ón gCoiste um Chomheagrú na Margat Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### CAIBIDIL I

### MAOLUITHE AR RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) Uimh. 809/2014

#### *Airteagal 1*

De mhaolú ar Airteagal 24(4), Airteagal 48(5), Airteagal 49(1), Airteagal 52(1), Airteagal 60(2), an tríú fómhír, agus Airteagal 71(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, de thoradh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, ionas go ndéanfar seiceálacha i leith na bliana éilimh 2022 nó na bliana féilire 2022 faoi seach, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na cigireachtaí fisiceacha a bheidh le déanamh faoin Rialachán sin a ionadú go hiomlán, go háirithe cuairteanna allamuigh agus seiceálacha ar an láthair, trí úsáid a bhaint as léirmhíniú grianghraif ar orta-íomhánna satailíte nó aeir nó as teicneolaíochtaí nua amhail grianghraif gheochlibeáilte nó fianaise ábhartha eile lena n-áirítear fianaise dhoiciméadach a chuireann an tairbhí ar fáil ar iarraidh ón údarás inniúil, lena bhféadfaí a cheadú go dtiocfaí ar chonclúidí deifnídeacha chun sástacht an údaráis inniúil.

Mura féidir na cuairteanna ar an oibríocht a dtugtar tacaíocht di nó ar an suíomh infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 48(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 a ionadú le fianaise dhoiciméadach ábhartha, déanfaidh na Ballstáit na cuairteanna sin tar éis na híocaíochta deiridh.

#### *Airteagal 2*

De mhaolú ar Airteagal 26(4) agus Airteagal 42(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, i gcás ina dtarlaíonn sé de thoradh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 nach bhfuil na Ballstáit in ann seiceálacha ar an láthair a dhéanamh laistigh den tréimhse ama a éilítear leis na forálacha sin, agus nach féidir leis na modhanna malartacha lena n-áirítear an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí nua an fhianaise is gá a sholáthar, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na seiceálacha sin a dhéanamh i leith na bliana éilimh 2022 nó na bliana féilire 2022 faoi seach tráth ar bith den bhliain, a mhéid a cheadófar leo na coinníollacha incháilitheachta a sheiceáil fós.

#### *Airteagal 3*

1. I gcás ina dtarlaíonn sé de thoradh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 nach bhfuil na Ballstáit in ann na seiceálacha ar an láthair a dhéanamh sa bhliain éilimh 2022 ná sa bhliain féilire 2022 faoi seach, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 30 go 33, Airteagal 40a(1), an chéad fómhír, pointe (c), Airteagal 40a(2), pointe (b), Airteagal 50(1), an chéad fómhír, Airteagal 52(2), Airteagal 60(2), an tríú fómhír, agus Airteagal 68(1), an chéad fómhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na rialacha a leagtar amach i míreanna 2 go 10 faoi seach den Airteagal seo a chur i bhfeidhm.



2. De mhaolú ar Airteagal 30 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, sa bhliain éilimh 2022 is é a bheidh sa ráta rialaithe, ar a laghad:

- (a) 3 % de na tairbhithé go léir a dhéanann iarratas ar scéim na híocaíochta bunúsaí nó ar an scéim íocaíochta aonair limistéir;
- (b) 3 % de na tairbhithé go léir a dhéanann iarratas ar an íocaíocht athdháilte;
- (c) 3 % de na tairbhithé go léir a dhéanann iarratas ar an íocaíocht le haghaidh limistéir lena mbaineann srianta nádúrtha;
- (d) 3 % de na tairbhithé go léir a dhéanann iarratas ar an íocaíocht le haghaidh feirmeoirí óga;
- (e) 3 % de na tairbhithé go léir a dhéanann iarratas ar íocaíochtaí a bhaineann le limistéar faoi thacaíocht chúpláilte dheonach;
- (f) 3 % de na tairbhithé go léir a dhéanann iarratas ar an íocaíocht faoi scéim na bhfeirmeoirí beaga;
- (g) 10 % de na limistéir arna ndearbhú um tháirgeadh cnáibe;
- (h) 3 % de na tairbhithé go léir a dhéanann iarratas ar an íocaíocht bharrshonrach le haghaidh cadáis.

Na Ballstáit a bhfuil cinneadh déanta acu cheana na rátaí rialaithe a laghdú le haghaidh scéimeanna áirithe go dtí 3 % i gcomhréir le hAirteagal 36 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, féadfaidh siad na céatadáin a leagtar amach le haghaidh na scéimeanna sin sa mhír seo a laghdú a thuilleadh go dtí 1 %. Na Ballstáit a bhfuil córas formheasta roimh ré acu chun cnáib a shaothrú i gcomhréir le hAirteagal 36(6) den Rialachán sin, ní dhéanfaidh siad an ráta rialaithe a laghdú a thuilleadh faoi bhun an 10 %.

3. De mhaolú ar Airteagal 31 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, sa bhliain éilimh 2022 is é a bheidh sa ráta rialaithe, ar a laghad:

- (a) 3 % de na tairbhithé go léir is gá chun na cleachtais talmhaíochta atá tairbhiúil don aeráid agus don chomhshaoil a urramú;
- (b) 1 %:
  - (i) de na tairbhithé go léir a cháilíonn don íocaíocht ghlasaithé atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí maidir le héagsúlú barr agus maidir leis an gceantar ina ndírítear ar an éiceolaíocht mar nach mbaineann siad amach na tairseacha dá dtagraítear in Airteagail 44 agus 46 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus nach mbaineann na hoibleagáidí leo dá dtagraítear in Airteagal 45 den Rialachán sin;
  - (ii) nó, sna blianta nach mbíonn feidhm ag Airteagal 44 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014 ón gCoimisiún <sup>(17)</sup> i mBallstát, de na tairbhithé a cháilíonn don íocaíocht ghlasaithé atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí maidir le héagsúlú barr agus maidir leis an gceantar ina ndírítear ar an éiceolaíocht araon mar nach mbaineann siad amach na tairseacha dá dtagraítear in Airteagail 44 agus 46 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus nach mbaineann an oibleagáid leo dá dtagraítear in Airteagal 45(1) den Rialachán sin;
- (c) 3 % de na tairbhithé go léir a gceanglaítear orthu na ceanglais ghlasaithé a urramú agus a úsáideann na scéimeanna náisiúnta nó réigiúnacha um dheimhniú comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 43(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

Cumhdóidh an ráta rialaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), an tráth céanna, 3 % ar a laghad de na tairbhithé go léir ag a bhfuil limistéir atá cumhdaithe le féaraigh bhuaana atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de i limistéir a chumhdaítear le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle <sup>(18)</sup> nó Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(19)</sup> agus limistéir íogaire eile dá dtagraítear in Airteagal 45(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

<sup>(17)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena leasaítear Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán sin (IO L 181, 20.6.2014, lch. 1).

<sup>(18)</sup> Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

<sup>(19)</sup> Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héim fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

4. De mhaolú ar Airteagal 32 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, sa bhliain éilimh 2022 is é a bheidh sa ráta rialaithe, ar a laghad:

- (a) 3 % de na tairbhíthe go léir a dhéanann iarratas ar bhearta forbartha tuaithe;
- (b) 3 % de na comhfheirmeacha go léir a gcuirtear éileamh comhchoiteann isteach ina leith.

Maidir leis an ráta rialaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), le haghaidh na mbeart dá bhforáiltear in Airteagail 28 agus 29 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(20)</sup>, déanfar an ráta rialaithe 3 % a bhaint amach ar leibhéal an bhirt aonair.

5. De mhaolú ar Airteagal 33 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, sa bhliain éilimh 2022 is é a bheidh sa ráta rialaithe 3 % ar a laghad de na tairbhíthe go léir a dhéanann iarratas ar scéimeanna cabhrach d'ainmhithe ina gcumhdaítear 3 % d'ainmhithe ar a laghad.

6. De mhaolú ar Airteagal 40a(1), an chéad fhomhír, pointe (c), an chéad abairt, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, déanfar na seiceálacha ábhartha a bhaineann leis na critéir incháilitheachta, na gealltanais agus na hoibleagáidí eile le haghaidh 3 % ar a laghad de na tairbhíthe lena mbaineann.

7. De mhaolú ar Airteagal 40a(2), pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, déanfar fíoruithe an chion teitrihidreacannaibionóil i gcnáib i gcás 10 % ar a laghad den limistéar.

8. De mhaolú ar Airteagal 50(1), an chéad fhomhír, agus Airteagal 60(2), an tríú fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, sa bhliain féilire 2022 is é 3 % ar a laghad a bheidh sa ráta seiceálacha.

9. De mhaolú ar Airteagal 52(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, sa bhliain féilire 2022 is é a bheidh sa ráta rialaithe, i gcás seiceálacha *ex post*, 0,6 % ar a laghad.

10. De mhaolú ar Airteagal 68(1), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, sa bhliain éilimh 2022 is é a bheidh san íosráta rialaithe le haghaidh tras-chomhlíonta 0,5 %.

## CAIBIDIL II

### MAOLUITHE AR NA BEARTA SONRACHA I bhFABHAR NA RÉIGIÚN IS FORIMEALLAÍ DEN AONTAS AGUS NA nOILEÁN AEIGÉACH IS LÚ

#### ROINN I

#### ***Maoluithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014***

##### *Airteagal 4*

1. De mhaolú ar Airteagal 16(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014, i gcás nach bhfuil na Ballstáit in ann, de thoradh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, seiceálacha fisiceacha a dhéanamh sna réigiúin is forimeallaí i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach san fhoráil sin, sa bhliain 2022 féadfaidh na Ballstáit a chinneadh seiceálacha fisiceacha a eagrú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo.

2. Na seiceálacha fisiceacha a dhéanfar sa réigiún is forimeallaí lena mbaineann maidir le hallmhairiú, tabhairt isteach, onnmhairiú agus seoladh táirgí talmhaíochta, is é a bheidh i gceist iontu sampla ionadaíoch 3 % ar a laghad de na ceadúnais agus na deimhnithe arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014.

<sup>(20)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

3. De mhaolú ar Airteagal 22 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014, i gcás nach bhfuil na Ballstáit in ann, de thoradh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, seiceálacha ar an láthair a dhéanamh sna réigiúin is forimeallaí i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach san Airteagal sin, sa bhliain 2022 féadfaidh na Ballstáit a chinneadh seiceálacha ar an láthair a eagrú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo.

4. Ar bhonn anailís riosca a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014, déanfaidh na húdaráis inniúla seiceálacha ar an láthair trí 3 % ar a laghad de na hiarratais ar chabhair a shampláil. Is é a bheidh sa sampla freisin 3 % ar a laghad de na méideanna a chumhdaítear leis an gcabhair le haghaidh gach gníomhaíochta.

5. De mhaolú ar Airteagal 16(2) agus Airteagal 22 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014, i gcás nach bhfuil na Ballstáit in ann, de thoradh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, seiceálacha ar an láthair a dhéanamh i leith na mbeart sonracha i bhfabhar na réigiún is forimeallaí i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sna forálacha sin le haghaidh na bliana 2022, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh:

- (a) úsáid teicneolaíochtaí nua a chur in ionad seiceálacha ar an láthair, lena n-áirítear grianghraif gheochlibeáilte, grianghraif a bhfuil dáta orthu, tuarascálacha faireachais ladrainn a bhfuil dáta orthu, físchomhdhálacha leis na tairbhíthe nó aon fhianaise dhoiciméadach ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ina chuidiú agus cur chun feidhme ceart na mbeart á fhíorú;
- (b) na seiceálacha sin a dhéanamh tráth ar bith den bhliain, a mhéid a cheadófar leo go fóill na coinníollacha incháilitheachta a sheiceáil, lena n-áirítear é sin a dhéanamh tar éis na híocaíochta deiridh.

## ROINN 2

### **Maoluithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 181/2014**

#### *Airteagal 5*

1. De mhaolú ar Airteagal 13(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 181/2014, i gcás nach bhfuil an Ghréig, de thoradh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, in ann seiceálacha fisiceacha a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach san fhoráil sin, sa bhliain 2022 féadfaidh an Ghréig a chinneadh seiceálacha fisiceacha a eagrú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo.

2. Na seiceálacha fisiceacha a dhéanfar sna hoileáin Aeigéacha is lú ar thabhairt isteach táirgí talmhaíochta, beidh sampla ionadaíoch i gceist leo ina mbeidh 3 % ar a laghad de na deimhnithe arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 181/2014. Na seiceálacha fisiceacha a dhéanfar sna hoileáin Aeigéacha is lú ar an onnmhairiú nó ar an seoladh dá bhforáiltear i Roinn 3 den Rialachán sin, beidh sampla ionadaíoch i gceist leo de 3 % ar a laghad de na hoibríochtaí, bunaithe ar na próifíil riosca arna mbunú ag an nGréig.

3. De mhaolú ar Airteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 181/2014, i gcás nach bhfuil an Ghréig in ann, de thoradh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, seiceálacha ar an láthair a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach san Airteagal sin, sa bhliain 2022 féadfaidh an Ghréig a chinneadh seiceálacha ar an láthair a eagrú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo.

4. Ar bhonn anailís riosca i gcomhréir le hAirteagal 22(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 181/2014, déanfaidh na húdaráis inniúla seiceálacha ar an láthair trí shampláil a dhéanamh, maidir le gach gníomhaíocht, ar 3 % ar a laghad de na hiarratais ar chabhair. Is é a bheidh sa sampla freisin 3 % ar a laghad de na méideanna a chumhdaítear leis an gcabhair le haghaidh gach gníomhaíochta.

5. De mhaolú ar Airteagal 13(2) agus Airteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 181/2014, i gcás nach bhfuil an Ghréig in ann, de thoradh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, seiceálacha ar an láthair a dhéanamh i leith na mbeart sonracha i bhfabhar na n-oileán Áigéach is lú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sna forálacha sin le haghaidh na bliana 2022, féadfaidh an Ghréig a chinneadh:

- (a) úsáid teicneolaíochtaí nua a chur in ionad seiceálacha ar an láthair, lena n-áirítear grianghraif gheochlibeáilte, grianghraif a bhfuil dáta orthu, tuarascálacha faireachais ladrainn a bhfuil dáta orthu, físchomhdhálacha leis na tairbhíthe nó aon fhianaise dhoiciméadach ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ina chuidiú agus cur chun feidhme ceart na mbeart á fhíorú;
- (b) na seiceálacha sin a dhéanamh tráth ar bith den bhliain, a mhéid a cheadófar leo go fóill na coinníollacha incháilitheachta a sheiceáil, lena n-áirítear é sin a dhéanamh tar éis na híocaíochta deiridh.

## CAIBIDIL III

**MAOLUITHE AR RIALACHA LENA gCUIRTEAR COMHEAGRAÍOCHT NA MARGAÍ CHUN FEIDHME**

## ROINN 1

***Maoluithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892****Airteagal 6*

1. De mhaolú ar Airteagal 24 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, ní bheidh feidhm ag seiceálacha ar an láthair maidir le critéir aitheantais le haghaidh na bliana 2022.
2. De mhaolú ar Airteagal 27(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, sa bhliain 2022 bainfidh na seiceálacha ar an láthair dá dtagraítear in Airteagal 27 den Rialachán sin le sampla arb é a bheidh ann 10 % ar a laghad den chabhair iomlán ar a ndearnadh iarratas le haghaidh na bliana 2021.
3. De mhaolú ar Airteagal 27(7) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, maidir leis an riail go mbeidh gníomhaíochtaí ar ghabháiltais aonair bhaill na n-eagraíochtaí táirgeoirí a chumhdaítear leis an sampla dá dtagraítear in Airteagal 27(2) den Rialachán sin faoi réir cuairt amháin ar a laghad ar an áit ina gcuirtear an ghníomhaíocht chun feidhme chun a fhíorú gur cuireadh an ghníomhaíocht i gcrích, ní bheidh feidhm aici i gcás na seiceálacha ar an láthair a dhéanfar sa bhliain 2022.
4. De mhaolú ar Airteagal 29(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, sa bhliain 2022 féadfaidh na Ballstáit seiceáil a dhéanamh, maidir le gach táirge a tharraingítear siar, gan beann ar an gceann scríbe atá beartaithe dóibh, ar chéatadán níos lú ná an céatadán sin a leagtar síos san fhoráil sin, ar choinníoll nach lú ná 10 % é de na cainníochtaí lena mbaineann le linn bliain mhargaíochta aon eagraíochta táirgeoirí ar leith.
5. De mhaolú ar Airteagal 30(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, sa bhliain 2022 beidh sampla ar áireamh i ngach seiceáil arb é a bheidh ann 3 % ar a laghad de na cainníochtaí a tharraing an eagraíocht táirgeoirí siar le linn na bliana margáíochta 2021.
6. De mhaolú ar Airteagal 27(2) agus (7), Airteagal 29(2), Airteagal 30(3) agus Airteagal 31(1) agus (2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, le linn na bliana 2022, i gcás ina gcuireann na bearta a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 cosc ar na Ballstáit seiceálacha ar an láthair a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha sin, féadfar cineálacha eile seiceálacha a shaineoidh na Ballstáit a chur in ionad na seiceálacha sin, amhail grianghraif gheochlibeáilte, grianghraif a bhfuil dáta orthu, tuarascálacha faireachais ladrainn a bhfuil dáta orthu, seiceálacha riaracháin nó físchomhdhálacha leis na tairbhíthe.

## ROINN 2

***Maoluithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150****Airteagal 7*

1. De mhaolú ar Airteagal 32(1) agus Airteagal 42(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, le linn na bliana airgeadais 2022, i gcás ina gcuireann na bearta a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 cosc ar na Ballstáit seiceálacha ar an láthair a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha sin, féadfar cineálacha eile rialuithe a shaineoidh na Ballstáit a chur in ionad na seiceálacha sin, amhail grianghraif a bhfuil dáta orthu, tuarascálacha faireachais ladrainn a bhfuil dáta orthu, seiceálacha riaracháin nó físchomhdhálacha leis na tairbhíthe, lena ráthaítear go ndéantar na rialacha a bhaineann leis na cláir thacaíochta in earnáil an fhíona a urramú.

2. De mhaolú ar Airteagal 43(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, le linn na bliana airgeadais 2022, i gcás ina gcuireann na bearta a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 cosc ar na Ballstáit seiceálacha ar an láthair a dhéanamh i gcomhréir leis an bhforáil sin, déanfar na seiceálacha sin ar oibríochtaí glasbhuinte faoin 15 Meán Fómhair 2022.

ROINN 3

**Maoluithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/274**

*Airteagal 8*

1. De mhaolú ar Airteagal 27(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/274, i gcás ina gcuireann na bearta a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 cosc ar na Ballstáit le linn thréimhse an fhómhair fíonchaor sa bhliain 2022 fíonchaora úra a bhailiú agus a phróiseáil a mhéad is gá le haghaidh líon na samplaí a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin, féadfaidh na Ballstáit maolú ar an líon samplaí sin.

2. De mhaolú ar Airteagal 31(2), pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/274, i gcás ina gcuireann na bearta a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 cosc ar na Ballstáit seiceálacha ar an láthair a dhéanamh sa bhliain 2022 i gcomhréir leis an bhforáil sin, déanfaidh na Ballstáit na seiceálacha sin ar 3 % ar a laghad de na saothróirí fíniúna go léir a shainaithnítear i gclár na bhfíonghort.

3. De mhaolú ar Airteagal 31(2), pointe (c), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/274, féadfaidh na Ballstáit sa bhliain 2022 seiceálacha córasacha ar an láthair a chur ar fionraí go sealadach i limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha nach n-áirítear in aon chomhad saothróra fíniúna, i gcásanna ina gcuireann na bearta a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 cosc ar na Ballstáit seiceálacha den sórt sin a dhéanamh.

ROINN 4

**Maoluithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014**

*Airteagal 9*

De mhaolú ar Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014, i gcás ina gcuireann na bearta a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 cosc ar na Ballstáit na seiceálacha ar an láthair a dhéanamh in am trátha sa bhliain féilire 2022, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na seiceálacha ar an láthair a ionadú i bpáirt nó go hiomlán le seiceálacha riaracháin nó trí úsáid a bhaint as fianaise ábhartha, lena n-áirítear grianghraif gheochlíbeáilte, físchomhráite nó fianaise eile i bhformáid leictreonach.

ROINN 5

**Maoluithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1368**

*Airteagal 10*

De mhaolú ar Airteagal 8(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1368, le linn na bliana beachadóireachta 2022 féadfaidh na Ballstáit a chinneadh imeacht ón tairseach 5 % maidir le seiceálacha ar an láthair ar iarratasóirí ar chabhair faoi chuimsiú a gclár beachadóireachta ar choinníoll go ndéanann siad na seiceálacha ar an láthair a bhí beartaithe a ionadú le seiceálacha malartacha trí ghrianghraif a iarraidh, trí fhíschomhráite nó trí aon mhodh eile a d'fhéadfadh a bheith ina thacaíocht agus cur chun feidhme ceart na mbearta áirítear sa chlár beachadóireachta á fhíorú.

## CAIBIDIL IV

## LEASUITHE AR RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/725

*Airteagal 11*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/725 mar a leanas:

1. Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. De mhaolú ar Airteagal 35 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan an méadú a chur i bhfeidhm ar an ráta rialaithe ar cheart a bheith curtha i bhfeidhm sa bhliain éilimh 2021 i gcás na scéimeanna cabhrach agus na mbeart tacaíochta dá dtagraítear i míreanna 2 go 5 den Airteagal seo.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

“10. De mhaolú ar Airteagal 50(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan an méadú a chur i bhfeidhm ar an ráta rialaithe ar cheart a bheith curtha i bhfeidhm sa bhliain féilire 2021 i gcás na scéimeanna cabhrach agus na mbeart tacaíochta dá dtagraítear i míreanna 2 go 5 den Airteagal seo.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 13:

“13. De mhaolú ar Airteagal 68(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan an méadú a chur i bhfeidhm ar rátaí rialaithe ar cheart a bheith curtha i bhfeidhm sa bhliain éilimh 2021.”;

2. in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. De mhaolú ar Airteagal 59(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan an méadú a chur i bhfeidhm ar an ráta rialaithe ar cheart a bheith curtha i bhfeidhm sa bhliain éilimh 2021 i gcás na scéimeanna cabhrach agus na mbeart tacaíochta dá dtagraítear i míreanna 1 go 5 den Airteagal seo.”;

3. in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. De mhaolú ar Airteagal 59(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, féadfaidh an Ghréig a chinneadh gan an méadú a chur i bhfeidhm ar an ráta rialaithe ar cheart a bheith curtha i bhfeidhm sa bhliain éilimh 2021 i gcás na scéimeanna cabhrach agus na mbeart tacaíochta dá dtagraítear i míreanna 1 go 5 den Airteagal seo.”.

## CAIBIDIL V

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 12*

I gcás na mBallstát a chuireann na forálacha faoi Chaibidilí I, II agus III i bhfeidhm, áireofar sa dearbhú bainistíochta a bheidh le tarraingt suas de bhun Airteagal 7(3), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 i gcás na mblianta airgeadais 2022 agus 2023 deimhniú gur cuireadh cosc ar ró-íocaíochtaí le tairbhíthe agus gur tionscnaíodh aisghabháil méideanna neamhdhlite bunaithe ar fhíorú na faisnéise go léir is gá.

## CAIBIDIL VI

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 13*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Caibidil I agus II, Caibidil III, Ranna 3 agus 4, agus Caibidil IV ón 1 Eanáir 2022.

Beidh feidhm ag Caibidil III, Ranna 1 agus 2, ón 16 Deireadh Fómhair 2021.

Beidh feidhm ag Caibidil III, Roinn 5, ón 1 Lúnasa 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1217 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 14 Iúil 2022**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 a mhéid a bhaineann le hasbhaintí ó chuótaí iascaireachta arna leithdháileadh ar an Spáinn le haghaidh 2021, 2022 agus 2023**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 105(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) In 2013, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 <sup>(2)</sup> lena bhforáiltear maidir le hasbhaintí ón gcuóta ronnach arna leithdháileadh ar an Spáinn in 2013 i roinn 8c ICES, i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais i 34.1.1 CECAF agus ón gcuóta ainseabhaithe i bhfolimistéir 8 ICES de dheasca ró-iascaireacht ar an gcuóta ronnach in 2009.
- (2) Ní dharna an Spáinn 3 400 tona den chuóta ábhartha ronnach a iascach in 2021, rud a fhágann gur lú an brú iascaireachta ar an stoc sin i gcomparáid leis an uasmhéid a ceadaíodh de réir na ndeiseanna iascaireachta arna leithdháileadh le haghaidh na bliana sin. D'iarr an Spáinn go gcuirfí na cainníochtaí sin nach ndearnadh a iascach san áireamh i gcomhair asbhaintí le haghaidh 2021 agus na hasbhaintí dá bhforáiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 le haghaidh na mblianta 2022 agus 2023 a laghdú dá réir. Ba cheart na cainníochtaí i gcomhair asbhaintí le haghaidh 2021, 2022 agus 2023 atá bunaithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 a oiriúnú dá réir sin.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 a leasú dá réir.
- (4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Iascach agus Dobharshaothrú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirtear í in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 ón gCoimisiún an 5 Márta 2013 lena bhforáiltear maidir le hasbhaintí ó chuótaí áirithe iascaireachta arna leithdháileadh ar an Spáinn in 2013 agus sna blianta ina dhiaidh sin de dheasca ró-iascaireacht ar chuóta áirithe ronnach in 2009 (IO L 62, 6.3.2013, lch. 1).



Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRIBHINN

| Stoc       | Cuóta tosaigh 2009 | Cuóta oiriúnaithe 2009 | Gabhálacha deimhnithe 2009 | An difríocht idir an cuóta agus na gabhálacha (ró-iascaireacht) | Asbhaint 2013 | Asbhaint 2014 | Asbhaint 2015 | Asbhaint 2016 | Asbhaint 2017 | Asbhaint 2018 | Asbhaint 2019 | Asbhaint 2020 | Asbhaint 2021 | Asbhaint 2022 | Asbhaint 2023 |
|------------|--------------------|------------------------|----------------------------|---|---------------|---------------|---------------|---------------|---------------|---------------|---------------|---------------|---------------|---------------|---------------|
| MAC8C 3411 | 29 529             | 25 525                 | 90 954                     | -<br>65 429   | 100           | 100           | 100           | 5 544         | 6 283         | 4 805         | 7 762         | 3 328         | 8 944         | 2 411         | 0             |
| ANE08 (1)  |                    |                        |                            |   |               |               |               | 3 696         | 4 539         | 2 853         | 3 696         | 3 696         | 3 696         | 3 696         | 180           |

(1) Le haghaidh ainseabhaithe, is é atá i gceist le “bliain” an séasúr iascaireachta a gcuirtear tús leis an bhliain sin.

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1218 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Iúil 2022

**lena leasaítear Iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a mhéid a bhaineann le formheas an stádas saor ó ghalair atá ag Ballstáit áirithe nó criosanna díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus le formheas na gclár díothaithe le haghaidh galair liostaithe áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagail 31(3) agus 36(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2016/429 rialacha sonracha ó thaobh galair de maidir leis na galair a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de agus leagtar síos an chaoi a gcuirfeadh na rialacha sin i bhfeidhm maidir le catagóirí éagsúla galair liostaithe. Déantar foráil i Rialachán (AE) 2016/429 go mbunóidh na Ballstáit cláir dhíothaithe éigeantacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (b), de, agus déantar foráil ann maidir le cláir dhíothaithe roghnacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (c), de agus maidir le formheas na gclár sin ag an gCoimisiún. Foráiltear leis an Rialachán freisin maidir leis an bhformheas nó an tarraingt siar a dhéanfaidh an Coimisiún ar stádas saor ó ghalair Ballstát nó criosanna nó deighleoga díobh maidir le galair liostaithe áirithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (b) agus (c), de.
- (2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>, déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos na critéir maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú, a choinneáil, a chur ar fionraí agus a tharraingt siar i gcás Ballstát nó criosanna nó deighleoga díobh, agus na ceanglais maidir le formheas clár díothaithe éigeantach nó roghnach le haghaidh Ballstát nó criosanna nó deighleog díobh.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>, leagtar síos rialacha cur chun feidhme do na galair liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1) pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/429, maidir le hainmhithe, a mhéid a bhaineann le stádas saor ó ghalair agus neamh-vacsáinthe Ballstát áirithe nó criosanna nó deighleoga díobh, agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin. Go háirithe, liostaítear ann sna hIarscríbhinní a ghabhann leis, na Ballstáit nó na criosanna nó deighleoga díobh a bhfuil stádas saor ó ghalair acu agus liostaítear ann freisin na cláir dhíothaithe fhormheasta atá ann cheana. Mar gheall ar an athrú atá ag teacht ar an staid eipidéimeolaíoch i gcás galair áirithe, is gá Ballstáit nua atá saor ó ghalair nó criosanna díobh a liostú agus cláir dhíothaithe áirithe arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin a fhormheas.
- (4) I gcás ionfhabhtú *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis*, ionfhabhtú coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*Mycobacterium bovis*, *M. caprae* agus *M. tuberculosis*) (MTBC), liúcóis bhólachta eansótach (LBE), ionfhabhtú na buinní víreasaí bólachta (BVB) agus ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (BTV), tá roinnt Ballstát tar éis iarratas a dhéanamh don Choimisiún stádas saor ó ghalair nó cláir dhíothaithe a fhormheas le haghaidh a gríche iomláine nó le haghaidh cuid dá gríoch.

<sup>(1)</sup> IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha d'fhaireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair do ghalair áirithe atá liostaithe agus ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádas saor ó ghalair agus an stádas neamh-vacsáinthe atá ag Ballstáit áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin (IO L 131, 16.4.2021, lch. 78).

- (5) Maidir le hionfhabhtú *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* i mbó-ainmhithe, chuir an Iodáil faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalar a aithint, coinníollacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 i gCúige Vibo Valentia i Réigiún Calabria agus i gCúige Teramo i Réigiún Abruzzo. Dá bhrí sin, ba cheart na criosanna sin a liostú mar chriosanna saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* i mbó-ainmhithe i gCuid I, Caibidil 1, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620.
- (6) Maidir le hionfhabhtú *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* in ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair, chuir an Iodáil faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalar a aithint, coinníollacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 i gCúige Lecce i Réigiún Puglia. Dá bhrí sin, ba cheart an crios sin a liostú mar chrios saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* in ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair i gCuid I, Caibidil 2, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620.
- (7) Maidir le hionfhabhtú le MTBC, chuir an Iodáil faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó MTBC a aithint, coinníollacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 i gCúigí Aquila, Chieti agus Teramo i Réigiún Abruzzo, i gCúige Latina i Réigiún Lazio, i gCúigí Bari agus Taranto i Réigiún Puglia agus i gCúige Nuoro i Réigiún na Sairdíne. Dá bhrí sin, ba cheart na criosanna sin a liostú mar chriosanna saor ó ionfhabhtú le MTBC i gCuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620.
- (8) Maidir le hionfhabhtú le LBE, tá iarratas curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gCróit ar chlár díothaithe a bheith formheasta dá críoch. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann an iarratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le cláir dhíothaithe le haghaidh LBE a fhormheas. Dá bhrí sin, ba cheart an Ballstát sin a liostú dá réir sin i gCuid II d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar Bhallstát ag a bhfuil clár díothaithe formheasta le haghaidh LBE.
- (9) Maidir le hionfhabhtú BVB, tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an Danmhairg agus ag an nGearmáin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó BVB a aithint, coinníollacha a leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 i gcríoch iomláin na Danmhairge agus in Landkreis Ravensburg, Erding, Weilheim-Schongau, Oberallgäu agus Fulda sa Ghearmáin, faoi seach. Dá bhrí sin, ba cheart an Ballstát sin agus na criosanna sin a liostú dá réir sin i gCuid I d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar Bhallstát nó criosanna ag a bhfuil stádas saor ó ghalar le haghaidh BVB.
- (10) Maidir le hionfhabhtú le BVB, tá iarratas curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Éirinn ar chlár díothaithe a bheith formheasta dá críoch. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann an t-iarratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le cláir dhíothaithe le haghaidh BVB a fhormheas. Dá bhrí sin, ba cheart an Ballstát sin a liostú dá réir sin i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar Bhallstát ag a bhfuil clár díothaithe formheasta le haghaidh BVB.
- (11) A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le BTV, tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an nGearmáin lena léirítear go bhfuil na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalar le haghaidh BTV a aithint comhlíonta i gcás chríoch iomlán Baden-Württemberg, Hessen agus Nordrhein-Westfalen. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann na hiarratais sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalar a dheonú le haghaidh BTV. Dá bhrí sin, ba cheart na criosanna sin a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chriosanna ag a bhfuil stádas saor ó ghalar le haghaidh BTV.
- (12) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní I, II, IV, VII agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a leasú dá réir.
- (13) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, IV, VII agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

—

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, IV, VII agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) leasaítear Cuid I mar a leanas:

(i) i gCaibidil 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

| Ballstát   | Críoch  |
|------------|---|
| "An Iodáil | Regione Abruzzo: Provincia di Pescara, Teramo<br>Regione Calabria: Provincia di Vibo Valentia<br>Regione Campania: Province di Avellino, Benevento, Napoli<br>Regione Emilia-Romagna<br>Regione Friuli Venezia Giulia<br>Regione Lazio<br>Regione Liguria<br>Regione Lombardia<br>Regione Marche<br>Regione Molise: Provincia di Campobasso<br>Regione Piemonte<br>Regione Puglia: Province di Bari, Barletta-Andria-Trani, Brindisi, Lecce<br>Regione Sardegna<br>Regione Toscana<br>Regione Trentino – Alto Adige<br>Regione Umbria<br>Regione Valle d'Aosta<br>Regione Veneto" |

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidil 2:

## "CAIBIDIL 2

**Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalar maidir le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* i bpobail ainmhithe caorach agus gabhair**

| Ballstát (*) | Críoch  |
|--------------|---|
| An Bheilg    | Críoch iomlán   |
| An tSeicia   | Críoch iomlán   |
| An Danmhairg | Críoch iomlán   |
| An Ghearmáin | Críoch iomlán   |
| An Eastóin   | Críoch iomlán   |
| Éire         | Críoch iomlán   |
| An Spáinn    | Críoch iomlán   |
| An Fhrainc   | Région Auvergne et Rhône-Alpes<br>Région Bourgogne-Franche-Comté<br>Région Bretagne<br>Région Centre-Val de Loire<br>Région Corse<br>Région Grande Est<br>Région Hauts-de-France<br>Région Ile-de-France<br>Région Normandie<br>Région Nouvelle-Aquitaine |

|  |   |
|--|---|
|  | Région Occitanie<br>Région Pays de la Loire<br>Région Provence-Alpes-Côte d'Azur  |
| An Iodáil                                | Regione Abruzzo<br>Regione Calabria: Province di Catanzaro, Cosenza<br>Regione Campania: Provincia di Benevento<br>Regione Emilia-Romagna<br>Regione Friuli Venezia Giulia<br>Regione Lazio<br>Regione Liguria<br>Regione Lombardia<br>Regione Marche<br>Regione Molise<br>Regione Piemonte<br>Regione Puglia: Province di Bari, Barletta-Andria-Trani, Brindisi, Lecce, Taranto<br>Regione Sardegna<br>Regione Toscana<br>Regione Trentino – Alto Adige<br>Regione Umbria<br>Regione Valle d'Aosta<br>Regione Veneto |
| An Chipir                                | Críoch iomlán   |
| An Laitvia                               | Críoch iomlán   |
| An Liotuáin                              | Críoch iomlán   |
| Lucsamburg                               | Críoch iomlán   |
| An Ungáir                                | Críoch iomlán   |
| An Ísiltír                               | Críoch iomlán   |
| An Ostair                                | Críoch iomlán   |
| An Pholainn                              | Críoch iomlán   |
| An Phortaingéil                          | Região Autónoma dos Açores  |
| An Rómáin                                | Críoch iomlán   |
| An tSlóivéin                             | Críoch iomlán   |
| An tSlóvaic                              | Críoch iomlán   |
| An Fhionlainn                            | Críoch iomlán   |
| An tSualainn                             | Críoch iomlán   |
| An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann) | Tuaisceart Éireann  |

(\*) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, baineann tagairtí do Bhallstáit leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.”

(b) leasaítear Cuid II mar a leanas:

(i) i gCaibidil 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

| Ballstát   | Críoch  |
|------------|---|
| “An Iodáil | Regione Abruzzo: Provincia dell'Aquila, di Chieti<br>Regione Basilicata |

|  |  |
|--|--|
|  | Regione Calabria: Provincia di Catanzaro, Cosenza, Crotona, Reggio Calabria<br>Regione Campania: Provincia di Caserta, Salerno<br>Regione Molise: Provincia di Isernia<br>Regione Puglia: Provincia di Foggia, Taranto<br>Regione Sicilia” |
|--|--|

(ii) i gCaibidil 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

| Ballstát   | Críoch   |
|------------|--|
| “An Iodáil | Regione Basilicata<br>Regione Calabria: Provincia di Crotona, Reggio Calabria, Vibo Valentia<br>Regione Campania: Provincia di Caserta, Salerno, Avellino, Napoli<br>Regione Puglia: Provincia di Foggia<br>Regione Sicilia” |

(2) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad Chuid I:

“CUID I

**Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le MTBC**

| Ballstát     | Críoch   |
|--------------|--|
| An Bheilg    | Críoch iomlán  |
| An tSeicia   | Críoch iomlán  |
| An Danmhairg | Críoch iomlán  |
| An Ghearmáin | Críoch iomlán  |
| An Eastóin   | Críoch iomlán  |
| An Spáinn    | Comunidad Autónoma de Canarias<br>Comunidad Autónoma de Galicia<br>Comunidad Autónoma del País Vasco<br>Comunidad Autónoma del Principado de Asturias  |
| An Fhrainc   | Críoch iomlán  |
| An Iodáil    | Regione Abruzzo<br>Regione Basilicata: Provincia di Matera<br>Regione Emilia-Romagna<br>Regione Friuli Venezia Giulia<br>Regione Lazio: Provincia di Frosinone, Latina, Rieti, Viterbo<br>Regione Liguria<br>Regione Lombardia<br>Regione Marche: Provincia di Ancona, Ascoli Piceno, Fermo, Pesaro-Urbino<br>Regione Molise<br>Regione Piemonte<br>Regione Puglia: Provincia di Bari, Taranto<br>Regione Sardegna: Citta metropolitana di Cagliari, Provincia di Nuoro, Oristano, Sud Sardegna<br>Regione Toscana<br>Regione Trentino – Alto Adige<br>Regione Umbria<br>Regione Valle d’Aosta<br>Regione Veneto |



|                 |  |
|-----------------|--|
| An Laitvia      | Críoch iomlán  |
| An Liotuáin     | Críoch iomlán  |
| Lucsamburg      | Críoch iomlán  |
| An Ungáir       | Críoch iomlán  |
| An Ísiltír      | Críoch iomlán  |
| An Ostair       | Críoch iomlán  |
| An Pholainn     | Críoch iomlán  |
| An Phortaingéil | Região Algarve: all distritos<br>Região Autónoma dos Açores seachas Ilha de São Miguel |
| An tSlóivéin    | Críoch iomlán  |
| An tSlóvaic     | Críoch iomlán  |
| An Fhionlainn   | Críoch iomlán  |
| An tSualainn    | Críoch iomlán”   |

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid II:

“CUID II

**Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le MTBC**

| Ballstát (*)    | Críoch   |
|-----------------|--|
| An Bhulgáir     | Críoch iomlán  |
| An Chróit       | Críoch iomlán  |
| An Chipir       | Críoch iomlán  |
| An Ghréig       | Críoch iomlán  |
| Éire            | Críoch iomlán  |
| An Iodáil       | Regione Basilicata: Provincia di Potenza<br>Regione Calabria<br>Regione Campania<br>Regione Lazio: Provincia di Roma<br>Regione Marche: Provincia di Macerata<br>Regione Puglia: Provincia di Barletta-Adria-Trani, Brindisi, Foggia, Lecce<br>Regione Sardegna: Provincia di Sassari<br>Regione Sicilia |
| Málta           | Críoch iomlán  |
| An Phortaingéil | Região Autónoma dos Açores: Ilha de São Miguel<br>Região Autónoma da Madeira<br>Distritos Aveiro, Beja, Braga, Bragança, Castelo Branco, Coimbra, Evora, Guarda, Leiria, Lisboa, Portalegre, Porto, Santarem, Setubal, Viana do Castelo, Vila Real, Viseu  |
| An Rómáin       | Críoch iomlán  |
| An Spáinn       | Comunidad Autónoma de Andalucía<br>Comunidad Autónoma de Aragón<br>Comunidad Autónoma de Islas Baleares<br>Comunidad Autónoma de Cantabria   |

|   |  |
|---|--|
|   | Comunidad Autónoma de Castilla-La Mancha<br>Comunidad Autónoma de Castilla y León<br>Comunidad Autónoma de Cataluña<br>Comunidad Autónoma de Extremadura<br>Comunidad Autónoma de La Rioja<br>Comunidad Autónoma de Madrid<br>Comunidad Autónoma de Murcia<br>Comunidad Autónoma de Navarra,<br>Comunidad Autónoma de Valencia |
| An Ríocht Aontaithe<br>(Tuaisceart Éireann) | Tuaisceart Éireann   |

(\*) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, baineann tagairtí do Bhallstáit leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann”

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IV, Cuid II:

“CUID II

#### **Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le LBE**

| Ballstát  | Críoch        | Dáta an fhortheasa tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán Tarmhligthe (AE) 2020/689 |
|-----------|---------------|---|
| An Chróit | Críoch iomlán | An 18 Iúil 2022”  |

(4) in Iarscríbhinn VII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chodanna I agus II:

“CUID I

#### **Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalar maidir le BVB**

| Ballstát      | Críoch  |
|---------------|---|
| An Ostair     | Críoch iomlán   |
| An Danmhairg  | Críoch iomlán   |
| An Fhionlainn | Críoch iomlán   |
| An Ghearmáin  | Bundesland Baden-Württemberg<br>Bundesland Bayern:<br>Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Oberbayern: Ingolstadt, Stadt München, Stadt Rosenheim, Altötting, Berchtesgadener Land, Bad Tölz-Wolfartshausen, Ebersberg, Eichstätt, Erding, Freising, Fürstentfeldbruck, Garmisch-Partenkirchen, Landsberg am Lech, Miesbach, Mühldorf am Inn, Lkr. München, Neuburg-Schrobenhausen, Pfaffenhofen an der Ilm, Lkr. Rosenheim, Starnberg, Traunstein, Weilheim-Schongau<br>Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Niederbayern: Stadt Landshut, Stadt Passau, Stadt Straubing, Freyung-Grafenau, Kelheim, Lkr. Landshut, Lkr. Passau, Regen, Rottal-Inn<br>Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Oberpfalz: Stadt Amberg, Stadt Regensburg, Weiden in der Oberpfalz, Lkr. Amberg-Sulzbach, Cham, Neumarkt in der Oberpfalz, Neustadt an der Waldnaab, Lkr. Regensburg, Schwandorf, Tirschenreuth |

|              |   |
|--------------|---|
|              | <p>Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Oberfranken: Stadt Bamberg, Stadt Bayreuth, Stadt Coburg, Stadt Hof, Lkr. Bamberg, Lkr. Bayreuth, Lkr. Coburg, Forchheim, Lkr. Hof, Kronach, Kulmbach, Lichtenfels, Wunsiedel im Fichtelgebirge</p> <p>Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Mittelfranken: Stadt Ansbach, Stadt Erlangen, Stadt Fürth, Nürnberg, Schwabach, Lkr. Ansbach, Lkr. Erlangen-Höchstadt, Lkr. Fürth, Nürnberger Land, Neustadt an der Aisch-Bad Windsheim, Roth, Weißenburg-Gunzenhausen</p> <p>Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Unterfranken: Stadt Aschaffenburg, Stadt Schweinfurt, Stadt Würzburg, Lkr. Aschaffenburg, Bad Kissingen, Röhn-Grabfeld, Haßberge, Kitzingen, Miltenberg, Main-Spessart, Lkr. Schweinfurt, Lkr. Würzburg</p> <p>Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Schwaben: Stadt Augsburg, Kaufbeuren, Kempten im Allgäu, Memmingen, Aichach-Friedberg, Dillingen an der Donau, Neu-Ulm, Lindau, Oberallgäu, Unterallgäu, Donau-Ries</p> <p>Bundesland Brandenburg<br/>         Bundesland Bremen<br/>         Bundesland Hamburg<br/>         Bundesland Hessen<br/>         Bundesland Mecklenburg-Vorpommern<br/>         Bundesland Rheinland-Pfalz<br/>         Bundesland Saarland<br/>         Bundesland Sachsen<br/>         Bundesland Sachsen-Anhalt<br/>         Bundesland Thüringen</p> |
| An tSualainn | Críoch iomlán   |

## CUID II

**Ballstát nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le BVB**

| Ballstát     | Críoch  | Dáta an fhorhmeasa tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2020/689 |
|--------------|---|--|
| An Ghearmáin | <p>Bundesland Bayern:</p> <p>Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Oberbayern: Dachau</p> <p>Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Niederbayern: Deggendorf, Lkr. Straubing-Bogen, Dingolfing-Landau</p> <p>Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Schwaben: Lkr. Augsburg, Günzburg, Ostallgäu</p> <p>Bundesland Berlin<br/>         Bundesland Niedersachsen<br/>         Bundesland Nordrhein-Westfalen<br/>         Bundesland Schleswig-Holstein</p> | An 21 Feabhra 2022   |
| Éire         | Críoch iomlán   | An 18 Iúil 2022  |

(5) in Iarscríbhinn VIII, i gCuid 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad a bhaineann leis an nGearmáin:

| Ballstát      | Críoch   |
|---------------|--|
| “An Ghearmáin | Bundesland Baden-Württemberg<br>Bundesland Bayern<br>Bundesland Berlin<br>Bundesland Brandenburg<br>Bundesland Bremen<br>Bundesland Hamburg<br>Bundesland Hessen<br>Bundesland Mecklenburg-Vorpommern<br>Bundesland Niedersachsen<br>Bundesland Nordrhein-Westfalen<br>Bundesland Sachsen<br>Bundesland Sachsen-Anhalt<br>Bundesland Schleswig-Holstein<br>Bundesland Thüringen” |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1219 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 14 Iúil 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 a mhéid a bhaineann le deimhnithe caighdeánacha le haghaidh coinsíneachtaí de tháirgí ilchodacha áirithe a theacht isteach san Aontas agus iad a chur ar idirthuras tríd**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le rialacha sonracha sláinteachais a leagadh síos i dtaca le bia de bhunadh ainmhíoch <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 7(2), pointe (a), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagail 238(3) agus 239(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéantar lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) <sup>(3)</sup>, agus go háirithe Airteagal 90, an chéad mhír, pointí (a) agus (b), agus Airteagal 126(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>, leagtar síos rialacha maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/429, deimhnithe oifigiúla dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2017/625, agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla bunaithe ar na Rialacháin sin, a bhfuil gá leo i dtaca le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí áirithe ainmhithe agus earraí (dá ngairtear le chéile “na deimhnithe” anseo feasta). Go háirithe, leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, i measc nithe eile, deimhnithe caighdeánacha maidir le coinsíneachtaí de tháirgí ilchodacha áirithe a theacht isteach san Aontas agus iad a chur ar idirthuras tríd.
- (2) I gCaibidil 50 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, leagtar amach an deimhniú sláinte/oifigiúil caighdeánach chun táirgí ilchodacha nach mbaineann fadré leo agus táirgí fadré ilchodacha a theacht isteach san Aontas, ar táirgí iad ina bhfuil aon chainníocht de tháirgí feola seachas geilitín, collaigin agus táirgí an-mhínphróiseáilte, agus atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine (samhail COMP). Leagtar amach i gCaibidil 52 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach chun táirgí ilchodacha nach mbaineann fadré leo agus táirgí fadré ilchodacha a a chur ar idirthuras tríd an Aontas chuig tríú tír, ar táirgí iad ina bhfuil aon chainníocht de tháirgí feola, agus atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine (samhail TRANSIT-COMP). I ngach ceann den dá dheimhniú caighdeánach sin tá fianú sláinte ainmhithe sonracha le haghaidh táirgí déiríochta atá mar chuid de na táirgí ilchodacha. Ba cheart na ceanglais maidir le cóireálacha teasa sna fianuithe sin a ailíniú leis na cóireálacha a leagtar síos in Iarscríbhinn XXVII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup>. Ina theannta sin, an ceanglas dátaí táirgthe na

<sup>(1)</sup> IO L 139, 30.4.2004, lch. 55.

<sup>(2)</sup> IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

<sup>(3)</sup> IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, i dtaca le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialachán Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

dtáirgí déiríochta agus na dtáirgí bunaithe ar ghruth buí atá sna táirgí ilchodacha a shonrú, ba cheart é a scriosadh mar cheanglas iomarcach i bhfianaise na tuairisce dá bhforáiltear i bhfonóta (2) a chumhdaíonn na comhábhair uile de bhunadh ainmhióch. Thairis sin, ba cheart fonótaí áirithe sna Nótaí a ghabhann le Cuid II a ghabhann leis na deimhnithe caighdeánacha sin a fhorlíonadh agus a shoiléiriú. Dá bhrí sin, is gá Caibidlí 50 agus 52 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 a leasú dá réir sin.

- (3) Ina theannta sin, i gCaibidil 52 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, ba cheart an ceanglas maidir le huimhir fhormheasa bhunaíocht tionscnaimh na dtáirgí déiríochta atá sna táirgí ilchodacha atá ar idirthuras tríd an Aontas a scriosadh mar nach ceann scríbe deiridh de na táirgí ilchodacha sin é an tAontas. Dá bhrí sin, is gá Caibidil 52 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 a leasú dá réir sin.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 a leasú dá réir.
- (5) Chun aon chur isteach ar thrádáil a sheachaint a mhéid a bhaineann le coinsíneachtaí de tháirgí ilchodacha áirithe a theacht isteach san Aontas agus iad a chur ar idirthuras tríd an Aontas, ba cheart leanúint le húsáid deimhnithe a eisítear i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, mar ab infheidhme roimh na leasuithe a dhéantar sa Rialachán seo, ba cheart leanúint leis an úsáid sin a údarú ar feadh idirthréimhse faoi réir coinníollacha áirithe.
- (6) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón 21 Aibreán 2021, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus chun trádáil a éascú, is práinneach éifeacht a bheith ag na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.
- (7) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### *Airteagal 2*

Ar feadh idirthréimhse go dtí an 15 Aibreán 2023, maidir le coinsíneachtaí de tháirgí ilchodacha áirithe, a bhfuil na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla cuí ag gabháil leo, deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir leis na deimhnithe caighdeánacha a leagtar amach i gCaibidlí 50 agus 52 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 mar ab infheidhme roimh na leasuithe a rinneadh ar an Rialachán Cur Chun Feidhme sin leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo, leanfaidh siad d'údarú a bheith acu i dtaca le teacht isteach san Aontas agus idirthuras tríd an Aontas ar choinníoll go eisíodh an deimhniú an 15 Eanáir 2023 ar a dhéanaí.

#### *Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidil 50:

## ‘CAIBIDIL 50

**DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE HAGHAIDH TEACHT ISTEACH TÁIRGÍ ILCHODACHA NACH mBAINEANN FADRÉ LEO AGUS TÁIRGÍ ILCHODACHA FADRÉ SAN AONTAS, A bhFUIL AON CHAINNÍOCHT DE THÁIRGÍ FEOLA IONTU SEACHAS GEILITÍN, COLLAIGIN AGUS TÁIRGÍ AN-MHÍNPHRÓISEÁILTE, AGUS LENA gCAITHEAMH AG AN DUINE (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH COMP)**

| TÍR  |  | Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le haghaidh an Aontais Eorpaigh                     |   |                                 |
|--|--|--|---|---------------------------------|
| Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht   | <b>I.1 Coinsíneoir/Onnmhairioir</b><br>r<br>Ainm<br>Seoladh<br><br>Tír   | <b>I.2 Tagairt an deimhnithe</b>   | <b>I.2a Tagairt CBFRO</b>   |                                 |
|  | Cód tíre ISO   | <b>I.3 Údarás Inniúil Lárnach</b>  | <b>CÓD QR</b>   |                                 |
|  |  | <b>I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</b>  |   |                                 |
|  | <b>I.5 Coinsíní/Allmhairioir</b><br><br>Ainm<br>Seoladh<br><br>Tír   | <b>I.6 An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht</b><br>Ainm<br>Seoladh<br><br>Tír | Cód tíre ISO  |                                 |
|  | <b>I.7 Tír thionscnaimh</b>  | Cód tíre ISO   | <b>I.9 Tír cinn scríbe</b>  | Cód tíre ISO                    |
|  | <b>I.8 Réigiún tionscnaimh</b>   | Cód  | <b>I.10 Réigiún cinn scríbe</b>   | Cód                             |
|  | <b>I.11 Áit seolta</b><br>Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa<br>Seoladh<br>Tír   | Cód tíre ISO   | <b>I.12 Ceann scríbe</b><br>Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa<br>Seoladh<br>Tír              | Cód tíre ISO                    |
|  | <b>I.13 Ionad luchtaithe</b>   |  | <b>I.14 Dáta agus am imeachta</b>   |                                 |
|  | <b>I.15 Modhanna iompair</b><br><input type="checkbox"/> Aerárthach <input type="checkbox"/> Soitheach<br><input type="checkbox"/> Iarnród <input type="checkbox"/> Feithicil bhóthair<br><br>Sainaitheint |  | <b>I.16 Post Rialaithe Teorann um Theacht Isteach</b>                                       |                                 |
|  |  |  | <b>I.17 Doiciméid tionlacain</b><br><br>Cineál<br><br>Tír<br>Tagairt doiciméid<br>tráchtála | Cód<br><br>Cód tíre ISO         |
|  | <b>I.18 Coinníollacha iompair</b>  | <input type="checkbox"/> Comhthimpeallach  | <input type="checkbox"/> Fuaraithe  | <input type="checkbox"/> Reoite |
| <b>I.19 Uimhir an Choimeádáin/Uimhir an tSéala</b><br>Uimh. an choimeádáin                         | Uimh. an tséala  |  |   |                                 |
| <b>I.20 An cineál deimhniúcháin</b><br><input type="checkbox"/> Táirgí lena gcaitheamh ag an duine |  |  |   |                                 |
| <b>I.21</b>  | <b>I.22 <input type="checkbox"/> Le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh</b>  |  |   |                                 |
|  | <b>I.23</b>  |  |   |                                 |

| I.24  | An líon iomlán pacáistí   | I.25                  | Cainníocht iomlán    | I.26 | Glanmheáchan iomlán/ollmheáchan (kg) |
|---|---------------------------|-----------------------|----------------------|------|--------------------------------------|
| <b>I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht</b>    |                           |                       |                      |      |                                      |
| Cód AC                                      |                           |                       |                      |      | Cainníocht                           |
|   | Fuar-stóras               |                       | Cineál pacáistíochta |      | Meáchan glan (kg)                    |
| Seamlas                                     | Cineál cóireála           | Cineál an tráchtearra | Líon pacáistí        |      | Baiscuimhir                          |
| <input type="checkbox"/> Tomhaltóir deiridh | An dáta bailithe/táirgthe | Gléasra monaraíochta  |                      |      |                                      |



## TÍR

## Deimhniú caighdeánach COMP

| Cuid II: Deimhniúchán | II. Faisnéis sláinte   | II.a Tagairt an deimhnithe | II.b Tagairt CBFRO |
|-----------------------|--|----------------------------|--------------------|
|                       | <p>Deimhnímse, a bhfuil m'ainm anseo thíos, an méid seo a leanas leis seo:</p> <p>II.1. Táim feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(A)</sup>, Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(B)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(C)</sup>, Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(D)</sup>, Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún <sup>(E)</sup>, Rialachán (AE) 2017/625 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa <sup>(F)</sup>, Rialachán Tharmligthe (AE) 2019/624 <sup>(G)</sup> agus (AE) 2019/625 ón gCoimisiún <sup>(H)</sup>, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 <sup>(I)</sup> agus Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún <sup>(J)</sup>.</p> <p>II.2. Maidir leis na táirgí ilchodacha ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:</p> <p>(a) comhlíonann siad Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, go háirithe go dtagann siad ó bhunaíocht(aí) ina gcuirtear chun feidhme clár bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP), ar a ndéanann na húdaráis inniúla iniúchadh go tráthrialta;</p> <p>(b) comhlíonann siad Airteagal 6(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 maidir le tionscnamh na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch a úsáidtear ina dtáirgeadh;</p> <p>(c) táirgeadh iad i gcomhréir leis na ceanglais dá dtagraítear faoi II.1.;</p> <p>(d) comhlíonann siad na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle;</p> <p>(e) tá táirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch iontu a táirgeadh sna bunaíochtaí atá lonnaithe i mBallstáit an Aontais nó i dtríú tíortha atá údaraithe chun na táirgí próiseáilte sin de bhunadh ainmhíoch s theacht isteach san Aontas;</p> <p>(f) táirgeadh iad faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht uasleibhéil na n- iarmhar le haghaidh lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, agus na n- uasleibhéil le haghaidh éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006.</p> <p>II.3. Tá an méid seo a leanas sna táirgí ilchodacha <sup>(2)</sup> ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> <b>II.3.A. Táirgí feola</b> <sup>(3)</sup> in aon chainníocht cé is moite de gheilitín, collaigin agus táirgí an- mhínphróiseáilte dá dtagraítear i Roinn XVI d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004:</p> <p>1) a chomhlíonann na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus ina bhfuil na comhábhair feola seo a leanas atá incháilithe chun teacht isteach san Aontas mar sin agus a chomhlíonann na critéir a léirítear thíos:</p> <p>Speiceas (4) Cóireáil (5) Tionscnamh (6) Bunaíocht nó bunaíochtaí formheasta <sup>(7)</sup></p> |                            |                    |

## TÍR

## Deimhniú caighdeánach COMP

|  |
|--|
| <p><sup>(1)</sup> [2] a thionscnaíonn ó:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [an tír chéanna agus an tír thionscnaimh i mbosca I.7;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i> [Ballstát;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i> [crios le cód ..... atá údaraithe maidir le táirgí feola a theacht isteach san Aontas nach gceanglaítear cóireáil maolúcháin riosca shonrach a dhéanamh orthu mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 <sup>(M)</sup> ón gCoimisiún le cóireáil shannta A, agus an crios inar táirgeadh an táirge ilchodach údaraithe freisin maidir le táirgí feola a theacht isteach san Aontas le cóireáil shannta A.]]<sup>(8)</sup></p> <p><sup>(1)</sup> [3] más amhlaidh go bhfuil ábhar iontu ó bhó-ainmhithe, ó ainmhithe de chineál caorach nó ó ainmhithe de chineál gabhair, maidir le heinceifileapaite spúinseach bhólachta (ESB):</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE <sup>(N)</sup> ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB,</p> <p><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i> [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, rugadh iad, tógadh go leanúnach iad agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB iontu;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i> [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sna táirgí feola, ná ní dhíorthaítear na táirgí ó fheoil den sórt sin;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i> [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe BSE agus:</p> <p>(i) níl ábhar sonraithe riosca sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(6)</sup>;</p> <p>(ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó fheoil den sórt sin;</p> <p>(iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola tar éis iad a stiúadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhóichán lárnach a stiúadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]</p> |
|--|

## TÍR

## Deimhniú caighdeánach COMP

|  |  |
|--|--|
|  | <p><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i> [(c) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB agus</p> <p>(i) níl ábhar sonraithe riosca sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;</p> <p>(ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó fheoil den sórt sin;</p> <p>(iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaíthe a chur isteach sa chuas cráiniach;</p> <p>(iv) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;</p> <p>(v) táirgeadh agus láimhsíodh na táirgí feola ar bhealach lena n-áirítear nach bhfuil néarfhíocháin ná fíocháin limfe iontu agus nár éillíodh iad le fíocháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i> [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus</p> <p>(a) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaíthe a chur isteach sa chuas cráiniach;</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [(b) níl an méid seo a leanas sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ón méid seo a leanas:</p> <p>(i) ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;</p> <p>(ii) feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair.]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [(b) maidir leis na hinní cóireáilte atá sna táirgí feola agus óna ndíorthaítear na táirgí sin, fuarthas iad ó ainmhithe a rugadh, a tógadh go leanúnach agus a ndearnadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB iontu;]</p> |
|--|--|

## TÍR

## Deimhniú caighdeánach COMP

|  |   |
|--|---|
|  | <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [(b) maidir leis na hinní cóireáilte atá sna táirgí feola agus óna ndíorthaítear na táirgí sin, fuarthas iad ó ainmhithe a thionscnaíonn ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [(i) rugadh na hainmhithe tar éis an dáta a forfheidhmíodh an toirmeasc ar mhín feola agus cnámh agus geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>or</i> [(ii) [(i) níl ábhar sonraithe riosca sna hinní cóireáilte de bhunadh bó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach agus ainmhithe de chineál gabhair ná ní dhíorthaítear iad ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001.]]]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [(c) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach nó rialaithe ESB;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [(c) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB agus</p> <p>(i) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;</p> <p>(ii) táirgeadh agus láimhsíodh na táirgí feola ar bhealach lena n-áirítear nach bhfuil néarfhíocháin ná fíocháin limfe iontu agus nár éillíodh iad le fíocháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]]]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>agus/nó go n-aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus</i></p> <p>(a) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola:</p> <p>(i) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíocháin lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;</p> <p>(ii) níor tugadh mar bheatha dóibh min feola agus cnámh nó geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [(b) níl an méid seo a leanas sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ón méid seo a leanas:</p> <p>(i) ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;</p> <p>(ii) feoil atá díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair;</p> <p>(iii) néarfhíocháin agus fíocháin limfe a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]]'</p> |
|--|---|

## TÍR

## Deimhniú caighdeánach COMP

|  |  |
|--|--|
| <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [(b) maidir leis na hinní cóireáilte atá sna táirgí feola agus óna ndíorthaítear na táirgí sin, fuarthas iad ó ainmhithe a rugadh, a tógadh go leanúnach agus a ndearnadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB iontu;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [(b) maidir leis na hinní cóireáilte atá sna táirgí feola agus óna ndíorthaítear na táirgí sin, fuarthas iad ó ainmhithe a thionscnaíonn ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus:</p> <p style="margin-left: 40px;"><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [(i) rugadh na hainmhithe tar éis an dáta a forfheidhmíodh an toirmeasc ar mhín feola agus cnámh agus geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh;]</p> <p style="margin-left: 40px;"><sup>(1)</sup> <i>or</i> [(i) níl ábhar sonraithe riosca sna hinní cóireáilte de bhunadh bó- ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach agus ainmhithe de chineál gabhair ná ní dhíorthaítear iad ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001.]]]]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i> <b>II.3.B. Táirgí déiríochta nó táirgí bunaithe ar ghruth</b> buí<sup>(9)</sup> i gcainníocht ar bith a chomhlíonann na ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus dá bhrí sin tá siad incháilithe teacht isteach san Aontas mar sin, agus:</p> <p style="margin-left: 40px;">(a) a táirgeadh sna háiteanna seo a leanas:</p> <p style="margin-left: 80px;"><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [an crios le cód ..... mar a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a bhí saor ó ghalar crúb is béil agus ó ionfhabhtú le víreas phlá na mbó ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh an dáta bleáin agus, i rith na tréimhse sin, nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin.]</p> <p style="margin-left: 80px;"><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i> [an crios le cód ..... mar a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún agus cloíonn an chóireáil a chuirtear i bhfeidhm leis an íoschóireáil dá bhforáiltear in Airteagal 157 agus in Iarscríbhinn XXVII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692]</p> <p style="margin-left: 80px;"><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i> [Ballstát;]</p> <p><i>agus</i> an bhunaíocht/na bunaíochtaí..... (uimhir formheasa bhunaíocht tionscnaimh nó bhunaíochtaí tionscnaimh na dtáirgí déiríochta nó na dtáirgí bunaithe ar ghruth buí atá sa táirge ilchodach a údaraíodh dáta táirgthe na dtáirgí déiríochta nó na dtáirgí bunaithe ar ghruth buí lena dteacht isteach san Aontas);</p> |  |
|--|--|

## TÍR

## Deimhniú caighdeánach COMP

|  |   |
|--|---|
|  | <p>(b) a thionscnaíonn:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [an tír chéanna agus an tír dá dtagraítear i mbosca I.7;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i>[Ballstát;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i>[crios le cód ..... atá údaraithe maidir le bainne, gruth buí, táirgí déiríochta agus táirgí bunaithe ar ghruth buí a theacht isteach san Aontas i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus an crios inar táirgeadh an táirge ilchodach údaraithe freisin, faoi na coinníollacha céanna, maidir le bainne, gruth buí, táirgí déiríochta agus táirgí bunaithe ar ghruth buí a theacht isteach san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 den Iarscríbhinn sin;]</p> <p><sup>(1)</sup> [(c) is táirgí déiríochta iad a rinneadh de bhainne amh a fuarthas ó:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [<i>Bos Taurus</i>] <sup>(1)</sup>, [<i>Ovis aries</i>] <sup>(1)</sup>, [<i>Capra hircus</i>] <sup>(1)</sup>, [<i>Bubalus bubalis</i>] <sup>(1)</sup>, [<i>Camelus dromedarius</i>] <sup>(1)</sup> agus sular seoladh iad chuig an Aontas rinneadh an méid seo a leanas orthu nó táirgeadh iad de bhainne amh ar a ndearnadh:</p> <p><sup>(1)</sup><sup>(10)</sup> <i>cibé acu</i> [cóireáil phaisteartha lenar bhain cóireáil teasa aonair le héifeacht teasa a bhí coibhéiseach ar a laghad leis an éifeacht a bhaintear amach le próiseas paisteartha lena mbaineann 72 °C ar a laghad ar feadh 15 shoicind agus, i gcás inarb infheidhme, a bhí leordhóthanach chun frithghníomh diúltach a áirithiú in aghaidh tástáil fosfatáise alcailí a chuirtear i bhfeidhm díreach tar éis na cóireála teasa;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [próiseas steiriliúcháin, chun luach F<sub>0</sub> a bhaint amach a bhí cothrom le nó níos mó ná 3;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [ultraí- theaschóireáil (UHT) ag teocht nach lú ná 135 °C in éineacht le haga coinneála oiriúnach;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [cóireáil phaisteartha ardteochta gearrthréimhse (HTST) ag 72 °C ar feadh 15 shoicind a cuireadh i bhfeidhm faoi dhó ar bhainne ag a raibh pH a bhí cothrom le nó níos mó ná 7,0 lenar baineadh amach, i gcás inarb infheidhme, frithghníomh diúltach in aghaidh tástáil fosfatáise alcailí, a cuireadh i bhfeidhm díreach tar éis na cóireála teasa.]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [cóireáil HTST ar bhainne ag a raibh pH faoi bhun 7,0.]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [cóireáil HTST in éineacht le cóireáil fhisiciúil eile trí:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [(i) an pH a íslíú faoi bhun 6 ar feadh uair an chloig;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [téamh breise a bhí cothrom le nó níos mó ná 72 °C, in éineacht le triomú;]]]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> ainmhithe cé is moite de <i>Bos Taurus</i>, <i>Ovis aries</i>, <i>Capra hircus</i>, <i>Bubalus bubalis</i> agus <i>Camelus dromedarius</i> agus roimh iad a sheoladh chuig an Aontas, rinneadh an méid seo a leanas orthu nó táirgeadh iad de bhainne amh ar a ndearnadh:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [próiseas steiriliúcháin, chun luach F<sub>0</sub> a bhaint amach a bhí cothrom le nó níos mó ná 3;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [ultraí- theaschóireáil (UHT) ag teocht nach lú ná 135 °C in éineacht le haga coinneála oiriúnach;]]]</p> |
|--|---|

## TÍR

## Deimhniú caighdeánach COMP

|  |   |
|--|---|
|  | <p><sup>(1)</sup> [(d) is táirgí bunaithe ar ghruth buí iad agus tagann siad ó chríos a liostaítear in Iarscríbhinn XVII, Cuid 1, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le bainne, gruth buí agus táirgí bunaithe ar ghruth buí a theacht isteach san Aontas.]</p> <p><sup>(1)</sup> agus/nó <b>II.3.C. Táirgí iascaigh</b> ar de thionscnamh bhunaíocht fhormheasta N°..... <sup>(11)</sup> atá suite sa tír ..... <sup>(12)</sup>.]</p> <p><sup>(1)</sup> agus/nó <b>II.3.D. Táirgí uibhe</b></p> <p>II.3.D.1. a thionscnaíonn ó:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [sa chríos le cód ..... <sup>(13)</sup>. a liostaítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúil seo, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le teacht isteach táirgí uibhe san Aontas agus ina gcuirtear clár faireachais galair chun feidhme le haghaidh fliú éanúil ardphataigineach lena gcomhlíontar na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 160 de Rialachán Tarmlichte (AE) 2020/692;]</p> <p><sup>(1)</sup> agus/nó [Ballstát;]</p> <p>II.3.D.2. táirgeadh iad d'uibheacha a thagann ó bhunaíocht lena gcomhlíontar ceanglais Roinn X d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 nár tharla, i rith na tréimhse 30 lá roimh dháta bailithe na n- uibheacha, aon ráig de fhlíú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle inti agus:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [(a) i bhfoisceacht 10 km di, lena n- áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhlíú éanúil ardphataigineach ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na n- uibheacha;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [(a) rinneadh an chóireáil seo a leanas ar na táirgí uibhe:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [cóireáladh gealacán uibhe leachtach:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [ag 55,6 °C ar feadh 870 soicind;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [ag 56,7 °C ar feadh 232 shoicind;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [cóireáladh buíocáin a bhí 10 % saille ag 62,2 °C ar feadh 138 soicind.]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [cóireáladh gealacán uibhe triomaithe:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [ag 67 °C ar feadh 20 uair an chloig;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [ag 54,4 °C ar feadh 50,4 uair an chloig;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [maidir le huibheacha iomlána:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [cóireáladh ag 60 C ar feadh 188 soicind iad;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [rinneadh iad a chócaráil go hiomlán;]</p> |
|--|---|

## TÍR

## Deimhniú caighdeánach COMP

|  |   |
|--|---|
|  | <p><sup>(1)</sup> nó [maidir le cumaisc uibheacha iomlána:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [cóireáladh ag 60 C ar feadh 188 soicind iad;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [cóireáladh ag 61,1 C ar feadh 94 soicind iad;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [rinneadh iad a chócaráil go hiomlán;]]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [(b) i bhfoisceacht 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle ann laistigh de thréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na n-uibheacha;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [(b) rinneadh an chóireáil seo a leanas ar na táirgí uibhe:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [cóireáladh gealacán uibhe leachtach:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [cóireáladh ag 55 C ar feadh 2 278 soicind iad;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [cóireáladh ag 57°C ar feadh 986 soicind iad;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [cóireáladh ag 59 C ar feadh 301 soicind iad;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [cóireáladh buíocáin a bhí 10 % saille ag 55 C ar feadh 176 shoicind;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [cóireáladh gealacán uibhe triomaithe ag 57 C ar feadh 50.4 uair an chloig;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [maidir le huibheacha iomlána:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [cóireáladh ag 55 C ar feadh 2 521 soicind iad;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [cóireáladh ag 57°C ar feadh 1 596 soicind iad;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [cóireáladh ag 59°C ar feadh 674 soicind iad;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [rinneadh iad a chócaráil go hiomlán;]]</p> <p><b>Nótaí</b></p> <p>I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótocal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótocal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo.</p> <p>Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.</p> <p><b>Cuid I:</b></p> <p>Tagairt bosca I.7: Cuir isteach cód ISO thír tionscnaimh an táirge ilchodaigh ina bhfuil táirge feola a liostaítear in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún nó in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/405 ón gCoimisiún<sup>A</sup>, agus/nó le haghaidh táirgí bunaithe ar ghruth buí a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus/nó le haghaidh táirgí déiríochta a liostaítear in Iarscríbhinní XVIII nó XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 nó in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, agus/nó le haghaidh táirgí iascaigh a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, agus/nó le haghaidh táirgí uibhe a liostaítear i gCuid I d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.</p> |
|--|---|

<sup>A</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe le haghaidh a dtomhailte ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118).



## TÍR

## Deimhniú caighdeánach COMP

|                      |  |
|----------------------|--|
| Tagairt bhosca I.11: | Ainm, seoladh agus cláruimhir/uimhir formheasa na bhunaíocht nó bhunaíochtaí táirgthe an táirge ilchodaigh (na dtáirgí ilchodacha) má bhíonn siad ar fáil. Ní mór d'ainm na tíre seolta a bheith mar an gcéanna le tír thionscnaimh i mbosca I.7.  |
| Tagairt bosca I.15:  | Ní mór cláruimhir (vaigíní iarnróid nó coimeádán agus feithiclí bóthair), uimhir eitle (aerárthach) nó ainm (soitheach) a sholáthar. I gcás an iompair i gcoimeádán, a gcláruimhir agus i gcás ina bhfuil sraithuimhir ar an séala, ní mór í a léiriú i mbosca I.19. I gcás dlúchtú agus athluchtú, ní mór don seoltóir an post rialaithe teorann a chur ar an eolas maidir leis an teacht isteach san Aontas.   |
| Tagairt bosca I.19:  | Maidir le coimeádán nó boscaí, ní mór uimhir an choimeádáin agus uimhir an tséala (más infheidhme) a chur san áireamh.   |
| Tagairt bosca I.27:  | Úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim amhail: 1517, 1518, 1601 00, 1602, 1603 00, 1604, 1605, 1702, 1704, 1806, 1901, 1902, 1904, 1905, 2001, 2004, 2005, 2101, 2103, 2104, 2105 00, 2106, 2202, 2208.<br>Tuairisc ar an gcoinsíneacht:<br>'Gléasra monaraíochta': Cuir isteach ainm agus uimhir formheasa bhunaíocht nó bhunaíochtaí táirgthe an táirge ilchodaigh (na dtáirgí ilchodacha) má bhíonn siad ar fáil.<br>'Cineál an tráchtearra': I gcás táirge nó táirgí ilchodacha ina bhfuil táirgí feola, luaigh 'táirgí feola'. I gcás táirge nó táirgí ilchodacha ina bhfuil táirgí déiríochta, luaigh 'táirgí déiríochta'. I gcás táirge ilchodach nó táirgí ilchodacha ina bhfuil táirgí bunaithe ar ghruth buí, luaigh 'táirgí bunaithe ar ghruth buí'. I gcás táirge ilchodach ina bhfuil táirgí iascaigh, sonraigh cibé acu an de bhunadh do bharshaothraithe iad nó de bhunadh fiáin iad. I gcás táirge nó táirgí ilchodacha ina bhfuil táirgí uibhe, luaigh 'táirgí uibhe'.  |
| <b>Cuid II:</b>      |  |
| (1)                  | Coimeád de réir mar is iomchuí.  |
| (2)                  | Ní cheadófar teacht isteach táirgí ilchodacha san Aontas ach amháin má fuarthas na táirgí de bhunadh ainmhíoch atá iontu siúd tar éis dháta údaraithe an tríd tír nó na críche, nó crios den tríd tír nó den chríoch sin inar táirgeadh na táirgí de bhunadh ainmhíoch, chun teacht isteach san Aontas, de speiceas sonracha agus de chatagóir sonracha na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch, nó i rith tréimhse nach raibh bearta srianta maidir le sláinte ainmhíthe a ghlac an tAontas Eorpach i bhfeidhm in aghaidh theacht isteach na dtáirgí sin ón tríd tír nó ón gcríoch sin nó ó chrios den tríd tír nó den chríoch sin, nó i rith tréimhse nár cuireadh ar fionraí údarú an tríd tír sin nó na críche sin, nó crios den tríd tír nó den chríoch sin maidir le teacht isteach na dtáirgí sin san Aontas.   |
| (3)                  | Táirgí feola mar a shainmhínítear i bpointe 7.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.  |
| (4)                  | Cuir isteach an cód le haghaidh speiceas ábhartha an táirge feola i gcás inarb ionann BOV = bó- ainmhíthe clóis ( <i>Bos taurus</i> , <i>Bison bison</i> , <i>Bubalus bubalis</i> agus a gcrosphórtha); OVI = caoirigh chlóis ( <i>Ovis aries</i> ) agus gabhair chlóis ( <i>Capra hircus</i> ); EQU = each-ainmhíthe clóis ( <i>Equus caballus</i> , <i>Equus asinus</i> agus a gcrosphórtha); POR = muc-ainmhíthe clóis ( <i>Sus scrofa</i> ); RM = coiníní feirme; POU = éanlaith chlóis; RAT = raitíftigh; RUF = ainmhíthe den fhine Bovidae (seachas bó- ainmhíthe clóis, ainmhíthe den chineál caorach agus ainmhíthe den chineál gabhair), ainmhíthe den chineál camaill agus ainmhíthe den chineál fia a dhéantar a choimeád mar ghéim saothraithe; RUW = ainmhíthe fiáine den fhine Bovidae (seachas bó- ainmhíthe clóis, ainmhíthe den chineál caorach agus ainmhíthe den chineál gabhair), ainmhíthe fiáine den chineál camaill agus ainmhíthe fiáine den chineál fia; SUF = ainmhíthe a choinnítear mar ghéim saothraithe de phórtha fiáine de mhuc- ainmhíthe agus ainmhíthe den fhine <i>Tayassuidae</i> ; SUW = ainmhíthe fiáine de phórtha fiáine de mhuc- ainmhíthe agus ainmhíthe den fhine <i>Tayassuidae</i> ; EQW = dlúthchrúbaigh géim fiáine; WL = leipridigh fhiáine; WM = mamaigh talún fhiáine seachas crúbaigh agus leipridigh; GBM = éanlaith ghéim. |

## TÍR

## Deimhniú caighdeánach COMP

|   |  |
|---|--|
| <p>(5) Cuir isteach A, B, C, D, E nó F le haghaidh na cóireála a cheanglaítear mar a shonraítear agus mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.</p> <p>(6) Cuir isteach cód chrios tionscnaimh an táirge feola, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 nó 'AE' le haghaidh na dtáirgí feola de thionscnamh na mBallstát.</p> <p>(7) Cuir isteach uimhir formheasa an Aontais de chuid bhunaíochtaí tionscnaimh na dtáirgí feola atá sa táirge ilchodach.</p> <p>(8) Scrios má fhaightear na táirgí feola ó EQU, EQW, WL, RM nó WM mar a shainmhínítear i bhfonóta (4).</p> <p>(9) Ciallaíonn 'táirgí déiríochta' táirgí lena gcaitheamh ag an duine mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I, pointe 7.2, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Ciallaíonn 'táirgí bunaithe ar ghruth buí', táirgí bunaithe ar ghruth buí lena gcaitheamh ag an duine mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III, Roinn IX, pointe 2, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.</p> <p>(10) Ní cheadaítear sin ach do tháirgí déiríochta de thionscnamh an chreasa nó na gcriosanna mar a liostaítear iad i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus/nó i mBallstát.</p> <p>(11) Uimhir fhorhmeasta na bunaíochta táirgí iascaigh a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 127(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2017/625 nó, i gcás ina dtionscnaíonn na táirgí iascaigh i mBallstát, uimhir fhorhmeasta na bunaíochta táirgí iascaigh arna formheas i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.</p> <p>(12) Tír thionscnaimh táirgí iascaigh áirithe mar atá liostaithe in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 atá údaraithe le teacht isteach san Aontas. I gcás táirgí iascaigh atá díorthaithe ó mhóilisc dhébhlaoscacha, ní mór an tír thionscnaimh a údarú le go dtiocfaidh móilisc bheo, fhuaraithe, reoite nó phróiseáilte isteach san Aontas, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí mar a liostaítear in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405. Más de thionscnamh Ballstáit na táirgí iascaigh, sonrú an Ballstáit tionscnaimh.</p> <p>(13) Cód an chreasa mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, Cuid 1, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.</p> <p>(14) Le síniú ag:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- tréidlia oifigiúil</li> <li>- oifigeach deimhniúcháin nó tréidlia oifigiúil le haghaidh táirgí ilchodacha nach bhfuil ach táirgí uibhe nó táirgí iascaigh iontu.</li> </ul> |  |
| <p><b>[Tréidlia oifigiúil]<sup>(1)(14)</sup>/[Oifigeach deimhniúcháin]<sup>(1)(14)</sup></b></p> <p>Ainm (i gceannlitreacha)</p> <p>Dáta <span style="float: right;">Cáilíocht agus teideal</span></p> <p>Stampa <span style="float: right;">Síniú</span></p>   |  |

- <sup>A</sup> Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).
- <sup>B</sup> Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas bia-ábhair (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).
- <sup>C</sup> Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch (*IO L 139, 30.4.2004, lch. 55*).
- <sup>D</sup> Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).
- <sup>E</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).
- <sup>F</sup> Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (*IO L 95, 7.4.2017, lch. 1*).
- <sup>G</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2019 maidir le rialacha sonracha i dtaca le rialuithe oifigiúla a dhéanamh faoi tháirgeadh na feola agus le haghaidh limistéir táirgthe agus athsheachadta na moileasc débhlaoiscach beo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 131, 17.5.2019, lch. 1).
- <sup>H</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún an 4 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais i ndáil le coinsneachtaí d'ainmhithe agus d'earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas (IO L 131, 17.5.2019, lch. 18).
- <sup>I</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socrúithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).
- <sup>J</sup> Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).
- <sup>K</sup> Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoir 85/358/CEE agus Treoir 86/469/CEE agus Cinneadh 89/187/CEE agus Cinneadh 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).
- <sup>L</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis teacht isteach dóibh (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).
- <sup>M</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).
- <sup>N</sup> Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2007 lena bunáodh stádas ESB Ballstát nó tríú tíortha nó réigiún díobh siúd de réir a riosca ESB (IO L 172, 30.6.2007, lch. 84).
- <sup>O</sup> Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).
- <sup>P</sup> <https://www.oie.int/en/standard-setting/terrestrial-code/access-online/>;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidil 52:

'CAIBIDIL 52

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH LE HAGHAIDH IOMPAR TRÍD AN AONTAS CHUIG TRÍÚ TÍR Á N-IOMPAR LÁITHREACH NÓ TAR ÉIS STÓRÁLA SAN AONTAS I GCÁS TÁIRGÍ ILCHODACHA NACH mBAINEANN FADRÉ LEO AGUS TÁIRGÍ ILCHODACHA FADRÉ, INA bhFUIL AON CHAINNÍOCHT DE THÁIRGÍ FEOLA AGUS ATÁ LENA gCAITHEAMH AG AN DUINE (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH TRANSIT-COMP)

| TÍR                                  |  | Deimhniú sláinte ainmhithe chuig an Aontas Eorpach   |  |
|--------------------------------------|--|--|--|
| Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht | <b>I.1</b>   | <b>Coinsíneoir/Onnmhai reoir</b><br>Ainm<br>Seoladh<br><br>Tír   | <b>I.2</b> <b>Tagairt an deimhniithe</b><br><br><b>I.3</b> <b>Údarás Inniúil Lárnach</b><br><b>I.4</b> <b>Údarás Inniúil Áitiúil</b> |
|                                      |  | Cód tíre ISO   | <b>I.2a</b> <b>Tagairt CBFRO</b><br><br><b>CÓD QR</b>  |
|                                      | <b>I.5</b>   | <b>Coinsíní/Allmhairioir</b><br><br>Ainm<br>Seoladh<br><br>Tír   | <b>I.6</b> <b>An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht</b><br>Ainm<br>Seoladh<br><br>Tír                                      |
|                                      |  | Cód tíre ISO   | Cód tíre ISO   |
|                                      | <b>I.7</b>   | <b>Tír thionscnaimh</b>  | <b>I.9</b> <b>Tír cinn scríbe</b>  |
|                                      |  | Cód tíre ISO   | Cód tíre ISO   |
|                                      | <b>I.8</b>   | <b>Réigiún tionscnaimh</b>   | <b>I.10</b> <b>Réigiún cinn scríbe</b>   |
|                                      |  | Cód  | Cód  |
|                                      | <b>I.11</b>  | <b>Áit seolta</b><br>Ainm<br>Uimh. Chlárúcháin/Fo<br>rmheasa<br>Seoladh<br>Tír   | <b>I.12</b> <b>Ceann scríbe</b><br>Ainm<br>Uimh. Chlárúcháin/Formh<br>easa<br>Seoladh<br>Tír   |
|                                      |  | Cód tíre ISO   | Cód tíre ISO   |
| <b>I.13</b>                          | <b>Ionad luchtaithe</b>  | <b>I.14</b> <b>Dáta agus am imeachta</b>   |  |
| <b>I.15</b>                          | <b>Modhanna iompair</b><br><input type="checkbox"/> Aerárthach <input type="checkbox"/> Soitheach<br><input type="checkbox"/> Iarnród <input type="checkbox"/> Feithicil bhóthair<br>Sainaithint | <b>I.16</b> <b>Post Rialaithe Teorann um Theacht Isteach</b><br><b>I.17</b> <b>Doiciméid tionlacain</b><br><br>Cineál<br>Tír<br>Tagairt doiciméid<br>tráchtála |  |
|                                      |  | Cód<br>Cód tíre ISO  |  |
| <b>I.18</b>                          | <b>Coinníollacha iompair</b>   | <input type="checkbox"/> Comhthimpeallach  |  |
|                                      |  | <input type="checkbox"/> Fuaraithe   |  |
|                                      |  | <input type="checkbox"/> Reoite  |  |
| <b>I.19</b>                          | <b>Uimhir an Choimeádáin/Uimhir an tséala</b><br>Uimh. an choimeádáin  | Uimh. an tséala  |  |
| <b>I.20</b>                          | <b>An cineál deimhniúcháin</b><br><input type="checkbox"/> Táirgí lena gcaitheamh ag an duine  |  |  |
| <b>I.21</b>                          | <input type="checkbox"/> <b>Le haghaidh iompair</b><br>Tríú tír  | <b>I.22</b>  |  |
|                                      | Cód tíre ISO   | <b>I.23</b>  |  |

| I.24 An líon iomlán pacáistí                | I.25 Cainníocht iomlán    | I.26 Glanmheáchan iomlán/ollmheáchan (kg) |                      |                   |
|---|---------------------------|---|----------------------|-------------------|
| <b>I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht</b>    |                           |   |                      |                   |
| Cód AC                                      |                           |   |                      | Cainníocht        |
|   | Fuar-stóras               |   | Cineál pacáistíochta | Meáchan glan (kg) |
| Seamlas                                     | Cineál cóireála           | Cineál an tráchtearra                     | Líon pacáistí        | Baiscuimhir       |
| <input type="checkbox"/> Tomhaltóir deiridh | An dáta bailithe/táirgthe | Gléasra monaraíochta                      |                      |                   |

## TÍR

## Deimhniú caighdeánach TRANSIT

| Cuid II: Deimhniúchán | II. Faisnéis sláinte  | II.a Tagairt an deimhnithe | II.b Tagairt CBFRO |
|-----------------------|---|----------------------------|--------------------|
|                       | <p>Deimhnímhse, a bhfuil m'ainm anseo thíos, an méid seo a leanas leis seo:</p> <p>II.1. tá an méid seo a leanas sna táirgí ilchodacha <sup>(2)</sup> ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:</p> <p>(1) <i>cibé acu</i> <b>[II.1.A. Táirgí feola <sup>(3)</sup> in aon chainnfocht cé is moite de gheilitín, collaigin agus táirgí feola a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 (C) ón gCoimisiún agus ina bhfuil na comhábhair feola seo a leanas atá incháilithe chun teacht isteach san Aontas mar sin agus a chomhlíonann na critéir a léirítear thíos:</b></p> <p>II.1.A.1. a chomhlíonann na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus ina bhfuil na comhábhair feola seo a leanas atá incháilithe chun teacht isteach san Aontas mar sin agus a chomhlíonann na critéir a léirítear thíos:</p> <p>Speiceas (4)                      Cóireáil (5)                      Tionscnamh (6)</p> <p>II.1.A.2. a thionscnaíonn ó</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [an tír chéanna agus an tír dá dtagraítear i mbosca I.7;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i> [Ballstát;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i> [crios le cód ..... atá údaraithe ar dháta eisiúna an deimhnithe sláinte ainmhithe seo maidir le táirgí feola a theacht isteach san Aontas nach gceanglaítear cóireáil maolúcháin riosca shonrach a dhéanamh orthu mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 <sup>(C)</sup> ón gCoimisiún le cóireáil shannta A, agus an crios inar táirgeadh an táirge ilchodach údaraithe freisin maidir le táirgí feola a theacht isteach san Aontas le cóireáil shannta A.]]<sup>(7)</sup></p> <p><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i> <b>[II.1.B. Táirgí déiríochta nó táirgí bunaithe ar ghruth buí<sup>(8)</sup> i gcainníocht ar bith a chomhlíonann na ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus dá bhrí sin atá incháilithe teacht isteach san Aontas mar sin, agus:</b></p> <p>(a) a táirgeadh sna háiteanna seo a leanas:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [sa chrios le cód... ..... mar a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a bhí saor ó ghalair crúb is béil agus ó ionfhabhtú le víreas phlá na mbó ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh an dáta bleáin agus, i rith na tréimhse sin, nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin.]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i> [an crios le cód ..... mar a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún agus cloíonn an chóireáil a chuirtear i bhfeidhm leis an fíochóireáil dá bhforáiltear in Airteagal 157 agus in Iarscríbhinn XXVII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i> [Ballstát;]</p> |                            |                    |

TÍR

Deimhniú caighdeánach TRANSIT

|  |   |
|--|---|
|  | <p>(b) a thionscnaíonn:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [an tír chéanna agus an tír dá dtagraítear i mbosca I.7;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i>[Ballstát;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>agus/nó</i>[crios le cód ..... atá údaraithe maidir le bainne, gruth buí, táirgí déiríochta agus táirgí bunaithe ar ghruth buí a theacht isteach san Aontas i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus an crios inar táirgeadh an táirge ilchodach údaraithe freisin, faoi na coinníollacha céanna, maidir le bainne, gruth buí, táirgí déiríochta agus táirgí bunaithe ar ghruth buí a theacht isteach san Aontas agus a liostaítear san Iarscríbhinn sin;]</p> <p><sup>(1)</sup> [(c) is táirgí déiríochta iad a rinneadh de bhainne amh a fuarthas ó</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [<i>Bos Taurus</i>] <sup>(1)</sup>, [<i>Ovis aries</i>] <sup>(1)</sup>, [<i>Capra hircus</i>] <sup>(1)</sup>, [<i>Bubalus bubalis</i>] <sup>(1)</sup>, [<i>Camelus dromedarius</i>] <sup>(1)</sup> agus sular seoladh iad chuig an Aontas rinneadh an méid seo a leanas orthu nó táirgeadh iad de bhainne amh ar a ndearnadh:</p> <p><sup>(1)(9)</sup> <i>cibé acu</i> [cóireáil phaisteartha lenar bhain cóireáil teasa aonair le héifeacht teasa a bhí coibhéiseach ar a laghad leis an éifeacht a bhaintear amach le próiseas paisteartha lena mbaineann 72 °C ar a laghad ar feadh 15 shoicind agus, i gcás inarb infheidhme, a bhí leordhóthanach chun frithghníomh diúltach a áirithiú in aghaidh tástáil fosfatáise alcalí a chuirtear i bhfeidhm díreach tar éis na cóireála teasa;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [próiseas steiriliúcháin, chun luach F<sub>0</sub> a bhaint amach a bhí cothrom le nó níos mó ná 3;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [ultra <del>teas chóireáil (UHT) a gcuirtear i bhfeidhm</del> oiriúnach;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [cóireáil phaisteartha ardteochta gearrthréimhse (HTST) ag 72 °C ar feadh 15 shoicind a cuireadh i bhfeidhm faoi dhó ar bhainne ag a raibh pH a bhí cothrom le nó níos mó ná 7,0 lenar baineadh amach, i gcás inarb infheidhme, frithghníomh diúltach in aghaidh tástáil fosfatáise alcalí, a cuireadh i bhfeidhm díreach tar éis na cóireála teasa;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [cóireáil HTST ar bhainne ag a raibh pH faoi bhun 7,0;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [cóireáil HTST in éineacht le cóireáil fhisiciúil eile trí:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [(i) an pH a íslíú faoi bhun 6 ar feadh uair an chloig;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [téamh breise a bhí cothrom le nó níos mó ná 72 °C, in éineacht le triomú;]]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> ainmhithe cé is moite de <i>Bos Taurus</i>, <i>Ovis aries</i>, <i>Capra hircus</i>, <i>Bubalus bubalis</i> agus <i>Camelus dromedarius</i> agus roimh iad a sheoladh chuig an Aontas, rinneadh an méid seo a leanas orthu nó táirgeadh iad de bhainne amh ar a ndearnadh</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [próiseas steiriliúcháin, chun luach F<sub>0</sub> a bhaint amach a bhí cothrom le nó níos mó ná 3;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [ultra <del>teas chóireáil (UHT) a gcuirtear i bhfeidhm</del> oiriúnach;]]</p> <p><sup>(1)</sup> [(d) is táirgí bunaithe ar ghruth buí iad agus tagann siad ó thríú tír nó ó thríú críoch a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le teacht isteach bainne amh, grutha bhuí agus táirgí bunaithe ar ghruth buí]</p> |
|--|---|

## TÍR

## Deimhniú caighdeánach TRANSIT -

|  |  |
|--|--|
|  | <p><sup>(1)</sup> agus/nó [II.1.C. Táirgí uibhe</p> <p>II.1.C.1. a thionscnaíonn ó:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [crios le cód ..... <sup>(10)</sup>, a liostaítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe sláinte ainmhithe seo, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le teacht isteach táirgí uibhe san Aontas agus ina gcuirtear clár faireachais galair chun feidhme le haghaidh fliú éanúil ardphataigineach lena gcomhlíontar na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 160 de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2020/692;]</p> <p><sup>(1)</sup> agus/nó [Ballstát;]</p> <p>II.1.C.1. táirgeadh iad d'uibheacha a thagann ó bhunaíocht lena gcomhlíontar ceanglais Roinn X d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 nár tharla, i rith na tréimhse 30 lá roimh dháta bailithe na n ardphataigineach ná d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle inti agus:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [(a) i bhfoisceacht 10 km di, lena n tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na n -u íbheacha.]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [(a) rinneadh an chóireáil seo a leanas ar na táirgí uibhe:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [cóireáladh gealacán uibhe leachtach:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [ag 55.6 °C ar feadh 870 soicind;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [ag 56,7 °C ar feadh 232 shoicind;]]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [cóireáladh buíocáin a bhí 10 % saillte ag 62,2 °C ar feadh 138 soicind.]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [cóireáladh gealacán uibhe triomaithe:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [ag 67 °C ar feadh 20 uair an chloig;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [ag 54,4 °C ar feadh 50,4 uair an chloig;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [maidir le huibheacha iomlána:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [cóireáladh ag 60 C ar feadh 188 soicind iad;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [rinneadh iad a chócaráil go hiomlán;]]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [maidir le cumaisc uibheacha iomlána:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [cóireáladh ag 60 C ar feadh 188 soicind iad;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [cóireáladh ag 61,1°C ar feadh 94 shoicind iad;]</p> <p><sup>(1)</sup> nó [rinneadh iad a chócaráil go hiomlán;]]]</p> |
|--|--|



## TÍR

## Deimhniú caighdeánach TRANSIT

|  |  |
|--|--|
|  | <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [(b) i bhfoisceacht 10 km dí, lena n-tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle ann laistigh de thréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na n-</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [(b) rinneadh an chóireáil seo a leanas ar na táirgí uibhe:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [cóireáladh gealacán uibhe leachtach:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [cóireáladh ag 55 C ar feadh 2 278 soicind iad;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [cóireáladh ag 57 C ar feadh 986 soicind iad;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [cóireáladh ag 59 C ar feadh 301 soicind iad;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [cóireáladh buíocáin a bhí 10 % sailhte ag 55°C ar feadh 176 shoicind;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [cóireáladh gealacán uibhe triomaithe ag 57°C ar feadh 50.4 uair an chloig;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [maidir le huibheacha iomlána:</p> <p><sup>(1)</sup> <i>cibé acu</i> [cóireáladh ag 55 C ar feadh 2 521 soicind iad;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [cóireáladh ag 57°C ar feadh 1 596 soicind iad;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [cóireáladh ag 59 C ar feadh 674 soicind iad;]</p> <p><sup>(1)</sup> <i>nó</i> [rinneadh iad a chócaráil go hiomlán;]]</p> <p><b>Nótaí</b></p> <p>I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí don Aontas Eorpach sa deimhniú sláinte ainmhithe seo.</p> <p>Tá an deimhniú sláinte ainmhithe seo beartaithe le haghaidh teacht isteach táirgí ilchodacha ina bhfuil táirgí feola, táirgí déiríochta, táirgí bunaithe ar ghruth buí agus/nó táirgí uibhe san Aontas nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na dtáirgí sin.</p> <p>Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.</p> <p><b>Cuid I:</b></p> <p>Tagairt bosca I.7: Cuir isteach cód ISO thír tionscnaimh an táirge ilchodaigh ina bhfuil táirgí feola a liostaítear in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún nó in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/405 ón gCoimisiún <sup>(D)</sup>, agus/nó le haghaidh táirgí bunaithe ar ghruth buí a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus/nó le haghaidh táirgí déiríochta próiseáilte a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII nó XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 nó in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, agus/nó le haghaidh táirgí uibhe próiseáilte a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.</p> <p>Tagairt bhosca I.11: Ainm, seoladh agus cláruimhir/uimhir formheasa bhunaíochtaí táirgthe an táirge ilchodaigh (na dtáirgí ilchodacha) má bhíonn siad ar fáil. Ainm na tíre seolta nach mór gurb ionann é agus an tír thionscnaimh i mbosca I.7.</p> |
|--|--|

## TÍR

## Deimhniú caighdeánach TRANSIT

|  |  |
|--|--|
|  | <p>Tagairt bosca I.15: Ní mór cláruimhir (vaigíní iarnróid nó coimeádán agus feithiclí bóthair), uimhir eitilte (aerárthach) nó ainm (soitheach) a sholáthar. I gcás an iompair i gcoimeádáin, a gcláruimhir agus i gcás ina bhfuil sraithuimhir ar an séala, ní mór í a léiriú i mbosca I.19. I gcás dífluchtú agus athluchtú, ní mór don seoltóir an post rialaithe teorann a chur ar an eolas maidir leis an teacht isteach san Aontas.</p> <p>Tagairt bosca I.19: Maidir le coimeádáin nó boscaí, ní mór uimhir an choimeádáin agus uimhir an tséala (más infheidhme) a chur san áireamh.</p> <p>Tagairt bosca I.27: Úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim amhail: 1517, 1518, 1601 00, 1602, 1603 00, 1604, 1605, 1702, 1704, 1806, 1901, 1902, 1904, 1905, 2001, 2004, 2005, 2101, 2103, 2104, 2105 00, 2106, 2202, 2208.</p> <p>Tuairisc ar an gcoinsneacht:</p> <p>‘Gléasra monaraíochta’: Cuir isteach ainm agus uimhir formheasa bhunaíochta nó bhunaíochtaí táirgthe an táirge ilchodaigh (na dtáirgí ilchodacha) má bhíonn siad ar fáil.</p> <p>‘Cineál an tráchtearra’: I gcás táirge nó táirgí ilchodacha ina bhfuil táirgí feola, luaigh ‘táirgí feola’. I gcás táirge nó táirgí ilchodach ina bhfuil táirgí déiríochta, luaigh ‘táirgí déiríochta’. I gcás táirge ilchodach nó táirgí ilchodacha ina bhfuil táirgí bunaithe ar ghruth buí, luaigh ‘táirgí bunaithe ar ghruth buí’. I gcás táirge ilchodach nó táirgí ilchodacha ina bhfuil táirgí uibhe, luaigh ‘táirgí uibhe’.</p> <p><b>Cuid II:</b></p> <p>(1) Coimeád de réir mar is iomchuí.</p> <p>(2) Ní cheadófar teacht isteach táirgí ilchodacha san Aontas ach amháin má fuarthas na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch atá iontu siúd tar éis dháta údaraithe an trú tír nó na críche, nó crios den trú tír nó den chríoch sin inar táirgeadh na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch, chun teacht isteach san Aontas, de speiceas sonrath agus de chatagóir sonrath na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch, nó i rith tréimhse nach raibh bearta srianta maidir le sláinte ainmhithe a ghlac an tAontas Eorpach i bhfeidhm in aghaidh teacht isteach na dtáirgí sin ón trú tír nó ón gcríoch sin nó ó chrios den trú tír nó den chríoch sin, nó i rith tréimhse nár cuireadh ar fionraí údarú an trú tír sin nó na críche sin, nó crios den trú tír nó den chríoch sin maidir le teacht isteach na dtáirgí sin san Aontas.</p> <p>(3) Táirgí feola mar a shainmhínítear i bpointe 7.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.</p> <p>(4) Cuir isteach an cód le haghaidh speiceas ábhartha an táirge feola i gcás inarb amhlaidh BOV = bó <span style="float: right;">Bóinn</span><br/> <i>taurus</i>, <i>Bison bison</i>, <i>Bubalus bubalis</i> agus a gcrosphórtha); OVI = caoirigh chlóis (<i>Ovis aries</i>) agus gabhair chlóis (<i>Capra hircus</i>); EQU = each-ainmhithe clóis (<i>Equus caballus</i>, <i>Equus asinus</i> agus a gcrosphórtha); POR = muc-ainmhithe clóis (<i>Sus scrofa</i>); RM = coiníní feirme; POU = éanlaith chlóis; RAT = raitítigh; RUF: ainmhithe den fhine Bovidae (seachas bó<br/>     agus ainmhithe den chineál fia a dhéantar a choimeád mar ghéim saothraithe; RUW = ainmhithe fiáine den fhine Bovidae (seachas bó<br/>     chineál camaill agus ainmhithe fiáine den chineál fia; SUF = ainmhithe a choinnítear mar ghéim saothraithe de phórtha fiáine de mhuc<br/>     Tairgí feola agus ainmhithe den fhine<br/>     Tairgí feola agus ainmhithe den fhine</p> <p>(5) Cuir isteach A, B, C, D, E nó F le haghaidh na cóireála a cheanglaítear mar a shonraítear agus mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.</p> <p>(6) Cuir isteach cód chrios tionscnaimh an táirge feola, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 nó ‘AE’ le haghaidh na dtáirgí feola de thionscnamh na mBallstát.</p> <p>(7) Serios má fhaightear na dtáirgí feola ó EQU, EQW, WL, RM nó WM mar a shainmhínítear i bhfonóta (4).</p> |
|--|--|

## TÍR

## Deimhniú caighdeánach TRANSIT -

|   |                        |
|---|------------------------|
| <p>(8) Ciallaíonn ‘táirgí déiríochta’ táirgí lena gcaitheamh ag an duine mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I, pointe 7.2, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Ciallaíonn ‘táirgí bunaithe ar ghruth buí’, táirgí bunaithe ar ghruth buí lena gcaitheamh ag an duine mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III, Roinn IX, pointe 2, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.</p> <p>(9) Ní cheadaítear sin ach do tháirgí déiríochta de thionscnamh an chreasa nó na gcriosanna mar a liostaítear iad i gCuid 1 d’Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus/nó i mBallstát.</p> <p>(10) Cód an chreasa i gcomhréir le colún 2 den tábla i gCuid 1 d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.</p> |                        |
| <b>Tréidlia oifigiúil</b>   |                        |
| Ainm (i gceannlitreacha)  |                        |
| Dáta  | Cáilíocht agus teideal |
| Stampa  | Síniú                  |

- (A) Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch (*IO L 139, 30.4.2004, lch. 55*).
- (B) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis teacht isteach dóibh (*IO L 174, 3.6.2020, lch. 379*).
- (C) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thrú tíortha, de thrú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*IO L 114, 31.3.2021, lch. 1*).
- (D) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thrú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe le haghaidh a dtomhailte ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*IO L 114, 31.3.2021, lch. 118*).

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1220 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 14 Iúil 2022**

**lena leagtar síos caighdeán theicniúla cur chun feidhme maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an bhformáid nach mór do bhraintí de ghnólachtaí tríú tír agus d'údarás inniúla an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 41(3) agus (4) den Treoir sin a thuairisciú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 41(6) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is gá a áirithiú go bhfaighidh an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA) agus na húdaráis inniúla lena mbaineann gach faisnéis is gá chun maoirseacht a dhéanamh ar bhraintí gnólachtaí tríú tír, agus is gá a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis sin a phróiseáil ar bhealach éifeachtúil agus tapa. Ba cheart, dá bhrí sin, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 41(3) agus (4) de Threoir 2014/65/AE a chur isteach i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta.
- (2) Ceanglaítear le hAirteagal 39(2) de Threoir 2014/65/AE go bhfaighidh brainsí de ghnólachtaí tríú tír ar mian leo seirbhísí infheistíochta a sholáthar nó gníomhaíochtaí infheistíochta a dhéanamh i gcóir Bhallstáit údarú roimh ré ó údarás inniúil an Bhallstáit sin. Ní cheadaítear do bhraintí den sórt sin seirbhísí infheistíochta a sholáthar ná gníomhaíochtaí infheistíochta a dhéanamh i mBallstáit eile seachas an Ballstát ina bhfuair na brainsí sin a n-údarú. Is féidir leis an gCoimisiún Eorpach, áfach, cinneadh coibhéise a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup> ina luaitear go bhfuil socruithe dlíthiúla agus maoirseachta an tríú tír sin maidir le gnólachtaí infheistíochta coibhéiseach leis na socruithe sin atá i bhfeidhm san Aontas. I gcás den sórt sin, leanfadh brainsí údaraithe na ngnólachtaí infheistíochta a thagann faoi raon feidhme an chinnidh coibhéise sin de bheith faoi mhaoirseacht údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na brainsí sin bunaithe, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil seirbhísí trasteorann á soláthar acu nó cé acu atá nó nach bhfuil gníomhaíochtaí trasteorann á ndéanamh acu. Is gá, dá bhrí sin, a áirithiú go bhfuil an fhoráid le haghaidh thuairisciú na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 41(3) de Threoir 2014/65/AE oiriúnach freisin chun tuairisciú a dhéanamh ar sheirbhísí trasteorann agus ar ghníomhaíochtaí trasteorann den sórt sin de chuid na mbrainsí sin.
- (3) De réir Airteagal 41(3) de Threoir 2014/65/AE, tá brainsí de ghnólachtaí tríú tír atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 41(1) den Treoir sin leis an bhfaisnéis a leagtar síos san Airteagal 41(3) sin a thuairisciú, ar bhonn bliantúil, d'údarás inniúil an Bhallstáit inar deonaíodh an t-údarú sin. Chun comhchuibhiú a dhéanamh ní hamháin ar an bhformáid, ach ar uainiú an tuairiscithe freisin, is gá tráthchlár a áireamh cathain a bheidh an fhaisnéis sin le soláthar d'údarás inniúla.
- (4) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeán theicniúla cur chun feidhme a chuir ESMA faoi bhráid an Choimisiúin.
- (5) Reachtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeán theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha, agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margáí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>.

<sup>(1)</sup> IO L 173, 12.6.2014, lch. 349.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

##### **Formáid na faisnéise atá le tuairisciú go bliantúil ag brainsí de ghnólachtaí tríú tír d'údaráis inniúla**

1. Úsáidfidh an brainse de ghnólacht tríú tír atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 41(1) de Threoir 2014/65/AE an fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn I chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 41(3) den Treoir sin a thuairisciú. Mar sin féin, i gcás ina mbeidh an gnólacht tríú tír faoi réir cinneadh coibhéise dá dtagraítear in Airteagal 47(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, úsáidfidh brainse an ghnólachta tríú tír sin an fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn II le haghaidh na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí sin a chumhdaítear leis an gcinneadh coibhéise sin.
2. Cuirfear isteach an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta.
3. Cuirfear isteach an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 faoin 30 Aibreán gach bliain agus cumhdófar léi an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig den bhliain féilire roimhe sin. Beidh an fhaisnéis a sholáthrófar cruinn ón 31 Nollaig den bhliain roimhe sin.

#### *Airteagal 2*

##### **Formáid na faisnéise atá le tuairisciú ag údaráis inniúla don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA) arna iarraidh sin**

Chun críoch Airteagal 41(4) de Threoir 2014/65/AE, tuairisceoidh na húdaráis inniúla na réimsí seo a leanas ó Iarscríbhinní I agus II do ESMA:

1. Tréimhse Tuairiscithe: 1a agus 1b agus, i gcás inarb infheidhme, 19a agus 19b;
2. Ainm an ghnólachta tríú tír agus an bhrainse: 2a agus 2d agus, i gcás inarb infheidhme, 20a agus 20d;
3. Seirbhísí infheistíochta, gníomhaíochtaí infheistíochta agus seirbhísí coimhdeacha arna soláthar ag an mbrainse: 3a, 3b, 3c, 3d, 3e, 3f, 3g agus 3h agus, i gcás inarb infheidhme, 21a, 21b, 21c, 21d, 21e, 21f, 21g agus 21h;
4. An líon cliant agus contrapháirtithe agus líon foirne an bhrainse: 4a, 4b, 4c, 4d agus, i gcás inarb infheidhme, 22a, 22b agus 22c;
5. Láimhdeachas agus luach comhiomlánaithe shócmhainní an bhrainse: 5a, 5b, 5c agus, i gcás inarb infheidhme, 23a, 23b agus 23c.

#### *Airteagal 3*

##### **Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN I

**An fhormaid chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 41(3) agus 41(4) de Threoir 2014/65/AE <sup>(1)</sup> a chur isteach**

| #  | Réimse  | Foréimsí   |
|----|---|--|
| 1a | Tréimhse tuairiscithe   | Dáta tosaigh tuairiscithe na bliana féilire<br>(BBBB-MM-LL)  |
| 1b |   | Dáta deiridh tuairiscithe na bliana féilire<br>(BBBB-MM-LL)  |
| 2a | Ainm agus sonraí teagmhála an ghnólachta tríú tír, lena n-áirítear sonraí an bhrainse, sonraí an duine atá i gceannas ar an bhfaisnéis a chur isteach, agus sonraí údaráis an tríú tír atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an ngnólacht tríú tír | Ainm corparáideach iomlán an bhrainse agus an cód Aitheantóra Eintitis Dhlítheanaigh (LEI)   |
| 2b |   | Seoladh an bhrainse<br><i>(le soláthar i gcás aon athrú ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh roimhe sin don údarás inniúil)</i>   |
| 2c |   | Sonraí teagmhála an bhrainse, lena n-áirítear seoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin agus sonraí suímh gréasáin  |
| 2d |   | Ainm dlíthiúil iomlán an ghnólachta tríú tír agus, i gcás ina mbeidh fáil air, an tAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI)<br><i>(le soláthar i gcás aon athrú ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh roimhe sin don údarás inniúil)</i>   |
| 2e |   | Seoladh cláraithe le haghaidh cheannoifig an ghnólachta tríú tír<br><i>(le soláthar i gcás aon athrú ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh roimhe sin don údarás inniúil)</i>  |
| 2f |   | Sonraí teagmhála an ghnólachta tríú tír, lena n-áirítear seoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin agus sonraí suímh gréasáin   |
| 2g |   | An tír ina bhfuil ceannoifig an ghnólachta tríú tír<br><i>(le soláthar i gcás aon athrú ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh roimhe sin don údarás inniúil)</i>   |
| 2h |   | Ainm, seoladh agus tír an údaráis atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an ngnólacht tríú tír sa tríú tír. I gcás ina bhfuil níos mó ná údarás amháin freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an ngnólacht tríú tír, soláthrófar sonraí agus réimsí inniúlachta gach údaráis faoi seach<br><i>(le soláthar i gcás aon athrú ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh roimhe sin don údarás inniúil)</i> |
| 2i |   | Ainm iomlán an teagmhálaí  |
| 2j |   | Seoladh an teagmhálaí  |
| 2k | Uimhir ghutháin an teagmhálaí   |  |
| 2l | R-phost an teagmhálaí   |  |
| 2m | Feidhm/teideal an teagmhálaí  |  |

(1) Cumhdaítear le hIarscríbhinn II aon fhaisnéis maidir le soláthar seirbhísí trasteorann ag brainsí de ghnólachtaí tríú tír.

|    |  |  |
|----|--|--|
| 3a | Seirbhísí infheistíochta, gníomhaíochtaí infheistíochta agus seirbhísí coimhdeacha a sholáthraíonn an brainse sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe, le linn na tréimhse tuairiscithe        | Liosta na seirbhísí infheistíochta, na gníomhaíochtaí infheistíochta agus na seirbhísí coimhdeacha (mar a shonraítear i Ranna A agus B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE) arna soláthar ag an mbrainse sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe  |
| 3b |  | Liosta na gcatagóirí ionstraimí airgeadais (mar a shonraítear i Roinn C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE) a ndearnadh na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí sin ina leith  |
| 3c |  | I gcás ina soláthraíonn an brainse <b>bainistiú punainne, luach iomlán</b> na sócmhainní faoi bhainistíocht do chliant sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe ag deireadh na tréimhse tuairiscithe  |
| 3d |  | I gcás ina soláthraíonn an brainse <b>bainistiú punainne, meánluach</b> na sócmhainní faoi bhainistíocht do chliant sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe i gcaitheamh na tréimhse tuairiscithe  |
| 3e |  | I gcás ina soláthraíonn an brainse <b>comhairle infheistíochta, luach iomlán</b> na sócmhainní ar cuireadh comhairle infheistíochta ar chliant ina leith sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe ag deireadh na tréimhse tuairiscithe  |
| 3f |  | I gcás ina soláthraíonn an brainse <b>comhairle infheistíochta, meánluach</b> na sócmhainní ar cuireadh comhairle infheistíochta ar chliant ina leith sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe le linn na tréimhse tuairiscithe   |
| 3g |  | I gcás ina soláthraíonn an brainse an tseirbhís choimhdeach <b>cumhdaigh agus riaracháin i leith ionstraimí airgeadais do chuntas cliant nó i gcás ina bhfuil cistí cliant ina seilbh aige, luach iomlán</b> na sócmhainní (lena n-áirítear airgead tirim) atá i seilbh an bhraíne do chliant sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe ag deireadh na tréimhse tuairiscithe |
| 3h |  | I gcás ina soláthraíonn an brainse an tseirbhís choimhdeach <b>cumhdaigh agus riaracháin i leith ionstraimí airgeadais do chuntas cliant nó i gcás ina bhfuil cistí cliant ina seilbh aige, meánluach</b> na sócmhainní (lena n-áirítear airgead tirim) atá i seilbh an bhraíne do chliant sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe le linn na tréimhse tuairiscithe        |
| 4a | Líon cliant agus contrapháirtithe an bhraíne sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe agus líon foirne an bhraíne sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe, le linn na tréimhse tuairiscithe | Líon iomlán cliant agus contrapháirtithe an bhraíne sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe  |
| 4b |  | An miondealú ar líon iomlán cliant agus contrapháirtithe an bhraíne sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe in aghaidh na seirbhíse infheistíochta, na gníomhaíochta infheistíochta nó na seirbhíse coimhdí a sholáthraítear sa Bhallstát sin  |
| 4c |  | An líon cliant miondíola, an líon cliant gairmiúil agus an líon contrapháirtithe incháilithe (mar a leagtar amach i dTreoir 2014/65/AE) a bhfuil an brainse ag soláthar seirbhísí infheistíochta, gníomhaíochtaí infheistíochta nó seirbhísí coimhdeacha dóibh sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe.  |
| 4d |  | An miondealú ar líon foirne an bhraíne sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe in aghaidh na seirbhíse infheistíochta, na gníomhaíochta infheistíochta nó na seirbhíse coimhdí a sholáthraítear sa Bhallstát.  |

|    |  |  |
|----|--|--|
| 5a | Láimhdeachas agus luach comhiomlán shócmhainní an bhraíne sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe, le linn na tréimhse tuairiscithe  | An láimhdeachas arna ghiniúint ag an mbrainse agus luach comhiomlán na sócmhainní a chomhfhreagraíonn do na seirbhísí infheistíochta, do na gníomhaíochtaí infheistíochta agus do na seirbhísí coimhdeacha a sholáthraítear sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe  |
| 5b |  | An miondealú ar láimhdeachas an bhraíne sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe in aghaidh na seirbhíse infheistíochta, na gníomhaíochta infheistíochta agus na seirbhíse coimhdí a sholáthraítear sa Bhallstát sin  |
| 5c |  | An miondealú ar láimhdeachas an bhraíne sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe de réir chatagóir an chliaint mar a leagtar amach i dTreoir 2014/65/AE   |
| 6  | I gcás ina ndéileáil an brainse ar a chuntas féin, faisnéis faoi neamhchosaint an ghnólachta tríú tír le linn na tréimhse tuairiscithe ar chontrapháirtithe sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe  | An neamhchosaint mhíosúil fosta, mheánach agus uasta ar chontrapháirtithe sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe  |
| 7  | I gcás ina bhfrithgheallann an brainse ionstraimí airgeadais agus/nó ina gcuireann sé ionstraimí airgeadais ar bhonn gealltanais daingean, faisnéis faoi luach na n-ionstraimí airgeadais de thionscnamh contrapháirtithe sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe agus a dhéantar a fhrithghealladh nó a chur ar bhonn ceangaltas daingean, le linn na tréimhse tuairiscithe | Luach iomlán agus líon iomlán na n-ionstraimí airgeadais de thionscnamh contrapháirtithe sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe agus atá frithgheallta nó curtha ar bhonn ceangaltas daingean ag an mbrainse\   |
| 8a | Comhdhéanamh chomhlacht bainistíochta an ghnólachta tríú tír   | Liosta comhaltaí chomhlacht bainistíochta an ghnólachta tríú tír   |
| 8b |  | I gcás gach comhalta den chomhlacht bainistíochta, ainm iomlán, tír shainchónaithe agus sonraí teagmhála an chomhalta  |
| 8c |  | An post ina gceaptar gach comhalta den chomhlacht bainistíochta  |
| 9a | Sealbhóirí príomhfheidhme i gcás gníomhaíochtaí an bhraíne   | An liosta sealbhóirí príomhfheidhme i gcás gníomhaíochtaí an bhraíne   |
| 9b |  | I gcás gach sealbhóra príomhfheidhme, ainm iomlán an duine, tír shainchónaithe agus sonraí teagmhála   |
| 9c |  | An post ina gceaptar gach sealbhóir príomhfheidhme   |
| 9d |  | Na línte tuairiscithe idir na sealbhóirí príomhfheidhme agus comhlacht bainistíochta an ghnólachta tríú tír  |
| 10 | Faisnéis faoi ghearáin a fuair an brainse nó an gnólacht tríú tír i ndáil le gníomhaíochtaí an bhraíne sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe agus le linn na tréimhse tuairiscithe   | An líon gearáin a fuair an brainse nó an gnólacht tríú tír i ndáil le gníomhaíochtaí an bhraíne sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe, maille leis na nithe seo a leanas:<br>— miondealú le haghaidh na gcúig ionstraim airgeadais a ghineann an líon is mó gearáin;<br>— miondealú le haghaidh na gcúig ábhar gearáin is coitianta; |



|     |   |  |
|-----|---|--|
|     |   | <ul style="list-style-type: none"> <li>— an líon gearán a láimhseáladh i gcaitheamh na tréimhse tuairiscithe</li> <li>— na socruithe atá i bhfeidhm chun déileáil go dícheallach leis na gearáin</li> </ul>  |
| 11a | Tuairisc ar ghníomhaíochtaí margaíochta an bhrainse nó an ghnólachta trú tír i ndáil le gníomhaíochtaí an bhrainse sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe agus le linn na tréimhse tuairiscithe  | Tuairisc ar straitéis mhargaíochta an bhrainse nó an ghnólachta trú tír a úsáidtear sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe i ndáil le gníomhaíochtaí an bhrainse, lena n-áirítear mionsonraí faoina raon feidhme geografach agus faoi na modhanna margaíochta a d'úsáid an gnólacht trú tír (amhail gníomhairí, seónna bóthair, glaonna gutháin, suíomhanna gréasáin)                             |
| 11b |   | <p>An liosta ainmneacha trádála a úsáideann brainse an ghnólachta trú tír sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe, maille leis na nithe seo a leanas i gcás gach ainm trádála:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— na catagóirí ionstraimí airgeadais a n-úsáidtear an t-ainm trádála ina leith; agus</li> <li>— na catagóirí cliant a n-úsáidtear an t-ainm trádála ina leith</li> </ul> |
| 11c |   | I gcás aon ghníomhaire nó eintiteas comhchosúil a úsáideann brainse an ghnólachta trú tír sa Bhallstát sin, ainm an duine aonair nó an eintitis maille leis an seoladh agus sonraí teagmhála   |
| 11d |   | An liosta suíomhanna gréasáin a úsáideann an brainse sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe, maille leis an URL, i gcás gach suímh gréasáin   |
| 12a | Tuairisc ar shocruithe cosanta infheisteoirí an ghnólachta trú tír atá ar fáil do chliant an bhrainse sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe, lena n-áirítear cearta na gcliant sin mar thoradh ar an scéim cúitimh d'infheisteoirí dá dtagraítear in Airteagal 39(2), pointe (f), de Threoir 2014/65/AE | <p><b>Faisnéis agus tuairiscíú do chliant</b></p> <p>Tuairisc ar na socruithe a chuir an gnólacht trú tír ar bun a mhéid a bhaineann lena oibleagáidí faisnéise agus tuairiscithe do chliant agus a bhearta cur chun feidhme le haghaidh oibríochtaí an bhrainse sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe</p>   |
| 12b |   | An teanga/na teangacha a úsáidfidh an brainse lena chliant sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe   |
| 12c | (le soláthar i gcás aon athrú ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh roimhe sin don údarás inniúil)  | <p><b>Oiriúnacht agus iomchuibheas</b></p> <p>Tuairisc ar shocruithe an ghnólachta trú tír chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht nó iomchuibheas, de réir mar a bheidh, i gcás ina soláthraíonn an brainse seirbhísí do chliant sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe</p>  |
| 12d |   | <p><b>An forghníomhú is fearr</b></p> <p>I gcás ina bhforghníomhaíonn an brainse orduithe dá chliant sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe, tuairisc ar na socruithe a cuireadh ar bun chun orduithe cliant a fhorghníomhú ar na téarmaí is fabhraí do na cliant</p>   |
| 12e |   | <p><b>Rialacha maidir le horduithe cliant a láimhseáil</b></p> <p>I gcás ina láimhseálann an brainse orduithe cliant, tuairisc ar na socruithe a chuir an brainse ar bun chun orduithe cliant a fhorghníomhú go pras, go cothrom agus go gasta, agus béim á cur ar oibríochtaí an bhrainse sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe</p>   |

|     |  |  |
|-----|--|--|
| 12f |  | <p><b>Socrúithe maidir le rialachas táirgí</b></p> <p>I gcás ina ndéanann an gnólacht tríú tír monarú agus/nó dáileadh, trína bhrairse, ar ionstraimí airgeadais, tuairisc ar na socrúithe maidir le rialachas táirgí a chuir an gnólacht tríú tír ar bun le haghaidh oibríochtaí an bhrairse sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe</p>  |
| 12g |  | <p><b>Socrúithe an ghnólachta tríú tír chun coinbhleachtaí leasa a shainaitheint, a chosc agus a bhainistiú</b></p> <p>Tuairisc ar na bearta a chuir an gnólacht tríú tír ar bun, agus é ag gníomhú trína bhrairse, chun coinbhleachtaí leasa a shainaitheint agus a chosc nó a bhainistiú, ar coinbhleachtaí leasa iad a thagann chun cinn le linn dó seirbhísí infheistíochta agus seirbhísí coimhdeacha a sholáthar, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as beartas luacha saothair na ndaoine atá rannpháirteach sa soláthar seirbhísí infheistíochta, gníomhaíochtaí infheistíochta agus seirbhísí coimhdeacha a sholáthraítear sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe</p> |
| 12h |  | <p><b>Socrúithe an ghnólachta tríú tír chun gearáin a láimhseáil</b></p> <p>Tuairisc ar an nós imeachta a chuir an gnólacht tríú tír ar bun, agus é ag gníomhú trína bhrairse, agus a bheidh le leanúint ag cliaint an bhrairse chun gearáin a thaisceadh</p>  |
| 12i |  | <p>An roinn atá freagrach as gearáin chliaint an bhrairse a láimhseáil</p>   |
| 12j |  | <p>An teanga nach mór do chliaint a ngearáin a thaisceadh inti/Na teangacha nach mór do chliaint a ngearáin a thaisceadh iontu</p>   |
| 12k |  | <p>Na cúirteanna ábhartha (i gcás dlíthíochta) dá dtagraítear in aon socrú conarthach idir an gnólacht tríú tír atá ag gníomhú trína bhrairse agus a chliaint sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe</p>  |
| 12l |  | <p>An t-eintiteas/na heintitis um réiteach malartach díospóidí atá inniúil chun déileáil le díospóidí a bhaineann le cliaint sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe agus leis an ngnólacht tríú tír</p>   |
| 12m |  | <p><b>Ballraíocht an ghnólachta tríú tír i scéim cúitimh d'infheisteoirí</b></p> <p>An tuairisc ar bhallraíocht an ghnólachta tríú tír i scéim cúitimh d'infheisteoirí, lena n-áirítear cé acu a bheidh nó nach mbeidh cliaint agus contrapháirtithe an bhrairse incháilithe do scéim den sórt sin, a raon feidhme, tuairisc ar na coinníollacha incháilitheachta agus na méideanna agus na hionstraimí airgeadais a chumhdaítear leis an scéim</p>  |
| 12n |  | <p><b>Socrúithe an ghnólachta tríú tír maidir le cistí agus sócmhainní cliant a chosaint agus a bhainistiú</b></p> <p>Tuairisc ar aon chiste cliant nó ar aon socrú cosanta sócmhainní cliant (go háirithe, i gcás ina bhfuil ionstraimí airgeadais agus cistí i seilbh choimeádaí, ainm an choimeádaí, agus conarthaí gaolmhara) a cuireadh i bhfeidhm sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe</p>  |

|     |   |   |
|-----|---|---|
| 12o |   | <p><b>Socruithe eile</b></p> <p>Tuairisc ar aon socrú eile a mheasfadh an gnólacht tríú tír a bheith ábhartha maidir le soláthar seirbhísí agus feidhmiú gníomhaíochtaí an bhraíne sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe ar bhealach macánta, cothrom agus gairmiúil a chuireann leasanna na gcliant chun cinn</p>  |
| 13a | Faisnéis faoi shocruithe seachfhóinsithe an ghnólachta tríú tír is infheidhme maidir le hoibríochtaí an bhraíne   | Liosta de na feidhmeanna seachfhóinsithe (nó de na feidhmeanna a bheartaítear a sheachfhóinsíú) agus tuairisc orthu   |
| 13b | <i>(le soláthar i gcás aon athrú ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh roimhe sin don údarás inniúil)</i>   | Tuairisc ar na hacmhainní (go háirithe na hacmhainní daonna agus na hacmhainní teicniúla, agus an córas rialaithe inmheánaigh) a leithdháiltear ar rialú na bhfeidhmeanna, na seirbhísí nó na ngníomhaíochtaí seachfhóinsithe a mhéid a bhaineann siad le hoibríochtaí an bhraíne sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe   |
| 14  | Faisnéis maidir leis na socruithe (lena n-áirítear socruithe TF) arna gcur ar bun ag an ngnólacht tríú tír is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí an bhraíne le haghaidh trádáil algartamach, le haghaidh trádáil ardmhínicíochta agus le haghaidh rochtain leictreonach dhíreach | Tuairisc ar aon socrú agus ar aon acmhainn (go háirithe acmhainní daonna agus acmhainní TF) a d'fhéadfadh a bheith curtha ar bun ag an ngnólacht tríú tír agus/nó a d'fhéadfadh a bheith leithdháilte aige do gníomhaíochtaí a bhraíne sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe le haghaidh trádáil algartamach, le haghaidh trádáil ardmhínicíochta agus le haghaidh rochtain leictreonach dhíreach agus chun gníomhaíochtaí den sórt sin a rialú |
| 15a | Faisnéis faoi gníomhaíochtaí na feidhme comhlíonta (nó a coibhéis)  | <p><b>Athruithe rialála</b></p> <p>Tuairisc ar bhainistiú agus ar chur chun feidhme athruithe agus forbairtí ábhartha i gceanglais rialála le linn na tréimhse tuairiscithe a mbíonn tionchar acu ar shocruithe cosanta infheisteoirí le haghaidh gníomhaíochtaí bhraíne an ghnólachta tríú tír</p>   |
| 15b |   | <p><b>Torthaí</b></p> <p>An líon rialuithe a dhéantar ar an láthair agus a sheachfhóinsítear agus a choimre ar mhórthorthaí na feidhme comhlíonta ar oibríochtaí an ghnólachta tríú tír a mhéid a bhaineann siad le hoibríochtaí an bhraíne</p>   |
| 15c |   | Gníomhaíochtaí a rinneadh nó atá le déanamh (lena n-áirítear tar éis gearán nó tar éis claonadh ó mholtaí na feidhme comhlíontachta atá dírithe ar an mbainistíocht shinsearach) chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna sainaitheanta nó ar rioscaí teipeanna den ghnólacht tríú tír a mhéid a bhaineann siad le hoibríochtaí an bhraíne  |
| 15d |   | <p><b>Eile</b></p> <p>Aon fhaisnéis eile a mheasfadh an brainse gurbh ábhartha í a lua</p>  |

|     |   |  |
|-----|---|--|
| 16a | Faisnéis faoi ghníomhaíochtaí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí (nó a coibhéis)  | <b>Torthaí</b>   |
| 16b |   | Achoimre ar mhórtorthaí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí ar oibríochtaí an ghnólachta tríú tír a mhéid a bhaineann siad le hoibríochtaí an bhrainse  |
| 17a | Faisnéis faoi ghníomhaíochtaí na feidhme bainistithe riosca (nó a coibhéis) agus faoi bheartas bainistithe riosca an ghnólachta tríú tír              | <b>Beartas bainistithe riosca</b>  |
| 17b |   | Achoimre ar bheartas bainistithe riosca an ghnólachta tríú tír a mhéid a bhaineann sé le hoibríochtaí an bhrainse agus na socrúithe a chuireann an brainse i bhfeidhm maidir leis na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí a dhéanann an brainse<br><i>(le soláthar i gcás aon athrú ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh roimhe sin don údarás inniúil)</i> |
| 18  | Aon fhaisnéis eile a mheasfadh an brainse de ghnólacht tríú tír gurbh ábhartha í a chur in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe. | Achoimre ar mhórtorthaí na feidhme bainistithe riosca ar oibríochtaí an ghnólachta tríú tír ar fud an domhain agus na gníomhaíochtaí a dhéantar nó atá le déanamh chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí sin   |

## IARSCRÍBHINN II

**An fhormáid chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 41(3) agus 41(4) de Threoir 2014/65/AE a chur isteach i gcás ina bhfuil cinneadh coibhéis glactha ag an gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 47(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014**

I dteannta na faisnéise a éilítear faoi Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme reatha, i gcás gnólaictaí tríú tír a sholáthraíonn seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta freisin san Aontas Eorpach, i gcomhréir le hAirteagal 47(3) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 tríd an gcóras coibhéis tríú tír (má aithnítear amhlaidh go héifeachtach faoi Airteagal 47(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, déanfaidh siad na réimsí seo a leanas a áireamh freisin ina dtuarascáil don údarás inniúil, mar a éilítear faoi Airteagal 41(3) de Threoir 2014/65/AE:

| #   | Réimse   | Foréimsí   |
|-----|--|--|
| 19a | Tréimhse tuairiscithe  | Dáta tosaigh tuairiscithe na bliana féilire<br>(BBBB-MM-LL)  |
| 19b |  | Dáta deiridh tuairiscithe na bliana féilire<br>(BBBB-MM-LL)  |
| 20a | Ainm agus sonraí teagmhála an ghnólaicta tríú tír, lena n-áirítear sonraí an bhrainse, sonraí an duine atá i gceannas ar an bhfaisnéis a chur isteach, sonraí údaráis an tríú tír atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an ngnólacht tríú tír | Ainm corparáideach iomlán an bhrainse agus an cód Aitheantóra Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) i gcás ina mbeidh fáil air  |
| 20b |  | Seoladh an bhrainse<br><i>(le soláthar i gcás aon athrú ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh roimhe sin don údarás inniúil)</i>   |
| 20c |  | Sonraí teagmhála an bhrainse, lena n-áirítear seoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin agus sonraí suímh gréasáin  |
| 20d |  | Ainm dlíthiúil iomlán an ghnólaicta tríú tír agus an tAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) i gcás ina mbeidh fáil air<br><i>(le soláthar i gcás aon athrú ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh roimhe sin don údarás inniúil)</i>   |
| 20e |  | Seoladh cláraithe le haghaidh ceannoifig an ghnólaicta tríú tír<br><i>(le soláthar i gcás aon athrú ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh roimhe sin don údarás inniúil)</i>   |
| 20f |  | Sonraí teagmhála an ghnólaicta tríú tír, lena n-áirítear seoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin agus sonraí suímh gréasáin   |
| 20g |  | An tír ina bhfuil ceannoifig an ghnólaicta tríú tír<br><i>(le soláthar i gcás aon athrú ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh roimhe sin don údarás inniúil)</i>   |
| 20h |  | Ainm, seoladh agus tír an údaráis atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an ngnólacht tríú tír sa tríú tír. I gcás ina bhfuil níos mó ná údarás amháin freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an ngnólacht tríú tír, soláthrófar sonraí agus réimsí inniúlachta gach údaráis faoi seach<br><i>(le soláthar i gcás aon athrú ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh roimhe sin don údarás inniúil)</i> |

|     |   |   |
|-----|---|---|
| 20i |   | Ainm iomlán an teagmhálaí   |
| 20j |   | Seoladh an teagmhálaí   |
| 20k |   | Uimhir ghutháin an teagmhálaí   |
| 20l |   | Seoladh ríomhphoist an teagmhálaí   |
| 20m |   | Feidhm/teideal an teagmhálaí  |
| 21a | Seirbhísí infheistíochta, gníomhaíochtaí infheistíochta agus seirbhísí coimhdeacha a sholáthraíonn an brainse i ngach Ballstát seachas an Ballstát ina bhfuil sé bunaithe, le linn na tréimhse tuairiscithe | Liosta na seirbhísí infheistíochta, na gníomhaíochtaí infheistíochta agus na seirbhísí coimhdeacha (mar a shonraítear i Ranna A agus B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE) a sholáthraítear do chontrapháirtithe incháilithe agus do chliant ghairmiúla de réir bhrí Roinn I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/65/AE, i ngach Ballstát seachas an Ballstát ina bhfuil an brainse bunaithe       |
| 21b |   | Liosta na gcatagóirí ionstraimí airgeadais (mar a shonraítear i Roinn C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE) a ndearnadh na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí sin ina leith   |
| 21c |   | I gcás gach Ballstáit seachas an Ballstát ina bhfuil an brainse bunaithe agus ina soláthraíonn an brainse <b>bainistiú punainne, luach iomlán</b> na sócmhainní faoi bhainistíocht le haghaidh cliant sa Bhallstát ag deireadh na tréimhse tuairiscithe   |
| 21d |   | I gcás gach Ballstáit seachas an Ballstát ina bhfuil an brainse bunaithe agus ina soláthraíonn an brainse <b>bainistiú punainne, meánluach</b> na sócmhainní faoi bhainistíocht le haghaidh cliant sa Bhallstát i gcaitheamh na tréimhse tuairiscithe   |
| 21e |   | I gcás gach Ballstáit seachas an Ballstát ina bhfuil an brainse bunaithe agus ina soláthraíonn an brainse <b>comhairle infheistíochta, luach iomlán</b> na sócmhainní a ndearnadh an tseirbhís sin a sholáthar ina leith le haghaidh cliant sa Bhallstát ag deireadh na tréimhse tuairiscithe   |
| 21f |   | I gcás gach Ballstáit seachas an Ballstát ina bhfuil an brainse bunaithe agus ina soláthraíonn an brainse <b>comhairle infheistíochta, meánluach</b> na sócmhainní a ndearnadh an tseirbhís sin a sholáthar ina leith le haghaidh cliant sa Bhallstát i gcaitheamh na tréimhse tuairiscithe   |
| 21g |   | I gcás gach Ballstáit seachas an Ballstát ina bhfuil an brainse bunaithe agus ina soláthraíonn an brainse an tseirbhís choimhdeach <b>cumhdaigh agus riaracháin i leith ionstraimí airgeadais do chuntas cliant nó i gcás ina bhfuil cistí cliant ina seilbh aige, luach iomlán</b> na sócmhainní (lena n-áirítear airgead tirim) atá i seilbh an bhrainse do chliant sa Bhallstát ag deireadh na tréimhse tuairiscithe |
| 21h |   | I gcás gach Ballstáit seachas an Ballstát ina bhfuil an brainse bunaithe agus ina soláthraíonn an brainse an tseirbhís choimhdeach <b>cumhdaigh agus riaracháin i leith ionstraimí airgeadais do chuntas cliant nó i gcás ina bhfuil cistí cliant ina seilbh aige, meánluach</b> na sócmhainní (lena n-áirítear airgead tirim) atá i seilbh an bhrainse do chliant sa Bhallstát i gcaitheamh na tréimhse tuairiscithe   |

|     |  |  |
|-----|--|--|
| 22a | An líon cliant agus contrapháirtithe atá ag an mbrainse i mBallstáit seachas an Ballstát ina bhfuil an brainse bunaithe agus ar fud an domhain, le linn na tréimhse tuairiscithe   | An líon iomlán cliant agus contrapháirtithe atá ag an mbrainse san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe).   |
| 22b |  | An líon iomlán cliant agus contrapháirtithe atá ag an ngnólacht tríú tír ar fud an domhain   |
| 22c |  | <p>I gcás gach Ballstáit seachas an Ballstát ina bhfuil an brainse bunaithe agus inar sholáthair an brainse aon seirbhís infheistíochta, aon ghníomhaíocht infheistíochta nó aon seirbhís choimhdeach, an líon iomlán cliant agus contrapháirtithe atá ag an mbrainse sa Bhallstát eile sin, maille leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— miondealú ar an uimhir sin in aghaidh na seirbhíse infheistíochta, na gníomhaíochta infheistíochta nó na seirbhíse coimhdí a sholáthraítear i ngach Ballstát; agus</li> <li>— miondealú de réir na catagóire cliant mar a leagtar amach i dTreoir 2014/65/AE</li> </ul>   |
| 23a | Láimhdeachas agus luach comhiomlán shócmhainní an bhraíne i mBallstáit seachas an Ballstát ina bhfuil an brainse bunaithe agus láimhdeachas agus luach comhiomlán shócmhainní an ghnólachta tríú tír ar fud an domhain, le linn na tréimhse tuairiscithe | Láimhdeachas an bhraíne san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe) agus luach comhiomlán na sócmhainní a chomhfhreagraíonn do na seirbhísí agus do na gníomhaíochtaí arna soláthar ag an ngnólacht tríú tír san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe)   |
| 23b |  | Láimhdeachas domhanda an ghnólachta tríú tír   |
| 23c |  | <p>I gcás gach Ballstáit seachas an Ballstát ina bhfuil an brainse bunaithe agus inar sholáthair an brainse aon seirbhís infheistíochta, aon ghníomhaíocht infheistíochta nó aon seirbhís choimhdeach, láimhdeachas agus luach comhiomlán na sócmhainní a chomhfhreagraíonn do na seirbhísí infheistíochta, do na gníomhaíochtaí infheistíochta agus do na seirbhísí coimhdeacha sin, maille leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— miondealú in aghaidh na seirbhíse infheistíochta, na gníomhaíochta infheistíochta nó na seirbhísí coimhdeacha a sholáthraítear sa Bhallstát; agus</li> <li>— miondealú de réir na catagóire cliant mar a leagtar amach i dTreoir 2014/65/AE</li> </ul> |
| 24a | I gcás ina ndéileáil an brainse ar a chuntas féin, faisnéis faoi neamhchosaint an ghnólachta tríú tír ar chontrapháirtithe san Aontas (seachas an Ballstát ina bhfuil an brainse bunaithe), le linn na tréimhse tuairiscithe                             | I gcás gach Ballstáit seachas an Ballstát ina bhfuil an brainse bunaithe agus ina ndéileáil an brainse ar a chuntas féin, an neamhchosaint mhíosúil íosta, mheánach agus uasta ar chontrapháirtithe sa Bhallstát sin   |
| 24b |  | An neamhchosaint mhíosúil íosta, mheánach agus uasta ar chontrapháirtithe san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe)   |
| 25a | I gcás ina bhfrithgheallann an brainse ionstraimí airgeadais agus/nó ina gcuireann sé ionstraimí airgeadais ar bhonn gealltanais daingean, faisnéis faoi luach na n-ionstraimí airgeadais  | I gcás gach Ballstáit seachas an Ballstát ina bhfuil an brainse bunaithe agus ina bhfrithgheallann an brainse ionstraimí airgeadais agus/nó ina gcuireann sé ionstraimí airgeadais ar bhonn gealltanais daingean, luach iomlán na n-ionstraimí airgeadais de thionscnamh contrapháirtithe sa Bhallstát agus a frithghealladh nó a cuireadh ar bhonn ceangaltas daingean ag an mbrainse   |

|     |   |  |
|-----|---|--|
| 25b | de thionscnamh contrapháirtithe san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe) agus a dhéantar a fhrithghealladh nó a chur ar bhonn ceangaltas daingean le linn na tréimhse tuairiscithe                    | Luach iomlán na n-ionstraimí airgeadais de thionscnamh contrapháirtithe san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe) agus atá frithgheallta nó curtha ar bhonn ceangaltas daingean ag an mbrainse  |
| 26  | Faisnéis faoi ghearán a fuair an brainse agus/nó an gnólacht tríú tír i ndáil le gníomhaíochtaí an bhrainse san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe), le linn na tréimhse tuairiscithe                | An líon gearán a fuair an brainse agus/nó an gnólacht tríú tír i ndáil le gníomhaíochtaí an bhrainse i mBallstáit seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe, maille leis na nithe seo a leanas:<br>— miondealú in aghaidh an Bhallstáit;<br>— miondealú le haghaidh na gcúig ionstraim airgeadais a ghineann an líon is mó gearán;<br>— miondealú le haghaidh na gcúig ábhar gearáin is coitianta;<br>— an líon gearán a láimhseáladh sa tréimhse tuairiscithe<br>— na socruithe atá i bhfeidhm chun déileáil go dícheallach leis na gearáin |
| 27a | Tuairisc ar ghníomhaíochtaí margadóirí an bhrainse nó an gnólachta tríú tír i ndáil le gníomhaíochtaí an bhrainse san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe), le linn na tréimhse tuairiscithe          | Tuairisc ar straitéis mhargadóirí an ghnólachta tríú tír a úsáidtear san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe) i ndáil le gníomhaíochtaí an bhrainse, lena n-áirítear mionsonraí faoina raon feidhme geografach agus faoi na modhanna margadóirí a d'úsáid an gnólacht tríú tír (amhail gníomhairí, seónna bóthair, glaonna gutháin, suíomhanna gréasáin)   |
| 27b |   | An liosta ainmneacha trádála a úsáideann an gnólacht tríú tír san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe), maille leis na nithe seo a leanas i gcás gach ainm trádála:<br>— an liosta Bhallstát ina n-úsáidtear é;<br>— na catagóirí ionstraimí airgeadais a n-úsáidtear an t-ainm trádála ina leith; agus<br>— na catagóirí cliant a n-úsáidtear an t-ainm trádála ina leith   |
| 27c |   | I gcás aon ghníomhaire nó eintiteas comhchosúil a úsáideann an gnólacht tríú tír san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe), ainm an duine aonair nó an eintitis maille leis an seoladh agus sonraí teagmhála  |
| 27d |   | An liosta suíomhanna gréasáin a úsáideann an gnólacht tríú tír san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe), maille leis an URL, i gcás gach suímh gréasáin  |
| 28a | Tuairisc ar shocruithe cosanta infheisteoirí an ghnólachta tríú tír atá ar fáil do chliant an bhrainse san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe), lena n-áirítear cearta na gcliant sin mar thoradh ar | <b>Faisnéis agus tuairisciú do chliant</b><br><br>An tuairisc ar shocruithe an ghnólachta tríú tír chun a áirithiú go gcomhlíonann sé a oibleagáidí faisnéise agus tuairiscithe do chliant faoi Airteagail 24 agus 25 de Threoir 2014/65/AE agus a bhearta cur chun feidhme le haghaidh oibríochtaí an bhrainse san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe)   |



|     |   |  |
|-----|---|--|
| 28b | an scéim cúitimh d'infheisteoirí dá dtagraítear in Airteagal 39(2), pointe (f), de Threoir 2014/65/AE | An teanga/na teangacha a úsáidfidh an brainse lena chliant san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe)  |
| 28c | <i>(le soláthar i gcás aon athrú ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh roimhe sin don údarás inniúil)</i>   | <p><b>Oiriúnacht agus iomchuibheas</b></p> <p>An tuairisc ar shocruithe an ghnólachta tríú tír chun a áirithiú go gcomhlíonann sé a oibleagáidí measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht nó iomchuibheas, de réir mar a bheidh, i gcás ina soláthraíonn an brainse seirbhísí do chliant san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe)</p>   |
| 28d |   | <p><b>An forghníomhú is fearr</b></p> <p>I gcás ina bhforghníomhaíonn an brainse orduithe dá chliant san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe), an tuairisc ar na socruithe chun a áirithiú go bhforghníomhaíonn sé orduithe cliant ar na téarmaí is fabhraí do na cliant</p>   |
| 28e |   | <p><b>Rialacha maidir le horduithe cliant a láimhseáil</b></p> <p>An tuairisc ar shocruithe an ghnólachta tríú tír lena ndéantar foráil maidir le horduithe cliant a fhorghníomhú go pras, go cothrom agus go gasta, agus béim á cur ar oibríochtaí an bhraíne san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe)</p>  |
| 28f |   | <p><b>Socruithe maidir le rialachas táirgí</b></p> <p>I gcás ina ndéanann an gnólacht tríú tír ionstraimí airgeadais a mhonarú agus/nó a dháileadh san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe), tuairisc ar na socruithe maidir le rialachas táirgí a chuir an gnólacht tríú tír ar bun le haghaidh a oibríochtaí san Aontas.</p>   |
| 28g |   | <p><b>Socruithe an ghnólachta tríú tír chun coibhreachtaí leasa a shainiú, a chosc agus a bhainistiú</b></p> <p>An tuairisc ar na bearta a chuir an gnólacht tríú tír i bhfeidhm chun coibhreachtaí leasa a shainiú agus a chosc nó a bhainistiú, ar coibhreachtaí leasa iad a thagann chun cinn le linn dó seirbhísí infheistíochta agus seirbhísí coimhdeacha a sholáthar, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as beartas luacha saothair na ndaoine atá rannpháirteach sa soláthar seirbhísí infheistíochta, gníomhaíochtaí infheistíochta agus seirbhísí coimhdeacha a sholáthraítear san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe)</p> |
| 28h |   | <p><b>Socruithe an ghnólachta tríú tír chun gearáin a láimhseáil</b></p> <p>Tuairisc ar an nós imeachta nach mór do chliant an ghnólachta tríú tír san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe) cloí leis chun gearáin a thaisceadh</p>  |
| 28j |   | An roinn atá freagrach as gearáin chliant an bhraíne a láimhseáil  |
| 28k |   | An teanga nach mór do chliant a ngearáin a thaisceadh inti/Na teangacha nach mór do chliant a ngearáin a thaisceadh iontu  |

|     |   |  |
|-----|---|--|
| 28l |   | Na cúirteanna ábhartha (i gcás dlíthíochta) dá dtagraítear in aon socrú conarthach idir an gnólacht tríú tír agus a chliaint san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe)  |
| 28m |   | An t-eintiteas/na heintitis um réiteach malartach díospóidí atá inniúil chun déileáil le díospóidí trasteorann a bhaineann le cliaint san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe)   |
| 28n |   | <b>Ballraíocht an ghnólachta tríú tír i scéim cúitimh d'infheisteoirí</b><br><br>Tuairisc ar bhallaíocht an ghnólachta tríú tír i scéim cúitimh d'infheisteoirí, lena n-áirítear cé acu a bheidh nó nach mbeidh cliaint agus contrapháirtithe an bhraíne san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe) incháilithe do scéim den sórt sin, a raon feidhme, tuairisc ar na coinníollacha incháilitheachta agus na méideanna agus na hionstraimí airgeadais a chumhdaítear leis an scéim |
| 28o |   | <b>Socrúithe an ghnólachta tríú tír maidir le cistí agus sócmhainní cliant a chosaint agus a bhainistiú</b><br><br>Tuairisc ar shocrúithe cosanta d'aon chiste cliant nó d'aon sócmhainn chliaint san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe) (go háirithe, i gcás ina bhfuil ionstraimí airgeadais agus cistí i seilbh coimeádaí, ainm an choimeádaí, agus conarthaí gaolmhara)  |
| 28p |   | <b>Socrúithe eile</b><br><br>Tuairisc ar aon socrú eile a mheasfadh an gnólacht tríú tír a bheith ábhartha maidir le soláthar seirbhísí agus feidhmiú gníomhaíochtaí an bhraíne san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe) ar bhealach macánta, cothrom agus gairmiúil a chuireann leasanna na gcliánt chun cinn   |
| 29a | Faisnéis faoi shocrúithe seachfhoinsithe an ghnólachta tríú tír is infheidhme maidir le hoibríochtaí an bhraíne   | Liosta de na feidhmeanna seachfhoinsithe (nó de na feidhmeanna a bheartaítear a sheachfhoinníú) agus tuairisc orthu chun seirbhísí infheistíochta an bhraíne a sholáthar agus chun a chuid gníomhaíochtaí a dhéanamh san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe)  |
| 29b | (le soláthar i gcás aon athrú ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh roimhe sin don údarás inniúil)  | Tuairisc ar na hacmhainní (go háirithe na hacmhainní daonna agus na hacmhainní teicniúla, agus an córas rialaithe inmheánaigh) a leithdháiltear ar rialú na bhfeidhmeanna, na seirbhísí nó na ngníomhaíochtaí seachfhoinsithe a mhéid a bhaineann siad le hoibríochtaí an bhraíne san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe)   |
| 30  | Faisnéis maidir leis na socrúithe (lena n-áirítear socrúithe TF) arna gcur ar bun ag an ngnólacht tríú tír is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí an bhraíne le haghaidh trádáil algartamach, le haghaidh trádáil ardmhínicíochta agus le haghaidh rochtain leictreonach dhíreach | Tuairisc ar aon socrú agus ar aon acmhainn (go háirithe acmhainní daonna agus acmhainní TF) a d'fhéadfadh a bheith curtha ar bun ag an ngnólacht tríú tír agus/nó a d'fhéadfadh a bheith leithdháilte aige do gníomhaíochtaí an bhraíne san Aontas (seachas sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe) le haghaidh trádáil algartamach, le haghaidh trádáil ardmhínicíochta agus le haghaidh rochtain leictreonach dhíreach agus chun gníomhaíochtaí den sórt sin a rialú                              |

|    |   |  |
|----|---|--|
|    | <i>(le soláthar i gcás aon athrú ar an bhfaisnéis a tuairiscíodh roimhe sin don údarás inniúil)</i>   |  |
| 31 | Aon fhaisnéis eile a bhfuil gá léi dar leis an údarás inniúil chun gur féidir faireachán cuimsitheach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an bhraíne san Aontas |  |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1221 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 14 Iúil 2022**

**lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Mharacó**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad <sup>(1)</sup> (“an bun-Rialachán”), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**1. NÓS IMEACHTA**

**1.1. Tionscnamh**

- (1) An 17 Samhain 2021, thionscain an Coimisiún Eorpach (“an Coimisiún”) imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí rothar bóthair alúmanaim (“ARW”) áirithe de thionscnamh Mharacó (“an tír lena mbaineann”) ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D’fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* <sup>(2)</sup> (“an Fógra Tionscnaimh”).
- (2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir Comhlachas Mhonaróirí Rothar na hEorpa (“an gearánach” nó “EUWA”) isteach an 4 Deireadh Fómhair 2021. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. An fhianaise a bhí sa ghearán maidir leis an dumpáil agus leis an díobháil ábhartha ba thoradh uirthi, ba leor an fhianaise í chun an t-imscrúdú a thionscnamh.

**1.2. Clárú**

- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/934 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>, chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gclárú (“an Rialachán maidir le clárú”).

**1.3. Páirtithe leasmhara agus iarraidh ar anaitheacht**

- (4) San Fhógra Tionscnaimh, d’iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go sonrach don ghearánaí, do tháirgeoirí aitheanta de chuid an Aontais agus d’údaráis Mharacó, agus d’allmhaireoirí, úsáideoirí agus comhlachais arb eol iad a bheith bainteach, gur tionscnaíodh an t-imscrúdú, agus d’iarr sé orthu a bheith páirteach ann.
- (5) D’iarr na gearánaigh agus dhá úsáideoir chomhoibríocha go gcoimeádfá a n-ainm faoi rún ar eagla go bhféadfadh custaiméirí frithbhearta a dhéanamh orthu. Bhí an Coimisiún den tuairim gurbh amhlaidh go raibh riosca tromchúiseach ann go ndéanfaí frithbhearta agus ghlac sé nár cheart ainmneacha na ngearánach agus an dá úsáideoir chomhoibríocha a nochtadh. Chun go mbeadh an anaitheacht éifeachtúil, coimeádadh ainmneacha na dtáirgeoirí eile de chuid an Aontais faoi rún freisin ionas nach mbeifí ainmneacha na ngearánach a dhéanamh amach.

**1.4. Barúlacha maidir leis an Tionscnamh**

- (6) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh.

<sup>(1)</sup> IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

<sup>(2)</sup> Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí rothar bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Mharacó (IO C 464, 17.11.2021, lch. 19).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/934 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2022 lena gcuirtear allmhairí de rothaí bóthair alúmanaim áirithe faoi réir clárú (IO L 162, 17.6.2022, lch. 27).

- (7) D'iarr ceithre pháirtí éisteacht le seirbhísí an Choimisiúin, rud a tugadh dóibh: Comhlachas Mhonaróirí Gluaisteán na hEorpa ("ACEA"), EUWA, Dika Morocco Africa S.A.R.L ("Dika") agus Hands 8 S.A. ("Hands").
- (8) Mhaígh Dika agus údarais Mharacó go raibh na figiúirí a tuairiscíodh sa ghearán as dáta toisc go raibh bearta 8 mí nach mór idir a thréimhse imscrúdúcháin agus dáta tionscnaimh an imscrúdaithe. Ina theannta sin, an tréimhse imscrúdúcháin a roghnaigh an gearánach, tháinig sí le chéile go beacht le buaicphointe phaindéim COVID-19. Thairis sin, an tréimhse faoi bhreathnú a bhí ag an gearánach, bhí sé bliain níos faide ná mar a bheadh an tréimhse a bhreathnódh an Coimisiún uirthi de ghnáth, mar a shonraítear sa Treoir ábhartha <sup>(4)</sup>. Mheas Dika go bhféadfaí a mheas gur cinneadh éagóir agus claonta a bhí sa chinneadh sin, agus nach féidir fianaise *prima facie* maidir le dumpáil, díobháil ná cúisíocht mar a cheanglaítear faoi Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán a bheith i gceist le figiúirí as dáta.
- (9) Luaigh an Coimisiún ar dtús go dtugtar le fios go sainráite sa Treoir a luaigh Dika, nach bhfuil sé ceaptha ach amháin chun treoir ghinearálta chur ar fáil agus nach doiciméad é atá ceangailteach ó thaobh an dlí de agus nach éigeantach iad na hábhair atá ann <sup>(5)</sup>. Thairis sin, níl aon foráil sonracha in Airteagal 5 den bhun-Rialachán maidir leis an mbearna ama idir an gearán agus na sonraí a cuireadh ar fáil. In aon chás, bhí deireadh le tréimhse imscrúdúcháin an ghearáin an 31 Márta 2021 agus taisceadh an gearán an 4 Deireadh Fómhair 2021. Thairis sin, chuir an gearánach sonraí díobhála breise isteach go dtí an 30 Meitheamh 2021 <sup>(6)</sup>. Dá bhrí sin, bhí na sonraí a sholáthair an gearánach cothrom le dáta agus chomh gar agus ab fhéidir don dáta a taisceadh an gearán. Maidir leis an maíomh faoin tréimhse faoi bhreathnú agus faoin tréimhse imscrúdúcháin, bíonn sé de nós ag an gCoimisiún tréimhse imscrúdúcháin bliana amháin a roghnú mar aon le 3 bliana féilire roimhe seo chun gur féidir scrúdú a dhéanamh ar na treochtaí atá ábhartha le haghaidh mheasúnú na díobhála a chumhdaítear. Cé gur sholáthair an gearánach faisnéis le haghaidh bliain bhreise amháin, ní chiallaíonn sé sin gur baineadh úsáid as sonraí as dáta a d'fhágadh go mbeadh an measúnú éagóir nó claonta. Os a choinne sin, sholáthair sé an fhaisnéis a bhí ar fáil le haghaidh na tréimhse is deireanaí, is é sin go dtí an 31 Márta 2021. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.
- (10) Mhaígh Dika nach raibh fianaise ar fáil sa ghearán a thabharfadh údar le gnáthluach ríofa a úsáid mar a iarrtar le hAirteagal 5(2) den bhun-Rialachán. Thairis sin, mhaígh an páirtí go raibh ríomh an ghnáthluacha ríofa lochtach. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún teacht ar an gconclúid nár leor an fhianaise maidir le dumpáil sa ghearán agus ba cheart é a dhiúltú i gcomhréir le hAirteagal 5 den bhun-Rialachán.
- (11) Shonraigh Dika nár úsáid an gearánach praghas díola intíre ARW i Maracó, cé go mbeadh na praghsanna sin ar eolas aige ó tharla go n-onnmhairíonn tionscal an Aontais ARW chuig Maracó é féin. Sa bhreis air sin, líomhain Dika gur úsáid an gearánach cuntais airgeadais na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ó 2018 agus 2019 chun teacht ar an gconclúid nach raibh aon díolacháin ann sa ghnáthchúrsa trádála, cé gur bhain na cuntais sin le tréimhse a bhí roimh an tréimhse imscrúdúcháin a roghnaíodh sa ghearán.
- (12) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Is é EUWA an gearánach san imscrúdú seo agus ní a gcomhaltaí aonair. Ó tharla nach táirgeoir ná onnmhaireoir é an gearánach, ní raibh aon rochtain aige ar na sonraí sin. Sa bhreis air sin, meastar de ghnáth gur sonraí faoi rún gnó iad sonraisc. Dá bhrí sin, bhí ar an ngearánach brath ar fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí maidir le praghsanna díola intíre i Maracó, rud nach raibh ar fáil tráth an ghearánaigh. Maidir le húsáid na gcuntais airgeadais ó 2018 agus 2019 le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid Mharacó, ní raibh ach na cuntais sin ar fáil don ghearánach tráth a taisceadh an gearán. Dá bhrí sin, ní raibh an gearánach in ann ach conclúid a dhéanamh gur ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil go réasúnta, nach raibh na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta de chuid Mharacó i mbun díolacháin intíre le linn an ghnáthchúrsa trádála. Dá bhrí sin, bhí údar leis an ngnáthluach a ríomh Dá réir sin, diúltaíodh don mhaíomh.
- (13) Rinne Dika argóintí freisin maidir le lochtanna bunúsacha líomhnaithe i leith ríomh an ghnáthluacha. Bainean na hargóintí sin maidir le rogha mhéid an rotha, úsáid na bpraghsanna le haghaidh uingí alúmanaim ar bhonn allmhairí ón tSín, úsáid struchtúr costais an táirgeora de chuid an Aontais, tosca costais áirithe a chur as an áireamh sa ríomh, agus ráta brabúis 6 % a chur leis.

<sup>(4)</sup> An Coimisiún, *How to Make an Anti-Dumping Complaint, A Guide*, [Treoir maidir le Conas Gearán Frithdhumpála a Dhéanamh], lgh. 7-8, ach freisin lch. 13, lch. 27, lch. 29, lch. 52, lch. 59 agus lch. 67, atá ar fáil ag: [https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2006/december/tradoc\\_112295.pdf](https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2006/december/tradoc_112295.pdf)

<sup>(5)</sup> *Idem*, lch. 3.

<sup>(6)</sup> Féach mír 108 den ghearán agus Iarscríbhinn D2 a ghabhann leis.

- (14) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis na hargóintí sin. Na tátail a rinne an gearánach chun an gnáthluach a ríomh, bhí siad bunaithe ar thaithí mhargaidh agus ar eolas an ghearánaigh agus ar fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí freisin. Cé nach n-aontaíonn an páirtí leasmhar leis na tátail sin, ní chiallaíonn sé sin nach tátail bhailí iad chun an gnáthluach a ríomh sa ghearán. Ba leor an fhianaise a chuir treise leis na figiúirí ar ar bunaíodh an gnáthluach, rud a deimhníodh le hanailís an Choimisiúin ar an bhfianaise sin. Fiú agus coigeartuithe áirithe á ndéanamh mar a mhol an páirtí leasmhar, rud a rinne an Coimisiún agus an gearán á mheas aige, ba leor fós an fhianaise maidir le dumpáil.
- (15) Mhaígh Dika agus údaráis Mharacó nár chuir an gearánach san áireamh ina anailís díobhála go bhfuil an margadh deighilte idir Monaróirí Buntrealaimh (“OEM”) agus margadí iardhíola (“AM”), agus tá rothaí de chineálacha éagsúla i ngach margadh, i.e. deighleoga íseal-leibhéil agus ardleibhéil.
- (16) Thug an Coimisiún faoi deara gur cé go bhfuil cainéil dáileacháin díola éagsúla ag rothaí alúmanaim OEM agus AM, is ionann na saintréithe fisiceacha agus teicniúla atá acu agus tá siad inmhalartaithe. Dá bhrí sin ba cheart a mheas gur cainéil díola éagsúla iad OEM agus AM seachas deighleoga éagsúla.
- (17) A mhéid a bhaineann leis an dá chainéal díola, mheas an gearánach go bhfuil seans maith ann gur chuig cliaint OEM amháin a sheachadtar beagnach na hallmhairí go léir ó Mharacó. Deimhníodh é sin leis an anailís a rinne an Coimisiún ina dhiaidh sin ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil dó. Ba amhlaidh an cás freisin maidir le táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais a dhíol beagnach go heisiach le cliaint OEM (thart ar 99,6 %).
- (18) Maidir leis na cineálacha éagsúla rothaí, thug an Coimisiún faoi deara gur cé nach raibh anailís díobhála iomlán sa ghearán de réir chineálacha éagsúla ARW, tugadh ríomhanna sladghearrtha agus tearcdhíola le haghaidh deich gcineál rothaí ionadaíocha.
- (19) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.
- (20) Mhaígh Dika, Hands agus údaráis Mharacó nach féidir le héabhlóid na n-allmhairí ó Mharacó a bheith ina cúis díobhála ná ina bagairt díobhála do thionscal an Aontais, toisc nach raibh ach 2,8 % de mhargadh an Aontais acu le linn na tréimhse ón 1 Aibreán 2020 go dtí an 31 Márta 2021, agus ní raibh siad ina gcúis le hísliú praghsanna ná le srianadh praghsanna.
- (21) Léirigh anailís shonrach díobhála an ghearáin gur leor an fhianaise a chuir i bhfios go raibh níos mó allmhairí ó Mharacó ag teacht ar an bhfód ar mhargadh an Aontais (i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta), ar phraghsanna a ghearr faoi phraghsanna thionscal an Aontais féin agus a dhíol fúthu go suntasach freisin. Is cosúil gur bhain díobháil ábhartha do staid thionscal an Aontais i ngeall air sin, mar a léiríonn, mar shampla, an t-ísliú ar a dhíolacháin agus ar a sciar den mhargadh, meath ar thorthaí airgeadais nó leibhéal na bpraghsanna a ghearr thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.
- (22) Maidir le táscairí díobhála áirithe a bhí sa ghearán, amhail acmhainneacht táirgeachta, praghsanna an Aontais agus tomhaltas an Aontais, mhaígh Dika nár thacaigh na táscairí sin leis an gcinneadh go ndearnadh díobháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Thairis sin, ní rogha ag táirgeoirí ARW an lánúsáid acmhainneachta, mar gheall ar na samhlacha slabhra soláthair “díreach-in-am” a chuireann monaróirí gluaisteán san Aontas Eorpach chun feidhme, rud a éilíonn go bhfuil táirgeoirí ARW solúbtha agus go bhfuil acmhainneachtaí ar fáil acu chun freastal ar riachtanais an nóiméid deiridh.
- (23) Toradh maidir le díobháil ábhartha, rud is gá chun imscrúdú a thionscnamh, meabhraíonn an Coimisiún go gceanglaítear leis an méid sin scrúdú a dhéanamh, *inter alia*, ar na fachtóirí ábhartha a shonraítear sa bhun-Rialachán. Mar sin féin, le hAirteagal 5 den bhun-Rialachán, ní cheanglaítear go sonrach go léireodh na fachtóirí díobhála uile a liostaítear in Airteagal 3(5) meathlú le go ndéanfaí díobháil ábhartha a chruthú go leordhóthanach chun imscrúdú a thionscnamh. Go deimhin sonraítear i bhfoclaíocht Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán go gcuimseoidh an gearán fianaise faoi na hathruithe ar mhéid na n-allmhairí a líomhnaítear gur dumpáladh iad, éifeacht na n-allmhairí sin ar phraghsanna an táirge chomhchosúil ar mhargadh an Aontais agus tionchar iarmhartach na n-allmhairí ar thionscal an Aontais, faoi mar atá léirithe ag tosca ábhartha (ach ní acu uile, murar gá sin). Bhí an fhaisnéis sin sa ghearán, rud a léirigh go raibh díobháil ann. Dá réir sin, mheas an Coimisiún gur leor an fhianaise maidir le dumpáil a bhí sa ghearán agus dhiúltaigh sé don mhaíomh.

- (24) D'áitigh Dika agus Hands nach féidir le forchur na mbeart frithdhumpála a bheith chun leas an Aontais.
- (25) Maidir le leas an Aontais, ní critéar ábhartha é chun measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil údar maith le himeacht frithdhumpála a thionscnamh faoi Airteagal 5 den bhun-Rialachán mar gheall ar ghearán. Dá bhrí sin, níor breithníodh na barúlacha sin maidir le maímh a bhaineann le tionscnamh na n-imeachtaí.
- (26) Mhaígh Dika, Hands agus údarais Mharacó nár mheas an gearánach toscairí eile amhail an easpa iomaíochta a líomhnaítear idir ARW an Aontais agus ARW Mharacó mar gheall ar dheighilt an mhargaidh. allmhairí ó thrú tíortha iarmhairtí ó phaindeim COVID-19.
- (27) Deimhníodh le hanailís an Choimisiúin ar an ngearán nach raibh bunús leis na heilimintí a luadh, sin nó bhí siad mícheart ó thaobh fíoras de, nó nár leor iad chun amhras a chaitheamh ar an gconclúid go raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán a léirigh ar an iomlán go raibh allmhairí an táirge lena mbaineann ag teacht isteach san Aontas ar phraghsanna dumpáilte agus gur cosúil go raibh díobháil ábhartha á déanamh do tháirgeoirí an Aontais dá bharr. Suíodh na gnéithe sin ar bhonn na fianaise ab fhearr a bhí ar fáil don ghearánach an tráth sin, agus bhí siad ionadaíoch agus iontaofa go leor. Thairis sin, maidir leis na maíomh eile arna gcur chun cinn ag Dika, údarais Mharacó agus ACEA, rinneadh grinnscrúdú orthu le linn an imscrúdaithe, agus pléitear a thuilleadh iad thíos.
- (28) Ar bhonn an mhéid thuas, dheimhnigh an Coimisiún gur leor an fianaise a chuir an gearánach ar fáil faoi dhumpáil, díobháil agus nasc cúisíochta sa chaoi gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán.

### 1.5. Sampláil

- (29) San Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go bhféadfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

#### 1.5.1. Sampláil na dtáirgeoirí de chuid an Aontais

- (30) Ina Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún sampla cinntitheach de thrí tháirgeoir de chuid an Aontais. De bhun Airteagal 17 den bhun-Rialachán, an critéar a úsáideadh le haghaidh roghnú an tsampla, ba iad na cainníochtaí ionadaíochta is mó de tháirgeacht an táirge chomhchosúil san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, i.e. 1 Deireadh Fómhair 2020-30 Meán Fómhair 2021. Bhí trí tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla sealadach sin, agus iad lonnaithe i dtrí Bhallstát éagsúla. Bhí beagnach 20 % de chainníocht táirgeachta iomlán den táirge comhchosúil san Aontas i gceist leis an sampla, agus áirithíonn sé raon maith geografach. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt maidir leis an sampla sealadach agus ní bhfuair sé aon bharúil uathu.

#### 1.5.2. Sampláil na n-allmhaireoirí

- (31) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.
- (32) Níor sholáthair aon cheann de na hallmhaireoirí neamhghaolmhara amháin an fhaisnéis a iarradh ná níor thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla.

#### 1.5.3. Sampláil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin i Maracó

- (33) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, más amhlaidh atá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin i Maracó an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Misean Ríocht Mharacó táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.
- (34) Níor sholáthair ach dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann, a dhéanann beagnach na hallmhairí ARW go léir ó Mharacó, an fhaisnéis a iarradh. Chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, nach raibh gá le sampláil.

### 1.6. Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin

- (35) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig trí tháirgeoir de chuid an Aontais, chuig an ngearánach, chuig dhá úsáideoir aitheanta, agus chuig dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne <sup>(7)</sup> an lá a tionscnaíodh iad.
- (36) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dumpáil, leis an díobháil agus maidir le leas an Aontais. I bhfianaise ráig phaindéim COVID-19 agus na mbearta gaibhniúcháin arna gcur i bhfeidhm ag tíortha éagsúla, níor fhéad an Coimisiún na cuairteanna fíorúcháin go léir a dhéanamh de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán.
- Rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ag áitribh dhá tháirgeoirí shampláilte de chuid an Aontais, aon úsáideoir amháin <sup>(8)</sup>, agus ag áitreabh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin seo a leanas i Maracó: HANDS 8 S.A. (“Hands”)
  - DIKA MOROCCO AFRIKA S.A.R.L (“Dika”)
- (37) Sa bhreis air sin, i gcomhréir lena bhFógra faoi iarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais <sup>(9)</sup>, rinne an Coimisiún cros-seiceálacha cianda i ndáil le cuideachta ghaolmhar Dika CITIC Dicastal Co., Ltd (“CITIC”) agus táirgeoir amháin de chuid an Aontais.

### 1.7. An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú

- (38) Cumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 (“an tréimhse imscrúdúcháin”). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an díobháil, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin (“an tréimhse faoi bhreathnú”).

## 2. AN TÁIRGE LENA MBAINNEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

### 2.1. An táirge lena mbaineann

- (39) Is éard atá sa táirge lena mbaineann rothaí bóthair alúmanaim de chuid mótarfheithiclí faoi cheanteidil HS 8701 go 8705, bíodh siad lena n-oiriúintí nó ná bíodh, agus bíodh boinn feistithe orthu nó ná bíodh, de thionscnamh Mharacó, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 8708 70 10 agus ex 8708 70 50 (cóid TARIC: 8708 70 10 15, 8708 70 10 50, 8708 70 50 15 agus 8708 70 50 50) (“an táirge lena mbaineann”).
- (40) Go hiondúil díoltar rothaí bóthair alúmanaim san Aontas trí dhá chainéal dáileacháin díola: chuig OEM, ar monaróirí gluasteán iad go príomha, agus chuig an margadh iardhíola, a bhfuil dáileoirí, miondíoltóirí, siopaí deisithe etc. i gceist leis. Díoladh an táirge lena mbaineann ó Mharacó trí chainéal OEM amháin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Sa chainéal dáileacháin OEM, eagraíonn monaróirí gluasteán nósanna imeachta tairisceana le haghaidh ARW agus is minic a bhíonn baint acu leis an bpróiseas chun roth nua a fhorbairt, rud a bhaineann lena mbranda. Is féidir le táirgeoirí de chuid an Aontais agus táirgeoirí de chuid Mharacó araon dul san iomaíocht le haghaidh na dtairiscintí céanna.

### 2.2. An táirge comhchosúil

- (41) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na úsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:
- an táirge i dtrácht,
  - an táirge a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargaí intíre Mharacó, agus
  - an táirge a dhéanann tionscal an Aontais a tháirgeadh agus a dhíol san Aontas.
- (42) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

<sup>(7)</sup> [https://trade.ec.europa.eu/tdi/case\\_details.cfm?id=2563](https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2563).

<sup>(8)</sup> Mar a mhínítear in aithris (5) thuas, ní thugtar ainmneacha na dtáirgeoirí de chuid an Aontais agus an dá úsáideoir ar chúiseanna rúndachta.

<sup>(9)</sup> IO C 86, 16.3.2020, lch. 6.



### 3. DUMPÁIL

#### 3.1. Maracó

##### 3.1.1. Comhoibriú na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin

- (43) Mar a leagtar amach in aithris (34) thuas, tháinig dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin ó Mharacó, Dika agus Hands, chun cinn agus thug siad freagraí ar an gceistneoir. Tá cuideachta ghaolmhar ag Dika, CITIC, ar táirgeoir ARW Síneach é. Ceannaíonn CITIC ARW ó Dika agus díolann sé é leis an Aontas, le Maracó agus le tríú tíortha. Le linn na cros-seiceálacha cianda le CITIC, aimsíodh roinnt earráidí a chaith amhras ar iontaofacht na liostuithe díolachán AE agus intíre. Bhain na hearráidí go príomha leis na difríochtaí idir na praghsanna a taifeadh sna liostuithe díolachán, na praghsanna ar na sonraisc agus na méideanna iarbhir a íocadh.
- (44) An 1 Aibreán 2022, le linn an fhíorúcháin ar an láthair ag Dika, tar éis na cros-seiceálacha cianda le CITIC a thabhairt i gcrích, sholáthair an chuideachta leagan athbhreithnithe de na liostuithe díolachán, lena n-áirítear míniú ar na neamhréireachtaí a aimsíodh. An tráth sin, níor fágadh aon deis na liostuithe díolachán athbhreithnithe a fhíorú ná a chros-seiceáil. Sa bhreis air sin, léirigh réamhsheiceáil ar na sonraí nua a cuireadh isteach nár réitigh na hathbhreithnithe a rinne an chuideachta na neamhréireachtaí uile a luadh le linn na cros-seiceálacha cianda, agus go raibh an líon iomlán athbhreithnithe i bhfad ní b'airde ná mar a raibh coinne leis ar bhonn na cros-seiceálacha cianda. I ngeall ar chineál agus líon na mbotún, a raibh cuid acu fós ann tar éis an athbhreithnithe, ní raibh an Coimisiún in ann brath ar iontaofacht na liostuithe díolachán. Dá bhrí sin, an fhaisnéis ba ghá le corrlach dumpála a shocrú le haghaidh na cuideachta, ní raibh an Coimisiún in ann í a fhíorú.
- (45) I gcomhréir le hAirteagal 18(4) den bhun-Rialachán, le litir an 5 Bealtaine 2022, cuireadh in iúl do Dika agus a chuideachta ghaolmhar go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún neamhaird a dhéanamh ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil agus tugadh deis dóibh mínte breise a thabhairt ("litir Airteagal 18").
- (46) Thug an chuideachta freagra ar an litir ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2022. Sa fhreagra uaidh, mhínigh an chuideachta gur tháifead sé a dhíolacháin sna liostaithe díolachán i gcomhréir lena phrionsabail chuntasaíochta. Dá bhrí sin, mhaigh an chuideachta gur, i gcontrárthacht leis na ráitis a rinneadh le linn na cros-seiceálacha cianda agus na cuairte fíorúcháin ar an láthair, ba iomlán agus ba chruinn iad na liostuithe díolachán bunaidh, d'fhéadfaí iad a réiteach le córas cuntasaíochta SAP na cuideachta, ní raibh aon earráid iontu agus ní raibh aon athbhreithniú ag teastáil ina leith. Mar a tharlaíonn sé, na hathbhreithnithe a rinne an chuideachta tar éis na cuideachta a cros-seiceálacha, líomhnaíodh nár cuireadh iad ar fáil don Choimisiún ach amháin chun comhoibriú iomlán CITIC leis an imscrúdú a léiriú. Dá bhrí sin, shonraigh an chuideachta gur cheart don Choimisiún an leagan bunaidh neamh-athbhreithnithe de na liostuithe díolachán a úsáid. De rogha air sin, shonraigh an chuideachta go bhféadfadh an Coimisiún na liostuithe díolachán athbhreithnithe arna soláthar leis an litir a úsáid, ó tharla gur líomhnaíodh nach raibh na heasnamh chomh mór sin go gcruthódh siad deacracht mhíchúí ó thaobh toradh réasúnta cruinn a shuí. Bhí na liostuithe díolachán sin cosúil leis na liostuithe a soláthraíodh le linn an fhíorúcháin ar an láthair, ach bhí sonraí a bhí in easnamh roimhe seo curtha leo, ceartaíodh roinnt earráidí a bhí iontu agus soláthraíodh mínte breise ina leith. Mar sin féin, bhí roinnt earráidí fós ann, i gcás roinnt idirbheart, níor soláthraíodh fós an méid iarbhir a fuarthas agus ní raibh sé d'acmhainn ag an gCoimisiún na liostuithe díolachán athbhreithnithe arna soláthar le freagra na cuideachta ar litir Airteagal 18 a chros-seiceáil ná a fhíorú. Shonraigh an chuideachta freisin gur i gcás ina n-éileodh an gCoimisiún go gcuirfí Airteagal 18 den bhun-Rialachán i bhfeidhm, ba cheart dó ráitis airgeadais CITIC a úsáid mar fíorais pháirteacha atá ar fáil.
- (47) Níor aontaigh an Coimisiún leis na hargóintí a thug an chuideachta ina freagra ar a litir Airteagal 18. Ba shoiléir sa cheistneoir frithdhpála le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin gur iarradh na liostuithe díolachán a chur ar fáil de réir idirbhearta ar leith. Léiríonn teimpléid na dtáblaí a soláthraíodh leis an gceistneoir go bhfuil sé lánsoiléir go n-iarrtar na sonraí faoi mar a taifeadh ar an sonrasc iad (cainníocht sonrasc, luach sonrasc, nótaí creidmheasa gaolmhara etc.). D'admháil an chuideachta féin nár chomhlán siad na liostuithe díolachán de réir na sonrasc. Os a choinne sin, chomhlán siad é ar bhonn a gcuid nósanna imeachta cuntasaíochta féin. Sa bhreis air sin, mhaigh an chuideachta go ndéantar aon difríocht idir an luach sonraisc agus an praghas iarbhir a fuarthas a tháifead go hiondúil mar lascaine, lacáiste, nóta creidmheasa nó a bhealach eile sna liostuithe díolacháin. Mar sin féin, suíodh nach raibh na difríochtaí sin léirithe go córasach i liostuithe díolacháin na cuideachta.

- (48) Mar a luaitear thuas in aithris (44), níorbh fhéidir na liostuithe díolacháin athbhreithnithe a chros-seiceáil nó a fhíorú ar bhealach tráthúil. Mar a mhínítear don chuideachta sa litir a seoladh roimh na cros-seiceálacha cianda agus roimh an litir fíorúcháin a seoladh an 11 Márta 2022 agus i gcomhréir leis an bhFógra ar iarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais, <sup>(10)</sup> ba é cuspóir na cros-seiceálacha cianda dearbhuithe a fháil maidir leis an bhfaisnéis a sholáthair an chuideachta ina freagra ar an gceistneoir. Ní bhfuarthas na dearbhuithe sin le linn na cros-seiceálacha cianda maidir leis na liostuithe díolacháin. Cros-seiceáil chianda bhreise le CITIC, mar a mhol an chuideachta ina fhreagra ar litir Airteagal 18, níor cheart é sin a úsáid mar bhealach chun an easpa tráthúlachta nó na hearráidí a suíodh le linn na cros-seiceálacha cianda a tharla le linn na teorainneacha ama socraithe a leigheas.
- (49) Sa bhreis air sin, roinnt athruithe a pléadh le linn na cros-seiceálacha cianda, níor cuireadh san áireamh iad sna táblaí athbhreithnithe. Ina freagra ar litir Airteagal 18, sholáthair an chuideachta liostú díolacháin athbhreithnithe nua ina ndearnadh athruithe breise nach bhféadfaí a chros-seiceáil nó a fhíorú ach oiread. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nár sholáthair an chuideachta an fhaisnéis a iarraidh le linn teorainneacha ama an imscrúdaithe. An rogha mhalartach a mhol an chuideachta, chuid ráitis airgeadais CITIC a úsáid mar fhíorais pháirteacha atá ar fáil, ní raibh sí inghlactha. Úsáid na ráiteas airgeadais, ní rud é sin a chuirfeadh ar a chumas don Choimisiún an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a shuí de réir an leibhéil mhionsonraithe agus an chruinnis a cheanglaítear leis an mbun-Rialachán, toisc nach ligfidís anailís a dhéanamh ar bhonn táirge ná idirbhirt.
- (50) Ó tharla nár sholáthair Dika agus a chuideachta ghaolmhar CITIC an fhaisnéis a chuirfeadh ar a chumas don Choimisiún teacht ar thoradh réasúnta cruinn, sin agus nár cuireadh isteach an fhaisnéis infhíoraithe a d'fhéadfadh an toradh sin a chumasú, chinn an Coimisiún neamhaird a dhéanamh ar an bhfaisnéis a chuir an chuideachta isteach i ndáil leis na liostuithe díolacháin AE agus intíre. Ós rud é go bhfuil an fhaisnéis sin rithábhachtach ó thaobh gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin a chinneadh, ní raibh sé d'acmhainn ag an gCoimisiún corrlach dumpála aonair a ríomh le haghaidh na cuideachta.
- (51) Dá réir sin, rinne an Coimisiún neamhaird go sealadach ar an bhfaisnéis a sholáthair an táirgeoir onnmhairiúcháin sin agus dheimhnigh sé úsáid na bhfíoras atá ar fáil i ndáil leis an táirgeoir onnmhairiúcháin sin ar bhonn Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán.

### 3.1.2. Gnáthluach

- (52) Mar gheall ar chur i bhfeidhm Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán mar a shonraítear i Roinn 3.1.1 thuas, níor bhain an tuairisc ar ríomh an chorrlaigh dumpála thíos ach amháin leis an táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid Mharacó a bhí fágtha, is é sin Hands.
- (53) in Airteagal 2(1) den bhun-Rialachán, sonraítear go mbeidh an gnáthluach bunaithe de ghnáth ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir. Mar sin féin, chinn an Coimisiún nach raibh aon díolacháin intíre ag an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch. An líon beag de dhíolacháin ARW le custaiméirí i Maracó le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rinneadh iad le monaróir gluaisteán amháin atá suite i gcrios eacnamaíoch atá saor ó dhleacht (“zone d'accélération industrielle”, ar a dtugadh “zone franche” nó “zone franche d'exportation” roimhe seo), atá cosúil leis an gcrios eacnamaíoch ina raibh an táirgeoir comhoibríoch lonnaithe. Cheannaigh an monaróir gluaisteán sin ARW lena úsáid chun gluaisteán a chóimeáil. Ina dhiaidh sin, ba é an gluaisteán seachas an ARW a seoladh ón limistéar saor ó dhleacht lena dhíol go hintíre, sin nó lena n-onnmhairiú. Is dóichí nach é an margadh intíre ceann scríbe deiridh an ghluaisteáin áfach. Léirigh staidéar in 2020 go bhfuil an margadh onnmhairiúcháin i ndán do 90 % de na gluaisteáin a mhonaraítear i Maracó <sup>(11)</sup>, rud a bhí comhthacaithe freisin le faisnéis ó mhonaróirí gluaisteán de chuid Mharacó <sup>(12)</sup>. Sa bhreis air sin, faoi Dhlí 19-94 lena rialaítear criosanna saorthrádála, ní mór do chuideachtaí atá lonnaithe sna criosanna sin ar a laghad 70 % de láimhdeachas a fháil ó onnmhairí <sup>(13)</sup>.

<sup>(10)</sup> IO C 86, 16.3.2020, lch. 6.

<sup>(11)</sup> Henri-Louis Vedie, “L'automobile: une filière marocaine stratégique, leader du secteur en Afrique”, An tIonad Beartais le haghaidh an Deiscirt Nua, Páipéar Beartais 20/34, Samhain 2020 (le fáil ar [https://www.policycenter.ma/sites/default/files/2021-01/PP%20-%202020-34%20%28Henri-louis%20Vedie%29\\_0.pdf](https://www.policycenter.ma/sites/default/files/2021-01/PP%20-%202020-34%20%28Henri-louis%20Vedie%29_0.pdf)).

<sup>(12)</sup> Mar shampla, d'onnmhairigh Group Renault breis agus 95 % dá chuid táirgeachta ag a shuíomh in Tangier (féach <https://www.tac.ma/news/english-1m-vehicles-exported-from-tangermed/>).

<sup>(13)</sup> Féach “LA LOI N° 19-94 RELATIVE AUX ZONES FRANCHES D'EXPORTATION”, Bulletin Officiel, 1995-02-15, uimh. 4294, lgh. 117-121.

- (54) Mar a mhínítear thuas, an ARW a dhíol an tairgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch leis an gcustaiméir sin in Maracó, ba dhíol é ó chrios eacnamaíoch amháin go crios eacnamaíoch eile. Tá na cuideachtaí atá lonnaithe sna criosanna sin i Maracó díolmhaithe ó na dleachtanna agus rialacháin chustaim a mbíonn feidhm acu de ghnáth ar chríoch Mharacó, agus meastar gur onnmhairí iad na hearraí a thagann isteach sa chrios eacnamaíoch <sup>(14)</sup>. Ós rud é go dtáirgtear an ARW i gcrios eacnamaíoch, agus go ndéantar é a dhíol agus a sheoladh ina dhiaidh sin chuig crios eacnamaíoch eile, níor tháinig an ARW isteach ar chríoch Mharacó riamh agus dá bhrí sin ní fhéadfaí a mheas gur díol intíre a bhí i gceist.
- (55) In aon chás, fiú má measadh gur díolacháin intíre iad na díolacháin leis an gcrios eacnamaíoch saor ó dhleacht i Maracó, ní raibh siad ionadaíoch agus ní dhearnadh iad le linn an ghnáthchúrsa trádála mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán.
- (56) I ndáil leis sin, rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús féachaint an raibh méid iomlán na ndíolachán intíre don tairgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch go hiomlán ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Is díolacháin ionadaíocha iad na díolacháin intíre más comhionann é méid iomlán na ndíolachán den tairge comhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre agus ar a laghad 5 % de mhéid iomlán na ndíolachán onnmhairiúcháin a bhí aige den tairge lena mbaineann leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an mbonn sin, na díolacháin a rinne an tairgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch i Maracó, ní díolacháin ionadaíocha a bhí iontu.
- (57) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún cion na ndíolachán brabúsach le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh baile le haghaidh gach cineáil tairge le linn na tréimhse imscrúdaithe chun cinneadh a dhéanamh cé acu na fíor-dhíolacháin bhaile a úsáid nó gan iad a úsáid chun gnáthluach gach cineáil tairge a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán. Léirigh an anailís ar dhíolacháin intíre nach raibh brabús ag baint le haon cheann de na díolacháin intíre agus dá bhrí sin ní dhearnadh iad linn an ghnáthchúrsa trádála.
- (58) Ó tharla nach raibh aon díolachán den tairge comhchosúil le linn an ghnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre, ríomh an Coimisiún an gnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán.
- (59) In Airteagal 2(3) den bhun-Rialachán, sonraítear nuair nach ann d'aon díolachán intíre le linn an ghnáthchúrsa trádála, déanfar gnáthluach an tairge chomhchosúil a ríomh ar bhonn an chostais tairgthe sa tír thionscnamh agus beidh méid réasúnta le haghaidh costais díola, riaracháin agus ghinearálta ("costais SGA") agus le haghaidh brabúis curtha leis. Luaitear go soiléir in Airteagal 2(6) den bhun-Rialachán go mbeidh an brabús bunaithe ar shonraí iarbhrí a bhaineann le tairgeadh agus le díolachán an tairge chomhchosúil, le linn an ghnáthchúrsa trádála, ag an onnmhaireoir nó ag an tairgeoir faoi imscrúdú. Mar sin féin, ó tharla nach ndearna Hands aon díolachán an tairge chomhchosúil sa ghnáthchúrsa trádála, mar a mhínítear thuas, foráiltear le hAirteagal 2(6) den bhun-Rialachán maidir le trí mhodh mhalartacha:
- meán ualaithe na méideanna iarbhrí a chinntear d'onnmhaireoirí nó tairgeoirí eile faoi réir imscrúdú i leith tairgeadh agus díolacháin an tairge chomhchosúil i margadh intíre na tíre tionscnaimh;
  - na méideanna iarbhrí is infheidhme maidir le tairgeadh agus díolacháin na dtáirgí den chatagóir ginearálta céanna, le linn an ghnáthchúrsa trádála, i gcás an onnmhaireora nó an tairgeora i dtrácht, ar mhargadh intíre na tíre tionscnaimh;
  - aon mhodh réasúnta eile, ar choinníoll nach mbeidh an méid don bhrabús a shuífear leis an modh sin níos mó ná an brabús a dhéanfaidh onnmhaireoirí nó tairgeoirí eile de ghnáth ar dhíolacháin tairgí den chatagóir ghinearálta céanna ar mhargadh intíre na tíre tionscnaimh.
- (60) Maidir le hAirteagal 2(6), pointe (a), ní raibh ach aon tairgeoir onnmhairiúcháin ARW amháin eile in Maracó, Dika. Dhíol Dika a ARW go léir i Maracó freisin le monaróirí a bhí lonnaithe i gcriosanna eacnamaíocha. Mar a mhínítear thuas in aithrisí (53) agus (54), níor measadh gur díolacháin intíre a bhí sna díolacháin sin. Sa bhreis air sin, an meán dá dtagraítear in Airteagal 2(6), pointe (a), ní mór gur meán ualaithe de ar a laghad dhá thairgeoir onnmhairiúcháin atá ann <sup>(15)</sup>. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir sonraí Dika a úsáid, fiú dá measfaí go raibh a dhíolacháin iontaoifa. Da bhrí sin, níorbh fhéidir Airteagal 2(6), pointe (a), a chur i bhfeidhm.

<sup>(14)</sup> Féach "LA LOI N° 19-94 RELATIVE AUX ZONES FRANCHES D'EXPORTATION", Bulletin Officiel, 1995-02-15, uimh. 4294, lgh. 117-121, arna leasú ina dhiaidh sin le dlí 14.21 chun an téarma "zone franche" a athrú go "zone d'accélération industrielle". Féach freisin "Code des douanes et impôts indirects relevant de l'administration des douanes et impôts indirects approuvé par le dahir portant loi n° 1-77-339 du 25 chaoual 1397 (9 octobre 1977), tel qu'il a été modifié et complete".

<sup>(15)</sup> CE — Dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí linéadaigh leapa de chineál cadáis de thionscnamh na hIndia (WT/DS141/R, 30.10.2000, míreanna 74 go 77).

- (61) Ceanglaítear le hAirteagal 2(6), pointe (b), táirgeadh agus díolacháin na dtáirgí den chatagóir ghinearálta chéanna, le linn an ghnáthchúrsa trádála, i gcás an onnmhaireora nó an táirgeora i dtrácht, ar an margadh intíre. Níor tháirg Hands ach ARW amháin áfach, agus ní dhearnadh aon cheann dá gcuid díolachán le linn na gnáthchúrsa trádála. Da bhrí sin, níorbh fhéidir Airteagal 2(6), pointe (b), a chur i bhfeidhm ach oiread.
- (62) Tagraíonn Airteagal 2(6), pointe (c), do “aon mhodh réasúnta eile” chun costais SGA agus brabús a shuí. In éagmais aon táirgeoir eile ARW i Maracó, mheas an Coimisiún go raibh sé réasúnta na costais SGA agus brabús arna suí le haghaidh táirgeoirí ARW sa Bhrasaíl a chur i bhfeidhm. Moladh an Bhrasaíl mar thír ionadaíoch iomchuí san iarraidh ar athbhreithniú a bhí mar bhonn leis an imscrúdú athbhreithniúcháin éaga maidir le ARW ón tSín atá ar siúl faoi láthair <sup>(16)</sup>. Ba é 11,49 % na meánchostais SGA ualaithe a suíodh, agus ba é 4,89 % an meánbhrabús ualaithe
- (63) Le hAirteagal 2(6), pointe (c), tá sé d’oibleagáid freisin uasteorainn a chur leis an mbrabús a úsáidtear faoin modheolaíocht seo chun a áirithiú nach mó an brabús a úsáidtear ná an brabús a bhaineann onnmhaireoirí nó táirgeoirí eile amach de ghnáth ó dhíolacháin táirgí den chatagóir ghinearálta chéanna ar margadh intíre na tíre tionscnaimh. Ní raibh aon táirgeoirí ARW eile de chuid Mharacó seachas Dika agus Hands, nárbh fhéidir a mbrabús a úsáid toisc nach raibh aon díolachán acu ar mhargadh intíre Mharacó. Sa bhreis air sin, ní raibh aon faisnéis ar fáil don Choimisiún maidir leis an mbrabús a fhaigheann táirgeoirí nó onnmhaireoirí féideartha i mbun páirteanna alúmanaim gluaisteán nó aon táirge alúmanaim a bhaineann leis an tionscal gluaisteán i Maracó.
- (64) Mheas an Coimisiún go raibh ARW sa chatagóir ghinearálta chéanna agus táirgí alúmanaim eile amháil easbhúrúna alúmanaim nó próifílí alúmanaim. Úsáideann na táirgí den chineál sin an príomh-amhábhhar céanna (alúmanam), a bhfuil an phríomhchuid de chostais táirgthe na dtáirgí sin i gceist leis. Sa bhreis air sin, is éard atá i gceist leis na próisis táirgthe éagsúla, an t-alúmanam a léa nó a théamh chun é a mhúnlú san fhoirm atá ag teastáil. Bhí 4,16 % i gceist leis an meánbhrabús ualaithe a bhain na seacht dtáirgeoirí ó Mharacó a tháirgeann táirgí alúmanaim amach, táirgeoirí a raibh sonraí airgeadais le haghaidh 2020 ar fáil ina leith. Úsáideadh an céatadán sin mar uasteorainn don bhrabús le haghaidh táirgeoirí ARW na Brasaíle.
- (65) Ríomhadh an gnáthluach ansin trí chostais SGA agus brabús na Brasaíle dá dtagraítear in aithris (62) a chur le costais táirgthe Hands, ach uasteorainn 4,16 % curtha leo.

### 3.1.3. An praghas onnmhairiúcháin

- (66) D’onnmhairigh an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha, sin nó trí chuideachta ghaolmhar a bhí ag feidhmiú mar allmhaireoir.
- (67) Maidir le díolacháin a dhéantar go díreach le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas iarbhír a íocadh nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.
- (68) I gcás na ndíolachán a onnmhairíodh chuig an Aontas trí chuideachta ghaolmhar bhí ag gníomhú mar allmhaireoir, is ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas a suíodh an praghas onnmhairiúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas maidir le gach costas a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA, agus brabúis a fabhraíodh. Bunaidh na brabúis ar na cinn a bhain allmhaireoirí neamhghaolmhara amach de ghnáth, ó tharla gur measadh nach iontaofa é brabús iarbhír an allmhaireora ghaolmhara mar gheall ar an gcaidreamh idir an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch agus an t-allmhaireoir gaolmhar. Ós rud é nár chomhoibrigh aon onnmhaireoir neamhghaolmhar leis an gCoimisiún san imscrúdú seo, d’úsáid an Coimisiún an brabús a suíodh san imscrúdú athbhreithniúcháin éaga is deireanaí a rinneadh maidir le ARW ón tSín <sup>(17)</sup>.

### 3.1.4. Comparáid

- (69) Rinne an Coimisiún comparáid idir an gnáthluach agus na praghsanna onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha.

<sup>(16)</sup> Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na dleachtanna frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C 29, 20.1.2022, lch. 34).

<sup>(17)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/109 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 18, 24.1.2017, lch. 1.)

- (70) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin de réir na ndifríochtaí a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den Bhunrialachán. Rinneadh coigeartuithe ar iompar, árachas, láimhseáil agus luchtú, speansais phacála, costais chreidmheasa, lacáistí agus liúntais eile.

### 3.1.5. Corrlach dumpála

- (71) Maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe ar chineál comhfhreagrach an táirge lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.
- (72) I gcás gach táirgeora onnmhairiúcháin eile sa tSín, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfóras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus cainníocht onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh ina chion de mhéid iomlán na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, a suíodh ar bhonn bhunachar sonraí Eurostat Comext.
- (73) Mar a mhínítear i Roinn 3.1.1 thuas, ní raibh ach aon táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch de chuid Mharacó ann. Ós rud é gur lú 50 % d'allmhairí iomlán ARW an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin onnmhairí ARW na cuideachta sin, measadh o raibh leibhéal an chomhair íseal sa chás seo. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún go raibh sé iomchuí an corrlach dumpála iarmharach a shuí ar leibhéal an chorríoch dumpála is airde a fuarthas le haghaidh cineálacha táirgí arna ndíol i gcainníochtaí ionadaíocha ag an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch. Díolacháin onnmhairiúcháin na gcineálacha táirgí sin, bhí thart ar 50 % de mhéid iomlán na n-allmhairí a rinne an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch leis an Aontas i gceist leo.
- (74) Is mar seo a leanas atá na corrlaigh shealadacha dumpála, arna sloinneadh mar chéatadán den phraghas CAL ag teorainn an Aontais, an dleacht neamhíochta:

| Cuideachta           | Corrlach dumpála sealadach |
|----------------------|----------------------------|
| HANDS 8 S.A.         | 8,0 %                      |
| Gach cuideachta eile | 16,5 %                     |

## 4. DÍOBHÁIL

### 4.1. Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

- (75) Rinne thart ar 30 táirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is iad “tionscal an Aontais” iad de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.
- (76) Measadh go raibh thart ar 64,3 milliún ítim i gceist le tháirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir leis an tionscal de chuid an Aontais, amháil an freagra ar an gceistneoir maicreacnamaíoch a sholáthair an gearánach. Mar a léirítear in aithris (30), is éard a bhí i gceist leis na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, 20 % de chainníocht tháirgeachta iomlán tháirgeoirí aitheanta an Aontais a dhéanann an táirge comhchosúil.

## 4.2. Tomhaltas an Aontais

- (77) Rinneadh tomhaltas an Aontais a fhorbairt mar seo a leanas:

Tábla 1

### Tomhaltas an Aontais (ítimí)

|                                     | 2018   | 2019   | 2020   | Tréimhse an imscrúdaithe |
|-------------------------------------|--------|--------|--------|--------------------------|
| Tomhaltas iomlán (de réir 000 ítim) | 77 873 | 73 797 | 59 530 | 64 311                   |
| Innéacs (2018 = 100)                | 100    | 95     | 76     | 83                       |

Foins: Bunachar sonraí Eurostat Comext, EUWA agus na freagraí fíoraithe ar an gceistneoir

- (78) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn dhíolacháin iomlán thionscal an Aontais san Aontas, móide allmhairí ó thríú tíortha isteach san Aontas. Fuarthas díolacháin thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais ón ngearán, agus rinneadh iad a choigeartú ar bhonn na sonraí a soláthraíodh sna freagraí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin. I gcás allmhairí, bhraith an Coimisiún ar bhunachar sonraí Eurostat Comext. Mar sin féin, ó tharla nach soláthraíonn bunachar Sonraí Eurostat Comext ach meáchan na n-allmhairí seachas líon na n-ítimí ARW a allmhairíodh, ba ghá an meáchan a thiontú ina n-ítimí. Sa ghearán, bhain an gearánach feidhm as an gcóimheas comhshó a úsáideadh sa imscrúdú deireanach ar an táirge céanna <sup>(18)</sup> (i.e. 10,9 kg in aghaidh na hítimé). Fíoraíodh bailíocht an chóimheasa comhshó sin ar bhonn na bhfreagraí a thug táirgeoirí Mharacó agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar an gceistneoir. Léirigh an t-imscrúdú gur 11,3 kg atá sa mheánmheáchan ualaithé in aghaidh na hítimé is infheidhme faoi láthair toisc go bhfuil treocht an mhargaidh ag dul i dtreo trastomhas rotha níos mó, rud a fhágann go bhfuil méadú ar an meáchan in aghaidh an rotha. Dá bhrí sin, úsáideadh an cóimheas sin nuair a bhí tomhaltas an Aontais in aghaidh na hítimé á shuí.
- (79) Mar a mhínítear in aithris (16) thuas, tá margadh an Aontais roinnte go míchothrom idir dhá chainéal dáileacháin, i.e. OEM agus AM. Baineann formhór na ndíolachán le cainéal OEM a bhfuil 90 % den sciar den mhargadh aige. Dá bhrí sin, an cainéal AM a bhfuil thart ar 10 % de na díolacháin aige, níl tionchar mór aige ar an measúnú foriomlán ar mhargadh an Aontais. Tá a thionchar teoranta thairis sin toisc go raibh táirgeoirí Mharacó ag díol trí chainéal OEM amháin, rud ab amhlaidh freisin i gcás na dtrí thairgeoir shampláilte de chuid an Aontais. Dhíol na táirgeoirí sin beagnach go heisiach trí chainéal OEM (thart ar 99,6 % dá gcuid díolachán). Dá thoradh sin, ní raibh aon tionchar aige sin ar anailís ar chomparáid praghsanna sa chás i dtrácht, rud a dhéantar ar leibhéal maicreacnamaíoch ar bhonn na sonraí a sholáthair na táirgeoirí onnmhairsiúcháin agus na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Dá réir sin, chinn an Coimisiún go sealadach gan an tomhaltas a roinnt idir an dhá chainéal díolacháin chun críoch an imscrúdaithe seo.
- (80) Tháinig laghdú 5 % ar thomhaltas aon Aontais idir 2018 agus 2019 agus tháinig laghdú 19 % air idir 2019 agus 2020. In 2020, bhí laghdú 4,2 milliún feithicil i gceist le táirgeacht an tionscail gluaisteán i ngeall ar phaindéim COVID-19, agus dá bhrí sin bhí tionchar díreach ar sholáthraíocht réamhtheachtach toisc go raibh laghdú 14 mhilliún ar dhíolacháin ARW in 2020 i gcomparáid le 2019. Ba mhór an t-íslíú sa táirgeacht sa dara ráithe de 2020, ach théarnaigh an margadh sna míonna ina dhiaidh sin. D'aisghabháil an margadh 5 mhilliún roth ó 59 in 2020 go dtí 64 mhilliún le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Níor shroich an tomhaltas leibhéal 2019 áfach mar gheall ar an nganntanas leathsheoltóirí a úsáideann déantóirí gluaisteán.

## 4.3. Allmhairí ón tír lena mbaineann

### 4.3.1. Cainníocht agus sciar den mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann

- (81) Shuigh an Coimisiún cainníocht na n-allmhairí ar bhonn bhunachar sonraí Eurostat Comext. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ar bhonn an sciar de thomhaltas iomlán an Aontais a léirigh na hallmhairí sin.

<sup>(18)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/109.

- (82) Seo a leanas mar a bhí forbairt na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 2

**Cainníocht na n-allmhairí (ítim) agus an sciar den mhargadh**

|  | 2018 | 2019 | 2020  | An tréimhse imscrúdúcháin |
|--|------|------|-------|---------------------------|
| Cainníocht na n-allmhairí ó Mharacó (de réir 000 ítim) | 0    | 15,7 | 1 038 | 2 516                     |
| Innéacs (2019 = 100)                                   | -    | 100  | 6 611 | 16 025                    |
| An sciar den mhargadh (%)                              | -    | 0,0  | 1,7   | 3,9                       |
| Innéacs (2019 = 100)                                   | -    | 100  | 8 196 | 18 389                    |

Foinse: Bunachar sonraí Eurostat Comext

- (83) Cé gur onnmhairigh Maracó cúpla míle ítim in 2019, cuireadh dlús leis na honnmhairí in 2020 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ó 1 mhilliún go dtí 2,5 milliún ítim. Cuireadh in iúl sa Rialachán maidir gur sna míonna tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin, bhí an fás fós ag an ráta céanna agus a bhí sa tréimhse imscrúdúcháin. Mar a mhínítear in aithris (79) thuas, bhain na díolacháin sin le cainéal díolachán OEM amháin.

#### 4.3.2. Pragsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann: sladghearradh praghais agus srianadh pragsanna

- (84) Shuigh an Coimisiún pragsanna na n-allmhairí ar bhonn bhunachar sonraí Eurostat Comext. Bunaíodh gearradh pragsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha agus ó tháirgeoirí comhoibriúcháin an Aontais.
- (85) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghas na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

**Meánphragsanna onnmhairiúcháin ó Mharacó**

|                      | 2018 | 2019 | 2020 | An tréimhse imscrúdúcháin |
|----------------------|------|------|------|---------------------------|
| De réir EUR/ítim     | -    | 39,2 | 42,6 | 44,7                      |
| Innéacs (2019 = 100) | -    | 100  | 109  | 114                       |

Foinse: Bunachar Sonraí Eurostat Comext

- (86) Tháinig méadú thart ar EUR 2 ar an meánphraghas allmhairiúcháin in aghaidh na hítim ó Mharacó idir 2020 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, tá cuid den phraghas díola innéacsaithe leis an bpraghas alúmanaim ar Mhalartán Miotail Londen ("LME") ar tháinig méadú suntasach air, is é sin 25 %, le linn na tréimhse sin.
- (87) Rinne an Coimisiún amach an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdaithe tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid:
- (88) na meánphragsanna díolachán ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, pragsanna a gearradh go díreach ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an leibhéal díreach ón monarcha; agus
- (89) meánphragsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh chineál táirge na n-allmhairí ó Hands amháin chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn costais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí de bharr dleachtanna custaim agus chostais iar-allmhairiúcháin.

- (90) Rinneadh an chomparáid praghsanna ar bhonn cineál ar chineál maidir le hidirbhearta ar an leibhéal trádála céanna, arna gcoigeartú go cúí i gcás inar gá, agus tar éis lacáistí agus lascaíní a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh sé go raibh meánchorrlach sladghearrtha ualaih 26,9 % ag na hallmhairí ar mhargadh an Aontais.
- (91) Sa bhreis air sin, shuigh an Coimisiún go raibh ann do shochtadh praghsanna. Go deimhin, mar a léirítear i dTábla 7, bhí tionscal an Aontais ag díol de réir costais táirgthe in 2020 agus faoi bhun costais táirgthe sa tréimhse imscrúdúcháin. Sin na blianta a tháinig na hallmhairí dumpáilte go mór ar an bhfód agus nuair a chaill tionscal an Aontais cuid dá sciar den mhargadh. Ar an gcaoi sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann a bpraghsanna díola a mhéadú mar gheall ar praghsanna allmhairiúcháin ísle na n-allmhairí dumpáilte, rud a d'fhág go raibh cailteanais acu le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

#### 4.4. Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais

##### 4.4.1. Barúlacha ginearálta

- (92) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, chuimsigh an scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (93) Mar a luaitear in aithris (30), baineadh úsáid as sampláil chun a dheimhniú ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.
- (94) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún measúnú ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sa fhreagra ar an gceistneoir maicreacnamaíoch. Na sonraí a bhaineann leis na táirgeoirí uile de chuid an Aontais. Rinne an Coimisiún measúnú ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar an gceistneoir. Bhain na sonraí leis na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Suíodh go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.
- (95) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, cainníocht na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.
- (96) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna na n-ítimí, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a thiomsú.

##### 4.4.2. Táscairí maicreacnamaíocha

###### 4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

- (97) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 4

#### Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

|  | 2018   | 2019   | 2020   | An tréimhse imscrúdúcháin |
|--|--------|--------|--------|---------------------------|
| Cainníocht táirgeachta (de réir 000 ítim)    | 59 182 | 57 097 | 44 718 | 48 752                    |
| Innéacs (2018 = 100)                         | 100    | 96     | 76     | 82                        |
| Acmhainneacht táirgeachta (de réir 000 ítim) | 62 614 | 62 475 | 61 619 | 61 294                    |
| Innéacs (2018 = 100)                         | 100    | 100    | 98     | 98                        |



|                          |     |    |    |    |
|--------------------------|-----|----|----|----|
| Úsáid acmhainneachta (%) | 95  | 91 | 73 | 80 |
| Innéacs (2018 = 100)     | 100 | 97 | 77 | 84 |

Foinse: EUWA agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

- (98) Ar an iomlán, tháinig laghdú ar chainníocht táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú beag 4 % uirthi le linn 2018 agus 2019. Le paindéim COVID-19, tháinig laghdú 12,3 milliún ítim uirthi in 2020 agus théarnaigh sí faoi 4 mhiliún ítim sa tréimhse imscrúdúcháin.
- (99) Cé gur tháinig laghdú 2 % ar acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais, lean an acmhainneacht úsáidte an treocht dhiúltach chéanna a bhí ag an táirgeacht agus ba é 15 % an laghdú a tháinig air le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

#### 4.4.2.2. Cainníocht na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

- (100) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar chainníocht díolachán thionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

#### Cainníocht na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

|  | 2018   | 2019   | 2020   | An tréimhse imscrúdúcháin |
|--|--------|--------|--------|---------------------------|
| Cainníocht na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (de réir 000 ítim) | 57 501 | 55 502 | 43 110 | 45 391                    |
| Innéacs (2018 = 100)   | 100    | 97     | 75     | 79                        |
| An sciar den mhargadh (%)  | 73,8   | 75,2   | 72,4   | 70,6                      |
| Innéacs (2018 = 100)   | 100    | 102    | 98     | 96                        |

Foinse: EUWA agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

- (101) Tháinig laghdú 21 % ar chainníocht dhíolacháin thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 3 % uirthi idir 2018 agus 2019 agus tháinig íslíú 12 mhiliún ítim uirthi in 2020. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, théarnaigh na díolacháin faoi 2,2 milliún ítim.
- (102) Tháinig méadú beag ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais idir 2018-2019, tháinig laghdú air in 2020, agus laghdaigh sé fós sa tréimhse imscrúdúcháin.

#### 4.4.2.3. Fostaíocht agus táirgiúlacht

- (103) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

#### Fostaíocht agus táirgiúlacht

|                      | 2018   | 2019   | 2020   | An tréimhse imscrúdúcháin |
|----------------------|--------|--------|--------|---------------------------|
| Líon na bhfostaithe  | 17 816 | 17 866 | 16 963 | 16 790                    |
| Innéacs (2018 = 100) | 100    | 100    | 95     | 94                        |

|                            |       |       |       |       |
|----------------------------|-------|-------|-------|-------|
| Táirgiúlacht (ítim/fostaí) | 3 322 | 3 196 | 2 636 | 2 904 |
| Innéacs (2018 = 100)       | 100   | 96    | 79    | 87    |

Foinse: EUWA agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

- (104) Cé gur tháinig méadú 6 % ar an líon fostaíthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 13 % ar tháirgiúlacht. Is é an laghdú ar chainníocht na táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú is cúis leis an meath ar tháirgiúlacht den chuid is mó. Léiríonn an meath ar tháirgiúlacht go bhfuil costais saothair in aghaidh na hítim ARW a tháirgtear ag dul i méid.

#### 4.4.2.4. Fás

- (105) Mar a mhínítear i Ranna 4.4.2.1 go 4.4.2.3 a luaitear thuas, tháinig laghdú 18 % agus 16 % faoi seach ar chainníocht na táirgeachta agus ar úsáid acmhainneachta ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, as ar eascair costais sheasta níos airde in aghaidh an aonaid táirgthe agus táirgiúlacht níos ísle. Tháinig méadú 1,7 €/ítim (+ 3,4 %) ar chostais iomlána an tionscail le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, tháinig laghdú 3,3 €/ítim (- 6,1 %) ar meánphraghas díola an Aontais.

- (106) Thairis sin, tháinig laghdú 21 % ar an gcainníocht díolachán ar mhargadh an Aontais agus laghdú 5 % ar an sciar den mhargadh idir 2018 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Ar an gcaoi sin, tháinig meath ar fheidhmíocht airgeadais thionscal an Aontais. Mar a mhínítear i Roinn 4.4.3.1 thíos, bhí costas níos airde táirgthe i ndán dó agus ní raibh sé in ann a phraghsanna díolachán a choigeartú dá réir.

- (107) Dá bhrí sin, tá peirspictíochtaí fáis thionscal an Aontais i mbaol.

#### 4.4.2.5. Méid an chorrailigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla cheana

- (108) Bhí gach corrlach dumpála i bhfad níos airde ná an leibhéal *de minimis*. Ba shubstaintiúil an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhir ar an tionscal de chuid an Aontais, i bhfianaise chainníocht agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

- (109) Tá ARW faoi réir bearta frithdhumpála in aghaidh na Síne a forchuireadh in 2010<sup>(19)</sup>. San athbhreithniú éaga deireanach<sup>(20)</sup>, ba é conclúid an Choimisiún nach raibh díobháil ábhartha á déanamh do thionscal an Aontais a thuilleadh agus ar an gcaoi sin gur théarnaigh sé ón dumpáil a rinneadh roimhe sin. Deimhnítear é sin in 2018 agus 2019 nuair a tháinig feabhas suntasach ar staid airgeadais thionscal an Aontais, sin sular thosaigh na hallmhairí ó Mharacó ag teacht agus sular tháinig méadú suntasach orthu ina dhiaidh sin,

- (110) Dá réir sin, dheimhnigh an Coimisiún gur théarnaigh tionscal an Aontais ón dumpáil a rinneadh roimhe sin mar gheall ar allmhairí ón tSín sular tháinig na hallmhairí dumpáilte ó Mharacó isteach i margadh an Aontais.

#### 4.4.3. Táscairí micreacnamaíocha

##### 4.4.3.1. Praghsanna agus tosca a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

- (111) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh na hítim ag na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

<sup>(19)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 964/2010 ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2010 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 282, 28.10.2010, lch. 1).

<sup>(20)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/109, aithris (169).

Tábla 7

## Pragsanna díola san Aontas

|  | 2018 | 2019 | 2020 | An tréimhse imscrúdúcháin |
|--|------|------|------|---------------------------|
| Meánphraghas díola in aghaidh na hítiméirí i margadh an Aontais (EUR/ítim) | 53,9 | 52,3 | 49,3 | 50,6                      |
| Innéacs (2018 = 100)   | 100  | 97   | 92   | 94                        |
| Costas táirgthe in aghaidh na hítiméirí (EUR/ítim)                         | 49,9 | 48,2 | 49,3 | 51,6                      |
| Innéacs (2018 = 100)   | 100  | 97   | 99   | 104                       |

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

- (112) Tháinig laghdú 6 % ar meánphraghsanna díola thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú cé gur tháinig méadú 4 % ar an meánchostas táirgthe idir 2018 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Ní raibh tionscal an Aontais in ann pragsanna díola a mhéadú chun costas méadaithe an táirgthe a chumhdach.
- (113) Díolacháin an táirge chomhchosúil a rinne tionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais, bhí siad bunaithe ar conarthaí ilbhliantúla le custaiméirí na monaróirí gluaisteán a shocraigh na cainníochtaí agus na pragsanna. Eagraíonn na monaróirí gluaisteán dianiomaíocht idir na soláthróirí trí bhithin tairiscintí, agus roghnaíonn siad an dá sholáthróir a tháirgeann na coinníollacha is fearr tar éis roinnt babhtáí iomaíochta ar lena linn nach mór do tháirgeoirí an Aontais iad féin a ailíniú le táirgeoirí Mharacó, i measc táirgeoirí eile, a tháirgeann pragsanna ísle. Dá thoradh sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann a méadú ar chostais táirgthe a chur ar aghaidh. Cé go bhfuil corrlach íosta ag tionscal an Aontais chun pragsanna díolacháin a mhéadú i gcomhthéacs pragsanna amhábhbar a mhéadú le linn chur i bhfeidhm an chonartha bhliantúil, ba cheart, i bprionsabal, a bheith in ann a phraghsanna díolacháin a mhéadú nuair a dhéanann sé na conarthaí a chaibidliú don bhliain dar gcionn. Mar sin féin, níor éirigh le tionscal an Aontais é sin a dhéanamh le linn na tréimhse a measadh de bharr brú pragsanna ó allmhairí. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú ar bhrabúsacht thionscal an Aontais, mar a mhínítear i Roinn 4.4.3.4 thíos.

## 4.4.3.2. Costais saothair

- (114) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

## Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

|   | 2018   | 2019   | 2020   | An tréimhse imscrúdúcháin |
|---|--------|--------|--------|---------------------------|
| Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR) | 35 216 | 35 700 | 33 084 | 35 951                    |
| Innéacs (2018 = 100)                              | 100    | 101    | 94     | 102                       |

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

- (115) Tháinig méadú beag 2 % ar an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí de chuid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú beag air in 2019 agus tháinig laghdú 6 % air in 2020, go príomha mar gheall ar an múchadh táirgeachta i ngeall ar phaindéim COVID-19.

## 4.4.3.3. Fardail

- (116) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar leibhéal stoic na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

**Fardail**

|   | 2018 | 2019 | 2020 | An tréimhse imscrúdúcháin |
|---|------|------|------|---------------------------|
| Stoic dheiridh (de réir 000 ítim)               | 556  | 439  | 492  | 776                       |
| <i>Innéacs (2018 = 100)</i>                     | 100  | 79   | 88   | 140                       |
| Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (%) | 0,9  | 0,8  | 1,1  | 1,6                       |
| <i>Innéacs (2018 = 100)</i>                     | 100  | 89   | 122  | 177                       |

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

- (117) Tháinig méadú is mó ná 40 % ar fhardail le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 21 % orthu in 2019, laghdú 12 % in 2020 agus théarnaigh siad faoi + 57 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar a mhínítear in aithris (113), tá creatchonarthaí bliantúla idir táirgeoirí agus custaiméirí lena socraítear na cainníochtaí agus na praghsanna ina saintréithe ag tionscal ARW san Aontas. Cuirtear na creatchonarthaí i bhfeidhm trí orduithe ceannaigh de réir riachtanais an chustaiméara. Mar thoradh air sin, is féidir le tionscal an Aontais a tháirgeadh agus a fhardail a phleanáil. Dá bhrí sin, ní príomhtháscaire iad fardail chun feidhmíocht thionscal an Aontais a mheasúnú.

## 4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a thiomsú

- (118) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar bhrabúsacht, ar shreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar thoradh ar infheistíochtaí na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

**Brabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí**

|  | 2018   | 2019   | 2020   | An tréimhse imscrúdúcháin |
|--|--------|--------|--------|---------------------------|
| Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán) | 7,5    | 8,2    | 0,4    | - 1,6                     |
| <i>Innéacs (2018 = 100)</i>  | 100    | 109    | 5      | - 21                      |
| Sreabhadh airgid (de réir 000 EUR)   | 81 153 | 82 495 | 31 805 | 22 956                    |
| <i>Innéacs (2018 = 100)</i>  | 100    | 102    | 39     | 28                        |
| Infheistíochtaí (de réir 000 EUR)  | 37 788 | 30 757 | 19 848 | 21 845                    |
| <i>Innéacs (2018 = 100)</i>  | 100    | 81     | 53     | 58                        |
| Toradh ar infheistíochtaí  | 12,0   | 9,1    | 0,3    | - 0,5                     |
| <i>Innéacs (2018 = 100)</i>  | 100    | 76     | 3      | - 4                       |

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

- (119) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais trí ghlanbhrabús réamhchánach ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.
- (120) Tháinig méadú ar bhrabúsacht thionscal an Aontais idir 2018 agus 2019 ó 7,5 % go dtí 8,2 % ach ansin tháinig laghdú gear air idir 2020 agus an tréimhse imscrúdúcháin nuair a tuairiscíodh cailteanais (– 1,6 %). Ní raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna díola a mhéadú chun costas méadaithe an tairgthe a chumhdach, agus dá bhrí sin bhí cailteanais aige.
- (121) Is ionann an glansreabhadh airgid agus an cumas atá ag tairgeoirí de chuid an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Tháinig laghdú anuas ar threocht an ghlanreafa airgid agus tháinig laghdú mór 72 % uirthi le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, bhí deacrachtaí ag tionscal an Aontais a chuid gníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú, ar léiriú breise é ar a staid airgeadais atá imithe in olcas.
- (122) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Lean sé treocht dhiúltach cosúil le brabúsacht agus sreabhadh airgid glan. Laghdaigh an toradh ar infheistíocht go suntasach idir 2018 agus an tréimhse imscrúdúcháin, agus bhí sé diúltach sa tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann dóthain brabús a ghiniúint chun a chuid infheistíochtaí a chumhdach. Go deimhin, choinnigh tionscal an Aontais a infheistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar gheall den chuid is mó ar an ngá ceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh agus ní raibh sé in ann toradh a fháil ar na hinfeistíochtaí sin. Léirigh forbairt dhiúltach an toraidh ar infheistíocht le linn na tréimhse a measadh tuilleadh gur chuaigh staid airgeadais fhoriomlán thionscal an Aontais in olcas ar bhealach suntasach.
- (123) Bhí tionchar ag an staid airgeadais meathlathie ar chumas tháirgeoirí an Aontais caipiteal a thiomsú. Léirigh an laghdú suntasach ar bhrabúsacht agus ar ghlanreabhadh an airgid thirim go bhfuil ábhair mhóra inní ann a mhéid a bhaineann le staid leachtachta thionscal an Aontais agus maidir lena chumas caipiteal a thiomsú chun a ghníomhaíocht oibríocháin agus infheistíochtaí riachtanacha a mhaoiniú.

#### 4.4.4. Conclúid faoi dhiobháil

- (124) Tháinig meath ginearálta ar tháscairí eacnamaíocha ar an macraileibhéal agus ar an micraileibhéal araon le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (125) Cé gur fhan acmhainneacht tairgeachta thionscal an Aontais cobhsaí, tháinig laghdú 16 % ar úsáid acmhainneachta idir 2018 agus an tréimhse imscrúdúcháin, rud a d'fhág gur airde an costas seasta in aghaidh an tona ARW. De réir na treochta céanna, meastar gur bhfuil meath ar chainníocht díola agus sciar den mhargadh de chuid thionscal an Aontais sa tréimhse faoi bhreathnú.
- (126) Chuaigh staid airgeadais thionscal an Aontais in olcas go príomha mar gheall ar chostas méadaithe an tairgthe, rud nach bhféadfaí a chumhdach le méadú comhfhreagrach ar a bpraghsanna díola.
- (127) Tháinig laghdú 6 % ar meánphraghsanna díola thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé gur tháinig méadú 9 % ar an meánchostas tairgthe sa tréimhse chéanna. D'fhág an brú praghsanna ó na hallmhairí dumpáilte ar phraghsanna ísle go raibh cailteanais ann ó 2020 i leith, agus bhí sé níos measa le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Cé gur tháinig laghdú 42 % ar ghlaninfheistíochtaí, bhí toradh diúltach ar infheistíochtaí ann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí treocht an tsreafa airgid diúltach freisin, rud a chuir isteach ar chumas thionscal an Aontais a chuid oibríochtaí féin a fhéinmhaoiniú. Tháinig laghdú 6 % ar an líon fostaithe le linn na tréimhse céanna; tháinig laghdú 13 % ar an tairgiúlacht, áfach, rud a d'fhág gur airde an costas saothair in aghaidh an tona ARW.
- (128) Mar a leagtar amach thuas, tháinig meath suntasach ar tháscairí eacnamaíocha amhail brabúsacht, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíocht le linn na tréimhse atá san áireamh. D'imir sé sin tionchar diúltach ar chumas thionscal an Aontais oibríochtaí féinmhaoinithe a dhéanamh, na hinfeistíochtaí riachtanacha a dhéanamh agus caipiteal a thiomsú, rud a chuir bac ar an bhfás agus fiú bagairt ar a mharthanais.
- (129) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

## 5. CÚISÍOCHT

- (130) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an staid lena fháil amach an ndearnadh díobháil ábhartha don thionscal de chuid an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an cheist arbh fhéidir go ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais de dheasca fachtóirí aitheanta eile san am céanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh aon díobháil fhéideartha, arbh fhachtóirí eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, i leith na n-allmhairí dumpáilte. Seo a leanas na fachtóirí sin: allmhairí ó thríú tíortha eile, paindéim COVID-19, éabhlóid chostas an táirgthe, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais agus éifeacht na gconarthaí ilbhliantúla.

### 5.1. Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte

#### 5.1.1. Caimníocht agus sciar den mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann

- (131) Scrúdaigh an Coimisiún éabhlóid chainníocht na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus a dtionchar ar thionscal an Aontais mar a cheanglaítear le hAirteagal 3(2) den bhun-Rialachán.
- (132) Lean cainníochtaí na n-allmhairí ón tír lena mbaineann de bheith ag méadú le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cainníochtaí ó 16 376 ítim in 2019 go dtí 1 mhilliún ítim in 2020 agus 2,5 milliún ítim sa tréimhse imscrúdúcháin. Lean an méadú suntasach sin le linn phaindéim COVID-19 fiú.
- (133) Tháinig méadú ó 0,0 % in 2018 go 3,9 % sa tréimhse imscrúdúcháin ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ó Mharacó. Dá bhrí sin, tá méadú suntasach tagtha ar allmhairí dumpáilte de réir bhrí Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán.

#### 5.1.2. Praghas na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus éifeachtaí praghais

- (134) Tháinig méadú 14 % ar meánphraghas allmhairiúcháin na n-allmhairí ó Mharacó idir 2019 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach bhfuil sa mhéid sin ach léiriú páirteach ar mhéadú ar phraghas alúmanaim LME thar an tréimhse chéanna, arb é príomh-amhábhbar ARW é. Mar a mhínítear in aithris (90), ba é 8,0 % an méid a ghearr na hallmhairí ó Mharacó faoi phraghsanna thionscal an Aontais. In aon chás, bhrúigh na cainníochtaí móra na n-allmhairí ar phraghsanna ísle praghsanna thionscal an Aontais freisin, toisc go raibh orthu a bpraghsanna a íslíú chun go mbeidís fós iomaíoch, mar a mhínítear in (113), go dtí an pointe nár chumhdaigh na praghsanna na costais táirgthe a thuilleadh.

#### 5.1.3. Nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ó Mharacó agus an díobháil ábhartha a rinneadh do thionscal an Aontais

- (135) Bhí tionchar diúltach ar staid airgeadais thionscal an Aontais ag cainníochtaí méadaithe na n-allmhairí ó Mharacó mar aon lena meánphraghsanna díola ísle. Thairis sin, brúdh anuas na praghsanna margaidh foriomlána mar gheall ar rannpháirtíochta tháirgeoirí Mharacó sna tairiscintí a d'eagraigh na monaróirí gluaisteán. Ní raibh tionscal an Aontais in ann a bpraghsanna díolacháin a mhéadú d'fhonn costas méadaitheach na n-amhábhbar a chur ar aghaidh chuig custaiméirí toisc go raibh iomaíocht éagórach ó allmhairí an táirge lena mbaineann os a chomhair. Ba é straitéis thionscal an Aontais cainníochta táirgeachta agus an sciar an mhargaidh a choinneáil chun na costais sheasta arda a chumhdach chun dochair dá bhrabúsacht. Dá bhrí sin, chuir na hallmhairí ar phraghas íseal ó Mharacó cosc ar mhéaduithe praghsanna i dtionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán agus dá bhrí sin ba chúis le srianadh praghsanna.
- (136) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, shuigh an Coimisiún go sealadach go raibh na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann ina gcúis leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais, de réir bhrí Airteagal 3(6) den bhun-Rialachán.

### 5.2. Tionchair fachtóirí eile

#### 5.2.1. Allmhairí ó thríú tíortha

- (137) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar chainníocht na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn a tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

## Allmhairí ó thríú tíortha

| Tír               |                               | 2018  | 2019  | 2020  | An tréimhse imscrúdúcháin |
|-------------------|-------------------------------|-------|-------|-------|---------------------------|
| An Tuirc          | Cainníocht (de réir 000 ítim) | 7 983 | 7 632 | 7 010 | 8 364                     |
|                   | <i>Innéacs (2018 = 100)</i>   | 100   | 96    | 88    | 105                       |
|                   | An sciar den mhargadh (%)     | 10,3  | 10,3  | 11,8  | 13,0                      |
|                   | <i>Innéacs (2018 = 100)</i>   | 100   | 101   | 115   | 126                       |
|                   | Meánphraghas (EUR/ítim)       | 53,6  | 51,9  | 49,7  | 51,1                      |
|                   | <i>Innéacs (2018 = 100)</i>   | 100   | 97    | 93    | 95                        |
| An tSín           | Cainníocht (de réir 000 ítim) | 3 734 | 3 493 | 2 230 | 2 205                     |
|                   | <i>Innéacs (2018 = 100)</i>   | 100   | 94    | 60    | 59                        |
|                   | An sciar den mhargadh (%)     | 4,8   | 4,7   | 3,7   | 3,4                       |
|                   | <i>Innéacs (2018 = 100)</i>   | 100   | 98    | 77    | 71                        |
|                   | Meánphraghas (EUR/ítim)       | 50,1  | 50,3  | 49,3  | 53,9                      |
|                   | <i>Innéacs (2018 = 100)</i>   | 100   | 100   | 98    | 108                       |
| An Téalainn       | Cainníocht (de réir 000 ítim) | 2 228 | 1 911 | 1 527 | 1 487                     |
|                   | <i>Innéacs (2018 = 100)</i>   | 100   | 86    | 69    | 67                        |
|                   | An sciar den mhargadh (%)     | 2,9   | 2,6   | 2,6   | 2,3                       |
|                   | <i>Innéacs (2018 = 100)</i>   | 100   | 90    | 90    | 79                        |
|                   | Meánphraghas (EUR/ítim)       | 52,3  | 50,8  | 49,0  | 50,3                      |
|                   | <i>Innéacs (2018 = 100)</i>   | 100   | 97    | 94    | 96                        |
| An Chóiré Theas   | Cainníocht (de réir 000 ítim) | 1 813 | 1 577 | 1 460 | 1 065                     |
|                   | <i>Innéacs (2018 = 100)</i>   | 100   | 87    | 81    | 59                        |
|                   | An sciar den mhargadh (%)     | 2,3   | 2,1   | 2,5   | 1,7                       |
|                   | <i>Innéacs (2018 = 100)</i>   | 100   | 91    | 109   | 74                        |
|                   | Meánphraghas (EUR/ítim)       | 52,2  | 52,9  | 50,9  | 53,5                      |
|                   | <i>Innéacs (2018 = 100)</i>   | 100   | 101   | 97    | 102                       |
| Tríú tíortha eile | Cainníocht (de réir 000 ítim) | 4 612 | 3 663 | 3 151 | 3 279                     |
|                   | <i>Innéacs (2018 = 100)</i>   | 100   | 79    | 68    | 71                        |
|                   | An sciar den mhargadh (%)     | 5,9   | 5,0   | 5,3   | 5,1                       |
|                   | <i>Innéacs (2018 = 100)</i>   | 100   | 85    | 90    | 86                        |

|   |                               |        |        |        |        |
|---|-------------------------------|--------|--------|--------|--------|
|   | Meánphraghas (EUR/ítim)       | 69,1   | 74,9   | 71,1   | 75,9   |
|   | <i>Innéacs (2018 = 100)</i>   | 100    | 108    | 103    | 110    |
| Iomlán na dtríú tíortha seachas Meicsiceo | Cainníocht (de réir 000 ítim) | 20 372 | 18 278 | 15 380 | 16 402 |
|   | <i>Innéacs (2018 = 100)</i>   | 100    | 90     | 75     | 81     |
|   | An sciar den mhargadh (%)     | 26,2   | 24,8   | 25,8   | 25,5   |
|   | <i>Innéacs (2018 = 100)</i>   | 100    | 95     | 98     | 97     |
|   | Meánphraghas (EUR/ítim)       | 56,2   | 56,1   | 54,1   | 56,5   |
|   | <i>Innéacs (2018 = 100)</i>   | 100    | 100    | 96     | 101    |

Foinse: Bunachar sonraí Eurostat Comext

- (138) 26,2 % a bhí sa sciar den mhargadh a bhí ag cainníochtaí allmhairiúcháin ó thríú tíortha in 2018 agus 25,5 % a bhí ann sa tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig laghdú 19 % ar chainníocht na n-allmhairí sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus lean a sciar den mhargadh an treo chéanna go páirteach agus 3 % an laghdú a bhí air. Tháinig méadú 1 % ar mheánphraghas allmhairiúcháin na n-allmhairí sin agus bhí sé ní b'airde i gcomparáid le meánphraghas thionscal an Aontais (+ 12 %) agus i bhfad ní b'airde i gcomparáid leis an meánphraghas allmhairiúcháin ón tír lena mbaineann (+ 26 %). Ba é an Tuirc an t-aon tír amháin a mhéadaigh a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú, is é sin ó 10,3 % go dtí 13,0 %. Mar sin féin, bhí meánphraghsanna na Tuirce beagán níos airde i gcomparáid le praghsanna thionscal an Aontais (+ 1,0 %) agus i bhfad níos airde i gcomparáid le praghsanna allmhairiúcháin ón tír lena mbaineann (+ 14 %).
- (139) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go sealadach nár chuir allmhairí ó thríú tíortha eile leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

### 5.2.2. Paindéim COVID-19

- (140) In 2020, bhí laghdú 4,2 milliún feithicil i gceist le táirgeacht an tionscail gluaisteán i ngeall ar phaindéim COVID-19, agus dá bhrí sin bhí tionchar díreach ar sholáthróirí réamhtheachtach. Dá réir sin, bhí laghdú 14 mhilliún ar dhíolacháin ARW in 2020 i gcomparáid le 2019. Ba mhór an t-íslíú sa táirgeacht sa dara ráithe de 2020, ach théarnaigh an margadh sna míonna ina dhiaidh sin. D'aisghabháil an margadh 5 mhilliún roth ó 60 in 2020 go dtí 65 mhilliún le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Níor shroich an tomhaltas leibhéal 2019 áfach mar gheall ar an nganntanas leathsheoltóirí a úsáideann déantóirí gluaisteán. Ní chun tairbhe do thionscal an Aontais a chuaigh an méadú ar éileamh sa tréimhse imscrúdúcháin, ach d'allmhairí Mharacó go príomha (2,6 milliún allmhairí sa tréimhse imscrúdúcháin agus 4 % den sciar den mhargadh). I dteannta forghabháil ar chainníochtaí díola, chuir allmhairí ó Mharacó brú anuas ar phraghsanna agus chuir siad cosc ar tháirgeoirí de chuid an Aontais an méadú a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí, rud a d'fhág go raibh láimhdeachas i bhfad níos lú ann agus níos mó cailteanas fós i gcomparáid le 2020.
- (141) I ndáil leis sin, go deimhin, bhí tionchar diúltach ag paindéim COVID-19 ar thionscal an Aontais, go háirithe in 2020 nuair a bhí ar láithreáin táirgthe thionscal an Aontais dúnadh ar bhonn sealadach. Mar sin féin, nuair a théarnaigh an margadh tar éis COVID, níor thairbhígh tionscal an Aontais de de bharr na n-allmhairí méadaithe ón tír lena mbaineann ar phraghsanna dumpáilte.
- (142) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go sealadach nár laghdaigh paindéim COVID-19 an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

### 5.2.3. Feidhmíocht onnmhairsiúcháin thionscal an Aontais

- (143) Seo a leanas mar a forbraíodh chainníocht na n-onnmhairsiúcháin ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:



Tábla 12

## Feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

|   | 2018  | 2019  | 2020  | An tréimhse imscrúdúcháin |
|---|-------|-------|-------|---------------------------|
| Cainníocht onnmhairiúcháin (de réir 000 ítim) | 3 454 | 2 892 | 2 138 | 2 719                     |
| Innéacs (2018 = 100)                          | 100   | 84    | 62    | 79                        |
| Meánphraghas (EUR/ítim)                       | 67,3  | 68,7  | 60,6  | 66,5                      |
| Innéacs (2018 = 100)                          | 100   | 102   | 90    | 99                        |

Foinse: EUWA i gcás chainníocht na n-allmhairí agus na freagraí fíoraithe ar an gceistneoir i gcás an mheánphraghais

- (144) Bhí 5,6 % den mhéid iomlán táirgeachta a bhí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le díolacháin onnmhairiúcháin le custaiméirí neamhghaolmhar. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, luainigh cainníochtaí na n-allmhairí — tháinig laghdú 38 % orthu i dtús idir 2018 agus 2020 agus mhéadaigh siad ansin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an iomlán, tháinig laghdú 21 % ar dhíolacháin onnmhairiúcháin le linn na tréimhse sin. Bhí an praghas onnmhairiúcháin in aghaidh na hítim i bhfad ní b'airde i gcomparáid le praghsanna an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (145) Sa tréimhse imscrúdúcháin, dhíol tionscal an Aontais níos mó ná 95 % dá tháirgeacht ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, cé go bhféadfadh an meath ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin a bheith ina chúis leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go sealadach, i bhfianaise an sciar ard de dhíolacháin an Aontais i gcomparáid le díolacháin onnmhairiúcháin, níor mhaolaigh an éabhlóid sin an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

## 5.2.4. Éifeacht na gconarthaí ilbhliantúla agus éabhlóid an chostais táirgthe

- (146) Díolacháin an táirge chomhchosúil a rinne tionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais, bhí siad bunaithe ar conarthaí ilbhliantúla le custaiméirí na monaróirí gluasteán a shocraíonn na praghsanna fad a bheidh cineál áirithe gluasteáin á tháirgeadh. Tá corrlach íosta ag tionscal an Aontais chun praghsanna díolacháin a mhéadú i gcomhthéacs praghsanna amhábhbar a mhéadú le linn chur i bhfeidhm an chonartha bliantúil. I bprionsabal, ba cheart do thionscal an Aontais a bheith in ann a phraghsanna díola a mhéadú áfach nuair a dhéanann sé na conarthaí a chaibidliú don bhliain dar gcionn. Mar a mhínítear i Roinn 4.4.3.1 thuas, cé gur tháinig méadú 9 % ar mheánchostas táirgthe thionscal an Aontais idir 2018 agus an tréimhse imscrúdúcháin, d'fhan meánphraghas díola thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais cobhsaí.
- (147) Mar a léirítear i dTábla 7 thuas, in ainneoin na gconarthaí bliantúla, níor dheacair do thionscal an Aontais díol ar phraghsanna a chumhdaigh a chostas táirgthe in 2018 agus 2019 nuair nár bh ann do na hallmhairí ó Mharacó. Mar sin féin, nuair a thosaigh na hallmhairí ag teacht isteach in 2020, agus nuair a tháinig méadú suntasach orthu sa tréimhse imscrúdúcháin, i ngeall ar an mbrú a chuir siad ar phraghsanna, ní raibh tionscal an Aontais in ann a bpraghsanna díola a choigeartú a thuilleadh sna conarthaí bliantúla ba dheireanaí ionas go gcumhdófaí na costais táirgthe a bhí ag dul i méid. Dá thoradh sin, níor ghnóthaigh tionscal an Aontais ach brabúis an-iseal in 2020, agus bhí cailleanais acu le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (148) Dá bhrí sin, an t-aga moille idir an méadú ar chostas na n-amhábhbar agus an méadú ar na praghsanna díola mar gheall ar na conarthaí bliantúla, ní cosúil go gcuirfeadh sé cosc ar thionscal an Aontais a phraghsanna díola a chur in oiriúint do chostas méadaitheach an táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar thoradh air sin, chinn an Coimisiún go sealadach nach ndearnadh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a rinneadh a mhaolú trí na praghsanna díolacháin a shocrú i gconarthaí bliantúla.

## 5.2.5. Tomhaltas

- (149) Mhaígh úsáideoirí go ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais mar gheall ar chúngú mhargadh ARW an Aontais.

- (150) Mar a luaitear in aithris (139), tháinig laghdú 13 mhiliún tona ar thomhaltas an Aontais, is é sin 17 %, le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léirigh figiúirí díolacháin an Aontais treocht thomhaltas an Aontais. Mar sin féin, nuair a théarnaigh an tomhaltas sa tréimhse imscrúdúcháin agus nuair a mhéadaigh sé 8 % i gcomparáid le 2020, ní raibh tionscal an Aontais in ann tairbhe a bhaint as mar gheall ar an hallmhairí ó Mharacó. Go deimhin, tháinig laghdú 2,9 pointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais, ó 71,7 % in 2020 go dtí 68,8 % sa tréimhse imscrúdúcháin, agus mhéadaigh an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ó Mharacó 129 %, ó 1,7 % in 2020 go dtí 3,9 % sa tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, ba é an srianadh praghsanna a chuir na hallmhairí dumpáilte ar phraghas íseal i bhfeidhm seachas cailiteanas cainníochtaí mar gheall ar laghdú ar thomhaltas a bhí mar chúis le díobháil do thionscal an Aontais.
- (151) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go sealadach nach bhféadfaí cúngú 17 % ar éileamh an mhargaidh a mheas mar chúis díobhála chun an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a rinneadh a mhaolú.

### 5.3. An chonclúid maidir le cúisíocht

- (152) Tharla meath staid airgeadais thionscal an Aontais san am céanna leis an méadú ar chainníochtaí allmhairí ARW ón tír lena mbaineann, iad déanta ar phraghsanna dumpáilte.
- (153) Rinne an Coimisiún idirdhealú idir éifeachtaí na bhfachtóirí aitheanta uile ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhála na n-allmhairí dumpáilte agus rinne sé iad a scaradh. Breithníodh éifeacht na n-allmhairí ó thríú tíortha eile, paindéim COVID-19, an laghdú ar an éileamh, éabhlóid an chostais táirgthe, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, agus éifeacht na gconarthaí ilbhliantúla.
- (154) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go sealadach go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de bharr na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann agus maidir leis na tosca eile, a breithníodh leo féin nó le chéile, nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha.

## 6. LEIBHÉAL NA mBEART

- (155) Chun leibhéal na mbeart a dhéanamh amach, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

### 6.1. Corrlach díobhála

- (156) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a fháil trí dhíol ar spriocphraghas de bhrí Airteagal 7(2c) agus (2d) den bhun-Rialachán.
- (157) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a dhéanamh amach, chuir an Coimisiún na fachtóirí seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart don chorrach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.
- (158) Mar chéad chéim, bhunaigh an Coimisiún bunbhrabús lena gcumhdaítear na costais iomlána faoi na gnáthdhálaí iomaíochta. Ghlac an Coimisiún an brabús a ghnóthaigh táirgeoirí samplacha an Aontais sular tháinig dlús le hallmhairí éagóracha ó Mharacó agus sular thosaigh na hallmhairí sin ag déanamh díobhála do thionscal an Aontais. Socraíodh an corrlach brabúis sin ar 7,9 %, leibhéal a chomhfhreagraíonn do mheán an bhrabúis a ghnóthaigh tionscal an Aontais sna blianta 2018-2019.
- (159) Sholáthair tionscal an Aontais fianaise lena léiriú go mbeadh an leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha (T&F) agus an nuálaíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú ní b'airde faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta. Go deimhin, bhí údar maith le maímh thionscal an Aontais. Chun é sin a léiriú sa spriocbhrabús, ríomh an Coimisiún an difríocht idir na costais a bhaineann le hinfeistíochtaí, T&F agus nuálaíochta ("costais IRI") faoi ghnáthdhálaí iomaíochta arna soláthar ag tionscal an Aontais agus arna bhfiórú ag an gCoimisiún ar thaobh amháin, agus costais IRI iarbhír le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar an taobh eile. 0,4 % a bhí sa difríocht sin, arna sloinneadh mar chéatadán den láimhdeachais.

- (160) An céatadán 0,4 % sin, cuireadh leis an mbunbrabús arna lua in aithris (158) é, is é sin 7,9 %, rud a d'fhág gur 8,3 % a bhís sa spriocbrabús.
- (161) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascraíonn as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus na Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, go dtabhóidh an tionscal de chuid an Aontais le linn na tréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Ar bhonn na bhfianaise a bhí ar fáil, shuigh an Coimisiún costas breise 0,5 EUR/ítim. Cuireadh an costas breise sin leis an bpraghas neamhdhíobhálach a luaitear san aithris thuas.
- (162) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún meánphraghas neamhdhíobhálach ualaithe 55,9 EUR/ítim le haghaidh an táirge chomhchosúil de chuid thionscal an Aontais tríd an gcorrlach brabús thuasluaite a chur le costas táirgthe na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus ansin na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) a chur leis ar bhonn cineál ar chineál.
- (163) Rinne an Coimisiún amach ansin leibhéal an chorrlaigh díobhála trí chomparáid a dhéanamh idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, mar atá déanta amach i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Rinneadh aon difríocht a d'eascair as an gcomparáid sin a shloinneadh mar chéatadán den mheánluach allmhairiúcháin ualaithe maidir le CAL.
- (164) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh “gach cuideachta eile” ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí sin (féach aithris (73)).

| Tír    | Cuideachta           | Corrlach dumpála (%) | Corrlach díobhála (%) |
|--------|----------------------|----------------------|-----------------------|
| Maracó | Hands                | 8,0                  | 44,0                  |
|        | Gach cuideachta eile | 16,5                 | 51,6                  |

## 7. LEAS AN AONTAIS

### 7.1. Leas thionscal an Aontais

- (165) Beidh tionchar dearfach ag bearta frithdhumpála ar tháirgeoirí an Aontais, ós rud é go gcuirfidh bearta ar chumas thionscal an Aontais a phraghsanna díolacháin a oiriúnú chun costas méadaithe na táirgeachta a chumhdach. Dá bhrí sin, d'fhillfeadh tionscal an Aontais ar staid inbhuanaithe, rud a d'fhágfadh go bhféadfadh sé infheistíochtaí a dhéanamh amach anseo, go háirithe chun ceanglais chomhshaoil agus shóisialta a chomhlíonadh.
- (166) In éagmais beart, leanfaidh tionscal an Aontais de bheith thíos le díobháil ábhartha agus agus meastar go rachaidh a staid airgeadais in olcas, go háirithe ó thaobh brabúsachta, toradh ar infheistíochtaí agus sreabhadh airgid de, go háirithe ó tharla gur lean an méadú ar allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann tar éis na tréimhse imscrúdúcháin, rud a chuir a inmharthanacht i mbaol.

### 7.2. Leas na n-allmhairí agus na n-úsáideoirí neamhghaolmhara

- (167) Tráth an tionscnaimh, chuathas i dteagmháil le hallmhairí. Níor chomhoibrigh aon cheann acu leis an imscrúdú seo áfach.
- (168) Maidir leis na húsáideoirí, chomhoibrigh dhá mhonaróir gluaistean agus a gcomhlachas, i.e. na monaróirí gluaistean (“ACEA”).

- (169) Is custaiméirí thionscal ARW an Aontais iad na monaróirí gluaisteán. Is ó thionscal an Aontais cheana féin a fhaigheann siad thart ar 70 % dá riachtanais ARW. Maidir le hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann, bhí sciar margaidh 3,9 % acu ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí sciar margaidh 25,5 % ag allmhairí ó thríú tíortha eile, agus bhí praghsanna níos airde acu ná mar bhí ag tionscal an Aontais. Dá réir sin, tá foinsí eile soláthair ag monaróirí gluaisteán sa bhreis ar thionscal an Aontais agus ar Mharacó. Deimhníodh é sin ós rud é go raibh thart ar 30 % den mhéid iomlán ARW a cheannaigh an dá úsáideoir le linn na tréimhse imscrúdúcháin a bhí sna ceannacháin ARW ó Mharacó. Thairis sin, ar bhonn shonraí an dá úsáideoir a thug freagraí ar an gceistneoir, bhain ARW le thart ar 0,5 % dá gcostas táirgthe. Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go sealadach nach bhfuil tionchar mór ag na bearta ar ARW i gcás na monaróirí gluaisteán.
- (170) Mhaígh ACEA gur fhreastal allmhairí ó Mharacó ar riachtanais straitéiseacha mhonaróirí gluaisteán an Aontais rud nach féidir le táirgeoirí ARW an Aontais a shásamh ós rud é go roghnaíonn siad d'aon ghnó gan a n-acmhainneachtaí táirgeachta a mhéadú. Dá bhrí sin, níl aon rogha ag monaróirí gluaisteán ach a soláthar a éagsúlú, lena n-áirítear brath ar fhoinsí éagsúla allmhairí.
- (171) Mar a mhínítear in aithris (40), is soláthróir le haghaidh na monaróirí gluaisteán é tionscal ARW an Aontais agus go mbraitheann a gcuid gníomhaíochta ar na tairiscintí a dheonaíonn na cuideachtaí móra sin. Ainmniú na soláthróirí ARW agus, ar an gcaoi sin, seachadtaí iarbhir na rothaí, sin rud a tharlaíonn blianta roimh tháirgeadh na ngluaisteán, rud a thugann am do thionscal ARW a aschur tionsclaíoch a choigeartú. Más gá, d'fhéadfadh tionscal ARW an Aontais a acmhainneacht a mhéadú ar fhógra réasúnta gearr, toisc nach mbaineann an infheistíocht a iarradh leis na foirneisí ná leis na bothanna péintéireachta, ach le meaisíní teilgin ar féidir iad a shuiteáil go héasca. Dá bhrí sin, más rud é nach ndearna táirgeoirí ARW an Aontais infheistíocht in acmhainneacht táirgeachta bhreise, easpa conarthaí leordhóthanacha amach anseo ó na monaróirí gluaisteán ba chúis leis sin. Dá bhrí sin, ní raibh dreasacht leordhóthanach ag tionscal an Aontais infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht bhreise in éagmais méadú intuatha ar an éileamh ar a tháirgeacht. Sa bhreis air sin, 64,31 milliún ítim a bhí i dtomhaltas an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin. 61,29 milliún ítim a bhí in acmhainneacht iomlán an Aontais, 48,75 milliún ítim a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin, agus 2,71 milliún ítim a bhí in onnmhairí an Aontais. Dá réir sin, tá acmhainneacht táirgeachta leordhóthanach ag tionscal an Aontais cheana féin chun éileamh iomlán ARW an Aontais a chumhdach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.
- (172) Mhaígh ACEA nár chomhlíon tionscal ARW an Aontais riachtanais na hacmhainneacht breise a shocraigh na monaróirí gluaisteán (thuairiscigh tionscal an Aontais arleibhéal úsáide acmhainneachtaí os cionn 95 %) agus go raibh oibleagáid ar mhonaróirí gluaisteán a bhfoinsíú a éagsúlú, go háirithe ó Mharacó.
- (173) Luaigh an Coimisiún nár soláthraíodh aon fhianaise a léirigh gur chaill tionscal ARW an Aontais tairiscintí mar gheall ar fhadhb lena acmhainneacht táirgeachta, sin nó nár sholáthair tionscal ARW an Aontais ARW de réir orduithe tráchtála na monaróirí gluaisteán. Sa bhreis air sin, ba é 80 % an acmhainneacht úsáide a suíodh le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.
- (174) Mhaígh ACEA gur chuir éifeachtaí phaindéim COVID-19 isteach ar na slabhraí soláthair agus bhí monaróirí gluaisteán buailte go hiomlán ag paindéim COVID-19 agus cailteanas 4,2 milliún feithicle acu, a raibh 22,9 % de tháirgeacht an Aontais in 2019 i gceist leo. Brúdh síos brabúsacht na monaróirí gluaisteán. Bhí tionchar aige sin ar sholáthróirí mótarfheithiclí ar an mbealach céanna.
- (175) Luaigh an Coimisiún gur thuairiscigh formhór na monaróirí gluaisteán brabúis le haghaidh na bliana airgeadais 2021, a sháraigh an gnáthchéatadán a tuairiscíodh le linn na mblianta roimhe sin <sup>(21)</sup>.
- (176) Níl aon fhaisnéis eile ar comhad a léiríonn go mbeadh tionchar diúltach suntasach ag bearta ar na húsáideoirí ar mó é ná an tionchar dearfach na mbearta ar thionscal an Aontais.

<sup>(21)</sup> Nóta le haghaidh an chomhaid ar thuarascálacha bliantúla le haghaidh 2021 arna bhfoilsíú ag monaróirí gluaisteán áirithe.

### 7.3. Conclúid maidir le leas an Aontais

- (177) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go sealadach nach bhfuil údar láidir ann le ceapadh nach é leas an Aontais é bearta sealadacha a fhorchur ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim de thionscnamh Mharacó le linn na céime seo den imscrúdú.

### 8. BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA

- (178) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir leis an dumpáil, leis an díobháil, leis an gcúisíocht, le leibhéal na mbeart agus le leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur ionas nach ndéanfaidh na hallmhairí dumpáilte tuilleadh díobhála do thionscal de chuid an Aontais.
- (179) I bhfianaise an mhéid thuas ba cheart na rátaí dleachta frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, agus an dleacht chustaim neamhíochta, a bheith mar a leanas:

| Tír    | Cuideachta    | Dleacht frithdhumpála shealadach |
|--------|---------------|----------------------------------|
| Maracó | HANDS 8 S.A.  | 8,0 %                            |
|        | Gach tír eile | 16,5 %                           |

- (180) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú é ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis an gcuideachta sin. Tá an ráta dleachta sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann ar de thionscnamh na tíre lena mbaineann é agus arna tháirgeadh ag an eintiteas dlítheanach ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtuil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis a bhaineann leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le “gach cuideachta eile”. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.
- (181) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith ag dleacht frithdhumpála gach cuideachta eile ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríochta san imscrúdú sin, ach, chomh maith leis sin, maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe.
- (182) Chun na rioscaí imchéimniúcháin a íoslaghdú de bharr na difríochta i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d’údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán sin. Ba cheart d’allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le “gach cuideachta eile”.
- (183) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc seo a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ní mór d’údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.
- (184) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d’fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar leis an imscrúdú sin, *inter alia*, scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

(185) Is minic a shloinntear staitisticí faoi rothaí bóthair alúmanaim de réir líon na n-ítimí. Mar sin féin, ní shainmhínítear aon aonad forlíontach den chineál sin le haghaidh rothaí bóthair alúmanaim san Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle <sup>(22)</sup> maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim. Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh gur gá ní hamháin an meáchan i gcileagraim nó i dtónaí a chur isteach sa dearbhú um scaoileadh chun saorchúrsaíochta, ach an líon ítimí le haghaidh allmhairí an táirge lena mbaineann freisin.

## 9. CLÁRÚ

(186) Mar a luaitear in aithris (3), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an deis ann dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(187) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart deireadh a chur le clárú na n-allmhairí.

(188) Ní dhearnadh aon chinneadh maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le bearta frithdhumpála ag an gcéim seo den nós imeachta.

## 10. FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH

(189) I gcomhréir le Airteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrath dóibh. Ní bhfuarthas aon bharúil. Barúlacha a thugtar tar éis an réamhnochtá maidir le gnéithe eile den imscrúdú, nach bhfuil bainteach le cruinneas na ríomhanna, déanfar iad a mheas ag céim chinntitheach an imscrúdaithe.

## 11. FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH

(190) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarraidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteachta a iarraidh leis an gCoimisiún laistigh de sprioc-am seasta. Féadfaidh páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh.

(191) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur dleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim faoi cheannteidil 8701 go 8705, bíodh siad lena n-oiriúintí nó ná bíodh, agus bíodh boinn feistithe orthu nó ná bíodh, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 8708 70 10 agus ex 8708 70 50 (cóid TARIC: 8708 70 10 15, 8708 70 10 50, 8708 70 50 15 agus 8708 70 50 50) agus ar de thionscnamh Mharacó iad.

2. Rátaí na dleachta frithdhumpála sealadaí is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1 agus a tháirgeann na cuideachtaí a liostaítear thíos, is mar seo a leanas a bheidh siad:

| Tír    | Cuideachta    | Dleacht frithdhumpála shealadach | Cód breise TARIC |
|--------|---------------|----------------------------------|------------------|
| Maracó | HANDS 8 S.A.  | 8,0 %                            | C873             |
|        | Gach tír eile | 16,5 %                           | C999             |

<sup>(22)</sup> Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

3. Beidh cur i bhfeidhm an dleachtráta aonair a sonraíodh le haghaidh na cuideachta a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaitheofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: “Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é i Maracó. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo”. Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.
4. Beidh scaoileadh an táirge, dá dtagraítear i mír 1, chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taise ráthaíochta atá coibhéiseach le méid na dleachta sealadaí a sholáthar.
5. I gcás ina gcuirfead dearbhú um scaoileadh chun saorchúrsaíochta i isteach i ndáil leis an táirge dá dtagraítear i mír 1, cuirfead líon na dtáirgí allmhairithe isteach i réimse ábhartha an dearbhaithe sin, gan dochar don aonad forlíontach atá sainithe san Ainmníocht Chomhcheangailte.
6. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

#### *Airteagal 2*

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a mbarúlacha faoin Rialachán seo i scríbhinn faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
2. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Scrúdóidh an tOifigeach Éisteachta iarrataí a chuirfead isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus féadfaidh an t-oifigeach sin cinneadh a dhéanamh cibé acu a ghlacfar nó nach nglacfar leis na hiarrataí sin, más iomchuí.

#### *Airteagal 3*

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/934.
2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí an tráth a thiocfaidh bearta cinntitheacha féideartha i bhfeidhm, nó go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

#### *Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh Airteagal 1 i bhfeidhm ar feadh tréimhse 6 mhí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

# CINNÍ

## CINNEADH (AE) 2022/1222 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Iúil 2022

### maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i dTionól Aontas Speisialta Liospóin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is Páirtí Conarthach é an tAontas Eorpach (“an tAontas”) in Acht na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha <sup>(1)</sup> (“Acht na Ginéive”), a tháinig i bhfeidhm an 26 Feabhra 2020. De bhun Airteagal 21 d’Acht na Ginéive, is comhaltaí iad na Páirtithe Conarthacha ann den Aontas Speisialta (“an tAontas Liospóin”) a bunaíodh le Comhaontú Liospóin maidir le hAinmniúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta (“an Comhaontú Liospóin”). De bhun Airteagal 22(2)(a)(iii) d’Acht na Ginéive, tá na Rialacháin faoi Acht na Ginéive le leasú ag Tionól Aontas Liospóin.
- (2) Le teacht i bhfeidhm Acht na Ginéive, léiríodh gur gá féachaint ar leasuithe a dhéanamh ar na Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin agus Acht na Ginéive (“na Comhrialacháin”) chun na nósanna imeachta faoi Chóras Liospóin um Chlárú Idirnáisiúnta Ainmniúcháin Tionscnaimh agus Tasc Geografach (“an Córas Liospóin”) a shimpliú agus a shruthlíníú, lena n-áirítear é d’aidhm aige soiléireacht níos mó a thabhairt d’úsáideoirí Chóras Liospóin.
- (3) Le linn Thionóil Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) ón 14 go dtí an 22 Iúil 2022, iarrfar ar Thionól Aontas Liospóin leasuithe a ghlacadh ar na Comhrialacháin.
- (4) Sa cheathrú seisiún aici, a bhí ar siúl sa Ghinéiv ón 14 go dtí an 16 Meitheamh 2022, mhol an Mheitheal um Fhorbairt Chóras Liospóin (“an Mheitheal Liospóin”) do Thionól Aontas Liospóin go nglacfaí leasuithe éagsúla ar na Comhrialacháin, mar a mhol Rúnaíocht EDMÍ agus arna modhnú ag Meitheal Liospóin.
- (5) Áirithítear le leasú atá beartaithe ar Rial 7(4)(a) de na Comhrialacháin nach mbeidh ach modhnuithe a bhaineann le Rial 5(2) faoi réir íocaíocht na táille a shonraítear i Rial 8(1)(ii) i ndáil le hainmniúcháin tionscnaimh a aistriú ó Chomhaontú Liospóin chuig Acht na Ginéive. D’éascódh an t-oiriúnú sin aontachas stát atá ina bpáirtithe i gComhaontú Liospóin le hAcht na Ginéive.
- (6) Le leasú atá beartaithe ar Rial 8(1)(ii) de na Comhrialacháin chuirfí teorainn leis na táillí i gcás roinnt modhnuithe a cuireadh isteach san iarraidh chéanna go 800 CHF. Chuirfeadh sé sin le meallacht Chóras Liospóin, agus inbhuanaitheacht airgeadais an chórais á caomhnú ag an am céanna.
- (7) Le leasú atá beartaithe ar Rial 9(1)(c) de na Comhrialacháin, shoiléireofaí go bhfuil feidhm ag an bprionsabal ginearálta a leagtar amach inti maidir le gach diúltú a fhaightear i gcomhréir le Rial 9(1)(b), ar ceart é a léamh in éineacht le Rial 9(1)(c).

<sup>(1)</sup> Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2019 maidir le haontachas an Aontais le hAcht na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10.2019, lch. 12).



- (8) Leis na leasuithe atá beartaithe ar Riall 15(1)(i) agus (ii) de na Comhrialacháin, chuíchóireofaí an nós imeachta maidir leis an iarraidh ar mhodhnú a iontráil arna cur faoi bhráid Bhiúró Idirnáisiúnta EDMI.
- (9) Leis an moladh Riall 15(1)(vi) a scriosadh agus leis an leasú atá beartaithe ar Riall 16(2) de na Comhrialacháin, d'áiritheofaí, sa chás ina ndéanfar tréigean a mhéid a bhaineann le Riall 6(1)(d) a tharraingt siar, a bhaineann le neamhrialtacht i ndáil le ceanglas atá bunaithe ar fhógra arna thabhairt faoi Riall 5(3) nó (4), nó maidir le dearbhú arna dhéanamh faoi Airteagal 7(4) d'Acht na Ginéive, nach gá a thuilleadh táille a íoc le haghaidh modhnú. I gcás tréigean faoi Riall 6(1)(d), beidh tarraingt siar an tréigin faoi réir an neamhrialtacht a cheartú.
- (10) Ba cheart do na leasuithe atá beartaithe ar na Comhrialacháin teacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023, agus ba cheart dóibh na nósanna imeachta faoi Chóras Liospóin a shimpliú agus a chuíchóiriú agus soiléireacht níos mó a thabhairt dá úsáideoirí, rud a rachaidh le leas úsáideoirí, thairbhíthe agus gheallsealbhóirí Chóras Liospóin san Aontas Eorpach.
- (11) Ba cheart don Aontas, dá bhrí sin, tacú le glacadh na leasuithe sin.
- (12) Ina theannta sin, agus aird á tabhairt ar na seasaimh a chuir na toscaireachtaí in iúl ag an gceathrú seisiún de Mheitheal Liospóin a mhéid a bhaineann le Riall 5(4) de na Comhrialacháin, agus mar chuid de na conclúidí ó chruinniú na Meithle, d'iarr an Cathaoirleach ar thoscaireacht an Aontais togra i scríbhinn a chur faoi bhráid na Meithle in am trátha lena bhreithniú ag an gcéad seisiún eile den Mheitheal.
- (13) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i dTionól Aontas Liospóin a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcrúinniú Thionól Aontas Liospóin faoi chuimsiú Thionóil Ghinearálta EDMI ón 14 go dtí an 22 Iúil 2022 tacaíocht a thabhairt do ghlacadh na leasuithe ar na Comhrialacháin mar a leagtar amach i roinn 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais teacht ar chomhaontú freisin maidir le modhnuithe ar na leasuithe atá beartaithe, ar choinníoll nach n-athróidh siad an tsubstaint go mór.

Le linn ullmhúcháin don chéad seisiún eile de Mheitheal Liospóin, cuirfidh an tAontas togra i scríbhinn faoi bhráid Rúnaíocht EDMI ina molfar leasuithe ar Riall 5 de na Comhrialacháin, mar a leagtar amach i roinn 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

#### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Iúil 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

Z. STANJURA

## IARSCRÍBHINN

**Roinn 1:**

LEASUITHE ATÁ BEARTAITHE ar na Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin maidir le hAinmniúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta agus Acht na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le Ainmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha

mar a mhol Meitheal EDMI um Chóras Liospóin a Fhorbairt lena ghlacadh ag Aontas Liospóin faoi chuimsiú Thionóil Ghinearálta EDMI 2022:

Sa cheannteideal, cuirtear “mar atá i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023” in ionad “mar atá i bhfeidhm an 8 Nollaig 2021”.

**Caibidil II****Iarratas agus Clárú Idirnáisiúnta****Riail 7**

Iontráil sa Chlár Idirnáisiúnta

*Airteagail 29(4) agus 31(1) d’Acht na Ginéive a chur chun feidhme*

I Riail 7(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír (a):

“(a) I gcás dhaingniú Acht na Ginéive, nó aontachas leis, ag Stát is páirtí in Acht 1967, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Rialacha 5(2) go (4) maidir le clárúithe idirnáisiúnta nó le hainmniúcháin tionscnaimh le héifeacht faoi Acht 1967 i leith an Stáit sin. Déanfaidh an Biúro Idirnáisiúnta aon mhodhnú a bheidh le déanamh a fhíorú leis an Údarás Inniúil lena mbaineann, i bhfianaise cheanglais Rialacha 3(1) agus 5(2) go (4), chun críoch a gclárúithe faoi Acht na Ginéive agus tabharfaidh sé fógra faoi chlárúithe idirnáisiúnta arna ndéanamh do gach Páirtí Conarthach is páirtí in Acht na Ginéive. Beidh modhnuithe a bhaineann le Riail 5(2) faoi réir íoc na táille a shonraítear i Riail 8(1)(ii).”.

**Riail 8**

Táillí

*Méid na dtáillí*

I Riail 8(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

“(ii) táille ar iarraidh ar mhodhnú amháin ar chlárú idirnáisiúnta<sup>3</sup> 500

táille chomhlántach ar mhodhnú breise nó ar mhodhnuithe breise a cuireadh isteach san iarraidh chéanna 300”

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta 3:

<sup>3</sup> I gcás clárú idirnáisiúnta a thagraíonn do limistéar geografach atá suite i gceann de na tíortha is lú forbairt (TLF), i gcomhréir leis na liostaí arna mbunú ag na Náisiúin Aontaithe, laghdaítear an táille go 50 faoin gcéad den mhéid forordaithe (arna shlánú go dtí an figiúr iomlán is gaire). Sa chás sin, is é a bheidh sa táille 500 franc Eilvéiseach ar chlárú idirnáisiúnta a thagraíonn do limistéar geografach tionscnaimh atá suite in TLF, 250 franc Eilvéiseach ar mhodhnú amháin ar chlárú idirnáisiúnta a thagraíonn do limistéar geografach tionscnaimh atá lonnaithe in TLF, agus 150 franc Eilvéiseach ar tháille chomhlántach do mhodhnú breise nó do mhodhnuithe breise arna gcur isteach san iarraidh chéanna. Tíocfaidh na laghduithe sin ar tháillí i bhfeidhm 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm Acht na Ginéive.”.

**Caibidil III****Diúltú agus Gníomhaíochtaí Eile i leith Clárú Idirnáisiúnta****Riail 9**

## Diúltú

*Fógra a thabhairt don Bhiúró Idirnáisiúnta*

I Riail 9(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír (c):

“(c) Mura léiríonn an tÚdarás Inniúil dá dtagraítear i fhomhír (a) a mhalairt, measfar go mbeidh an fógra maidir le clárú idirnáisiúnta dá dtagraítear i bhfomhír (b) faighte ag an Údarás Inniúil 20 lá tar éis an dáta a léirítear san fhógra.”.

**Riail 15**

## Modhnuithe

*Modhnuithe incheadaithe*

Leasaítear Riail 15(1) mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

“(i) modhnú ar na tairbhíthe arb éard atá i gceist tairbhí nó roinnt tairbhíthe a chur leo nó a scriosadh, nó modhnú ar ainmneacha nó seoltaí na dtairbhíthe nó an duine nádúrtha nó an eintitis dhlítheanaigh dá dtagraítear in Airteagal 5(2)(ii) d’Acht na Ginéive”;

2. Scriostar pointe (ii).

3. Scriostar pointe (vi).

**Riail 16**

## Cosaint a Thréigean

*Tréigean a tharraingt siar*

Leasaítear Riail 16(2) mar a leanas:

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír (a):

“(a) Maidir le haon tréigean, lena n-áirítear tréigean faoi Riail 6(1)(d), féadfaidh Údarás Inniúil an Pháirtí Chonarthaigh Tionscnaimh nó, i gcás Airteagal 5(3) d’Acht na Ginéive, na tairbhíthe nó an duine nádúrtha nó an t-eintiteas dlítheanach dá dtagraítear in Airteagal 5(2)(ii) den Acht sin nó Údarás Inniúil an Pháirtí Chonarthaigh Tionscnaimh, é a tharraingt siar go hiomlán nó go páirteach, tráth ar bith, faoi réir cheartú na neamhrialtachta i gcás ina ndéanfar tréigean faoi Riail 6(1)(d).”

**Roinn 2:**

Seasamh le glacadh sa togra i scríbhinn ina moltar leasuithe ar Riail 5 de na Comhrialacháin:

**Caibidil II****Iarratas agus Clárú Idirnáisiúnta****Riail 5**

Ceanglais a bhaineann leis an iarratas

I Riail 5, scriostar mír (4).

## Réasúnú:

Tá údar leis an scríosadh atá beartaithe a dhéanamh ar Riall 5(4) de na Comhrialacháin (Cur i bhFeidhm a Rialaítear le hAcht na Ginéive – Síniú agus/nó Beartú lena Úsáid) ós rud é go gcomhlíontar agus go bhfioraítear an ceanglas maidir le síniú cheana tráth an iarratais tosaigh ar chlárú. Sáraíonn na ceanglais a dhearbhu go bhfuil sé beartaithe é a úsáid agus rialú a fheidhmiú ar an úsáid sin na heilimintí lena gcomhdhéantar na hainmniúcháin tionscnaimh nó na tásca geografacha. Cosnaítear ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha ar aon úsáid a sháraíonn na sonraíochtaí a shainaithnítear, fiú mura ndéantar na táirgí lena mbaineann a mhargú sa tír ina mbraitear na húsáidí calaoiseacha. Thairis sin, mar gheall ar a gclárú idirnáisiúnta, ní mór a thiomhdiú go rialófar a n-úsáid laistigh den Pháirtí Conarthach ina dtionscnaíonn siad.

---

**CINNEADH (AE) 2022/1223 ÓN gCOMHAIRLE****an 12 Iúil 2022**

**a bhaineann le leithdháileadh cistí saortha ó thionscādail faoin 10<sup>ú</sup> agus faoin 11<sup>ú</sup> Ciste Eorpach Forbraíochta chun críche gníomhaíochtaí maoinithe lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéim na slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cabhair ón gComhphobal a mhaoiniú faoin gceat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2008 go 2013, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-CE, agus maidir le cúnamh airgeadais a leithdháileadh ar na Tíortha agus na Críocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair de Chonradh CE maidir leo <sup>(1)</sup> (an 10ú Comhaontú Inmheánach CEF), agus go háirithe Airteagal 1(5) de,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cabhair ón Aontas Eorpach a mhaoiniú faoin gceat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le cúnamh airgeadais a leithdháileadh ar na Tíortha agus na Críocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo <sup>(2)</sup> (an 11ú Comhaontú Inmheánach CEF), agus go háirithe Airteagal 1(4) agus (5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá staid na slándála bia ar domhan ag dul in olcas go tapa agus tá na tíortha is lú forbairt agus tríú tíortha ísealioncaim a bhfuil easpa bia orthu i measc na dtíortha a bhfuil difear á dhéanamh dóibh.
- (2) Tá EUR 3 bhilliún clársceidealaithe cheana féin faoi cholún geografach na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - an Eoraip Dhomhanda a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>. As an méid sin, tá EUR 2,3 bhilliún clársceidealaithe i dtíortha san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) chun gníomhaíochtaí talmhaíochta, cothaithe, uisce agus sláintíochta a mhaoiniú idir 2021 agus 2024. I bhfianaise mhéid na riachtanas agus na n-iarmaidí a bhfuil coinne leo, ba cheart acmhainní breise a shlogadh chun tacú leis na tíortha comhpháirtíochta is mó a ndéantar difear dóibh.
- (3) Tá an tAontas ar tí an buiséad tosaigh maidir le cabhair dhaonnúil a chur chun feidhme go hiomlán le haghaidh na slándála bia agus na riachtanas gaolmhar i dtíortha ACC a sainaithníodh roimh thús chogadh foghach na Rúise san Úcráin. I bhfianaise dhrochstaid eisceachtúil na slándála bia i dtíortha ACC, ní mór na cistí sin a chomhlánú le hacmhainní iomchuí chun freagairt don ghéarú breise ar na riachtanais dhaonnúla agus chun leanúnachas an chomhair a áirithiú ó dhálaí géarchéime go dálaí seasta le haghaidh forbartha.
- (4) Sna Conclúidí uaithe an 24-25 Márta 2022, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún tús áite a thabhairt don obair ar an tslándáil bia agus ar an inacmhainneacht bia ar fud an domhain, go háirithe trí thacú leis an tslándáil bia agus leis an talmhaíocht san Úcráin agus sna tríú tíortha is leochailí agus is neamhchosanta.

<sup>(1)</sup> IO L 247, 9.9.2006, lch. 32

<sup>(2)</sup> IO L 210, 6.8.2013, lch. 1.

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

- (5) Sna Conclúidí uaithi an 30-31 Bealtaine 2022, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí cúlchistí ón gCiste Eorpach Forbraíochta (CEF) a shlógadh chun tacú leis na tíortha comhpháirtíochta is mó atá buailte.
- (6) Thacaigh an Chomhairle, sna Conclúidí uaithi an 20 Meitheamh 2022, le freagairt Fhoireann na hEorpa ar neamhshlándaíl dhomhanda an tsoláthair bia agus d'iarr sí ar an gCoimisiún, ar an Seirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus ar na Ballstáit tosaíocht a thabhairt dá dtacaíocht airgeadais chun aghaidh a thabhairt ar shlándáil dhomhanda an tsoláthair bia, lena n-áirítear riachtanais dhaonnúla láithreacha, lena gcuimsítear cúnaimh airgeadais agus teicniúil do thíortha a allmhairíonn a gcuid bia i gcás inar gá, chomh maith le córais inbhuanaithe bhia sa mheántearma agus san fhadtearma agus táirgeadh áitiúil feabhsaithe ar mhaithe le hathléimneacht níos fearr, féachaint ar na foinsí maoinithe uile atá ar fáil, lena n-áirítear slógadh cúlchistí ón CEF.
- (7) Ina theannta sin, chuir an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé don Aontas dlúthpháirtíocht láidir a léiriú trí fhreagairt thapa chuimsitheach bunaithe ar iltaobhachas éifeachtach, ag tógáil ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Márta 2022 maidir le 'Slándáil bia a áirithiú agus athléimneacht na gcóras bia a neartú' agus ag tógáil ar na trí cholún – trádáil, dlúthpháirtíocht agus táirgeadh – de Mhísean Athléimneachta Bia agus Talmhaíochta (FARM), ar dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach é agus i gcomhréir go hiomlán le Grúpa Freagartha um Ghéarchéimeanna Domhanda de chuid na Náisiún Aontaithe (GCRG) agus tionscnaimh ábhartha idirnáisiúnta eile, go háirithe, leis an gComhaontas Domhanda don tSlándáil Bia a thionscain an G7.
- (8) I bhfianaise an tionchair shuntasigh a imrítear ar thíortha éagsúla ACC, le slógadh eisceachtúil na gcistí arna saoradh ó thionscnaimh faoin 10ú agus ón 11ú CEF ba cheart go gcuirfí ar chumas an Aontais agus a Bhallstáit dlús a chur lena bhfreagairt ar an ngéarchéim, aird ar leith á thabhairt acu ar na tíortha ACP is leochailí agus is neamhchosanta.
- (9) Ba cheart go ndéanfaí gníomhaíochtaí a mhaoiniú leis na cistí sin d'fhonn tacaíocht a thabhairt do tháirgeadh bia agus d'athléimneacht na gcóras bia, cabhair dhaonnúil, agus tacaíocht mhaicreacnamaíoch chun cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a áirithiú, cuidiú le spás fíoscach a bhaint amach arís agus cúlchistí idirnáisiúnta a mhéadú go háirithe trí chomhlachtaí iltaobhacha. Ba cheart go n-áireofaí leis na cistí caiteachas tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 6 den 11ú Comhaontú Inmheánach CEF.
- (10) De bhun Airteagal 153 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach <sup>(4)</sup>, ní dhéanfar sciar na Ríochta Aontaithe de na cistí sin a athúsáid.
- (11) Ós rud é go bhforáiltear le hAirteagal 14(3) den 11ú Comhaontú Inmheánach CEF go bhfanfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm fad a mbeidh gá leis chun na hoibríochtaí uile arna maoiniú faoi Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a chur i gcrích ina n-iomláine, déantar an méid sin a léirmhíniú sa chiall go n-áirítear ann slógadh eisceachtúil na gcistí arna saoradh ón 10ú agus ón 11ú CEF faoi láthair chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú lena dtabharfar aghaidh ar ghéarchéim slándála an tsoláthair bhia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtíortha ACC tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.
- (12) Ba cheart na cistí a úsáid i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis an 11ú CEF, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2015/322 <sup>(5)</sup>, agus (AE) 2018/1877 <sup>(6)</sup>.
- (13) Cistí ón 10ú CEF a athúsáideadh, nár gealladh roimhe sin i gcomhréir le hAirteagal 1(3) den 11ú Comhaontú Inmheánach CEF, nó a saoradh i gcomhréir le hAirteagal 1(4) den Chomhaontú sin, leanfaidh siad de bheith ina n-acmhainn de chuid an 10ú CEF faoi phointe (a) d'Airteagal 1(2) den 10ú Comhaontú Inmheánach CEF.
- (14) Cistí ón 11ú CEF a athúsáideadh, nár gealladh nó a saoradh i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2018/1877, leanfaidh siad de bheith fós ina n-acmhainn ón 11ú CEF faoi phointe (a) d'Airteagal 1(2) den 11ú Comhaontú Inmheánach CEF.

<sup>(4)</sup> IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

<sup>(5)</sup> Rialachán (AE) 2015/322 ón gComhairle an 2 Márta 2015 maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta a chur chun feidhme (IO L 58, 3.3.2015, lch. 1).

<sup>(6)</sup> Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/323 (IO L 307, 3.12.2018, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Déanfar méid suas le huasmhéid EUR 600 000 000 ó na cistí arna saoradh ó thionscail faoin 10ú agus faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF) a leithdháileadh ar bhonn eisceachtúil chun críocha gníomhaíochtaí maoinithe lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéim na slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtíortha ACC tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine.
2. Ba cheart leis na cistí dá dtagraítear i mír 1 gníomhaíochtaí a mhaoiniú d'fhonn tacaíocht a chur ar fáil mar a leanas:
  - suas le EUR 350 000 000 le haghaidh táirgeadh bia agus athléimneacht na gcóras bia,
  - suas le EUR 150 000 000 le haghaidh cúnamh daonnúil, agus
  - suas le EUR 100 000 000 le haghaidh tacaíocht mhaicreacnamaíoch.
3. As an méid dá dtagraítear i mír 1, déanfar suas le EUR 488 000 000 ón 10ú CEF agus suas le EUR 112 000 000 ón 11ú CEF a leithdháileadh. As na cistí sin, déanfar suas le huasmhéid EUR 18 000 000 a leithdháileadh le haghaidh caiteachas tacaíochta arna thabhu ag an gCoimisiún.
4. Ba cheart na cistí dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh gealltanais airgeadais i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis an 11ú CEF, mar a leagtar amach i Rialacháin (AE) 2015/322 agus (AE) 2018/1877.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Iúil 2022.

*Thar ceann na Comhairle*  
An tUachtarán  
Z. STANJURA

---

**CINNEADH (CBES) 2022/1224 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**  
**an 13 Iúil 2022**

**maidir le ceapachán Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh d'oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosca chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Atalanta), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/1179 (ATALANTA/5/2022)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile <sup>(1)</sup>, agus iad a chur faoi chois, agus go háirithe Airteagal 6(1) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinní ábhartha a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Atalanta) ("Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh").
- (2) An 7 Iúil 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/1179 <sup>(2)</sup> lena gceaptar an Seachaimiréal Riccardo MARCHIÓ ina Cheannasaí ar Fhórsa an Aontais Eorpaigh.
- (3) An 2 Meitheamh 2022, mhol Ceannasaí Oibríochtúil an Aontais Eorpaigh go ndéanfaí an Captaen (Cabhlach) Rui Miguel Marcelo CORREIA a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa nua an Aontais Eorpaigh amhail ón 4 Lúnasa 2022. Tá sé curtha in iúl ag údaráis na Portaingéile go dtabharfar ardú céime don Chaptaen (Cabhlach) Rui Miguel Marcelo CORREIA go Ceannasóir nuair a cheapfar é ina Cheannasaí ar Fhórsa an Aontais Eorpaigh.
- (4) An 9 Meitheamh 2022, chomhaontaigh Coiste Míleata an Aontais ar an moladh sin.
- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/1179 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an Ceannasóir Rui Miguel Marcelo CORREIA mar Cheannasaí Fórsa an Aontas Eorpaigh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Atalanta) ón 4 Lúnasa 2022.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2022/1179 a aisghairm.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 4 Lúnasa 2022.

<sup>(1)</sup> IO L 301, 12.11.2008, lch. 33.

<sup>(2)</sup> Cinneadh (CBES) 2022/1179 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 7 Iúil 2022 maidir le ceapachán Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh d'oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosca chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Oibríocht Atalanta), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/217 (ATALANTA/4/2022) (IO L 183, 8.7.2022, lch. 83).



Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

D. PRONK

*An Cathaoirleach*

---

**CEARTÚCHÁIN**

**Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/913 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe teacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 158 an 13 Meitheamh 2022)*

Ar leathanach 13, Iarscríbhinn, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialchán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, tábla, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 18:

Ar leathanach 18, Iarscríbhinn, Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialchán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, tábla, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 6:

Ar leathanach 19, Iarscríbhinn, Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialchán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, tábla, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 10:

Ar leathanach 22, Iarscríbhinn, Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialchán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, tábla, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 13:

Ar leathanach 25, Iarscríbhinn, Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialchán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, tábla, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 19:

---



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)